

Tuarascáil Bhliantúil 2021



**An Coimisiún um
Chosaint Sonraí**
Data Protection
Commission



1.	Réamhrá	5
2.	Achoimre Fheidhmeach	11
3.	Misean, fíis agus luachanna sa DPC	15
4.	Straitéis Rialála	17
5.	Róil agus Freagrachtaí	19
6.	Teagmhálacha, Fiosrúcháin agus Gearáin	22
7.	Sárúithe	49
8.	Fiosrúcháin	57
9.	Smachtbhannaí agus Beartha Ceartaitheacha Suntasacha	67
10.	Dlí	78
11.	Maoirseacht	86
12.	Ceartha Leanaí mar Ábhair Sonraí	94
13.	Oifigigh Posanta Sonraí	97
14.	Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta	99
15.	Cumarsáid	102
16.	Corparáideach	104

Aguisíní

Aguisín 1:	Tuarascáil maidir le Nochtuithe Cosanta a fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí sa bhliain 2021	108
Aguisín 2:	Tuarascáil um Úsáid Fuinnimh sa Choimisiún um Chosaint Sonraí	110
Aguisín 3:	Barnville Judgment: Facebook Ireland Limited v. Data Protection Commission and Maximilian Schrems	112
Aguisín 4:	Iniúchtaí ar Pháirtithe Polaitíochta	117
Aguisín 5:	Ráitis Airgeadais don Bhliain ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 agus Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha an DPC	119





Réamhrá

Cur i Láthair

Ó thaobh an DPC de, bhí baint amach éachtaí suntasacha mar shainghné den bhliain 2021. Agus treisiú á dhéanamh againn ar an taithí a bhaineamar amach as feidhmiú an GDPR atá trí bliana ar an bhfód anois, réitigh an DPC na mílte gearán sa bhliain 2021; rinneadh próiseáil ar na mílte fógra maidir le sárú sonraí; forchuireadh fíneálacha agus bearta ceartaitheacha de bhun cinní mionsonraithe; rinneadh iniúchóireacht ar raon pháirtithe polaitiúla na hÉireann; socraíodh gníomh forfheidhmiúcháin maidir le gnéithe próiseála áirithe den Chárta Seirbhísí Poiblí i dtéarmaí atá cosantach ó thaobh cearta sonraí saoránaigh go ginearálta; rinneadh measúnú ar fheidhmiú Rialacha Corparáideacha Ceangailteacha; cuireadh go flaitiúil le roinnt den líon mór cruinnithe a bhí ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí; cuireadh na scórtha imscrúduithe ar mhórsála chun cinn; tá an treoir chuimsitheach deiridh maidir le cosaint sonraí leanaí foilsithe; cuireadh treoir ar fáil agus rinneadh maoirseacht ar eagraíochtaí maidir le feidhmiú praiticiúil an GDPR ar bhonn leanúnach, agus tá go leor eile lena chois sin idir lámha againn.

An méid a thomhaistear, déantar é

Cé go bhfuil an méid oibre atá á cur i gcrích ag an oifig ag méadú de shíor, bhí sé deacair a theacht ar aon chaighdeán comhaontaithe sa bhliain 2021 chun tionchair agus rathúlacht nó a mhalairt ó thaobh idirghabháil rialála i bhfoirm an GDPR a bhaineann leis an uile ní, a thomhas. Más é an comhspríoc atá ag an uile dhuine againn a chinntiú go dtugtar cosaint níos fearr do dhaoine ó mhí-úsáid a gcuid sonraí pearsanta agus, go deimhin, go gcinntítear nach bhfuil siad faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar “ró-fheidhmiú” rialacha an GDPR, ní mór na cineálacha meadarachtaí cainníochtúla agus cáilíochtúla a bhfuil gá le measúnú a dhéanamh orthu, a leagan amach go cúramach. Sa bhreis air sin, ní mór tosaíochtaí forfheidhmithe a shocrú agus ní mór rianú a dhéanamh ar thionchar bearta agus smachtbhannaí forfheidhmiúcháin agus anailís a dhéanamh orthu le himeacht ama ó thaobh tionchair agus luach ar airgead.

Cé go bhfuilimid oscailte inár n-admháil, ar roinnt bealaí, ar a laghad, ní mór dúinn tuilleadh a dhéanamh, agus é a dhéanamh níos fearr, rachaidh tuiscint comhroinnte maidir le cad iad na bearta atá á rianú againn in aghaidh an réimse rialála seo maidir le maoirseacht chórasach/bunaithe ar chearta daoine aonair chun leasa don uile dhuine.

Níos tábhachtaí fós, b'fhéidir, agus béim á chur againn ar an bhfíric nach bhfuil aon drogall orainn ó thaobh glacadh le cáineadh atá mar bhonn lenár mian seasamh na n-ábhar sonraí a fheabhsú (agus rialaitheoirí nach bhfuil comhoibríoch, nó fiú an oifig seo, a spreagadh lena bheith níos cuntasáí agus níos fiúntaí), in easnaimh sraith bearta comhaontaithe chun éachtaí nó easpaí a chinneadh, tá seasamh réimeas forfheidhmiúcháin an GDPR sna téarmaí foriomlána faoi riosca. Tá sé sin fíor, ach go háirithe, nuair nach mbíonn i gceist le cineálacha áirithe líomhaintí a chuirtear i leith na hoifige seo ach croílár agus méid na ndúshlán a chruthaíonn an creat áirithe a dhéanamh dothuigthe, a bhfuil sé mar cheangal leis go ndéanfaidh ballstáit an AE reachtaíocht a rith maidir le cosaint sonraí laistigh den AE ina iomláine a fhorfheidhmiú.

Tá roinnt gnéithe tábhachtacha i gceist anseo.

Ar an gcéad dul síos, mar a thug mé ar aird i réamhrá thuarascáil na bliana anuraidh, ó thaobh seasamh cosanta sonraí, de réir mar atá fás as cuimse tagtha ar leibhéal chomhfheasa cosanta sonraí mar choincheap, tá treo tagtha chun cinn ina bhfuil an iliomad malartuithe gach lá, agus tá cion mór acu seo nach mbaianeann le haon saincheist cosanta sonraí in aon chor, á gcur i láthair ar an mbunús go bhfuil feidhmiú na rialacha maidir le cosaint sonraí mar ghné lárnach lena réiteach.

Ar an dara dul síos, tá cur i gcoinne aon chineál moladh léirithe ag roinnt tráchtairí go n-aithneodh an DPC, roimh ré, na tosaíochtaí rialála atá i gceist ag an DPC a chur i bhfeidhm i leith a chuid oibre thar thréimhse sonrach nó, agus é sin á dhéanamh, bheadh an DPC ag déileáil leis an smaoineamh, nuair atáthar i mbun measúnaithe ar an mbealach le haghaidh a thabhairt ar chás amháin nó níos mó ina bhféadfadh údar imní maidir le cosaint a theacht chun cinn, d'fhéadfadh an DPC rogha a dhéanamh, ar fhorais chuspóireacha, tosaíocht a thabhairt dá fhreagra do dhuine amháin thar dhuine eile. Cé nach bhfuil amhras ar bith ann ach gur críocha atá deacair agus goilliúnach atá i gceist anseo, gan nádúr cearta a thugtar do na hábhair sonraí a thabhairt san áireamh ar a laghad, ní amháin ag an GDPR ach ag an gCairt freisin, is é an cás mar sin féin, má tá an DPC chun uasmhéadú a dhéanamh ar thionchar a chuid idirghabhálacha agus torthaí stuama a sheachadadh don raon is leithne daoine aonair, ní mór don DPC feidhm a bhaint as a cuid acmhainní ar bhealach spriocdhírithé.

Ar an tríú dul síos, táimid ag feidhmiú i dtimpeallacht nach bhfuil, mar atá an scéal faoi láthair, aon chaighdeán comhaontaithe ann lenar féidir tionchar rathúlachta (nó a mhalairt) ár n-idirghabhálacha rialála a thomhas. Sa chineál sin folúis, tá cuntas tagtha chun cinn ina bhfuiltear ag déileáil leis an líon cásanna agus le cainníocht agus le méid na bhfíneálacha riaracháin atá á ngearradh, mar bheart aonair rathúlachta, a bhfuil tuairimí¹ ag cur faisnéise ar fáil dóibh maidir le héifeachtúlacht pionóis airgid, go háirithe, mar thiománaithe ar athrú i ndáiríre in iompraíocht, a bhfuil sé ar a gcumas feabhsúcháin inaitheanta agus fiúntach a chur ar fáil d'ábhair sonraí. Maidir leis seo, is fíorbheagán a insíonn an suirbhé² le deireanaí (2022) dúinn, ina luaitear Lucsamburg agus Éireann a bheith ar bharr na sraithe ó thaobh fíneálacha san AE, maidir le cé chomh héifeachtach is a bhí rialúcháin faoin GDPR. (Chun a bheith macánta faoi, ní thugann údair an tsuirbhé a mhalairt le fios). Mar an gcéanna, ní chuireann figiúirí a dhéanann ionadaíocht ar líon na gcásanna trasteorann mórán ar fáil ó thaobh léargas fiúntach. Tá éagsúlacht leathan sna cinntí a dhéantar a sheachadadh sa chineál sin cásanna maidir le hábhar agus leis na nósanna imeachta imscrúdaithe a fheidhmítear araon. Mar shampla, tomhaistear cinneadh de chuid an DPC, ina bhfuil cúpla céad leathanach agus a dhéanann tagairt do phróisis oibríochta casta eagraíochtaí móra ilnáisiúnta, a mbíonn na milliúin daoine faoi thionchar acu, taobh le taobh le saincheist réasúnta simplí ina mbíonn cinneadh dhá líne ag a bhfuil iarmhairtí íosta i gceist leis d'ábhar sonraí go ginearálta. Ní hiad seo na bealaí is faisnéisí le rathúlacht an GDPR (nó a mhalairt) a thomhas.

I gcoinne cúlra na gcineálacha seo breithniúcháin, tá a straitéis rialála don na 5 bhliana atá amach romhainn curtha faoi bhráid do chomhairliúcháin poiblí ag an DPC, lena bhfuil rannpháirtíocht le raon páirtithe leasmhara i gceist agus iarracht á dhéanamh againn ár gcur chuige i leith tosaíochtaí a aithint a mbeadh feidhm á mbaint againn astu inár gcuid oibre, agus lena leagfar amach na cúiseanna atá mar bhonn taca lenár roghanna straitéiseacha. Mar a leagtar amach go mion thíos, tugadh an próiseas comhairliúcháin chun críche sa bhliain 2021, agus glacadh leis an doiciméad straitéise deiridh³.

As féin, tá an DPC ag leanúint ar aghaidh ag obair le DPAanna AE eile chun sraith meadarachtaí a chomhaontú lena n-úsáid le torthaí rialála ar fud an AE a thomhas ar bhonn macasamhail, ag súil le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le héifeachtúlacht ár n-idirghabhálacha. Maidir leis sin, ní mór go mbeidh reachtóirí agus údarais rialála (an DPC san áireamh) araon ullmhaithe chun foghlaim go hoscailte óna gcuid iarrachtaí reachtaíochta agus rialála go dtí seo.

1 Tá corpas fianaise ann a thugann le fios nach bhfuil bunús maith leis na toimhdí sin. Féach mar shampla <https://academic.oup.com/jeclap/article/12/4/301/5909388>

2 <https://www.dlapiper.com/en/us/insights/publications/2022/1/dla-piper-gdpr-fines-and-data-breach-survey-2022/>

3 <https://dataprotection.ie/en/news-media/latest-news/dpc-publishes-regulatory-strategy-2022-2027>

Rialú ardáin go ginearálta ar an mórchóir

Tá go leor den tráchtairacht phoiblí maidir le héifeachtúlacht (nó a mhalairt) maidir le rialúchán cosanta sonraí ar fud na hEorpa ag teacht ó chúlra ina bhfuil údair imní ann maidir leis an leibhéal rialaithe atá á fheidhmiú ag ardáin mhóra meáin shóisialta. Ar ghné amháin de dhíospóireacht den sórt sin le déanaí, tá a mhéid a admhaítear nach féidir aghaidh a thabhairt ar bhealach éifeachtach laistigh d'aon disciplín rialála amháin ar an rialú a bhfuil na hardáin sin ag baint leasa as (i gcomhthéacsanna atá i bhfad níos faide chun cinn ná na comhthéacsanna sin lena bhfuil baint go díreach ag cosaint sonraí), cibé cosaint sonraí, dlí iomaíochta nó rialúcháin ábhar.

Tá céim chun tosaigh glactha ag an díospóireacht seo cheana féin sna Stáit Aontaithe, leis an bpointe á dhéanamh ag roinnt tráchtairí (i gcomhthéacs na díospóireachta maidir le dlí feidearálach cosanta sonraí a thabhairt isteach) go bhfuil go leor bealaí ann ina bhféadfadh gníomhaíochtaí na n-ardán sleamhnú tríd an gcóras i réimis atá leagtha amach chun ábhar, iomaíocht agus cosaint sonraí a rialú.

Tá ceisteanna ardaithe ag na tráchtairí céanna maidir le cibé a bhféadfadh coincheapa a bhreithnítear a bheith lárnach do réimis cosanta sonraí a bhfuil forbairt déanta orthu san Eoraip (chun coincheap maidir le "rialú ag duine aonair" mar bhealaí le húsáideoirí aonair a chosaint a thabhairt san áireamh) cosaint stuama a sholáthar d'úsáideoirí ardáin in aghaidh roinnt den díobháil nó an díobháil go léir a bhaineann le gnéithe áirithe den idirlíon.

Ón dearcadh Eorpach de, níl aon dabht ach, fiú amháin agus a chuid lochtanna á dtabhairt san áireamh, go soláthraíonn an GDPR (agus go leanfaidh an GDPR leis an soláthar sin a

dhéanamh) an creat is fearr atá ar fáil lenar féidir cearta cosanta sonraí daoine aonair a chosaint go héifeachtach sna cásanna seo.

Ó thaobh na gcuspóirí reatha, mar sin féin, ar phríomhbhreithniúchán sna cineálacha seo díospóireachtaí tá: má tá éifeachtúlacht réimeas forfheidhmiúcháin an GDPR mar a fheidhmíonn na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta é, le tomhas (agus ní mór é a thomhas), ansin, ní mór dúinn a aithint, le cruinneas, an díobháil agus an riosca áirithe atáimid ag iarraidh a laghdú agus/nó fáil réidh leis, agus ní mór a admháil, cé go bhféadfadh forfheidhmiú éifeacht rialacha cosanta sonraí in aghaidh na n-ardán seo freastal chun srian a chur le cumhacht ardáin ar bhealaí áirithe, ní ról don DPC é, nó d'aon údarás cosanta sonraí, díriú ar na comharthaí go léir maidir le cumhacht den sórt sin maidir leis na húdair imní atá léirithe.

Is i gcoinne an chúlra áirithe seo nach mór dúinn bealaí a aimsiú lena bhféadfadh údaráis mhaoirseachta cosanta sonraí feidhmíocht a thomhas. Mar atá tugtha ar aird thuas, tá roinnt gnéithe i gceist anseo. Mar chéim amháin a bhfuil an DPC dírithe air - agus atá dearbhaithe aige - tá a chuid tosaíochtaí rialála don 5 bliana atá amach romhainn. Tá an obair a bhfuiltear ag leanúint léi lenár gcomhghleacaithe ar fud an LEE chun sraith meadarachtaí a aithint lenar féidir feidhmíocht a mheas ar bhealach oibiachtúil - ar fud gach ballstáit - ar chéim eile den sórt sin. Ní mór do mheadarachtaí den sórt sin, mar sin féin, bogadh thar chleachtais suimithe agus thar bharúlacha fánacha araon gur amhlaidh is mó an fhíneáil, is mó a bheidh an t-athrú ar iompraíocht a bheidh i gceist leis.



Is éard atá ag teastáil ná córas lenar féidir éifeachtúlacht a gcuid idirghabhálacha (i cibé foirm a ghlacann siad) a mheas trí cheist a chur cibé a raibh athruithe (intomhaiste) ar iompraíocht ó thaobh na rialaitheoirí agus buntáistí dáiríre (agus intomhaiste) ann d'ábhair sonraí.

Straitéis Rialála 5 bliana an DPC

Mar atá tugtha ar aird, tugadh obair an DPC ar a **straitéis rialála do na cúig bliana atá amach romhainn** chun críche sa bhliain 2021, tá an straitéis dírithe ar leas a bhaint as an mhachnamh trí bliana agus as comhoibriú an líon mór páirtithe leasmhara atá againn maidir le feidhmiú praiticiúil an GDPR. Ar éileamh seasmhach ó pháirtithe leasmhara, tá an t-éileamh ar thuilleadh treorach chun cinnteacht níos fearr a cheadú maidir le cad atá riachtanach chun an dlí a chomhlíonadh agus cuntasacht a léiriú. Tá sé i gceist ag an DPC, a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith sa Straitéis, tuilleadh treorach a fhoilsiú, lena n-áirítear, cás-staidéir ar shaincheisteanna a bhfuil cinneadh déanta aige ina leith agus oibriú chun tacú leis na hOifigigh Cosanta Sonraí ina ról ríthábhachtacha laistigh den eagraíocht.

Tá gníomhartha spriocdhírithé atá dírithe ar a chinntiú go bhfuil cosaint a fháil ag leanaí agus úsáideoirí idirlín atá níos leochailí i dtéarmaí sonraí pearsanta – gan rochtain a dhúnadh orthu ar fad – mar phríomhspríoc straitéiseach ag an DPC agus tá éifeacht tugtha dó sin cheana féin i ndrúachtchinnéadh atá curtha faoi bhráid ár gcomheagraíochtaí san AE ag an DPC ina ndéileáiltear le gnéithe próiseála sonraí leanaí ag ardán idirlín áirithe.

Tugann an cuspóir atá luaite againn, sé sin tosaíocht níos gníomhaí a thabhairt do na gearáin seo, ag an mbeidh tionchar níos fearr ar thorthaí, ag tarraingt go leor tráchtairéachta ón bpobal agus tá an chuma air go bhfuil tráchtairí áirithe ag maíomh gur cinneadh de shaghas éigin atá á dhéanamh ag an DPC atá i gceist anseo chun iarracht a dhéanamh a chuid oibleagáidí a sheachaint ó thaobh gearáin go léir daoine aonair a láimhseáil. Is é a mhalairt atá i gceist, ar ndóigh, a thugann léiriú ar an mian atá againn a chinntiú go dtugtar tosaíocht i ndáiríre i dtéarmaí acmhainní do ghearáin a ardaíonn saincheisteanna, a mbainfidh a réiteach an leas is fearr is féidir amach d'ábhar sonraí. Léirigh an t-iar-Ardabhcóide Bobek anois, ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU), an tsaincheist chéanna seo i dtuairimí a tugadh sular fhág sé a ról i bhfómhar na bliana 2021, nuair a chuir sé fainic maidir leis an riosca a bhaineann le gach ní atá ag titim amach idir daoine aonair a iompú isteach ina “shaincheist GDPR”⁴. Ar deireadh thiar, ní mór don DPC a ról a chomhlíonadh agus a chuid acmhainní a úsáid ar bhealach a chinnteoidh go bhfuil sé ag tabhairt éifeacht don GDPR ar bhealach réalaíoch agus stuama a fhreastalaíonn le cearta daoine aonair a chosaint sa chás go n-aithnítear go mbíonn na cearta siúd i mbaol i ndáiríre.

Fiosrúcháin ar mhórsála

Tá cur síos i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo ar na torthaí a cuireadh ar fáil i líon fiosrúcháin shuntasacha a thug an DPC chun críche; tugtar mionsonraí ann freisin maidir le dul chun cinn go dtí seo ó thaobh raon leathan fiosrúcháin eile ar chuir an DPC acmhainní ar fáil dóibh. Ar chás amháin a tharraing aird áirithe, tá an cinneadh maidir leis na torthaí in aghaidh WhatsApp agus ar fhorchuireadh fineáil de €225m orthu mar gheall ar chliseadh ó thaobh comhlíonadh a bhain le saincheisteanna trédhearcachta agus rinneadh foráil d'ordú freisin ó thaobh leasúchán a dhéanamh ar an fhaisnéis a bhí á soláthar don phobal trí pholasaí príobháideachais WhatsApp. Cé go bhfuil an cinneadh faoi réir ag dlíthíocht, tá sé comhaontaithe ag WhatsApp, idir an dá linn, athruithe suntasacha a dhéanamh ar a pholasaí príobháideachais (agus seasamh WhatsApp maidir leis an dlíthíocht a bhfuil tagairt déanta di á coimeád). Sa bhaile, rinneadh toradh suntasach a sheachadadh maidir le fiosrúcháin a bhain le Comhairle Contae agus Cathrach Luimnigh, inar aithníodh líon mainneachtana i dtéarmaí comhlíontachta leis an GDPR agus leis an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí i gcomhthéacs úsáid CCTV agus teicneolaíochtaí faireachais eile. (Is féidir mionsonraí maidir leis an gcás seo a fháil ag leathanaigh 69 den tuarascáil). Thángthas ar shocrú freisin i mí na Nollag 2021 maidir le hachomharc a thug an Roinn Coimirce Sóisialaí in aghaidh fógra forfheidhmiúcháin a d'eisigh an DPC agus a raibh baint aige le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs an Chárta Seirbhísí Poiblí. Táthar ag leanúint le fiosrúcháin maidir le réimsí eile den phróiseas a bhaineann leis an gcárta. Cé gur ábhar don Rialtas atá i gceist le scéimeanna a dhearadh chun daoine a bhfuil seirbhísí poiblí á rochtain acu a fhíorú, tá seasamh an DPC, bunaithe ar théarmaí sainráite an GDPR agus ar Chairt um Chearta agus Saoirsí Bunúsach an AE, go mbeidh próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs scéim ar bith den sórt sin bunaithe ar bhunús dlí cuí, ní mór go sásófar ceanglais chomhréireachta, agus ní mór intuarthacht a cheadú ó thaobh an phobail i dtéarmaí na gcuspóirí dá bhfuil a gcuid sonraí á bpróiseáil agus na húsáidí a bhainfead as na sonraí sin. Tá na cineálacha seo breithniúcháin ar théama atá ag tarlú arís is arís eile ó thaobh idirghníomhaíochtaí an DPC le raon iomlán de chuideachtaí na seirbhíse poiblí in Éirinn. Go háirithe, inár dtáthí tá breithniú nach bhfuil leordhóthanach á dhéanamh ag cuideachtaí den sórt sin ó thaobh an cheanglais léiriú a thabhairt go mbíonn an oibríocht próiseála áirithe bunaithe ar bhunús dlí amháin nó níos mó a ndéanann an GDPR agus an LED foráil go

4 <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX%3a62020CC0245&from=EN>



I dtéarmaí na bhfiosrúchán siúd a bhfuiltear ag leanúint leo i gcónaí, is fiú fiosrúchán ar mhórsála an DPC ar aistrithe sonraí pearsanta Facebook chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá a thabhairt ar aird.

sonrach dóibh. Is dócha go mbeidh bearnaí den sórt sin sna cásanna siúd ina bhfuil próiseáil á dhéanamh ar chatagóir speisialta sonraí nó sa chás go mbíonn na sonraí á bpróiseáil do chríocho forfheidhmithe dlí.

I dtéarmaí na bhfiosrúchán siúd a bhfuiltear ag leanúint leo i gcónaí, is fiú fiosrúchán ar mhórsála an DPC ar **aistrithe sonraí pearsanta Facebook chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá** a thabhairt ar aird. Baineadh an bac a bhí forchurtha ag an Ard-Chúirt ar an DPC ó thaobh an fhiosrúcháin seo a chur chun cinn i mí na Bealtaine 2021 nuair a dhiúltaigh an Ard-Chúirt de na forais go léir ar a raibh Facebook ag lorg athbhreithniú breithiúnach maidir le cinneadh an DPC tús a chur leis an imscrúdú seo i mí Lúnasa 2020. Tar éis tús a chur leis an fhiosrúchán arís i samhradh na bliana 2021, fuarthas aighneachtaí ó na páirtithe ábhartha agus tá an DPC i mbun scrúdaithe orthu seo i láthair na huaire. Ar deireadh, éileofar ar an DPC dréachtchinneadh a chur faoi bhráid a chomhúdaráis mhaoirseachta AE mar chuid de na meicníochtaí comhoibrithe agus chomhsheasmhachta atá leagtha síos ag an GDPR.

An tIonad Ilseirbhísí

Tá aidhmeanna atá thar a bheith inmholta ag gabháil le hionad ilseirbhísí an GDPR: léiriú comhoiriúnaithe leis príomhphrionsabail an GDPR ar fud gach ballstát de chuid an AE a chinntiú; agus soláthar a dhéanamh “d’idirghabhálaí aonair” d’eagraíochtaí ilnáisiúnta atá ag feidhmiú ar fud an AE ag súil le sruthlíniú a dhéanamh ar dhúshlán rialála agus riaracháin a bheadh i ndán d’eintitis den sórt sin sa chás go mbeadh orthu teagmháil a dhéanamh le húdaráis mhaoirseachta difriúla i ngach ballstát ina bhfuil siad ag feidhmiú.

Tá an t-ionad ilseirbhísí ag déanamh go maith ar aon trian de na trí aidhm seo, agus ar thoradh amháin a bhí air sin ná aistriú feidhm shuntasach comhordaithe óna hardáin chuig an DPC, mar go bhfuilimid i dteagmháil anois lenár gcomhghleacaithe ar fud na hEorpa ar dhréachtchinntí agus ar thionscadail a bhí molta ag eagraíochtaí ilnáisiúnta atá bainteach le próiseáil trasteorann.

Chomh fada agus a bhaineann sé leis an gcéad agus leis an dara haidhm, níl an coincheap ag déanamh chomh maith sin. Is mar gheall ar na socruithe reachtaíochta, cuid de seo, atá déanta faoin GDPR, ní thagann gníomhaíocht gach eagraíocht ilnáisiúnta faoi raon socruithe an ionaid ilseirbhísí. A mhalairt ar fad, mar go bhféadfadh na hardáin agus oibreoirí eacnamaíochta eile rogha a dhéanamh cibé a mbainfidh siad leas as an ionad ilseirbhísí nó nach mbainfidh, le torthaí suntasacha ag gabháil le roghanna den sórt sin. Tá cinntí feicthe againn cheana féin a bhfuil sé deacair glacadh leo a rinneadh maidir leis na hoibríochtaí próiseála trasteorann céanna aon ardán áirithe amháin ach ag údaráis mhaoirseachta AE difriúla áit nach raibh nósanna imeachta comhchinnteoireachta lárnach ó thaobh feidhmiú ionad ilseirbhísí i gceist le ceachtar próisis. Ardaíonn an cás inar féidir leis an oiread sin gníomhaíochtaí trasteorann a bheith lasmuigh den ionad ilseirbhísí éifeachtúlacht na n-iarrachtaí comhoibrithe a raibh sé i gceist leo a bheith mar ghné de rialú oibríochtaí próiseála trasteorann. Is féidir a rá freisin, go mbaineann sé ón smaoineamh atá lárnach don GDPR, go bhféadfaí cothrom na Féinne a chruthú ar fud na hEorpa (agus fáil réidh le scoilteadh), trí chreat dlíthiúil amháin a chur i bhfeidhm.

Réimis nua rialála sonraí

I measc píosáí reachtaíochta eile atá ar feitheamh ag leibhéal AE, Treoir NIS2, Acht um Margatá Digiteacha, an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha, an Rialachán Ríomhphríobháideachais, an tAcht um Intleacht Shaorga agus an tAcht um Rialachas Sonraí, léirítear nach raibh an GDPR chun na saincheisteanna go léir maidir le sonraí a réiteach in aon ionstraim reachtúil amháin. Mar an gcéanna, thaispeáin an tarraingt téide idir rialacha “príobháideachais” agus rialacha iomaíochta tionscnamh ATT Apple, agus pleananna Google chun deireadh a chur de réir a chéile le fianáin tríú páirtí, gur féidir le frithghníomhú contrártha agus cothrom a bheith ann i dtéarmaí rialachán iomaíochta maidir le gníomh rialála sa réimse “príobháideachais”.

Tá comhordú ag leibhéil AE agus ag leibhéil trasrialála araon, agus an tsraith dlíthe comhthrasnacha seo atá ag teacht i bhfeidhm amach anseo, ríthábhachtach. Beidh tábhacht ag baint le struchtúir, go háirithe nuair a thógtar na dúshláin san áireamh atá tagtha chun cinn i bhfeidhmiú struchtúir an ionaid ilseirbhísí a bhaineann leis an GDPR. Tá sé soiléir agus ní aon údar ionadh atá ann, nach bhfuil an uile dhuine ag féachaint ar chúrsaí ar an mbealach céanna.

Ar an mbealach céanna, ní nach ionadh, níl aon fhreagraí soiléire nó éasca ann ar an líon saincheisteanna móra a bhfuil díospóireacht fós ag cur ‘s ag cúiteamh ina leith: cibé agus cén bealach inar féidir fógraíocht spriocdhírthe agus/ nó ar chóir é a chosc; cibé ar chóir caomhnú a dhéanamh ar anaithnideacht sa réimse ar líne; cibé ar chóir maolú a cheadú ó thaobh feidhmiú beacht na rialacha maidir le rúndacht cumarsáide ar mhaithe le tarchur ábhar maidir le mí-úsáid ghnéis ar leanaí a aithint; agus conas slándáil a dhéanamh ar shruthanna sonraí domhanda agus sonraí pearsanta a chosaint ag an am céanna, agus rochtain chomhréireach a cheadú freisin atá i gcomhréir le ceanglais slándála náisiúnta.

Conclúid

Tá an DPC ag tnúth go mór le rannpháirtíocht leanúnach le Coimisiún an AE, lena comhrialaitheoirí ar fud an LEE agus le daoine eile, chun iarracht a dhéanamh a theacht ar bheart comhthola maidir leis an mbealach a ndéanaimid éifeachtúlacht rialúchán agus forfheidhmiúcháin a thomhas i gcomhthéacs an GDPR. Tá go leor gnéithe i gceist leis an ré sonraí seo nach bhfuil oibríthe amach fós. Chomh maith céanna, tá go leor dul chun cinn déanta faoin GDPR chun cosaint níos fearr a thabhairt do shonraí pearsanta na ndaoine trí iarrachtaí agus fócas na gcineálacha rialaitheoirí sonraí agus oifigigh cosanta go léir agus trí rannpháirtíocht an phobail ina gcuid cearta. Óna thaobh féin, tá an DPC tiomanta a Straitéis 5 bliana atá fréamhaithe sna mianta atá ann níos mó a dhéanamh do níos mó daoine, a chur chun cinn agus a leathadh amach. Ar aghaidh linn!



2


Achoimre Fheidhmeach

Ag tacú le daoine aonair

Ón 1 Eanáir 2021 go 31 Nollaig 2021:

- ▶ Fuair an DPC breis is **23,930** teagmháil leictreonach,⁵ **13,663** glao gutháin agus **1,594** teagmháil tríd an bpost;
- ▶ Sa bhliain 2021 fuair an DPC **10,888** fiosrúchán agus gearán ó dhaoine aonair (**ardú de 7%** ar fhiigiúirí na bliana 2020) agus bhí 8,017 acu sin tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana;
- ▶ Fuair an DPC **3,419** gearán an bhliain seo caite agus tugadh **3,655** gearán chun críche, lena n-áirítear 1,884 gearán a fuarthas roimh an mbliain 2021;
- ▶ Thug an DPC **10,645** cás ar an iomlán - 7,081 fiosrúchán agus 3,564 gearán - chun críche sa bhliain 2021;
- ▶ As na **7,499** fiosrúchán a seoladh chuig an DPC sa bhliain 2021, déileáladh le 6,255 acu faoi dheireadh na bliana;
- ▶ Ar an iomlán thug an DPC **7,081** fiosrúchán chun críche an bhliain seo caite, lena n-áirítear, 826 a bhí faighte roimh an mbliain 2021;

- ▶ Tugadh díreach faoi **52% (1,771)** de na gearáin a taisceadh leis an DPC sa bhliain 2021 chun críche laistigh den bhliain fhéilire céanna; agus
- ▶ Mar thoradh ar a mhíle dícheall a dhéanamh chun sean-ghearáin maidir le rochtain a réiteach sa bhliain 2021, thug an DPC **170% níos mó gearáin maidir le rochtain chun críche ná mar a fuair sé** – ag iompú droim ar ais an treocht a bhí ann ó tháinig an GDPR i bhfeidhm sa bhliain 2018.



⁵ Cuimsíonn cumarsáid leictreonach ríomhphoist chuig info@ account an DPC agus foirmeacha gréasáin ar aon a chuirtear faoi bhráid trí láithreán Gréasáin an DPC.

Sa bhliain 2021, lean baint a bheith ag na hábhair a fuair an GDPR i ndáil le fiosrúcháin agus gearáin: le hlarratais Rochtana; Próiseáil Chóir; Nochtadh; Margaíocht Dhíreach agus an Ceart go Ligfear i nDearmad (iarratais ar dhíliostú agus/nó tabhairt chun siúil).

Ag Tacú leis an Tionscal

- ▶ Fuarthas **6,549** fógra bailí ar an iomlán maidir le sárú sa bhliain 2021.
- ▶ Bhí fógraí maidir le sárú síos 2% ar fhigiúirí na bliana 2020.
- ▶ As an líon iomlán cásanna maidir le sárú a taifeadadh, tugadh **95% chun críche** sa bhliain 2021 (6,274 cás).

Bhí nochtadh neamhúdaraíthe ar an gcúis ba mhinice leis na sárúithe a tuairiscíodh don DPC, ag **71%** den líon iomlán. Tá sé seo síos ó 86% ar an mbliain roimhe seo.

Sheol an DPC foirm gréasáin leasaithe d'Fhógra maidir le Sárú sa bhliain 2021, chuir sé seo le héascú agus le cruinneas do pháirtithe leasmhara atá ag tuairisciú sárúithe don DPC.

Sa bhliain 2021, d'fhoilsigh DPC a leagan críochnúil de na **Bunphrionsabail le haghaidh Cur Chuige a Dhíríonn ar Leanaí maidir le Próiseáil Sonraí, a thug treoir atá ag teastáil go géar d'eagraíochtaí atá bainteach le próiseáil sonraí** leanaí maidir le Cur Chuige atá Dírithe ar an Leanbh i leith Próiseáil Sonraí.

D'fhoilsigh an DPC i mí na Nollag 2021 freisin, a **Straitéis Rialála Cúig Bliana do 2022-2027**, a chuireann soiléireacht ar fáil do pháirtithe leasmhara maidir leis an treo do thosaíochtaí rialála an DPC amach anseo.

Lean an DPC lena chomhpháirtíocht le hÚdarás Cosanta Sonraí na Cróite, leis an AZOP, agus le hOllscoil Vrije sa Bhruiséil ar thionscadal atá maoinithe ag an AE (**an Tionscadal ARC**) chun tacaíochtaí praiticiúla a sholáthar do SMEanna, le sraith de **cheardlanna** atá beartaithe anois do thús na bliana 2022.

**Foilsithe
Straitéis Rialála
5 Bliana**

6,549

Fógraí Sáraithe Bailí

81

Fiosrúchán
Reachtúil

Rialáil

Amhail 31 Nollaig 2021, bhí **81 Fiosrúchán Reachtúil** ar lámh ag an DPC, lena n-áirítear, 30 Fiosrúchán Trasteorann

D'fhógair an DPC i mí Meán Fhómhair, go raibh deireadh le himscrúdú GDPR a bhí á dhéanamh ar WhatsApp Ireland Ltd. Bhí an cinneadh faoi réir ag Airteagal 65 den Phróiseas um Réiteach Díospóide, agus **d'fhorchuir an DPC fineáil de €225 milliún** ar WhatsApp, chomh maith le hiomardú agus ordú a thabhairt do WhatsApp a gcuid próiseála a chur ar bhonn comhlíontachta.

I mí na Nollag 2021 d'fhoilsigh an DPC **Iniúchadh Cosanta Sonraí ar Pháirtithe Polaitíochta in Éirinn**. Cuireadh an tuarascáil i dtoll a chéile i ndiaidh iniúchtaí cosanta sonraí a rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí i 2021 ar shé pháirtí polaitíochta cláraithe is fiche in Éirinn.

I mí na Nollag 2021, tháinig an DPC ar shocrú i ndáil le himeachtaí dlí leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (D/SP) ar phróiseáil sonraí pearsanta a bhíonn á dhéanamh an D/SP nuair a bhíonn **Cártaí Seirbhíse Poiblí** á n-eisiúint.

Sheol an DPC i mí na Nollag 2021 freisin, Dréachtchinneadh Airteagal 60 chuig Údarás Mhaoirseachta lena mBaineann. Bhain an Dréachtchinneadh seo le Instagram agus bhíothas ag leanúint ar aghaidh leis ag deireadh na bliana.

Tháinig an DPC os comhair Choistí an Oireachtais **7** n-uaire agus chuir breathnóireacht agus ionchur ar fáil maidir le **40** píosa de reachtaíocht beartaithe.

Sa bhliain 2021 rinneadh **9 mbreithiúnas** a sheachadadh agus/nó rinneadh orduithe deiridh maidir le himeachtaí ina raibh an DPC mar pháirtí.

Trí ghníomh **Maoirseachta**, rinne an DPC **cur siar nó leasú** ar **7** gcinn de mhórhionscadail teicneolaíochta a bhí ar na bacáin a raibh impleachtaí acu ar chearta agus ar shaoirsí daoine aonair.

Sa bhliain 2021 chuir an DPC críoch le **5** fiosrúchán mórs cála; sheol sé **4** dréacht-chinneadh ar aghaidh go dtí an bpróiseas comh-chinnteoireachta Airteagail 60; atreoraigh sé cás **amháin** chuig Airteagal 65 a d'eisigh an DPC cinneadh deiridh dá bhun; d'eisigh sé **9** réamhdhréacht eile de chinntí le cur isteach chuig eintitis rialaithe agus gearánaithe sular críochnaíodh iad, agus d'iarr sé aighneachtaí ar ráitis ceiste nó tuarascálacha fiosrúcháin ó pháirtithe ábhartha i **17** fiosrúchan eile.

Cásanna lena raibh smachtbhannaí nó bearta ceartaitheacha i gceist

D'fhorchuir an DPC **fiúeálacha agus bearta ceartaitheacha sna cásanna seo a leanas a tugadh chun críche** faoin GDPR sa bhliain 2021. Moladh fiúeálacha agus orduithe i raon cásanna eile atá mionsonraithe sa chuid ar rialú teicneolaíochta ach nach féidir a thabhairt chun críche go dtiocfar ar sheasamh "comhthola" le húdaráis AE eile:

Eagraíochtaí	Cinneadh Eisithe
Bíúro Creidmheasa na hÉireann DAC	23-Márta -21
WhatsApp Ireland Ltd	28-Iúil-21
MOVE Ireland	20-Lúnasa-21
Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann	02-Nollaig-21
Comhairle Contae agus Cathrach Luimnigh	09-Nollaig-21

Rannpháirtíocht leis an tSochaí Sibhialta

Sa bhliain 2021, thug an DPC comhairliúchán leathan chun críche maidir lena dhréacht-treoir ar chearta **leanaí mar ábhair sonraí**. Foilsíodh an doiciméad treorach críochnaithe - **Bunphrionsabail le haghaidh Cur Chuige a Dhíríonn ar Leanaí maidir le Próiseáil Sonraí** - i mí na Nollag 2021.

I mí na Nollag 2021, d'fhoilsigh DPC a **Straitéis Rialála do 2022-2027**, a bheidh mar threochlár don DPC trí thréimhse bhunathraitheach. Tá fíis uailmhianach leagtha síos ag an DPC maidir leis an méid a chreideann sé a bheidh mar chúig bliana ríthábhachtach i dteacht chun cinn dlí, rialú agus cultúr cosanta sonraí.

Tá an Straitéis - agus an clár oibre a eascraíonn as - bunaithe thart ar chúig philéar idircheangailte ó thaobh comhthosaíochta.

- Rialú go comhsheasmhach agus go héifeachtach**
- Daoine aonair a chosaint agus feasacht maidir le cosaint sonraí pearsanta a chur chun cinn**
- Tosaíocht a thabhairt do chosaint leanaí agus do ghrúpaí leochaileacha eile.**
- Soiléireacht a thabhairt chuig páirtithe leasmhara**
- Tacú le heagraíochtaí agus treallús a chur faoi chomhlíontacht**

Rannpháirtíocht le Piaráí

Ón 1 Eanáir 2021, d'fhreagair an DPC:

- ▶ **Os cionn 600** Iarratas Frithpháirteach agus Iarratas Frithpháirteach Deonach Airteagal 61 ar chúnamh ó Rialaitheoirí Eorpacha eile;
- ▶ D'fhreastail ar os cionn **200** cruinniú an EDPB (an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí), tionóladh a bhformhór seo go fíorúil mar gheall ar na srianta taistil a bhain le COVID- 19;
- ▶ Leanadh le hionadaithe a chur ar fáil ar gach foghrúpa de Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB); agus
- ▶ Bhí cruinnithe rialta le rialaitheoirí sinsearachacha ó Údarás Craoltóireachta na hÉireann, ComReg agus ón gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí chun **treallús a chur faoi chomhleanúnachas rialála** agus tuiscint níos fearr a chur chun cinn maidir le ról rialála faoi seach.

Príomhshruthú a dhéanamh ar Chosaint Sonraí

Rinne foireann an DPC cur i láthair ag os cionn **90** imeacht poiblíochta sa bhliain 2021. Rinneadh formhór rannpháirtíocht na foirne ar líne nuair a tháinig srianta COVID- 19 i bhfeidhm, seachas nuair a cheadaigh treoir sláinte poiblí a mhalairt.

Tá an DPC tiomanta i gcónaí ó thaobh treallús a chur faoi chearta agus faoi fhreagrachtaí cosanta sonraí, ag cur **10** bpíosa teorach tábhachtach ar fáil, lena n-áirítear, Bunphrionsabail le haghaidh Cur Chuige a Dhíríonn ar Leanaí maidir le Próiseáil Sonraí, atá thar a bheith suntasach agus ar fháiltigh páirtithe leasmhara roimhe.

Gníomhaíocht Eile

Sa bhliain 2021 thug an DPC:

- ▶ **138 fiosrúchán** chun críche maidir le **margaíocht dhíreach leictreonach**;
- Rinneadh **dá chuideachta telco a ionchúiseamh** mar gheall ar theagmháil a dhéanamh le custaiméirí go seasta a raibh rogha déanta acu gan comhfhreagras a fháil;
- Cuireadh an chéad eisiúint de **chóras bainistíochta cáis** an DPC i bhfeidhm;
- Oibríodh chun comhaontú idirghníomhaireachta idir an DPC agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú maidir le creidiúnú **scéimeanna deimhniúcháin** faoi Airteagail 42 agus 43 den GDPR;
- Oibríodh go dlúth le comhghleacaithe AE ar cheadú tosaigh an **SEAL AE** atá beartaithe agus scéim creidiúnaithe ballstát-bhunaithe;
- Soláthraíodh **Straitéis ICT** nua don DPC; agus
- Láimhseáladh **49 gearán maidir leis an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí**.





Misean, Fís agus Luachanna sa DPC

Misean

Dlí um chosaint sonraí a chur i bhfeidhm go seasta trí rannpháirtíocht, trí mhaoirseacht agus trí fhorfheidhmiú, agus comhlíonadh na reachtaíochta um chosaint sonraí a chur chun cinn.

Cosnaíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí cearta cosanta sonraí daoine aonair agus tugann sé soiléire do na heagraíochtaí a rialaíonn sé trí:

- ▶ *páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoina gcearta agus a bhfreagrachtaí;*
- ▶ *cur chun cinn cóir agus cothrom a ghlacadh maidir le láimhseáil gearán;*
- ▶ *teagmháil a dhéanamh go fairsing agus go trédhearcach le páirtithe leasmhara;*
- ▶ *páirt ghníomhach a ghlacadh ag leibhéal an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí chun comhsheasmhacht a bhaint amach;*
- ▶ *fadcheann teicneolaíochta a chothú, ag súil le forbairtí rialála amach anseo;*
- ▶ *pionós a ghearradh go comhréireach agus go críonna; agus*
- ▶ *inniúlachtaí saineolacha na foirne a choinneáil agus a thabhairt le chéile chun éifeachtacht oibríochtúil a chinntiú.*

Fís

Mar rialaitheoir ar dhlí an AE maidir le cosaint sonraí, tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí dúthrachtach faoi bheith neamhspleách, tionchar a imirt go hidirnáisiúnta, agus a bheith iontaofa ag an bpobal; trí rialú le cuspóir soiléir, le muinín an phobail, le meas ár bpiaraí agus trí bheith éifeachtach maidir le rialú. Beidh ról ceannaireachta ag an DPC i leith soiléireacht dhlíthiúil a chur ar fáil i mblianta tosaigh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Glacfaidh an DPC cur chun cinn rialála bunaithe ar riosca i leith a chuid oibre, ionas go gcuirfear a gcuid acmhainní in ord tosaíochta i gcónaí ar bhonn na tairbhe is mó a thabhairt don líon is mó daoine. Chomh maith leis sin, beidh an DPC ina áit oibre thairbheach agus dhúshlánach, ina leagfar béim ar na daoine is cuí a choinneáil, a tharraingt isteach agus a cheapadh chun cur lena shainordú, agus aitheantas á thabhairt gurb é luach agus inniúlacht na foirne an bua is mó atá aige.

Luachanna

Is rialtóir neamhspleách é an DPC, ar a bhfuil freagracht as eagraíochtaí na hearnála príobháidí agus poiblí araon a rialú, chomh maith le cearta cosanta sonraí daoine aonair a chosaint. Agus na dualgais seo á gcomhlíonadh, tá an DPC dúthrachtach faoi ghníomhú i gcónaí i mbealach atá:

- ✓ **Cothrom**
- ✓ **Saineolach**
- ✓ **Comhréireach**
- ✓ **Trédhearcach**
- ✓ **Cuntasach**
- ✓ **Réamhbhreathnaitheach**
- ✓ **Gníomhach**
- ✓ **Neamhspleách**
- ✓ **Dírithe ar Thorthaí**

4

Straitéis Rialála

I mí na Nollag 2021, d'fhoilsigh an DPC a Straitéis Rialála don tréimhse 2022-2027, a bheidh ina threochlár don DPC le linn tréimhse ina mbeidh athrú claochlaitheach ar bun. Leag an DPC fís uailmhianach amach i leith na gcúig bliana a chreidtear sa DPC a bheidh ina gcúig bliana ríthábhachtacha i ndáil leis an dlí, rialáil agus cultúr maidir le cosaint sonraí a fhorbairt.

Tá ann Straitéis – agus an clár oibre a eascraíonn aisti – bunaithe ar chúig cholún atá nasctha le chéile a bhfuil an tosaíocht chéanna ag baint leo.

1. **Rialaigh go comhsheasmhach agus go héifeachtach**
2. **Daoine aonair a chosaint agus eolas maidir le cosaint sonraí a chur chun cinn**
3. **Tús áite a thabhairt do leanaí agus grúpaí leochaileacha eile a chosaint**
4. **Soiléire a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara**
5. **Tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí agus comhlíonadh a chur chun cinn**

Agus an Straitéis Rialála seo á forbairt don tréimhse 2022-2027, bhí an DPC aireach chun machnamh coinsiasach a dhéanamh ar riachtanais agus léargais a pháirtithe leasmhara, an reachtaíocht ar fúithi sin nach mór don DPC rialú, an comhthéacs ina bhfeidhmíonn sé i láthair na huairé agus na staideanna éagsúla amach anseo nach mór dó ullmhú ina leith. Chomh maith le babhtá atriallacha de chomhairliúchán poiblí leathan a chur i gcrích, chuir an DPC teoiricí acadúla san áireamh freisin atá ag teacht chun cinn i ndáil le rialú éifeachtach agus eacnamaíocht iompraíochta. Ina dhiaidh sin, rinneadh an taighde seo a chothromú i gcoinne na tuisceana go bhfuil acmhainní an DPC teoranta agus nach mór iad a chur san áit inar féidir an leas is mó a bhaint amach, rud a chiallaíonn go gcaithfear roghanna géarchúiseacha a dhéanamh i ndáil le rialáil.

Baineann leithead shainchúram rialála an DPC le gach réimse den saol pearsanta agus poiblí; ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. D'fhonn Straitéis Rialála a fhorbairt ina gcuirfear treoir éifeachtach ar fáil do shainchúram oibríochta chomh leitheadach sin, d'fhéach an DPC chuige go ndéanfaí an comhthéacs níos leithne ina rialaíonn sé, riachtanais a pháirtithe leasmhara éagsúla agus cineál athraitheach na n-earnálacha neamhthraidisiúnta a rialaíonn sé a ghluaiseann ar aghaidh go tapa a chur san áireamh.

Tá an Straitéis Rialála seo á cur i bhfeidhm le linn na chéad bhlianta den reachtaíocht um chosaint sonraí bheith á athchóiriú ó bhonn – i bhfoirm an GDPR agus Treoir choimhdeach maidir le Forfheidhmiú an Dlí – i dteannta na ndúshlán léirmhíniúcháin a bhaineann le hathrú rialála atá chomh hollmhór leis sin de ghnáth. Mar gheall ar na dúshlán seo, agus i gcomhthéacs ina bhfuil méadú mór tagtha ar fheasacht an phobail maidir le cosaint sonraí, tá débhríonna tagtha chun cinn maidir leis an dlí a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm nach mór don DPC – in éineacht lena údarais cosanta sonraí comhchéime – oibriú orthu d'fhonn iad a shoiléiriú.

Níor tháinig aon ghníomh ná cur chuige a leagtar amach sa Straitéis Rialála seo – idir ghearáin a láimhseáil agus bhéim a leagan ar rannpháirtíocht straitéiseach – chun cinn mar gheall ar mhian chun 'níos lú' a dhéanamh do pháirtithe leasmhara. Is é a mhalairt atá i gceist, agus moladh na spriocanna straitéiseach ar fad mar bhealach chun níos mó a dhéanamh, do níos mó daoine.

Tá an Straitéis eagraithe de réir spriocanna bunúsacha, tá sí buntacaithe le misean, fíis agus luachanna an DPC, ar tríothu sin a chuirtear lena thosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach. Aithníonn an DPC nach bhfuil sé in ann a chuid uailmhianta a bhaint amach ina aonar – beidh comhpháirtíochtaí agus bealaí nua teagmhála ag teastáil agus muid ag smaoineamh chun cinn ar thodhchaí ina mbeidh níos mó teacht le chéile i gceist. Tá an obair chun taca a chur faoin teacht le chéile rialála seo faoi bhealach cheana féin, agus cruinnithe á dtionóil ar bhonn rialta sa bhliain 2021 idir rialaitheoirí sinsearach ón DPC, Údarás Craolacháin na hÉireann, ComReg agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí chun comhleanúnachas rialála a spreagadh agus tuiscint níos fearr ar na ról rialála faoi seach a chothú.

D'fhonn an Straitéis Rialála seo a ullmhú, chuaigh an DPC i mbun tréimhse chomhairliúcháin atriallaigh le réimse leathan páirtithe leasmhara, idir pháirtithe leasmhara inmheánacha agus pháirtithe leasmhara seachtracha, chun léargais agus taithí a bhailiú faoin mbealach inar imir cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) tionchar ar shaol daoine aonair agus eagraíochtaí atá i mbun gnó ar fud réimse leathan earnálacha. I ndeireadh mhí an Mheithimh 2021, chuir an DPC críoch lena ghlaos oscailte deiridh ar aighneachtaí maidir lena chomhairliúchán rialála i ndáil leis an Dréachtstraitéis féin. Léiríodh leithead chomhlacht pháirtithe leasmhara an DPC sna haighneachtaí a fuarthas.

Is léir ón leibhéal smaointeoireachta a rinneadh i leith na n-aighneachtaí seo go bhfuil an GDPR ina ábhar an-tábhachtach ag go leor daoine. Mar is iondúil i gcás reachtaíocht fhorleathan ar bith, ní i gcónaí a bhíonn na léirmhínithe éagsúla atá ag páirtithe leasmhara maidir leis an mbealach is fearr an GDPR a chur i bhfeidhm ag réiteach lena chéile. Mar sin féin, cuirtear de chúram ar an DPC na cosúlachtaí a bhaint as na dearcthaí éagsúla seo, agus clár oibre de thosaíochtaí rialála a aithint trína ndéanfar comhlíonadh a spreagadh agus torthaí níos fearr maidir le cosaint sonraí a chur chun cinn do dhaoine aonair san AE. Bhí an cuspóir uileghabhálach sin – níos mó a dhéanamh, do níos mó daoine – mar bhonn agus thaca ag na roghanna straitéiseacha a rinneadh sa Straitéis seo, de réir mar an dhéanann an DPC a bhealach trí thodhchaí rialála atá lán tosaíochtaí iomaíochta.

5

Róil agus Freagrachtaí

Feidhmeanna an DPC

Is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) an t-údarás náisiúnta neamhspleách in Éirinn atá freagrach as seasamh le buncheart na ndaoine san AE go ndéanfaí a gcuid sonraí pearsanta a chosaint. Dá réir sin, is é an DPC an t-údarás maoirseachta Éireannach a bhfuil sé de chúram air monatóireacht a dhéanamh ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (Rialachán (AE) 2016/679).

Áirítear i measc croífheidhmeanna an DPC, faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 – a thugann tuilleadh éifeachta don GDPR in Éirinn:

- ▶ **spreagadh comhlíonta fheabhsaithe le reachtaíocht chosanta sonraí ag rialaitheoirí agus ag próiseálaithe;**
- ▶ **láimhseáil ghearán ó dhaoine aonair maidir le hábhar sárúithe a gcuid cearta cosanta sonraí;**
- ▶ **cur i gcrích fiosrúchán agus imscrúduithe maidir le hábhar sárúithe na reachtaíochta cosanta sonraí;**
- ▶ **cothú feasachta i measc eagraíochtaí agus an phobail maidir leis na rioscaí, na rialacha, na cosaintí agus na cearta ar dá gcúram iad agus sonraí pearsanta á bpróiseáil; agus**
- ▶ **comhoibriú le húdaráis chosanta sonraí i mballstáit eile de chuid an AE faoi cheisteanna ina bhfuil próiseáil trasteorann i gceist.**

Gníomhaíonn an DPC mar an t-údarás maoirseachta freisin don phróiseáil sonraí pearsanta faoi roinnt creat dlí breise. Áirítear orthu seo **an Treoir maidir le Forfheidhmiú Dlí** (Treoir 2016/680, faoi mar a trasúodh í faoin **Acht um Chosaint Sonraí 2018**) a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ag comhlachais a bhfuil feidhmeanna forfheidhmithe dhlí acu i gcomhthéacs chosc, imscrúdú, aimsiú nó ionchúiseamh cionta coiriúla nó cur i ngníomh pionós coiriúil. Cuireann an DPC feidhmeanna áirithe maoirseachta agus forfheidhmithe i bhfeidhm freisin maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs na gcumarsáidí leictreonacha faoi **na Rialacháin e-Phríobháideachais** (I.R. Uimh. 336 ó 2011).

Chomh maith lena chuid feidhmeanna faoin GDPR, leanann an DPC air de bheith ag cur i gcrích a chuid feidhmeanna rialála faoi **na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003**, maidir le gearáin agus imscrúduithe a bhaineann leis an tréimhse roimh 25 Bealtaine 2018, chomh maith le catagóirí áirithe srianta eile próiseála, is cuma má tharla an phróiseáil sin roimh nó tar éis 25 Bealtaine 2018.

Chomh maith le reachtaíocht shonrach chosanta sonraí, is ann do thart ar 20 píosa breise reachtaíochta, a chlúdaíonn réimsí éagsúla eárnála, a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, ina mbíonn ar an DPC feidhm áirithe mhaoirseachta a chur i gcrích a leagtar air faoin reachtaíocht sin.

Cuimsíonn an SMC:



Helen Dixon
An Coimisinéir um
Chosaint Sonraí



Anna Morgan
Leaschoimisinéir -
Ceannasaí Gnóthaí Dlí



Colum Walsh
Leaschoimisinéir
- Ceannasaí
Gníomhaíochta Rialála



Dale Sunderland
Leaschoimisinéir
- Ceannasaí
Gníomhaíochta Rialála



Graham Doyle
Leaschoimisinéir -
Ceannasaí Gnóthaí
Corparáideacha,
Meáin Chumarsáide &
Cumarsáidí



John O'Dwyer
Leaschoimisinéir
- Ceannasaí
Gníomhaíochta Rialála



Tony Delaney
Leaschoimisinéir
- Ceannasaí
Gníomhaíochta Rialála



Ultan O'Carroll
Leaschoimisinéir)
- Ceannasaí
Teicneolaíochta,
Oibriúcháin &
Feidhmíochta

Foireann Shinsearach an DPC

Cuimsíonn Coiste Bainistíochta Sinsearaí an DPC (SMC) an Coimisinéir um Chosaint Sonraí agus an seachtar Leaschoimisinéirí. Déanann an Coimisinéir agus baill an SMC maoirseacht ar bhainistiú agus ar rialú cuí na heagraíochta, de réir na bprionsabal sin a leagtar amach sa Chaighdeán Rialachais Corparáideacha don Státseirbhís (2015). Tá sceideal foirmiúil ceisteanna le cur san áireamh agus a bhfuil cinneadh le déanamh fúthu, de réir mar is cuí, ag an SMC, chun maoirseacht agus smacht éifeachtacha na heagraíochta a chinntiú.

An Coimisiún um Chosaint Sonraí - Vóta 44

Maoinítear an DPC go huile is go hiomlán ag an Stáitchiste. Is é an Coimisinéir um Chosaint Sonraí an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Choimisiúin, Vóta 44. Mar chomhlachas Vóta, ní mór don Oifigeach Cuntasaíochta an Cuntas Leithghabhála a ullmhú do Vóta an DPC lena chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. De réir mar is gá, tá mar chuid de sin ráiteas an Oifigh Chuntasaíochta maidir le córais rialaithe inmheánaigh an DPC. Le linn 2021, rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Chuntais Leithghabhála an DPC do 2020. Is cúis áthais dúinn deimhniú nár cuimsíodh aon trácht diúltach sa tuarascáil de bharr aon cheist sna Cuntais.

Ba é an soláthar ollmheastacháin 2021 do Vóta 44 – An Coimisiún um Chosaint Sonraí ná €19.128M (2020: €16.916M) ar leithdháileadh €12.764M de (2020: €10.552M) ar chaiteachas pá-choibhneasa, agus ar leithdháileadh €6.364m de (2020: €6.364M) ar chaiteachas neamhphá. Méadú de €2.2M a bhí i gceist leis an maoiniú do 2021 i gcomparáid le leithdháileadh 2020. Tá an DPC ag ullmhú an Cuntas Leithghabhála do 2021 faoi láthair agus foilseofar an ráiteas seo ar shuíomh gréasáin an DPC tar éis chur i gcrích iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste.



6



Teagmhálacha, Fiosrúcháin agus Gearáin

Teagmhálacha

Déanann páirtithe leasmhara teagmháil leis an DPC ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear, línte teileafóin Deasc Chabhrach an DPC, foirmeacha gréasáin ar líne, ríomhphost agus tríd an bpost. Sa bhliain 2021, bhí foireann an DPC ag obair go cianda, de réir comhairle sláinte an Rialtais. Ina ainneoin sin, rinneadh cothabháil ar sheirbhísí iomlána teileafóin agus cuireadh socruithe i bhfeidhm chun an post a bhailiú a bhí ag teacht chuig oifigí an DPC nó litreacha a atreorú ar bhealach tráthúil.

Sa bhliain 2021, rinneadh 23,930 teagmháil leictreonach⁶ leis an DPC, 13,663 glaoch gutháin agus 1,594 teagmháil tríd an bpost.

In ainneoin na ndúshlán a chruthaigh an obair chianda, rinneadh cothabháil ar feadh na bliana ar tháirgiúlacht seirbhísí líne tosaigh an DPC. Ní raibh aon tionchar diúltach ar amanna freagartha nó ar leibhéal seirbhíse agus bhí táirgiúlacht ag teacht leis na rátaí a bhí ann roimh COVID- 19.

Fuair an DPC 10,888 fiosrúchán agus gearán ó dhaoine aonair sa bhliain 2021 (ardú de 7% ar fhigiúirí na bliana 2020) agus tugadh 8,017 acu sin chun críche faoi dheireadh na bliana. Thug an DPC 10,645 cás ar an iomlán chun críche sa bhliain 2021 - 7,081 fiosrúchán agus 3564 gearán.

As na 7,499 fiosrúchán a seoladh chuig an DPC sa bhliain 2021, déileáladh le 6,255 acu faoi dheireadh na bliana. Ar an iomlán. Thug an DPC 7,081 fiosrúchán chun críche an bhliain seo caite, lena n-áirítear 826 a fuarthas roimh an mbliain 2021.

Fuair an DPC 3,419 gearán an bhliain seo caite agus tugadh 3,665 gearán chun críche, lena n-áirítear, 1,884 gearán a fuarthas roimh an mbliain 2021. As na gearáin a taisceadh leis an DPC sa bhliain 2021, tugadh díreach faoi 52% (1,771) gearán chun críche sa bhliain fhéilire céanna.

6 Cuimsíonn cumarsáid leictreonach ríomhphoist chuig info@account.dpc.ie agus DPC agus foirmeacha gréasáin a chuirtear faoi bhráid trí láithreán gréasáin an DPC.

Gearáin

Déanann an DPC próiseáil ar ghearáin faoi dhá phríomhchreat dlíthiúil:

- ▶ Déileáiltear faoin GDPR le gearáin a fuarthas ón 25 Bealtaine 2018 ar aghaidh (agus a bhaineann le hábhair a tharla ar nó tar éis an 25 Bealtaine 2018), faoin Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí agus faoin Acht um Chosaint Sonraí; agus
- ▶ Déileáiltear le gearáin agus le sárúithe a tharla roimh an 25 Bealtaine 2018 faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, fiú amháin má thugtar fógra don DPC ina leith ar/ nó tar éis an 25 Bealtaine 2018.

Ní mór go dtiocfaidh an t-ábhar, chun gearán a chomhdhéanamh – agus dá réir sin oibleagáidí reachtúla láimhseála gearán an DPC a fheidhmiú – faoi cheann de na ceannteidil seo a leanas:

- ▶ Gearáin ó dhuine aonair a bhaineann le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta féin;

- ▶ Ó dhuine atá údaraithe go dlíthiúil nó ó eintitis atá ag déanamh gearáin *thar ceann duine aonair* (m.sh. dlíodóir thar ceann cliant nó tuismitheoir/caomhnóir thar ceann a linbh); nó
- ▶ Grúpaí abhcóideachta a chomhlíonann na riachtanais chun feidhmiú *thar ceann duine aonair amháin nó níos mó* faoin GDPR, LED agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Idir 1 Eanáir 2021 agus 31 Nollaig 2021:

- ▶ Fuair an DPC **3,389** gearán ó dhaoine aonair faoin GDPR agus **30** gearán faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.
- ▶ Ar an iomlán, thug an DPC **3,665** gearán chun críche, lena n-áirítear **1,884** gearán a fuarthas roimh an mbliain 2021.
- ▶ Tugadh os cionn **52%** de na gearáin a taisceadh leis an DPC sa bhliain 2021 chun críche laistigh den bhliain fhéilire céanna.

Gearáin a Fuarthas faoin GDPR – na 5 Príomhshaincheist sa bhliain 2021	Líon	% den iomlán
Iarratas ar Rochtain	1,232	42%
Próiseáil Chóir	560	19%
Nochtadh	291	10%
An Ceart chun Léirsciosadh	263	9%
Margaíocht Dhíreach	128	4%

Gearáin a Fuarthas faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 – na 5 Príomhshaincheist sa bhliain 2021	Líon	% den iomlán
Iarratas ar Rochtain	11	37%
Próiseáil Chóir	11	37%
Nochtadh	6	20%
Slándáil	1	3%
Fáil Chóir	1	3%

Láimhseáil Gearáin

Sa chás é a bheith indéanta, déanann an DPC iarracht gearáin aonair a réiteach go cairdiúil – mar a fhoráiltear dó in Alt 109(2) den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Tugtar an rogha do dhaoine aonair déileáil lena saincheist go cairdiúil ar feadh saolré an ghearáin, beag beann ar chomh fada ar aghaidh is atá an tsaincheist imithe trí na nósanna imeachta géaraithe. Is féidir cás staidéir ina léirítear na nósanna imeachta géaraithe seo i mbun feidhme a fheiceáil ag deireadh an chaibidil seo.

Sa chás nach mbíonn réiteach cairdiúil agus luath indéanta, cuireann an DPC borradh faoi na saincheistanna de réir catagóir an ghearáin:

“Tús Áite a Thabhairt do” Réiteach Cairdiúil

Áirítear ar Réiteach Cairdiúil, réiteach cairdiúil a éascú idir an duine aonair agus rialaitheoir sonraí, cumhachtaí áirithe láimhseála gearáin a fhorghníomhú chun gearáin a réiteach go cuí agus go héifeachtach araon agus cásanna áirithe a aistriú chuig aonaid ábhartha láimhseála gearáin eile sa chás go mbíonn gá le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí níos doimhne/níos casta. I gcásanna áirithe, sa chás go n-aithníonn an DPC go mbíonn réiteach tapa indéanta, tugann an DPC faoi bhunús “tús áite”. As na 3,564 gearán a thug an DPC chun críche sa bhliain 2021, tugadh **463** de na gearáin sin chun chríche trí bhealaí cairdiúla tús áite. Réitíodh níos mó ná 3,100 gearán eile freisin ach bhí líon ard teagmhálacha atrialacha riachtanach idir na páirtithe chun réiteach a bhaint amach.

Luaitear in Alt 109(2) den Acht um Chosaint Sonraí 2018, go bhféadfaidh an Coimisiún (DPC), i gcás go measfaidh sé go bhfuil dóchúlacht réasúnach ann go dtiocfaidh na páirtithe lena mbaineann, laistigh de thréimhse ama réasúnach, ar réiteach cairdiúil ar ábhar an ghearáin, cibé bearta a dhéanamh is cuí leis chun réiteach cairdiúil den sórt sin a shocrú nó a éascú.

Baineann na gearáin is coitianta a thugtar chun críche trí réiteach cairdiúil le rialaitheoirí sonraí nach bhfreagraíonn d'iarratais rochtana nó gur theip orthu a gcuid oibleagáidí faoin GDPR a chomhlíonadh go leordhóthanach maidir le custaiméirí.

Gearáin maidir le Cearta Rochtana

Foráiltear in Airteagal 15 den GDPR go bhféadfaidh duine aonair deimhniú a fháil ón rialaitheoir á rá an bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi á bpróiseáil nó nach bhfuil, agus, i gcás inarb amhlaidh an cás, rochtain a fháil ar chóip dá gcuid faisnéise. Is ceart tábhachtach atá i gceist leis seo agus ceart a bhíonn mar chúis le líon mór gearáin chuig an DPC ar bhonn bliantúil.

Tá an ceart rochtana ar cheann de na cearta bunúsacha a thugtar do dhaoine aonair faoin GDPR. É sin ráite, níl ceart rochtana an duine aonair dearfa agus d'fhéadfadh sé a bheith faoi réir ag srianta áirithe, lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta dóibh siúd atá leagtha amach in Alt 60 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Faoi dheireadh na bliana 2021, bhí **331** gearán nua maidir le rochtain faighte ag an DPC agus tugadh **562** acu chun críche. Is ionann é sin agus aisiompú iomlán na ngearán maidir le rochtain a fuarthas : cóimheas gearáin a tugadh chun críche. Ó tháinig an GDPR i bhfeidhm sa bhliain 2018, bhí níos mó cásanna faighte ag an DPC in aghaidh na bliana, bliain ar bhliain, ná mar a bhí tugtha chun críche. D'iompaigh an DPC an treocht seo droim ar ais sa bhliain 2021 **tráth ar tugadh chun críche 170% níos mó cásanna rochtana ná mar a fuarthas.**

Chomh maith leis sin, tá an DPC fós i mbun imscrúdaithe ar ghearáin maidir le rochtain faoi na sean-Achtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, agus tugadh 8 gcinn acu sin chun críche sa bhliain 2021. Tá gearáin a bhaineann le hiarratais rochtana fós ar na gearáin is minice a fhaigheann an DPC.

Go minic bíonn an duine aonair i dteagmháil leis an rialaitheoir sonraí ach ní bhfuarthas admháil/freagra ar a n-iarratas nó bhí sé/sí míshásta leis an bhfreagra a eisíodh agus mar thoradh air sin taisceadh gearán leis an DPC.

Nuair a dhéanann an DPC imscrúdú ar na gearáin seo, is minic a tharlaíonn sé nach mbíonn (a) cuardach leordhóthanach maidir leis na sonraí pearsanta curtha i bhfeidhm ag an rialaitheoir sonraí nó (b) nach bhfuil an duine aonair curtha ar an eolas go bhfuil sé/sí ag coinneáil siar sonraí agus an díolúine a bhfuil sé/sí ag brath air leis an méid sin a dhéanamh, nó (c) nár fhreagair sé/sí an t-iarratas rochtana laistigh den chreat ama a bhí riachtanach.

Baineann an DPC leas as an eolas atá bainte amach ó láimhseáil na ngearán seo chun pictiúr a fháil den bhealach ina bhfuil rialaitheoirí sonraí ag feidhmiú prionsabail cosanta sonraí laistigh dá n-agraíocht agus trína gcuid beartais agus cleachtas.

Tá an DPC buartha go bhfuil pátrún aitheanta ann nach bhfuil rialaitheoirí sonraí ag freagairt iarratais daoine ar shonraí a fhaightear ó ábhair sonraí agus/nó ag freagairt do chomhfhreagras maidir le tús a chur le gearán ón DPC. Sa bhliain 2022 tá sé i gceist ag an DPC cur le forfheidhmiú sa réimse seo agus díriú ar neamhfhreagraí nó ar fhreagraí ó rialaitheoirí sonraí nach bhfuil leordhóthanach.

Gearáin maidir le Margaíocht Dhíreach Leictreonach

Imscrúdaíonn agus ionchúisíonn an DPC go gníomhach cionta a bhaineann le margaíocht dhíreach leictreonach faoi I.R. 336/2011 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach) 2011 ('na Rialacháin Ríomhphríobháideachais'). Cuireann na Rialacháin Ríomhphríobháideachais an Treoir 2002/58/CE ('an Treoir Ríomhphríobháideachais) i bhfeidhm in Éirinn.

Fuair an DPC **138** gearán nua maidir le margaíocht dhíreach leictreonach sa bhliain 2021. Áiríodh orthu seo, thart ar 84 gearán maidir le teachtaireachtaí ríomhphoist, 43 gearán maidir le teachtaireachtaí téacs agus 11 gearán a bhain le glaonna gutháin. Tugadh **150 fiosrúchán maidir le margaíocht dhíreach leictreonach chun críche** sa bhliain 2021.

Tá an figiúr seo déanta suas den mhéid seo a leanas:

- ▶ 1 ghearán ón mbliain 2018;
- ▶ 5 ghearán ón mbliain 2019;
- ▶ 58 gearán ón mbliain 2020; agus
- ▶ 86 gearán ón mbliain 2021.

Is fiú a thabhairt ar aird agus tagairt dhá dhéanamh den phaindéim reatha, go bhfuair an DPC trí ghearán le linn na bliana 2021 in aghaidh óstáin, tar éis do na gearánaigh a gcuid mionsonraí a thabhairt d'óstán do chríocha rianaithe teagmhála. Mar fhreagra ar imscrúdú an DPC dheimhniú na hóstáin a bhí i gceist gur bailíodh uimhreacha fón póca na ngearánach chun críocha rianaithe teagmhála agus gur cuireadh san áireamh iad, trí bhotún sna liostaí teagmhála do mhargaíocht dhíreach. Tugadh na trí ghearán chun críche agus eisíodh rabhadh chuig na hóstáin a bhí i gceist.

Imscrúduithe maidir le Fianáin

Lean an DPC, le linn na bliana 2021, ag tabhairt faoi imscrúduithe maidir le fianáin, rinneadh scrúdú ar líon láithreáin gréasáin chun comhlíonadh leis an reachtaíocht ábhartha a mheas, m.sh. Rialacháin 5(3), 5(4) agus 5(5) de na Rialacháin Ríomhphríobháideachais (I.R. 336/2011). Foráiltear sa reachtaíocht sin nach mór toiliú a fháil chun faisnéis de chineál ar bith a chur ar fheistí úsáideoirí nó faisnéis atá ar a gcuid feistí cheana féin a rochtain, mura gcomhlíontar ceann as péire de na díolúintí teoranta. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird nach le láithreáin ghréasáin amháin a bhaineann an dlí ach go bhfuil baint aige freisin le haipeanna fón póca agus le táirgí eile a bhaineann úsáid as fianáin nó as teicneolaíochtaí rianaithe a mbíonn feistí á rochtain acu.

Ba dhíol suntas le linn na bliana gur lean an DPC le gearáin agus údair imní a fháil ó dhaoine de phobal maidir le húsáid teicneolaíochtaí fianáin agus rianaithe agus imscrúdaíodh na gearáin agus na húdair imní seo sa chás go raibh gá leis. Áiríodh ar na saincheisteanna ar dhírigh an DPC i mbliana, socrú fianáin rianaithe agus fógraíochta gan toiliú a bheith faighte, úsáid meirgí fianáin a dhéanann an téacs maidir le fógraí fianáin agus príobháideachais ar láithreáin gréasáin doiléir, agus úsáid boscaí nó scoráin réamhthiceáilte chun comhartha a thabhairt maidir le toiliú chun fianáin a úsáid.

Leanfaidh imscrúduithe agus forfheidhmiú sa réimse seo de bheith mar phríomhghné de ghníomhaíochtaí an DPC sa bhliain 2022 agus sna blianta atá romhainn. Is fiú a thabhairt ar aird nach bhfuil an dlí ríomhphríobháideachas don Eoraip tugtha chun críche nó tugtha cothrom le dáta fós ag reachtóirí an AE. Tá an DPC ag leanúint ar aghaidh le rialú a dhéanamh faoin Treoir Ríomhphríobháideacha AE atá ann cheana féin mar atá trasuite faoi I.R. Uimh. 336 de 2011 in Éirinn. Ní féidir leis an DPC aon fhíneálacha a fhorchur agus níl sárú na gceanglas ó thaobh fianáin ina chion faoin Ionstraim Reachtúil. Dá bhrí sin, ní mór don DPC bealach a fháil timpeall air lena léiriú d'oibreoir láithreán gréasáin nach bhfuil an Ionstraim Reachtúil á comhlíonadh, Fógra Forfheidhmiúcháin a fhorchur murar baineadh comhlíonadh ar bhonn deonach amach agus ansin mura gcloítear leis, ionchúiseamh a thabhairt mar geall nár cloíodh le Fógra an DPC. Ní mór an reachtaíocht a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn práinne má tá forfheidhmiú atá níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla le baint amach.

Gearáin Ionad Ilfhreastail

Cruthaíodh an mheicníocht Ionad Ilfhreastail (OSS) faoin GDPR agus é mar chuspóir sruthlíniú a dhéanamh ar an mbealach a raibh eagraíochtaí a bhí i mbun gnó i níos mó ná ballstát AE amháin rannpháirteach le húdaráis cosanta sonraí (ar a dtugtar ‘údaráis mhaoirseachta’ faoin GDPR). Ceanglaíonn an OSS go mbeidh na heagraíochtaí seo faoi réir ag maoirseacht dhíreach ag DPA amháin, san áit a mbíonn an ‘príomhbhunáit’ acu seachas a bheith faoi réir ag rialachán ar leithligh ag údaráis mhaoirseachta i ngach ballstát AE. Is ionann príomhbhunáit eagraíochta go ginearálta ná suíomh do lárionad riaracháin agus/nó cinnteoireacht lárnach san AE/LEE. Ón mbliain 2018, fuair an DPC 1,142 comhdhéanta de ghearáin maidir le próiseáil trasteorann a bhí taiscthe ag daoine aonair le húdaráis cosanta sonraí AE eile agus iad curtha ar aghaidh chuig an DPC faoin OSS. Léirítear sa tábla thíos an briseadh síos comhréireacht de na **1,150 gearán OSS** seo i ról ‘Maoirseachta Tosaigh’ agus ‘Maoirseacht lena mBaineann’ don DPC:

As na 965 gearán ar fheidhmigh Éire maidir leo mar Údarás Maoirseachta Tosaigh **tá 65% (634) tugtha chun críche.**

Mar Údarás Maoirseachta lena mBaineann rinne an DPC athbhreithniú ar **47** dhréachtchinneadh sa bhliain 2021 ó údaráis mhaoirseachta Eorpacha eile. As na 47 dréachtchinneadh a scaipeadh sa bhliain 2021, níor cuireadh ach 7 chuig na húdaráis mhaoirseachta go léir. Níor lóisteáil an DPC aon agóidí in aghaidh aon cheann de na dréachtchintí a fuair sé.

Gearáin maidir le Sárú Sonraí

Láimhseáil an DPC **187** gearán sa bhliain 2021 a bhain le sárúithe sonraí a raibh fógra tugtha ina leith agus sárúithe sonraí nach raibh aon fhógra tugtha ina leith araon. D’eascair formhór na ngearán seo ó shárú ar chuir an eagraíocht in iúl é don duine aonair dá ndéanann difear. Sa chás go dtugann an rialaitheoir sonraí fógra do dhuine aonair ach nach dtugann fógra don DPC, cinnteoidh an DPC go dtuairiscítear an sárú go siarghabhálach agus go ndéantar an sárú a thairneadh go foirmiúil in éineacht le soiléiriú ón rialaitheoir/próiseálaí sonraí maidir leis an gcúis nár tugadh fógra don DPC ar an gcéad dul síos.

Nuair atáthar i mbun measúnú ar an riachtanas ó thaobh fógra a thabhairt i ndáil le sárú, comhairlíonn an DPC do rialaitheoirí sonraí go gcuirfear fócas faoi leith ar an tionchar a bhíonn ar shárú sonraí ar chearta agus ar shaoirsí an duine aonair dá ndéanann difear.

Bhain formhór na ngearán maidir le sárú sonraí le sonraí pearsanta duine aonair a bhí á n-eisiúint trí thimpiste do thríú páirtí eile i ndearamad. Tá sé faighte amach ag an DPC nach mbíonn an sainmhíniú a sholáthraíonn an rialaitheoir sonraí agus duine aonair á chur/á cur ar an eolas gur sáraíodh a sonraí pearsanta, leordhóthanach chun an duine/daoine aonair dá ndéanann difear a chur ar a suaimhneas. Fuair an DPC amach sna cásanna ina dtógann eagraíochtaí a gcuid ama chun na daoine aonair dá ndéanann difear a thabhairt cothrom le dáta i gceart, go réitíonn na heagraíochtaí sin an fhadhb níos túisce agus uaireanta nach mbíonn gá don DPC a bheith bainteach leis an scéal in aon chor.

Inniúlacht an DPC	Líon na nGearán	%
An DPC mar Údarás Maoirseachta Tosaigh	969	84%
An DPC mar Údarás Maoirseachta lena mBaineann	181	16%
Iomlán	1,150	100%

1 – Gearáin a dhéanann daoine aonair le húdaráis eile um chosaint sonraí an AE agus a cuireadh ar aghaidh chuig an CCS faoi an OSS, agus gearáin a taisceadh go díreach leis an CCS.

2 – CCS agus a aistríodh chuig údarás cosanta sonraí eile de chuid an AE mar LSA do na heagraíochtaí lena mBaineann.

Gearáin maidir leis an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí

Baineann an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí (AE 2016/680) ('LED') mar a aistríodh go dlí na hÉireann an 25 Bealtaine 2018 san Acht um Chosaint Sonraí 2018 leis an gcás ina mbítear ag tabhairt faoi phróiseáil sonraí pearsanta chun críocha cosc, imscrúdaithe, brath nó ionchúiseamh cionta coiriúla, nó pionóis choiriúla a fhorghníomhú. Ar mhaithe leis an 'LED' a bheith infheidhme, ní mór gur "údarás inniúil" a bheidh sa rialaitheoir sonraí freisin, mar a leagtar amach in Alt 69 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Sa bhliain 2021, láimhseáil an DPC **49** gearán LED, agus bhí an Garda Síochána mar rialaitheoir sonraí i gceist lena bhformhór sin ach bhí eagraíochtaí ar nós an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, the Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála san áireamh freisin.

Féadfaidh rialaitheoir sonraí cearta ábhair sonraí a shrianadh chun críche amháin nó níos mó críocha mar a leagtar amach in Alt 94 den Acht. I roinnt cásanna a láimhseáiltear, rachaidh an DPC i dteagmháil leis an rialaitheoir sonraí maidir leis na srianta atá luaite, agus mar thoradh ar an idirghabháil, cuirfidh an rialaitheoir sonraí pearsanta breise ar fáil don duine aonair. I bhformhór na gcásanna eile, chomhaontaigh an DPC na srianta atá forchurtha, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an mbunús dlí ó thaobh na sonraí atá i gceist a choinneáil siar.

Idirghabháil Dhíreach Ghasta

D'fhéadfadh saincheisteanna ar údar imní iad ó thaobh cosaint sonraí a theacht ar aird an DPC agus a bheith mar chúis le hidirghabháil dhíreach ghasta ag an DPC seachas fiosrúchán a bheadh dírithe ar ghníomh forfheidhmithe. Glactar an chur chuige sin le freagra tráthúil a chinntiú ar mhaithe le leas ábhair sonraí dá ndéanann difear.

Áiríodh ar ábhair a scrúdaigh an DPC sa bhliain 2021:

- ▶ CCTV i leithris scoile.
- ▶ CCTV in ionaid aclaíochta.
- ▶ Slándáil comhaid.
- ▶ Foilsiú grianghraif de mhionaoisigh ar láithreán gréasáin.

- ▶ Ceantálaithe a bhailíonn an iomarca sonraí pearsanta ó dhaoine ar mian leo féachaint ar réadmhaoín (féach thíos).
- ▶ An earnáil fáilteachais – bailiú sonraí pearsanta chun críocha COVID-19 atá ar taispeánt i limistéar poiblí.

Bhí tuarascálacha meáin maidir le Savills Ireland agus le cleachtais a bhain leis an iomarca sonraí pearsanta a bhailiú ó dhaoine ar mian leo féachaint ar réadmhaoín ag forbairt tithíochta nua i mBaile Átha Cliath mar údar imní áirithe don DPC le linn na bliana 2021. Ar mhaithe le féachaint ar réadmhaoín, bhí Savills Ireland ag iarraidh ar cheannaitheoirí ionchasacha cruthúnas iomlán maidir le hairgead don luach ceannaigh iomlán don réadmhaoín a chur faoi bhráid, lena n-áirítear, fianaise maidir le ceadú morgáiste, ráitis bainc agus coigilteas nó bronntanais.

Mar fhreagra ar an údar imní maidir leis an gcleachtas seo, chuir Savills in iúl don DPC gur lorgaíodh faisnéis den sórt sin i gcomhthéacs srianta COVID-19, trína bhféadfaí tabhairt faoi fhéachaint ar réadmhaoín trí choinne amháin. De réir Savills Ireland, bhí sé i gceist go gcuideodh an fhaisnéis a éilíodh le hiarratasóirí a 'thriáiseáil' roimh choinní díolacháin a shocrú agus lena chinntiú go bhféadfaí na ceannaitheoirí ionchasacha a bhí ag freastal ar na coinní a ainmniú mar 'cheannaitheoirí cáilithe' a mbeadh ar a gcumas réadmhaoín san fhorbairt a cheannach go réalaíoch. Shonraigh Savills gur tugadh cleachtais den sórt sin isteach mar thoradh ar shrianta a bhain leis an bpaindéim agus roimhe seo, go mbeadh breathnú oscailte ar siúl agus nach mbeadh aon sonraí pearsanta riachtanach roimh an mbreathnú.

Rinne Savills san idirchaidreamh leis an DPC, tagairt don treoir a d'éisigh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (**PSRA**), Cumann na Suirbhéirí Cairte (**SCSI**), Institiúid na gCeantálaithe agus Luachálaithe (**IPAV**) do sholáthróirí maoine, maidir le breathnú an t-achar is a bhí srianta COVID-19 i bhfeidhm.

Tar éis athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an ábhar, níor bhreithnigh an DPC go raibh aon réasún (agus srianta a bhain le COVID-19 san áireamh) leis an mbailiúchán leathan sonraí pearsanta ar nós ráitis airgeadais nó cruthúnas maidir le hairgeadas ó cheannaitheoirí ionchasacha ag céimeanna tosaigh fógraíochta nó le linn breathnú ar an réadmhaoín.

I bhfianaise freagra Savills Ireland agus an fhéidearthacht go bhféadfadh gníomhairí eastáit eile faisnéis den chineál céanna agus faisnéis bhreise a lorg ar nós billí fónais agus uimhreacha PPS, d'fhoilsigh an DPC treoir earnála.

Gearáin faoina hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Leanann an DPC le gearáin a thagann faoi théarmaí tagartha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 a fháil agus a imscrúdú. Fuair an DPC **30** cás sa bhliain 2021 agus measadh gur tháinig siad faoi théarmaí tagartha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Faoi Acht na bliana 2018 agus Achtanna 1988 agus 2003, tá sé mar oibleagáid reachtúil ar an DPC a dhícheall a dhéanamh le gearáin a fhaightear ó dhaoine den phobal a réiteach go cairdiúil. Ar feadh na bliana seo caite, tháinig formhór na ngearán faoi Achtanna 1988 agus 2003 agus tugadh chun críche go cairdiúil iad idir pháirtithe an ghearáin gan aon ghá le cinneadh foirmiúil a eisiúint faoi Alt 10 d'Achtanna 1988 agus 2003. Tá **31** cinneadh foirmiúil eisithe ag an gCoimisinéir faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 ó mhí Eanáir na bliana 2021 agus sheas **16** acu sin go hiomlán leis an ngearán agus diúltaíodh an gearán i **9** gcinn acu.



Cás-Staidéir

Cás-Staidéir 1

Ábhar in easnamh in iarraidh ar rochtain (Réiteach Cairdiúil)

Fuair an DPC gearán ó dhuine aonair maidir le hiarratas duine ar a shonraí a rinne an duine sin chuig rialaitheoir sonraí chun cóip a fháil den fhaisnéis ar fad a bhain leo. Bhí an rialaitheoir sonraí ag obair i mbainistíocht charrchlóis agus tháinig díospóid chun cinn i ndiaidh fheithicil an duine aonair a chlompáil. Bhí an teagmhas maidir leis an gclompáil ina ábhar achomhairc chuig an Údarás Náisiúnta Iompair. Ní bhfuair an duine aonair aon fhreagra ón rialaitheoir sonraí.

Tugadh a ábhar sonraí don duine aonair ina dhiaidh sin ach níor mheas sé gur tugadh na sonraí iomlána dó. I ndiaidh din DPC idirghabháil a dhéanamh, tugadh faoi chuardaigh eile agus d'aithin an rialaitheoir sonraí sonraí breise a cuireadh ar fáil don duine aonair.

Ní raibh an duine aonair sásta fós toisc nár cuireadh cóip de ríomhphost faoi leith a sheol sé chuig an rialaitheoir sonraí ar fáil dó. Luaigh sé go raibh sé tábhachtach dá achomharc go mbeadh sé in ann a chruthú go bhfuair an rialaitheoir sonraí an ríomhphost atá faoi chaibidil. Ina dhiaidh sin, thug an rialaitheoir sonraí tuairisc don oifig seo ón gcuideachta a óstálann a sheirbhísí ríomhphoist inar taispeánadh go bhfuarthas an ríomhphost atá faoi chaibidil ach gur cuireadh ar coraintín é mar gheall ar amhras gur turscar a bhí ann agus níor bhain sé amach aon cheann de na boscaí ríomhphoist a raibh sé beartaithe in leith ná níor oscail aon duine laistigh den eagraíocht é. Ina

dhiaidh sin, scriosadh an ríomhphost seo go huathoibríoch dá bhfreastalaithe i ndiaidh 14 lá. Chomh maith leis sin, chuir an rialaitheoir sonraí seatanna scáileáin ar fáil de chuardaigh a rinneadh ar gach aon cheann de na boscaí ríomhphoist beartaithe seo, nár chuir ar ais an ríomhphost atá faoi chaibidil.

Luaitear in Airteagal 12(3) den GDPR “the controller shall provide information on action taken on a request under Articles 15 to 22 to the data subject without undue delay and in any event within one month of receipt of the request..”

I diaidh an cheist a scrúdú go mion, ba léir don DPC nár chomhlíon an rialaitheoir sonraí na hoibleagáidí atá air faoi airteagal 12(3) den GDPR agus go raibh sé d’oibleagáid air freagra a thabhairt ar iarraitas an duine aonair ar a shonraí laistigh den chreat ama reachtúil, agus sa chás seo, ba lasmuigh den chreat ama seo a tugadh na sonraí a cuireadh ar fáil don duine aonair. Maidir leis an ríomhphost a cuireadh ar coraintín i gcóras an rialaitheora sonraí, ba léir nárbh ann don ríomhphost seo nuair a rinneadh an t-iarraitas ar rochtain. Nuair atá cinntí á dhéanamh maidir le ríomhphoist a chur ar coraintín, ní mór don rialaitheoir sonraí aird chúí a thabhairt ar oibleagáidí slándála i gcomhréir le hAirteagal 32 ach a chinntiú freisin nach sáraíonn sé cearta daoine aonair. Sa chás seo, ní raibh aon cheart follasach ar cuireadh isteach ais mar gheall ar an ríomhphost atá faoi chaibidil a chur ar choraintín ar dtús agus a scriosadh.

Cás-Staidéar 2

Iarratais ar aitheantas nuair atá freagra á thabhairt ar iarratais ar rochtain (Réiteach Cairdiúil)

Fuarthas gearán ó dhuine aonair a raibh iarratas ar rochtain curtha isteach aige chuig óstán (an rialaitheoir sonraí) chun cóip a fháil den fhaisnéis ar fad a bhain leis. D'iarr an t-óstán ar an iarratasóir cóip de bhille fóntais agus cóip d'aitheantas fótagrafach a bhí deimhnithe ag An Garda Síochána a chur ar fáil. D'iarr an DPC ar an rialaitheoir sonraí na hábhair inní a bhí aige a leagan amach maidir le haitheantas an iarrthóra in imthosca ina raibh an seoladh poist agus an seoladh ríomhphoist a d'úsáid an t-iarrthóir ar na seoltaí céanna a chuir sé ar fáil le linn an phróisis áirithinte agus an phróisis seiceála isteach san óstán. Eisíodh na sonraí chuig ag iarrthóir ina dhiaidh sin.

Maidir leis an gcur chuige ginearálta i leith aitheantas a iarraidh nuair a fhéachann ábhair sonraí lena gcearta a fheidhmiú, níor chóir do rialaitheoirí ach a laghad faisnéise breise atá riachtanach agus cuí a iarraidh chun aitheantas an iarrthóra a chruthú. Ní dócha go mbeadh sé fóirsteanach cruthúnas ar aitheantas a lorg nuair nach bhfuil aon amhras dáiríre i gceist maidir le haitheantas; ach i gcás ina bhfuil amhras ann, nó i gcás gur faisnéis íogair atá san fhaisnéis a bhfuiltear á iarraidh, d'fhéadfadh sé bheith oiriúnach cruthúnas a iarradh.

Agus an prionsabal ginearálta maidir le sonraí a íoslaghdú á chur san áireamh, is dócha go mbeadh sé díreireach faisnéis sa bhreis ar an bhfaisnéis atá á coinneáil cheana féin a iarraidh mar bhealach chun aitheantas a chruthú. Ní dócha go mbeadh sé cuí aitheantas oifigiúil a iarraidh ach amháin sa chás gur faisnéis íogair atá sa chatagóir faisnéise a bhaineann leis an duine aonair agus sa chás go bhféadfaí an fhaisnéis san aitheantas oifigiúil a chomhthacú leis na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil ag an rialaitheoir sonraí cheana féin ar nós grianghraf, seoladh nó dáta breithe.

Ba chóir na catagóirí sonraí pearsanta atá á gcoinneáil agus an dóchúlacht go mbeadh rioscaí i gceist lena n-eisiúint a bhreithniú de réir an cháis d'fhonn an t-íosmhéid faisnéise atá ag teastáil a shocrú. I gcás nach bhfuil aon sonraí catagóire speisialta á gcoinneáil, d'fhéadfadh sé bheith leordhóthanach seoladh a dhearbhu. I gcásanna ina bhfuil sonraí catagóire speisialta i gceist, d'fhéadfadh sé bheith cuí faisnéis bhreise a lorg ach ná bíodh an fhaisnéis sin ach ina faisnéis amháin a bheadh leordhóthanach chun aitheantas a dhearbhu.

Cás-Staidéar 3

Píosa scannánaíochta de sheirbhís sochraide bheith á próiseáil ag eaglais pharóiste

(An Dlí is Infheidhme – GDPR & an tAcht um Chosaint Sonraí 2018)

Rinne duine aonair gearán in aghaidh eaglais pharóiste maidir le sonraí pearsanta an duine aonair bheith á bpróiseáil mar thoradh ar sheirbhís sochraide duine muinteartha ar fhreastail an duine aonair uirthi bheith á beoshruthú agus á taifeadadh. Rinne an duine aonair gearán freisin maidir le heaspa trédhearcachta faoin taifeadadh bheith á dhéanamh.

Rinne an duine aonair gearán leis an DPC faoi freagra na heaglaise paróiste ar a ábhar inmí maidir le húsáid a bhaint as beoshruthú agus taifeadadh do sheirbhísí sochraide. Le linn don DPC an gearán a iniúchadh, chuathas i dteagmháil leis an eaglais pharóiste d'fhonn an bonn dleathach a bhí leis an bpróiseáil a dhearbhu agus soiléiriú a fháil maidir leis an bhfreagra a tugadh i leith an ghearáin maidir le sonraí. Chuir an eaglais pharóiste in iúl don DPC gur úsáideadh beoshruthú do sheirbhísí sochraide le linn shrianta Covid-19 agus go ndéanann an eaglais taifeadadh ar sheirbhísí sochraide nuair a iarrann daoine muinteartha é, rud a tharla sa ghearán seo, nuair nach féidir le duine bheith i láthair ag an tsochraid de ghnáth. Chuir an eaglais pharóiste in iúl don DPC go n-úsáidtear ceamara amháin in áit shocraithe chun na taifeadtaí seo a dhéanamh agus iad a beoshruthú. Baineann an eaglais pharóiste na taifeadtaí seo dá láithreán gréasáin i ndiaidh 30 lá. Ghabh an eaglais pharóiste leithscéal leis an duine aonair as ucht bheith ina cúis le haon mhíshuaimhneas agus as loiceadh ar an duine aonair a chur ar an eolas faoin tréimhse coinneála 30 lá amháin. Cuireann an eaglais pharóiste an

lucht freastail ar an eolas ag tús seirbhísí go mbeidh beoshruthú á dhéanamh orthu agus tá comharthaí leis an eolas sin curtha in airde ag doirse na heaglaise. Chuir an eaglais pharóiste athruithe i bhfeidhm mar thoradh ar an ngearán seo, lena n-áirítear an lucht freastail a chur ar an eolas le linn seirbhíse go bhfuil sí á beoshruthú, faisnéis maidir le beoshruthú agus taifeadadh a chur san áireamh i nuachtlitreacha an pharóiste agus ar an láithreán gréasáin, gan freagra a thabhairt ach amháin ar iarratais ar thaifeadtaí i scríbhinn agus pasfhocal chun taifeadtaí a chosaint amach anseo.

Scríobh an DPC chuig an duine aonair agus cuireadh comhairle air go raibh leas dlísteanaigh ag an eaglais pharóiste agus ag daoine nach raibh in ann freastal ar sheirbhís sochraide breathnú ar an tseirbhís trí beoshruthú nó trí thaifeadadh faoi alt 109(5)(c) den Acht 2018. Chomh maith leis sin, luaigh an DPC an tréimhse coinneála 30 lá don pháosa scannánaíochta, radharc socraithe agus teoranta an cheamara agus na hathruithe a chuir an eaglais pharóiste isteach mar thoradh ar an ngearán seo, lena n-áirítear an riachtanas iarratas a dhéanamh i scríbhinn chun taifeadadh a dhéanamh agus pasfhocal chun na taifeadtaí sin a chosaint. Chuir an DPC comhairle ar an duine aonair gur thug an eaglais pharóiste freagra réasúnach maidir le cúinsí an ghearáin seo agus thug sé chun suntais gur iarr duine muinteartha eile leis an té a fuair bás go ndéanfaí an taifeadadh. Ina ainneoin sin, mhol an DPC faoi alt 109(5) (f) den Acht 2018 go nuashonródh an eaglais pharóiste a beartas príobháideachais ar a láithreán gréasáin le tuilleadh faisnéis maidir le beoshruthú agus taifeadadh a dhéanamh ar sheirbhísí sochraide.

Cás-Staidéar 4

Úsáid a bhaint as sonraí faoi shuímh chun éilimh ar chostais a dhearbhú

Bhí an gearánach sa chás seo ina iarfhostaí de chuid soláthraí seirbhíse reachtúil, a raibh sé i gceist ina chuid oibre tiomáint chuig láithreacha arna sannadh ag a fhostóir. I gcás ina raibh sé sin ina chúis le héilimh ar am breise nó cothabháil, chomhlánaíodh an gearánach foirmeacha arna gur ar fáil ag a fhostóir, inar tugadh mionsonraí maidir le nithe ar nós dátaí agus láithreacha ábhartha, uimhreacha tagartha um sheoladh, agus na méideanna a bhí á n-éileamh.

Bhain an fostóir úsáid as córas seolta a bhí beartaithe chun an úsáid is éifeachtúla a bhaint as tiománaithe agus feithiclí a chinntiú, go háirithe toisc gur thug ghníomhaigh siad i leith cásanna éigeandála. Logáil an córas seo comhlíonadh agus cur i gcrích glaonna seirbhíse, na huairéanta a raibh feithiclí amuigh ag freastal ar ghlaonna nó ar ais sa cheanncheathrú, agus na huairéanta a raibh tiománaithe ar dualgas nó nuair nach raibh siad ar dualgas.

Rinne an gearánach éileamh ar am breise agus cothabháil. Dhiúltaigh an fostóir dó sin toisc go raibh neamhréireanna idir na sonraí ar fhoirm éilimh an ghearánaigh agus na sonraí a taifeadh ar chóras seolta an fhostóra. Chuir an gearánach i gcoinne úsáid a bhaint as sonraí ón gcóras seolta chun na críche seo agus rinne sé gearán leis an DPC.

Bhreithnigh an DPC cibé an raibh sé i gcomhréir le riachtanais i leith próiseáil chóir úsáid a bhaint as sonraí ón gcóras seolta chun éilimh ar am breise agus cothabháil a dhearbhú. Bhí cothroime na próiseála le measúnú faoi threoir cé acu ar cuireadh nó nár cuireadh an gearánach agus comhfhostaithe ar an eolas faoin úsáid a bhain an fostóir as na sonraí chun na críche sin, cé acu a raibh nó nach raibh an phróiseáil comhoiriúnach leis an gcuspóir a bailíodh na sonraí ina leith, agus cé acu a raibh nó nach raibh bonn dlí ag an bhfostóir maidir leis an bpróiseáil sin.

Ní raibh beartas i scríbhinn ag an bhfostóir maidir le húsáid a bhaint as an gcóras seolta. Ina ionad sin, bhíodas ag brath ar “feasacht ghinearálta” fostaithe go raibh an córas á úsáid chun na

críche sin. Chuir an fostóir in iúl gur luadh úsáid dá leithéid i socrú a rinneadh le ceardchumann a fhostaithe roinnt blianta roimhe sin. Thug an DPC chun suntais gur éilíodh ar fhostaithe na huimhreacha tagartha seolta ábhartha ón gcóras seolta a chur san áireamh in éilimh ar am breise agus cothabháil.

Bhí an DPC den tuairim trí bhíthin uimhreacha tagartha ábhartha bheith á gcur san áireamh ar an gcóras seolta i leith éilimh ar am breise agus cothabháil, gur léiriú a bhí ann go raibh fostaithe ar an eolas nár úsáideadh na sonraí le haghaidh próiseáil lóistíochtúil amháin, ach chun a n-éilimh a dhearbhú freisin. Fiú sa chás gurbh é an príomhchuspóir a bhí leis an gcóras seolta cuidiú le lóistíocht, ní raibh sé neamh-chomhoiriúnach leis an gcuspóir sin é a úsáid chun éilimh ar am breise a dhearbhú, ós rud é go raibh na sonraí sin ar an aon mhodh amháin a bhí ar fáil don fhostóir chun éilimh a dhearbhú.

Thug an DPC ar aird go raibh sé ina riachtanas ag an bhfostóir éilimh ar am breise agus cothabháil a dhearbhú mar gheall ar rialacháin airgeadais infheidhme. Bhí an phróiseáil chun éilimh ar am breise agus cothabháil riachtanach ní hamháin chun cloí leis an riachtanas dlí sin, ach chun Conradh fostaithe an ghearánaigh a chomhlíonadh agus ar fhorais leasanna dlísteanaigh na bhfostóirí.

Tá an chás seo ina shampla ar chúinse inar féidir sonraí a bailíodh chun críche dlísteanaigh amháin – rialú lóistíochtúil, sa chás seo – a phróiseáil go cuí chun críche eile, éilimh ar am breise a dhearbhú, sa chás seo. Mar sin féin, ba chóir aird a thabhairt ar an riachtanas uileghabhálach maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil go cothrom agus ní mór dóibh a chinntiú go gcuirtear ábhair sonraí ar an eolas faoi na cineálacha sonraí a bhailítear, mar aon le nádúr agus cuspóir na próiseála. Tá sé chomh tábhachtach céanna go mbeadh bonn dlí leis an bpróiseáil, agus beidh sé riachtanach sa chuid is mó de chásanna go bhfuil an phróiseáil riachtanach don chuspóir sonraithe.

Cás-Staidéar 5

Nochtadh neamhúdaraithe i dtimpeallacht ionad oibre (1)

Mhaígh an gearánach go raibh a shonraí pearsanta inrochtana ag daoine neamhúdaraithe, lena n-áirítear iar-chomhghleacaithe agus tríú páirtithe seachtracha, mar gheall ar phróiseáil neamhshlán a rinne a iarfhostóir.

Bhí an gearánach i mbun díospóid dhlíthiúil leis an gcuideachta mar thoradh ar a dhífhostú. D'ullmhaigh an chuideachta doiciméid i ndáil leis an ndíospóid sin, lena n-áirítear tuarascáil ar imscrúdú inmheánach agus aighneacht dlí a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC). Cé nach raibh mórán de shonraí pearsanta an ghearánaigh san aighneacht chuig an WRC, bhí go leor sonraí sa tuarascáil ar imscrúdú.

Thart ar mhí amháin sula ndearna an gearánach teagmháil ar dtús leis an DPC, chuir an cuideachta an DPC ar an eolas maidir le sárú ar shonraí. Luadh san fhógra gur stóráladh an aighneacht WRC gan mhachnamh i gcomhad a raibh teacht ag na fostaithe ar fad air, seachas i gcomhad nach raibh teacht ach ag baill foirne HR údaraithe air. Tugadh an earráid faoi deara agus ceartaíodh é dhá lá ina dhiaidh sin, agus chuir an chuideachta an DPC ar an eolas go gairid ina dhiaidh sin. Níor taifeadadh ar chórais na cuideachta cibé, cén uair nó cén duine a d'fhéadfadh an aighneacht WRC a rochtain, nó cibé ar cóipeáladh nó ar priontáladh í.

Sa ghearán, mhaígh an gearánach nach ndeachaigh na sárú i gcion ar an aighneacht WRC amháin, ach go ndeachaigh sé i gcion ar an tuarascáil ar imscrúdú inmheánach, agus go raibh teacht orthu seo ó gach cuid d'inlíon na cuideachta, lena n-áirítear gaireas a d'fhéadfadh fostaithe agus cuairteoirí chuig áitreabh na cuideachta a úsáid. Chuir an gearánach ráitis isteach ó iar-chomhghleacaithe a chuir síos ar theacht a bheith acu ar dhoiciméid maidir le “an t-imscrúdú inmheánach.” Shéan an chuideachta go raibh teacht ag daoine neamhúdaraithe ar an tuarascáil ar imscrúdú inmheánach in am ar bith. Chomh maith leis sin, d'áitigh an

chuideachta gurbh amhlaidh go raibh teacht míchuí ar an aighneacht WRC ar feadh achar gairid ar inlíon na cuideachta, ach nach raibh sé sa chuid sin den inlíon a raibh teacht air ag daoine nár fostaithe iad.

Thug an DPC faoi dhá phríomh-shaincheist: cad a bhí i gceist le hábhar agus méid an tsáraithe, agus cibé ar chomhlíon bearta slándála na cuideachta na caighdeáin a éilítear faoin reachtaíocht is infheidhme maidir le cosaint sonraí.

Dúirt iar-chomhghleacaithe an ghearánaigh go raibh teacht acu ar dhoiciméid maidir le “an t-imscrúdú inmheánach”. Mar sin féin, níor tugadh aon chur síos mion sna ráitis seo ar nádúr nó ábhair na ndoiciméad, níor tugadh cur síos ar an am ná ar na daoine a chonaic iad, agus níor tugadh cur síos go raibh teacht ag daoine nár fostaithe iad ar na doiciméid. Ina aghaidh sin, d'áitigh an chuideachta go seasta gurbh é an aighneacht WRC, agus ní an tuarascáil ar imscrúdú inmheánach, a raibh teacht míchuí ag fostaithe uirthi ar feadh roinnt laethanta. Rud suntasach ab ea gur chuir an chuideachta an DPC ar an eolas faoi sin thart ar mhí amháin sular chuir an gearánach a ghearán isteach ar dtús. Ba é tuairim an DPC nach raibh a dóthain fianaise ann chun tacú leis an maíomh gur nochtadh an tuarascáil ar imscrúdú inmheánach, nó go raibh teacht ag daoine nár fostaithe iad agus ag fostaithe neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta an ghearánaigh.

Maidir le bearta slándála na cuideachta, luaigh an DPC nár mhór go mbeadh an caighdeán infheidhme ina léiriú ar an dochar a d'fhéadfaí a dhéanamh mar gheall ar rioscaí ábhartha agus go bhféadfaí iad a laghdú, lena n-áirítear nochtadh chuig daoine neamhúdaraithe sa chás seo. Ba léir go raibh an chuideachta ar an eolas faoin riosca maidir le nochtadh, toisc go raibh socruithe déanta chun doiciméid faoi rún a stóráil ar bhealach nach raibh teacht orthu ach ag baill foirne údaraithe HR amháin. Mar sin féin, theip ar an gcuideachta súil chuí bheith

Ar leanúint thall ►

acu leis an riosca maidir le hearráid dhaonna agus doiciméid dá leithéid á stóráil, de réir mar a tharla i gcás na haighneachta WRC, agus an riosca sin a laghdú. Chomh maith leis sin, mheabhraigh an DPC don chuideachta faoin ngá go mbeadh an pearsanra ábhartha eolach ar an riachtanas sonraí pearsanta a láimhseáil i gcomhréir leis na bearta slándála is infheidhme, agus gníomhú dá réir sin i leith sárúithe.

Léiríonn an cás seo nach mór do rialaitheoirí sonraí na riosca ar fad a d'fhéadfadh bheith

i gceist nuair a phróiseálann siad sonraí pearsanta a chur san áireamh, lena n-áirítear an riosca maidir le hearráid dhaonna. Ní mór na bearta a ghlacann siad chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin bheith ina léiriú ní hamháin ar na cúiseanna a d'fhéadfadh bheith i gceist le cailteanas nó dochar, ach ar na hiarmhairtí a bhaineann le sárú, agus ní mór dóibh bheith ina léiriú ar na bealaí ina bhféadfaí na hiarmhairtí sin a íoslaghdú nó a leigheas.

Cás-Staidéar 6

Easpa bearta slándála cuí nochtadh neamhúdraithe i dtimpeallacht ionad oibre (2)

Fuair an DPC gearán maidir le fostóir, ar chuideachta déantúsaíochta a bhí inti, inar maíodh go raibh a fhaisnéis phríobháideach, lena n-áirítear coinní le dochtúir na cuideachta, sonraí maidir le héileamh ar dhíobháil phearsanta a bhí á dhéanamh i gcoinne na cuideachta agus sonraí maidir le próiseas smachta a rinneadh i gcoinne an ghearánaigh curtha ar 'C-Drive' comhroinnte na cuideachta, go raibh teacht ag duine ar bith laistigh den chuideachta uirthi, agus gur fágadh cóip de na sonraí ar CD-ROM ar dheasc an ghearánaigh.

Tháinig sé chun solais le linn an gearán a iniúchadh gur úsáideadh roinnt ríomhairí san ionad oibre chun teacht ar na sonraí sa tiomántán comhroinnte, ar luaigh an chuideachta go ndearnadh é a íoslódáil, a chóipeáil nó a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist sheachtrach. Thug an eagraíocht le fios go ndearnadh imscrúdú ar an teagmhas, agus gur foirceannadh fostaíocht bheirt fhostaithe, a aithníodh go raibh ról suntasach acu sa teagmhas, agus gur cuireadh An Garda Síochána ar an eolas faoin teagmhas.

Chuir an chuideachta an DPC ar an eolas faoin teagmhas sáraithe inar leagadh amach na sonraí ar leith a raibh teacht ag beirt fostaithe ar a laghad orthu agus ar bhreathnaigh siad orthu. Luadh go raibh na sonraí á n-aistriú go himmheánach óna rannóg Acmhainní Daonna (HR) chuig a rannóg Dlí toisc go raibh duine dá fostaithe HR a tí imeacht. Le linn an aistrithe, bhí líon mór de chomhaid leictreonacha a bhain le cásanna dlí ina raibh líon mór daoine aonair i gceist a raibh teacht ag líon mór d'fhostaithe orthu agus a bhí in ann breathnú orthu ar fostaithe iad nach mbeadh teacht acu orthu seo de ghnáth.

Bunphrionsabail den dlí maidir le cosaint sonraí is ea bearta a chur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chosaint agus a dhaingniú, go háirithe ó thaobh cinnte a dhéanamh de nach bhfuil teacht neamhúdraithe ar shonraí pearsanta nó nach scriosta sonraí pearsanta.

Maidir leis an ngearán áirithe seo, thug an DPC faoi deara sa chéad áit go raibh cuid den fhaisnéis i ndáil leis an ngearánach a nochtadh mar chuid den sárú ar shonraí ina faisnéise an-íogair, agus arbh ionann é agus "sonraí

Ar leanúint thall ►

catagóire speisialta”, i gcúinsí ina n-áirítear le sonraí catagóire speisialta faisnéis maidir le “sonraí maidir le sláinte nó sonraí maidir le saol gnéis duine nádúrtha”. Áiríodh leis an bhfaisnéis (de shamplaí a cuireadh ar fáil don oifig seo) sonraí maidir le coinní le dochtúir na cuideachta inar nochtadh faisnéis an-phearsanta agus an-íogair maidir le folláine coirp, meabhairshláinte agus cúinsí pearsanta an ghearánaigh. Luadh go raibh an fhaisnéis seo á coinneáil ag an gcuideachta i gcomhthéacs imeachtaí/éilimh dlí a ghlac an duine aonair. I bhfianaise cineál na faisnéise seo, bhí freagracht sách mór ar an gcuideachta a chinntiú nach mbeadh teacht ar fhaisnéis dá leithéid ach ag daoine a raibh teacht ar an bhfaisnéis sin ag teastáil uathu ionas go bhféadfadh siad an fhaisnéis sin a rochtain agus a phróiseáil.

Ba é an tsaincheist a bhain leis an ngearán seo ná comhaid ina raibh sonraí pearsanta an ghearánaigh bheith á gcur ar thiomántán comhroinnte a raibh teacht ar gach fostaí orthu. Bhreithnigh an DPC nár tugadh aird chúí d’íogaireacht na faisnéise san comhaid agus do na riosca a bhain le hiad a chur ar fáil d’fhostaí ar bith sa chuideachta, fiú sa chás nach raibh i gceist ach tréimhse an-ghearr. Is cosúil gur cúiseanna pragmatacha a bhí i gceist leis an gcinneadh na comhaid a aistriú chuig tiomántán comhroinnte, i.e. dhearbhaigh an chuideachta gur cuireadh é i gcrích ar an mbealach seo toisc go raibh na comhaid ró-mhór le hiad a sheoladh trí ríomhphost. Mar sin féin, níor thug sé sin údar leis na comhaid a chur in áit ina

bhféadfadh duine ar bith sa chuideachta teacht a bheith acu orthu, go háirithe mar gheall ar an riosca go ndéanfaí dochar don ábhar sonraí dá mbeadh comhghleacaithe leo in ann faisnéis an-phearsanta agus an-íogair a fháil amach nach mbeadh an gearánach, ar bhealach sách dlísteach, ag iarraidh nó ag súil go mbeadh sí ar eolas ag fostaithe eile, ach amháin a mhéid go raibh fíorghá ann go mbeadh sé ar eolas ag líon teoranta d’fhostaithe maidir le himeachtaí/éilimh dlí idir an t-ábhar sonraí agus a fhostóir. Anuas air sin, bhí roinnt roghanna eile ann maidir leis na comhaid a aistriú chuig an rannóg Dlí nach mbeadh an riosca céanna ag baint leo do shábháilteacht na sonraí pearsanta, lena n-áirítear na comhaid a chur ar fhilleán, bíodh sé ar an tiomántán comhroinnte nó ná bíodh ina raibh rochtain srianta do líon teoranta daoine aonair. Níor tugadh aon údar leis na comhaid a chur ar an tiomántán comhroinnte a raibh teacht gan srian ag fostaithe eile orthu mar gheall ar roghanna eile a d’fhéadfadh níos mó ama bheith i gceist leo nó a d’fhéadfadh bheith níos deacra.

Bhí an méid a tharla mar gheall ar chliseadh na sonraí pearsanta a chosaint sa chás seo suntasach a bhí ina chúis leis an duine aonair bainteach bheith ag cur imeachtaí dlí in aghaidh na cuideachta, beirt fostaithe fadtéarmacha bheith briste as a bpost gan trácht a dhéanamh ar an tionchar a imríodh ar an duine aonair a nochtadh a chuid sonraí.

Cás-Staidéar 7

Iarratas ar dhíliostú a rinneadh chuig inneall cuardaigh idirlín

(An dlí is infheidhme – GDPR & an tAcht um Chosaint Sonraí 2018)

Rinne ábhar sonraí gearán in aghaidh inneall cuardaigh idirlín maidir leis an bhfreagra ón inneall cuardaigh i ndáil lena iarratas ar dhíliostú. Bhain an gearán le dhá URL a tháinig aníos i ndiaidh ainm an duine aonair a chuardach ar an inneall cuardaigh. Le linn an gearán seo bheith á láimhseáil, chuir an duine aonair URL amháin eile san áireamh a raibh sé ag iarraidh ar an inneall cuardaigh é a dhíliostú.

Is iad na critéir atá le cur i bhfeidhm ag innill chuardaigh nach mór díliostú tarlú má tá na torthaí neamhábharta, uireasach nó iomarcach. Ní mór don inneall cuardaigh beart cothromaithe a dhéanamh de réir an cháis ina n-aimsítear cothromaíocht idir cearta rochtana agus cearta na ndaoine aonair sin a gcuireann torthaí cuardaigh isteach orthu.

Ar dtús, chuaigh an duine aonair i dteagmháil leis an inneall cuardaigh chun díliostú na URLanna a lorg mar gheall gur áitigh an duine aonair go raibh ábhar clúmhillteach sna URLanna, agus go raibh sé neamhdhleathach iad a phróiseáil, agus go raibh na URLanna ag cur isteach ar shaol príobháideach agus gairmiúil an duine aonair mar gheall ar an ábhar a bhí iontu. Dhiúltaigh oibrítheoir an innill chuardaigh na URLanna a dhíliostú toisc gur bhain siad le faisnéis maidir le saol gairmiúil an duine aonair agus go raibh leas poiblí i gceist teacht a bheith ar an bhfaisnéis seo.

Chuaigh an DPC i dteagmháil le hoibrítheoir an innill chuardaigh maidir lena ndíliostú díliostú a dhéanamh. Bhrait oibrítheoir an innill chuardaigh ar leas dlisteanach tríú páirtithe teacht a bheith acu ar an bhfaisnéis sna URLanna. Ní dheachaigh an duine aonair i mbun aon imeachtaí clúmhillte in aghaidh na daoine a d'fhoilsigh an t-ábhar ábhartha

ar dtús agus dá bharr sin, níorbh fhéidir cinneadh críochnúil a dhéanamh maidir leis an gceist cé acu a bhí nó nach raibh ábhar sna URLanna clúmhillteach. Mar sin féin, le linn don ghearán bheith á láimhseáil ag an DPC, dhíliostáil oibrítheoir an innill chuardaigh na URLanna in Éirinn amháin bunaithe ar argóintí clúmhillte an duine aonair. Lean an duine aonair dá ghearán DPC ag lorg díliostú ar fud na hEorpa agus ní in Éirinn amháin. Chomh maith leis sin, dhíghníomhachtaigh an máistir gréasáin na leathanaigh ghréasáin atá mar bhunús leis an URLanna le linn an gearán seo a láimhseáil.

Luaitear in Airteagal 17(3)(a) den GDPR nach mbeidh feidhm leis an gceart go ndéanfaí ligean i ndearmad i gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta riachtanach *“chun an ceart ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a fheidhmiú”*. Agus an gearán seo á iniúchadh, thug an DPC ar aird go mbaineann an fhaisnéis atá sna leathanaigh gréasáin – ábhar ghearán an duine aonair – lena iompar gnó roimhe seo atá ábhartha dá shaol gnó. Tá an duine aonair gníomhach sa réimse agus gníomhaíocht ghairmiúil céanna i gcónaí. Ghlac an duine aonair leis sin trí áitiú go raibh an t-ábhar ag cur isteach ar a shaol gairmiúil. D’áitigh an duine aonair go raibh an t-ábhar míchruinn toisc go raibh sé clúmhillteach. Thug an DPC ar aird go raibh formhór den ábhar a ndúirt an duine aonair go raibh sé míchruinn ina postáil blag agus tráchtanna ó tríú páirtithe agus gur bhain sé lena ghníomhaíochtaí gairmiúla; agus ar léir gur tuairimí tráchtairí tríú páirtí a bhí iontu. Chinn an DPC dá mba rud é go measfadh tríú páirtí na leathanaigh ghréasáin bheith mar ábhar an ghearáin seo, bheadh sé soiléir gur dúradh na tráchtanna mar ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí agus go mbeidís ina dtuairimí tríú páirtí seachas fíoras dearbhaithe. Ní hé an ról atá ag inneall

Ar leanúint thall ►

cuardaigh agus liostú á dhéanamh tuairimí tríú páirtithe a cheistiú nó cinsireacht a dhéanamh orthu seachas sa chás go bhfuil liostú ina chúis leis an inneall cuardaigh bheith ag próiseáil sonraí atá neamhábhartha, uireasach nó iomarcach. Chinn an DPC, i bhfianaise ról gnó an duine aonair agus a ról sa saol poiblí mar gheall ar a shaol gairmiúil, go bhfuil leas poiblí

i gceist le teacht a bheith ar faisnéis maidir lena shaol gairmiúil laistigh den Aontas.

Scríobh an DPC chuig an duine aonair faoi alt 109(5)(b) den Acht 2018 agus caitheadh amach gearán an duine aonair bunaithe ar na gnéithe thuas

Cás-Staidéar 8

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí- Neamhspleáchas an DPO

(An dlí is infheidhme – GDPR & an tAcht um Chosaint Sonraí 2018)

Chuir an DPC tús leis an bhfiosrúchán seo i ndiaidh gearán a fháil ó Digital Rights Ireland inar líomhnaíodh cur isteach ar neamhspleáchas an Oifigigh Cosanta Sonraí (DPO) sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP) (an Roinn Coimirce Sóisialaí sa lá atá inniu ann – D/SP) i gcomhthéacs an leasaithe a rinne an D/SP ina Ráiteas Príobháideachais an 6 Iúil 2018, inar baineadh an t-aon tagairt maidir leis an bpróiseáil a dhéanann sí ar shonraí bithmhéadracha den Ráiteas. Cuireadh san aireamh sa chinneadh cibé an raibh DPO na Roinne páirteach sa cheist maidir leis an Ráiteas Príobháideachais a leasú ar bhealach cuí agus tráthúil i gcomhréir le hAirteagal 38(1) den GDPR; agus cibé an bhfuair an DPO orduithe maidir lena chuid tascanna a fheidhmiú in aghaidh riachtanais

Airteagal 38(3) den GDPR. Níor bhain raon an fhiosrúcháin le cibé ar chomhlíon leasú na Roinne a hoibleagáidí trédhearcachta faoin GDPR. Ag féachaint don fhaisnéis ábhartha ar fad, chinn an DPC gur thug an Roinn rannpháirt dá DPO, ar bhealach cuí agus tráthúil, maidir leis an leasú a rinne an Roinn ar a Ráiteas Príobháideachais de réir mar a cuireadh i bhfeidhm an 6 Iúil 2018. Dá bhrí sin, níor sháraigh an Roinn Airteagal 38(1) den GDPR sna himthosca. Cinneadh freisin nár thug an Roinn aon orduithe don DPO maidir le feidhmiú na dtascanna dá dtagraítear in Airteagal 39 den GDPR i ndáil leis an leasú a rinne an Roinn ar a Ráiteas Príobháideachais de réir mar a cuireadh i bhfeidhm an 6 Iúil 2018. Dá bhrí sin, níor sháraigh an Roinn Airteagal 38(3) den GDPR sna himthosca.

Cás-Staidéar 9

Srianta sonraí – uireasa comhthola ó gach páirtí (Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí)

I gcás amháin a scrúdaigh an DPC, chuir tuismitheoir iarratas isteach chuig An Garda Síochána chun cóipeanna de shonraí pearsanta a pháistí óga a fháil.

Dhiúltaigh An Garda Síochána na sonraí a chur ar fáil. Chomhairligh an DPC don tuismitheoir

go gcomhaontódh sé leis an srian a cuireadh i bhfeidhm, toisc go raibh eolas faoi leith ag an rialaitheoir sa chás seo maidir leis na cúinsí a bhain le socrú coimirce chomhroinnte a bhí i bhfeidhm agus toisc gur mheas sé go mbeadh comhthoil gach coimirceora ag teastáil d'fhonn na sonraí a scaoileadh sa chás seo.

Cás-Staidéar 10

Srianta sonraí – sonraí tríú páirtí; tuairim tugtha faoi rún (Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí)

Scrúdaigh an DPC cás inar chuir An Garda Síochána srianta i bhfeidhm ar rochtain ar bhonn Ailt 91(7) agus (8) den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Bhain an cás le duine aonair a bhí ag lorg cóipeanna de líomhaintí maidir le mí-úsáid a rinneadh ina choinne maidir le leas a thuismitheoirí. I ndiaidh an cheist seo a scrúdú,

ba léir don DPC go scaoilfí sonraí pearsanta tríú páirtí agus go nochtfaí aitheantas an duine a raibh na líomhaintí á ndéanamh aige mar gheall ar an bhfaisnéis a scaoileadh. I ndiaidh don DPC athbhreithniú a dhéanamh, bhí sé sásta gur cuireadh na sonraí a bhí á n-iarraidh ar fáil go huile is go hiomlán faoi rún agus mheas sé go raibh feidhm le forálacha Alt 91(9)(a) freisin.

Cás-Staidéar 11

Srianta Sonraí – ionchúisimh ar feitheamh (Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí)

Déanann an DPC scrúdú ar ghearáin go minic a bhaineann le srianta a chuireann An Garda Síochána agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) i bhfeidhm mar gheall ar ionchúisimh choiriúla atá ar feitheamh. Cuimsíonn na gearáin cásanna ionsaithe ina n-iarrtar doiciméid ar nós taifid PULSE, grianghraif agus tuairiscí ó An Garda Síochána maidir leis na teagmhais, agus iarratais ar fhiosá scannánaíochta CCTV ó laistigh de stáisiúin féin An Gharda Síochána.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh An Garda Síochána cóip de ráiteas a chur duine aonair ar fáil a sholáthar don duine aonair ach coimeádfadh sé sonraí eile siar ar bhonn Alt 94(3)(a) den Acht ina bhféadfadh rialaitheoir

sonraí rochtain a theorannú, go hiomlán nó i bpáirt, chun críocha "cosc, brath nó imscrúdú cionta, gabháil nó ionchúiseamh ciontóirí nó éifeachtacht modhanna, córas, pleananna nó nósanna imeachta dleathacha a úsáidtear chun críocha na nithe réamhráite."

I ndiaidh dearbhú a fháil ó rialaitheoir sonraí go bhfuil ionchúisimh phoiblí ar feitheamh, tabharfaidh an DPC comhairle do dhuine aonair go bhféadfadh na daoine aonair iarratas a dhéanamh an athuir ar chóip dá sonraí de réir mar a leagtar amach in Alt 91 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 i ndiaidh do na ceisteanna dlí a bhaineann leis na cásanna sin teacht chun críche.

Cás-Staidéar 12

Srianta Sonraí (Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí)

Fuair an DPC gearán ó duine aonair a mhaígh go raibh sé ina íospartach i gcoir. D'iarr an duine aonair go ndéanfadh An Garda Síochána (AGS) a shonraí pearsanta íogair a phróiseáil de réir a théarmaí áirithe, is é sin, d'iarr sé go gcuirfí cóip iomlán de thorthaí leighis na dtástálacha fóiréinseacha arna dtabhairt faoi ag Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann (FSI) ar fáil dó ar an toirt i ndiaidh do AGS na torthaí a fháil. Ina dhiaidh sin, d'iarr sé go ndéanfaí an pacáiste samplaí a scaradh, leis an iarratas seo á leasú ina dhiaidh sin do anailís ó fhiala ar leith a bheith á n-iarraidh.

Thug an DPC faoi deara gurbh é an t-ábhar sonraí céanna a chuir tús leis an bpróiseas ar fad chun anailís de shamplaí fóiréinseacha a lorg, i ndiaidh na coire líomhnaithe. D'fhonn leanúint ar aghaidh leis na tástálacha fóiréinseacha, éilíodh ar an duine aonair foirm a chomhlánú dar teideal '*Consent for Release of Stored Forensic and a Legal Report to the Custody of An Garda Síochána*'. Chinn an DPC go mbeadh aon sonraí pearsanta a phróiseáil AGS sa chomhthéacs atá leagtha amach ag teacht faoin Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (AE) 2016/680 faoi mar a thrasuitear í isteach san Acht um Chosaint Sonraí.

Chomhairligh AGS don DPC maidir le cásanna ina gcuireann duine aonair a sonraí pearsanta faoi bhráid AGS agus FSI lena dtástáil tuilleadh, go gcuirtear aon phróiseáil bhreise ó AGS agus FSI i gcrích d'fhonn cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla a fhorghníomhú.

Mar sin, rialaítear tuairisc arna eisiúint ag Eolaíocht Fhóiréinseach Éirinn le forálacha Alt 94 den Acht, ina leagtar amach srianta maidir le rochtain a d'fhéadfadh rialaitheoir sonraí a chur i bhfeidhm, lena n-airítear srianadh chun dul i gcion ar imscrúdú a sheachaint. I ndiaidh don DPC na ceisteanna a ardaíodh a scrúdú, nach ndéantar foráil sa Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (AE) 2016/680 faoi mar a thrasuitear i gCodanna 5 agus 6 den Acht do dhaoine aonair na coinníollacha faoina dtoilíonn ábhair sonraí a sonraí pearsanta bheith á bpróiseáil ag údarás forfheidhmithe a leagan síos.

Maidir le samplaí fóiréinseacha a phróiseáil i gcomhthéacs an dlí a fhorfheidhmiú, bhí an DPC sásta go raibh an phróiseáil ar shonraí íogaire i gcomhréir le hait 71 agus 73(1)(b) (i) den Acht. Thug an DPC faoi deara shainigh an fhoirm '*Consent for Release of Stored Forensic and a Legal Report to the Custody of An Garda Síochána*' faighteoírí na sonraí ar fad a bhí beartaithe, mar aon leis an bhfóras go bhféadfaí torthaí na dtástálacha saotharlainne agus an tuairisc dlí a scaoileadh chuig na cúirteanna lena n-úsáid i bhfianaise. Mhol an DPC go gcuirfí Fógra um Chosaint Sonraí san áireamh san fhoirm, chun cur ar chumas ábhar sonraí faisnéis mhionsonraithe a fháil maidir leis an gcreat reachtach agus nósanna imeachta a rialaíonn coinníollacha na próiseála i ndáil le samplaí fóiréinseacha agus imscrúduithe AGS.

Cás-Staidéar 13

Ionchúiseamh i ndáil le Three Ireland (Hutchison) Limited (ríomh-Phríobháideachas)

I mí Feabhra na bliana 2021, fuair an DPC gearán amháin ó dhuine aonair maidir le post margadóir leictreonach gan iarraidh a fuair sé ón gcuideachta teileachumarsáide Three Ireland (Hutchison) Limited. Roghnaigh an gearánach diúltú do ríomhphoist mhargaíochta a fháil i lár mhí Feabhra na bliana 2021. Mar fhreagra ar imscrúdú an DPC, mhínigh Three Ireland (Hutchison) Limited nuair a rinneadh iarracht an t-iarraidh ar dhiúltú a chur i bhfeidhm tháinig fhadhb chun cinn mar gheall ar chás inar seoladh dhá thairfead ag an tráth céanna agus inar cailleadh an t-ord, arbh é an toradh a bhí leis sin nár nuashonraíodh a chóras i gceart. Mar thoradh air sin, seoladh trí ríomhphost margadóir eile chuig an ngearánach sna seachtainí ina dhiaidh sin. Luaigh Three Ireland (Hutchison) Limited gur réitigh sé an cheist trí script a chur i bhfeidhm chun éagsúlachtaí idir sonraí maidir le cead a shocrú. Chomh maith leis sin, chuir sé foláireamh ríomhphoist ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar an script agus chun foláireamh a tharraingt anuas mura raibh an script ag obair.

D'ionchúsigh an DPC Three Ireland (Hutchison) Limited roimhe seo sa bhliain 2020 agus 2012 mar gheall ar Rialachán 13 de na Rialacháin um ríomh-Phríobháideachas a shárú i ndáil le gearáin roimhe seo. Dá réir sin, chinn an DPC leanúint ar aghaidh chuig ionchúiseamh eile mar thoradh ar an gcás gearáin seo.

Ag Cúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath an 6 Meán Fómhair 2021, phléadail Three Ireland (Hutchison) Limited ciontach i leith dhá chúiseamh faoi Rialachán 13(1) de na Rialacháin um ríomh-Phríobháideachas. Chuir an Chúirt Dúiche an *Probation of Offenders Act 1907* i bhfeidhm, ar bhonn tabhartas carthanachta €3,000 a thabhairt do Little Flower Penny Dinners. Chomhaontaigh Three Ireland (Hutchison) Limited costais dlí an DPC a ghlanadh.



Cás-Staidéar 14

Ionchúiseamh i ndáil le Vodafone Ireland Limited (ríomh-Phríobháideachas)

I mí Lúnasa na bliana 2019, agus mí an Mhárta agus Mheán Fómhair na bliana 2020, fuair an DPC trí ghearán ó dhaoine aonair maidir le glaonna gutháin, teachtaireachtaí téacs agus ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh a fuair siad ó Vodafone Ireland Limited. Mar fhreagra ar an imscrúdú a rinne an DPC ar an gcéad ghearán, mhínigh Vodafone Ireland Limited gur ghlaoigh an t-iarchustaiméir ar Vodafone Ireland Limited ar seacht ócáid ar leith ag iarraidh diúltú do ghlaonna gutháin mhargaíochta a fháil ar a ghuthán póca. I ngach ócáid, níor lean an gníomhaire lenar labhair sé na nósanna imeachta cearta agus dá bharr sin, níor tarraingíodh an custaiméir as margaíocht agus as tuilleadh glaonna margaíochta a fháil. Dhún an gearánach a chuntas le Vodafone Ireland Limited agus d'athraigh sé chuig oibrítheoir eile mar gheall ar na glaonna gutháin mhargaíochta a fuair sé.

Maidir leis an dá chás eile, is custaiméirí reatha de chuid Vodafone Ireland Limited iad na custaiméirí. I gcás amháin, fuair an custaiméir glao margaíochta ar a ghuthán póca i mí Feabhra 2019 agus le linn an ghlaio sin d'inis an custaiméir don ghlaiteoir nach raibh sé ag iarraidh tuilleadh glaonna margaíochta a fháil. In ainneoin an iarrata seo, chuir Vodafone Ireland Limited dhá ghlaio margaíochta dhéag eile ar ghuthán póca an duine aonair toisc nach ndearna

a gníomhaire aon gníomhaíocht maidir le roghanna margaíochta an ghearánaigh a athrú. Sa chás eile, chomhlánaigh an gearánach foirm maidir le haistriú úinéireachta inar leag sé amach a roghanna margaíochta go soiléir gan aon chumarsáid mhargaíochta a fháil ó Vodafone Ireland Limited. Theip ar an ngníomhaire a láimhseáil an idirbheart próiseas a leanúint maidir le roghanna margaíochta an custaiméara a chur isteach. Dá bharr sin, fuair an custaiméir ceithre cinn déag de theachtairachtaí margaíochta eile gan iarraidh – seacht ríomhphost agus seacht dteachtairacht téacs.

D'ionchúisigh an DPC Vodafone Ireland Limited roimhe seo sa bhliain 2019, 2018, 2013 agus 2011 mar gheall ar Rialachán 13 de na Rialacháin um ríomh-Phríobháideachas a shárú i ndáil le gearáin roimhe seo. Dá réir sin, chinn an DPC leanúint ar aghaidh chuig ionchúiseamh eile mar thoradh ar na cásanna gearáin seo.

Ag Cúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath an 6 Meán Fómhair 2021, phléadail Vodafone Ireland Limited ciontach i leith seacht gcúiseamh faoi Rialachán 13(1) agus 13(6)(a) de na Rialacháin um ríomh-Phríobháideachas. Chiontaigh an Chúirt Dúiche Vodafone Ireland Limited i leith seacht gcúis agus gearradh fíneálacha €1,400 ar an iomlán. Chomhaontaigh Vodafone Ireland Limited costais dlí an DPC a ghlanadh.

Cás-Staidéar 15

Iarratas ar phíosa scannánaíochta ó chruinniú ar líne (Gearáin maidir le Rochtain)

Ghlac duine aonair páirt i gcruinniú Zoom a ndearna an rialaitheoir sonraí taifeadadh air. Ba é cruinniú cinn bliana an chlub spóirt a bhí i gceist. Rinne an duine aonair iarratas ar rochtain chun cóip den taifeadadh seo a fháil. Dhiúltaigh an rialaitheoir sonraí don iarratas á lua nár tháinig sé laistigh de shainchúram an GDPR. Chreid an duine aonair gurbh iad a shonraí pearsanta na sonraí a bhí sa taifeadadh. Luaigh an rialaitheoir sonraí nach raibh teacht ar na fístaifeadtaí den cruinniú cinn bliana a thuilleadh mar gheall ar thruailliú nuair a bhíodhas á sábháil agus mar gheall ar easpa taithí an rialaitheora sonraí maidir leis na bogearraí cianóstála físeáin seo a fheidhmiú. Luaigh sé go mbeadh na miontuairiscí den chruinniú ar fáil lena mbreathnú laistigh de roinnt seachtainí.

Ag an tráth seo, mhol an DPC an cás seo a thabhairt chun críche mar gheall gur léir nach raibh teacht ar na físeáin a d'iarr an duine aonair, ach níor aontaigh an duine aonair leis an gcur chuige seo, á lua go raibh físchomhdháil le linn an chruinnithe cinn bliana ina chleachtas coitianta don rialaitheoir sonraí ar feadh roinnt ama agus nár dhóigh leis an duine aonair go dtarlódh na deacrachtaí a ndearna an rialaitheoir sonraí cur síos orthu. I ndiaidh don DPC tuilleadh ceistiú a dhéanamh, dhearbhaigh an rialaitheoir sonraí gurbh fhíor go raibh scannánaíocht físeáin ar fáil, ach chuir sé Airteagal 15(4) den GDPR chun cinn mar chúis lena shrianadh. Luaigh an rialaitheoir sonraí anois go bhféadfaí scannánaíocht físeáin de thríú páirtithe atá le feiceáil sa taifeadadh a mheas a bheith ina sonraí tríú páirtí agus nach raibh an duine aonair ina theideal. Mar sin féin, bhí sé toilteanach tras-scríbhinní den scannánaíocht a chur ar fáil don duine aonair. Chuir an DPC ina choinne sin, agus é den tuairim, i bhfianaise nádúr poiblí na dtaifeadtaí bunaidh, mar gheall gur mar chuid de chruinniú cinn bliana a bhí siad, go ndearnadh na taifeadtaí le tuiscint na rannpháirtithe go bhféadfaí iad a mheas bheith inrochtana ag tráth níos faide anonn.

Tháinig saincheisteanna eile chun cinn nuair a fuair an duine aonair tras-scríbhinní den fhíseán. Mhaígh an duine aonair nach raibh na tras-scríbhinní cruinn agus nach raibh siad ina léiriú ar ábhar an fhíseáin bhunaidh.

Mar gheall air sin, chuaigh an DPC i dteagmháil leis an rialaitheoir sonraí an athuair, inar tarraingíodh aird ar thuairim an DPC maidir le hAirteagal 15(4) a chur chun cinn agus inar iarradh radharc a fháil ar an bhfíseán ónar cruthaíodh an tras-scríbhinn. Níor chuir an rialaitheoir sonraí ach fuaim an fhíseáin ar fáil. I ndiaidh measúnú a dhéanamh, ba léir go raibh an tras-scríbhinn ina léiriú cruinn ar ábhar fuaime an fhíseáin. D'fhonn réiteach cairdiúil a éascú ag an bpointe seo, mhol an DPC gur chóir don rialaitheoir sonraí an t-ábhar fuaime céanna, a cuireadh ar fáil don DPC roimhe sin, a scaoileadh leis an duine aonair. Chloígh an rialaitheoir sonraí leis sin ach bhí an duine aonair míshásta go fóill, agus a iarratas chun breathnú ar ábhar an fhíseáin á lua aige an athuair. I ndiaidh iarratas eile ón DPC an díolúine ar a raibh sé ag brath chun teacht ar ábhar an fhíseáin a shrianadh, chinn an rialaitheoir sonraí an t-ábhar iomlán den fhíseán a eisiúint chuig an duine aonair. Ní bhfuair an DPC cóip d'ábhar iomlán an fhíseáin, agus dá bhrí sin, ní raibh sé in ann a mheas go díreach cibé an raibh aon éagsúlacht idir é sin agus an t-ábhar fuaime a cuireadh ar fáil. Mar sin féin, i ndiaidh don duine aonair a dhearbhu go bhfuarthas an físeán, luaigh sé go raibh sé sásta leis an ábhar agus ar an gcaoi sin, tugadh an cheist seo chun críche ar bhealach cairdiúil.

Bhí cumarsáid fhairsing i gceist leis an gcás seo idir an DPC, an rialaitheoir sonraí agus an duine aonair. D'fhéadfadh an rialaitheoir sonraí an cheist seo a réiteach dá mba rud é gur scaoil sé an scannánaíocht físeáin i ndiaidh dó an t-iarratas ar rochtain a fháil. Dá mba rud é go raibh an rialaitheoir sonraí ar an eolas faoina oibleagáidí faoin GDPR sa chéad ásc, ní thaiscíf an cás seo leis an DPC.

Cás-Staidéar 16

Díolúintí a bhaineann le scannánaíocht CCTV (Gearáin maidir le Rochtain)

Fuair an DPC gearán ó duine aonair maidir le h-iarratas ar rochtain a rinneadh chuig rialaitheoir sonraí, ar miondóltóir a bhí ann. Ba iad na dlíodóirí a bhí ag gníomhú ar son an duine aonair maidir le héileamh ar dhíobháil phearsanta a chuir an t-iarratas ar rochtain isteach maidir le tréimhse coicíse inar tharla an teagmhas líomhnaithe. Bhí siad ag iarraidh taifid den teagmhas, lena n-airítear scannánaíocht CCTV. Eisíodh sonraí ach d'aithin an duine aonair nár eisíodh an scannánaíocht CCTV, an tuairisc maidir leis an timpiste agus ráitis ó fhinnéithe. Agus freagra á thabhairt ar an gceist ón duine aonair maidir leis na nithe seo, thug an rialaitheoir sonraí comhairle go raibh srian á chur le rochtain ar na nithe toisc go raibh sé riachtanach go seachnófaí aon bhac nó lagú a bheadh i gceist maidir leis na himeachtaí dlí agus/nó pribhléid dhlíthiúil a chur i bhfeidhm.

Aithníodh go bhféadfaí réiteach cairdiúil a bhaint amach i ndáil leis an ngearán seo faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, tríd an ngearánach agus an rialaitheoir sonraí araon comhaontú chun oibriú leis an DPC d'fhonn an cheist a réiteach ar bhealach cairdiúil.

Mhol an DPC don rialaitheoir sonraí liosta a ullmhú ina gclárófaí aon nithe a raibh an eagraíocht a chur díolúine i bhfeidhm ina leith, agus ina gclárófaí an díolúine ar a raibh sé ag brath freisin. I ndiaidh don DPC an liosta a fháil, rinne an DPC iniúchadh ar na díolúintí a bhí á n-úsáid agus d'fhéach sé le go léireodh an eagraíocht an bealach inar cinntíodh go raibh an srianadh riachtanach agus comhréireach. Chomh maith leis sin, d'iarr an DPC samplaí de na doiciméid a bhí le heisiúint ionas go bhféadfadh muid scrúdú a dhéanamh ar an mbealach ina raibh na díolúintí á gcur i bhfeidhm.

I ndiaidh imscrúdú a dhéanamh, d'aithin an DPC go raibh roinnt sonraí pearsanta de chuid an duine aonair sna doiciméid agus d'iarr sé ar an rialaitheoir sonraí iad a eisiúint le hatheagraithe ábhartha iontu. Maidir leis an scannánaíocht CCTV, luaigh an DPC gurbh é an phríomhchúis a gabhadh na sonraí ná chun críocha slándála agus ní chun éileamh dlíthíochta a chosaint agus dá bharr sin, d'iarr sé go n-eiseofaí an scannánaíocht chuig an duine aonair le hatheagraithe ábhartha iontu. Ghlac an DPC leis go raibh na díolúintí eile á gcur i bhfeidhm mar is ceart de réir mar a rinneadh foráil in a leith sa reachtaíocht.



Cás-Staidéar 17

Réiteach cairdiúil maidir le gearáin trasteorann: iarraidh ar rochtain a rinneadh le Airbnb

Fuair an DPC gearán i Meán Fómhair na bliana 2020 a bhain le iarraidh ar rochtain (faoi Airteagal 15 den GDPR), a bhí déanta ag an ngearánach le Airbnb Ireland UC (“Airbnb”). Rinne duine aonair atá lonnaithe i Málta gearán go díreach leis an DPC. Nuair a rinne an DPC an gearán a mheas, measadh gur gearán trasteorann a bhí i gceist mar gur bhain sé le polasaithe oibriúcháin ginearálta Airbnb, agus mar sin, ós rud é go bhfuil Airbnb ar fáil ar fud an AE, measadh, i leith an ghearáin a ndearnadh maidir leis an bpróiseáil, go raibh *“éifeacht shubstainteach ag an bpróiseáil sin ar ábhair sonraí i níos mó ná Ballstát amháin nó gur dóchúil go mbeidh éifeacht shubstainteach aici orthu”* (de réir an tsainmhíneithe ar phróiseáil trasteorann faoi Airteagal 4(23) den GDPR).

Chuir an gearánach iarraidh ar rochtain ar aghaidh chuig Airbnb. Rinne Airbnb an iarraidh ar rochtain seo a éascú trí nasc chuig comhad rochtana ina raibh a chuid sonraí pearsanta a chur ar fáil don ghearánach. Mar sin féin, nuair a thriail an gearánach úsáid a bhaint as an nasc, ní raibh sé ag feidhmiú. Ina theannta sin, bhí frustrachas ar an ngearánach faoi chomh deacair is a bhí sé aige teagmháil a dhéanamh le Airbnb faoin ábhar seo. Chuir an gearánach a ghearán ar aghaidh chuig an DPC ar an mbonn sin.

Rinne an DPC teagmháil le Airbnb agus d'iarr air iarraidh an ghearánaigh a éascú. Thug an DPC le fios go sonrach nár mhór do Airbnb a chinntiú go bhfuil nasc ar bith a chuireann

sé ar aghaidh chuig gearánaigh tástáilte go hiomlán agus ag obair. I bhfreagra, mhínigh Airbnb gur sheol siad nasc athnuaite ar aghaidh chuig an ngearánach chomh luath is a fuair siad amach nach raibh an chéad nasc ag obair agus nach raibh sé ar eolas acu go raibh fadhbanna ag an ngearánach rochtain a fháil ar an dara nasc sin. Mar sin féin, ar mhaithe le réiteach cairdiúil a dhéanamh i leith an ghearáin, chomhaontaigh Airbnb nasc eile a chur ar fáil don ghearánach chuig an gcomhad rochtana agus go gcuirfí comhad criptithe ar aghaidh chuig an ngearánach ar ríomhphost slán.

Mar thoradh air sin, réitíodh go cairdiúil an t-ábhar de bhun alt 109(3) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (“an tAcht”), agus faoi alt 109(3) den Acht measadh go raibh an gearán tarraingthe siar. Léiríonn an cás-staidéar seo an tairbhe a bhíonn i gceist - do ghearánaigh aonair - nuair a dhéanann an DPC idirghabháil trí bhíthin an phróisis réitigh chairdiúil.

Sa chás seo, bhí an gearánach ábalta rochtain a fháil ar a chuid sonraí mar gheall go raibh an DPC páirteach ann. Léirítear leis an gcás-staidéar seo go mbíonn rudaí simplí go minic ábalta iompú isteach ina ngearán cosanta sonraí mura ndéanann foirne cosanta sonraí agus seirbhís do chustaiméirí rialaitheoirí sonraí tosaigh an cás a bhainistiú go cuí ón tús.

Cás-Staidéar 18

Réiteach cairdiúil maidir le gearáin trasteorann: Google (YouTube)

Fuair an DPC gearán i Meán Fómhair 2020, trína fhoirm ghréasáin do ghearáin, i gcoinne Google Ireland Limited (YouTube). Rinne tuismitheoir an gearán thar ceann a linbh, gearán a bhain le cainéal/cuntas YouTube. Bhí an leanbh deich mbliana d’aois nuair a socraíodh suas an cainéal/cuntas, tráth nár thuig an leanbh na hiarmhairtí a bhain le físeáin a phostáil ar líne.

Cé gur duine a chónaíonn in Éirinn a rinne an gearán díreach chuid an DPC, ar mheasúnú an ghearáin sin measadh gur gearán trasteorann a bhí i gceist mar gur bhain sé le polasaithe oibriúcháin ginearálta YouTube agus mar sin, ós rud é go bhfuil YouTube ar fáil ar fud an AE, measadh, i leith an ghearáin a ndearnadh maidir leis an bpróiseáil, go raibh *“éifeacht shubstainteach ag an bpróiseáil sin ar ábhair sonraí i níos mó ná Ballstát amháin nó gur dóchúil go mbeidh éifeacht shubstainteach aici orthu”* (de réir an tsainmhíneithe ar phróiseáil trasteorann faoi Airteagal 4(23) den GDPR).

Dar leis an ngearánach, ní raibh smacht ag an leanbh ar an gcuntas níos mó ós rud é go raibh a phasfhocail caillte aige agus nach raibh an cuntas in úsáid a thuilleadh. Tháinig leanaí a bhí sa rang céanna leis an leanbh ar na físeáin, áfach, físeáin a phostáil an leanbh roimhe sin agus ar cúis náire anois iad dó. Chuaigh tuismitheoir an linbh i mbun comhfhreagrais go forleathan le Google, ag lorg, i measc nithe eile, go nglanfaí an cuntas den ardán YouTube. Chuir an tuismitheoir an URL a bhain le físeán ar leith ar an gcuntas chomh maith le URL an chuntais féin ar fáil. Chuir Google in iúl don tuismitheoir, roinnt uaireanta, gur ghlac sé beart agus gur bhain an t-ábhar den ardán. Rinne an tuismitheoir teagmháil arís agus arís eile áfach chun a thabhairt ar aird nach amhlaidh a bhí an scéal, nach raibh an t-ábhar tógtha anuas agus go raibh sé fós ar fáil ar líne. Ó tharla gur mheas sí nach ndeachthas i ngleic go cúí leis an ngearán d’ardaigh sí an cheist, mar sin, leis an DPC.

Sainaithníodh an gearán seo mar ghearán a d’fhéadfaí a réiteach go cairdiúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, agus d’aontaigh an duine aonair agus an Rialaitheoir Sonraí araon go n-oibreoidís leis an DPC chun iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach cairdiúil ar an gceist. Rinne an DPC cúlra an ghearáin a imscrúdú agus thug ar aird, de réir dealraimh, gur bhain Google anuas físeán ar leith ón gcuntas, dár cuireadh an URL ar fáil, ach níor bhain anuas an cuntas ina iomláine, a d’fhág gur fhan físeáin eile ar líne.

Chuaigh an DPC i dteagmháil le Google maidir leis an gceist agus chuir cúlra ar leith an ghearáin in iúl do Google. Ghníomhaigh Google ar an bpointe agus bhain an cuntas YouTube anuas ina iomláine. Dheimhnigh Google gur míthuiscint a bhí ann ós rud é go ndearna foireann tacaíochta Google an URL d’fhíseán ar leith a chuir an gearánach ar fáil a mheas seachas an cuntas ina iomláine, rud a bhí mícheart.

Chuir an DPC an toradh in iúl don tuismitheoir agus mhol réiteach cairdiúil maidir leis an ngearán. Ina dhiaidh sin, chuir an tuismitheoir in iúl don DPC go bhfuair sí amach le déanaí faoi chainéal YouTube eile a shocraigh a leanbh suas, cuntas eile nach raibh in úsáid, agus go raibh an leanbh ag iarraidh é a scriosadh. Mar sin, chuaigh an DPC i mbun tuilleadh comhfhreagrais le Google agus dheimhnigh Google gur ghníomhaigh sé láithreach chun an cuntas a bhaint anuas agus chuir na bearta a bhí glactha aige in iúl don tuismitheoir.

Leagann an cás seo béim ar go bhfuil an DPC ábalta cuidiú le hábhair sonraí le linn an phróisis réitigh cairdiúil a n-iarrataí ar leith a mhíniú don rialaitheoir sonraí, go minic ag an leibhéal cuí, nuair nár éirigh leis an gcéad teagmháil idir duine aonair agus an rialaitheoir sonraí. Fágann sin freisin go bhfuil an DPC ábalta monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na rialaitheoirí sonraí trí nóta a ghlacadh ar aon saincheist a d’fhéadfaí a bheith i gceist freisin ar fud gearán eile.

Cás-Staidéar 19

Réiteach cairdiúil maidir le gearáin trasteorann: Yahoo EMEA Limited

Fuair an DPC gearán i mí Márta 2021 ó údarás cosanta sonraí Bavaria thar ceann gearánach as Bavaria i gcoinne Yahoo EMEA Limited. Faoin meicníocht Ionad Ilfhreastail (OSS) a cruthaíodh leis an GDPR, is de réir shuíomh príomh-cheannáras na cuideachta san AE a shocrófar an t-údarás AE a fheidhmeoidh ina Phríomhúdarás Maoirseachta (LSA) i ndáil le gearáin a fhaightear. Nuair a dhéantar an príomhúdarás a cheapadh, feidhmíonn an t-údarás a fuair an gearán ina údarás maoirseachta lena mbaineann (CSA). Is é an CSA an t-idirghabhálaí idir an LSA agus an duine aonair. Sa chás seo, is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí an LSA, os rud é go bhfuil príomh-cheannáras na cuideachta lena mbaineann an gearán lonnaithe in Éirinn.

Ní raibh rochtain ag an ngearánach ar a ríomhphost a thuilleadh tar éis dó nuashonrú a dhéanamh ar a ríomhaire. Luaigh an gearánach go ndearna sé teagmháil le Yahoo d'fhonn rochtain a fháil air arís agus iarradh air faisnéis a thabhairt a bhain leis an gcuntas d'fhonn a fhíordheimhniú gur leisean an cuntas. Dheimhnigh an gearánach gur chuir sé an fhaisnéis sin ar fáil. Dúirt Yahoo leis an ngearánach nach bhféadfadh sé a aitheantas a dhearbhu leis an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil dó. Níor léir don ghearánach cén fhaisnéis a chuir sé ar fáil nach raibh ceart agus dá bhrí sin lean sé air agus na freagraí céanna á dtabhairt aige ar na ceisteanna slándála. Mar gheall nach raibh Yahoo in ann a fhíordheimhniú gur leis an ngearánach an cuntas, mhol sé go gcruthódh an gearánach cuntas ríomhphoist nua. Ní raibh an gearánach sásta leis an

réiteach sin agus dá bhrí sin rinne sé gearán leis an údarás maoirseachta áitiúil, a chuir an gearán ar aghaidh chuig an DPC ina cháil mar Phríomhúdarás Maoirseachta do Yahoo.

Sainithníodh an gearán seo mar ghearán a d'fhéadfaí a réiteach go cairdiúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, agus d'aontaigh an duine aonair agus an Rialaitheoir Sonraí araon go n-oibreodís leis an DPC chun iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach cairdiúil ar an gceist.

Rinne an DPC teagmháil le Yahoo ar an gceist, agus ghlac Yahoo cur chuige réamhghníomhach agus luaigh láithreach go raibh fonn air teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an ngearánach chun féachaint leis an bhfadhb a réiteach a luaithe agus is féidir. Dhearbhaigh Yahoo leis an DPC go gairid ina dhiaidh sin go raibh teagmháil déanta ag an bhfoireann seirbhísí d'úsáideoirí leis an ngearánach, a chuir faisnéis mhalartach ar fáil a chuir ar chumas Yahoo aitheantas an ghearánaigh a dheimhniú agus rochtain ar a chuntas a thabhairt dó arís ina dhiaidh sin.

Léirítear leis an gcás seo gur féidir réiteach gasta a bhaint amach go minic d'ábhair sonraí de thoradh teagmháil dhíreach bhreise a bheith idir páirtithe le linn an phróisis réitigh chairdiúil. Chomh maith leis sin, léirítear leis gur féidir ceisteanna a réiteach agus próiseas láimhseála mór fada a sheachaint go minic má ghlacann rialaitheoirí sonraí cur chuige réamhghníomhach ag luathchéimeanna an ghearáin.

Nuashonrú Polasaí DPC:

Cúirteanna agus Comhlachtaí Cinnteoireachta

Faoi Airteagal 55(3) den GDPR, cuirtear cosc ar an DPC maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí próiseála sonraí na Cúirte nuair atá an Chúirt ag gníomhú ina cáil bhreithiúnach. Déantar foráil in Alt 157 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 do bhreitheamh ar leith a cheapadh chun gníomhú mar mhaoirseoir um chosaint sonraí maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil, ar rud é a tharlaíonn nuair atá an Chúirt ag gníomhú in a cáil bhreithiúnach. Dá bhrí sin, ní mór aon ábhar imní maidir le cosaint sonraí a thagann chun cinn in imthosca dá leithéid a chur in iúl don Chúirt.

Chomh maith leis sin, bíonn comhlachtaí Reachtúla gníomhach i gcineálacha éagsúla d'fheidhmeanna láimhseála gearán, imscrúdaithe agus cinnteoireachta, ar nós an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre nó an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe. Ar deireadh thiar, is é an DPC a t-údarás maoirseachta i gcónaí i leith comhlachtaí dá leithéid. Ba chóir d'aon duine aonair atá imníoch maidir le comhlacht reachtúil bheith i mbun a sonraí pearsanta a phróiseáil na hábhair imní sin maidir le cosaint sonraí a chur in iúl don chomhlacht reachtúil sa chéad ásc, agus dul ar iontaobh an DPC ina dhiaidh sin mura mbíonn an gearánaí sásta. Is é cur chuige beartais ginearálta an DPC maidir le cásanna dá leithéid, nach ndéanfar imscrúdú ar shaincheisteanna maidir le cosaint sonraí a bhaineann le hábhar atá roimh chomhlacht reachtúil fad atá láimhseáil gearán, próiseas imscrúdaithe agus /nó cinnteoireachta ag leanúint go fóill. Is féidir leis an DPC gearáin dá leithéid a láimhseáil i ndiaidh don phróiseas reachtúil teacht chun deiridh. Fiú sa chás go ndéanann an DPC cinneadh gur sáraíodh an GDPR, níl dlínse aige cur isteach ar chinntí deiridh comhlachtaí reachtúla.

Tá an cur chuige beartais seo bunaithe ar Straitéis Rialála an DPC 2022 -2027 agus tá sé ina léiriú ar mheasúnú an DPC maidir leis an mbealach is oiriúnaí gearáin den chineál seo a láimhseáil ag féachaint do na rioscaí atá i gceist d'ábhair sonraí mar gheall ar chomhlachtaí reachtúla bheith ag próiseáil a sonraí pearsanta, le hais leas an phobail maidir le neamhspleáchas agus feidhmiú cuí comhlachtaí reachtúla dá leithéid, mar aon le hardchaighdeán a bpróiseas, a chinntiú.

Nuashonrú Polasaí DPC:

Cur chuige an DPC i leith CCTV Baile

Faigheann an DPC líon mór gearán gach bliain agus bíonn sciar suntasach díobh á ndéanamh ag daoine aonair i ndáil le córais CCTV baile a gcomharsan.

Le linn don imscrúdú bheith ar siúl, tagann sé chun solais go hiondúil nach bhfuil aon ábhair imní i gceist maidir le cosaint sonraí, den chuid is mó, bíonn oibrítheoirí CCTV Baile á oibriú i gcomhréir le hAirteagal 2(2)(c) den GDPR, toisc nach bhfuil sé á úsáid ach chun monatóireacht a dhéanamh ar réadmhaoín an oibrítheora laistigh de theorainn a réadmhaoine, dá réir sin, tá úsáid á baint as le haghaidh gníomhaíocht atá de chineál pearsanta nó de chineál tís amháin (an díolúine phearsanta/tís). Maidir leis na cásanna eile, oibríonn an DPC leis an oibrítheoir chun iarracht a dhéanamh staid a bhaint amach ina mbeidh an t-oibrítheoir CCTV i gcomhréir leis an díolúine phearsanta/tís.

D'aithin an DPC, i bhformhór mór na ngearán maidir le CCTV Baile, go mbíonn aighneas leanúnach idir an dá pháirtí ar nós Ceart Slí isteach, líomhain maidir le ciapadh, iompraíocht fhrithshóisialta nó damáiste coiriúil, a mbeadh sé níos fearr tabhairt faoi trí idirghabháil nó trí na Cúirteanna. Bíodh is go n-aithníonn an DPC cé chomh strusmhar is atá sé ag daoine aonair maireachtáil i dtimpeallacht ina bhfuil saincheisteanna leanúnacha i gceist lena gcomharsana, ní saincheisteanna iad seo ar féidir leis an DPC a scrúdú ná ráiteas a thabhairt orthu. Ní féidir leis an DPC ach sárúithe a líomhnaítear i leith cearta cosanta sonraí duine nádúrtha a scrúdú.

Tá ceangal ar an DPC cur chuige bunaithe ar riosca a fheidhmiú maidir le gearáin i gcomhréir leis an GDPR agus i gcomhréir le Straitéis Rialála an DPC 2022 – 2027, chun úsáid a bhaint as a hacmhainní teoranta ag féachaint do riachtanais gach gearánaí. Is é cur chuige ginearálta an DPC maidir leis na gearáin seo:

- ▶ An gearán a mheas chun cinneadh a dhéanamh má tá fianaise ann ar shonraí pearsanta bheith á bpróiseáil: i gcás nach bhfuil fianaise dá leithéid ann nó i gcás ina sásaíonn an oibrítheoir an DPC nach bhfuil an ceamara i gceist ag feidhmiú nó go bhfuil sé ag feidhmiú laistigh den díolúine phearsanta nó tís, níl feidhm ag an GDPR agus níl aon chéimeanna eile ag teastáil.
- ▶ Nuair a bhaineann an cás le cearta slí nó teorannacha talún a bhfuil aighneas ann fúthu, ní féidir leis an DPC cinntí fíorais a dhéanamh i ndáil le ceisteanna dá leithéid agus dá bhrí sin, ní féidir cinneadh a dhéanamh cibé a bhfuil feidhm ag an díolúine phearsanta nó tís. Sna cásanna sin, ní dhéanfaidh an DPC aon bheart eile go dtí go socróidh an t-údarás cuí an díospóid dhlíthiúil agus sa chás go leanfar den phróiseáil ina dhiaidh sin.
- ▶ Sa chás go bhfuil fianaise ann ar shonraí pearsanta bheith á bpróiseáil, rachaidh an DPC i dteagmháil leis na páirtithe chun iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach trí chomhairle a chur ar an oibrítheoir a ghairis a chur i gcomhréir leis an díolúine baile.
- ▶ Sa chás nach n-éiríonn leis sin agus go léiríonn cúinsí an cháis ceamara atá ag feidhmiú atá ceangailte go dlúth le saincheisteanna eile idir daoine aonair príobháideacha amhail úsáid a bhaint as bealaí isteach comhroinnte agus comhlimistéir agus teacht a bheith orthu, iompraíocht fhrithshóisialta, líomhaintí maidir le ciapadh, núis, ionsaí, bagairt ar ionsaí, nó damáiste a dhéanamh do mhaoín, de ghnáth, déanfaidh an DPC iarracht an tsaincheist/na saincheisteanna ábhartha maidir le cosaint sonraí a aithint do na páirtithe agus cuirfear comhairle chuí ar fáil.
- ▶ Is faoi dhuine aonair a bheidh sé brath ar an gcomhairle seo maidir leis an mbealach ina ndéileáilann siad leis na saincheisteanna níos leithne san aighneas.

Ta sé seo ina chur chuige ginearálta de chuid an DPC a shocrófar de réir na fíorais a bhaineann le haon chás ar leith. Mar sin féin, ó tugadh an cur chuige seo isteach, tá an DPC ag súil go dtiocfaidh laghdú suntasach ar líon na ngearán a dhéantar an athuair ó na daoine aonair céanna, agus go dtiocfaidh laghdú ar na hacmhainní a úsáidfear chun na gearáin sin a scrúdú, ar trí sin a gcuirfear acmhainní an DPC ar fáil chun díriú ar ghearáin a bhaineann le sárúithe ar chosaint sonraí atá níos córasaí.

7

Sáruithe

Sa bhliain 2021, fuair an DPC **6,616** fógra maidir le sárú i ndáil le sonraí pearsanta faoi Airteagal 33 den GDPR. Rinneadh taifeadadh ar **6,549** sárú sonraí bailí, arbh ionann é agus laghdú **2%** (114) ar an líon a tuairiscíodh sa bhliain 2020. Ag teacht leis an méid a tuairiscíodh sna blianta roimhe seo ó tugadh isteach an GDPR, bhain an chatagóir is airde de sháruithe a tuairiscíodh sa bhliain 2021 le nochtadh neamhúdaraithe, arbh ionann é agus **71%** de na fógraí iomlána.

As an iomlán de 6,616 fógra i ndáil le sárú a fuair DPC sa bhliain 2021, i dtéarmaí briseadh síos, bhain 3,677 leis an earnáil phríobháideach, bhain 2,707 leis an earnáil phoiblí agus tháinig an 232 ón earnáil dheonach agus carthanachta.

Tá sé tugtha ar aird go dtagann lear atá i bhfad níos mó d'fhógraí (2,707) maidir le sárú sonraí ó eagraíochtaí na hearnála poiblí in Éirinn. Tá cuideachtaí na hearnála poiblí agus bainc ar na deich gcinn d'eagraíochtaí is mó a bhfuil fógraí maidir le sárú sonraí taifeadta ina n-aghaidh, le cuideachtaí árachais agus teileachumarsáide ar na fiche eagraíocht is mó.

Maidir leis an líon a bhaineann le nochtadh neamhúdaraithe, is mar gheall ar dhroch-chleachtas oibríochta agus ar earráid dhaonna

an chuid is mó acu, ar nós an doiciméad mícheart a sheoladh chuig tríú páirtí nach mbaineann le chéile, nó comhfhreagras ríomhphoist a sheoladh chuig ilfhaighteoirí agus úsáid á mbaint as na réimsí 'chuig' nó 'Cc' in ionad an réimse Bcc. Tá ardú thar na bearta feicthe ag an DPC freisin maidir leis an líon sáruithe atá mar thoradh ar chomhfhreagras ríomhphoist a sheoladh chuig an bhfaighteoir mícheart mar gheall ar an tseirbhís teachtaireachta a mbaintear úsáid aistí chun seoladh ríomhphoist an fhaighteora a thuar bunaithe ar na chéad charachtair a chuirtear isteach. Maidir leis an gcomhfhreagras i gcóip chrua eisítear a chuig an bpáirtí mícheart, táimid á fheiceáil sin ag tarlú mar go gcliseann ar institiúidí airgeadais na sonraí a thabhairt cothrom le dáta ar bhealach tráthúil agus go gcliseann ar an gcustaiméir na hinstiúidí airgeadais a chur ar an eolas maidir le hathrú ar sheoladh.



Fógra i ndáil le Sárú Sonraí de réir Catagóire	Carthanacht	Príobháideach	Poiblí	Deonach	Iomlán
Nochtadh (neamhúdaraíthe)	32	2560	2012	124	4728
Rochtain Neamhúdaraíthe - comhaid pháipéir/ doiciméid/taifid	2	170	138	8	318
Earráid Phróiseála - (nochtadh sonraí pearsanta)	2	140	96	7	245
Páipéar cailte nó goidte	3	52	151	13	219
Foilseachán ar Líne - Neamhbheartaithe		166	28	6	200
Haiceáil - Eile	1	107	18	4	130
Páipéar cailte nó goidte - Doiciméid Oifigiúla		7	108	1	116
Sláine - athrú neamhbheartaithe (Níor nochtadh aon sonraí pearsanta)		96	5		101
Rochtain neamhúdaraíthe - Táirgí/Sócmhainní Leictreonacha	2	36	36	6	80
Innealtóireacht Shóisialta - Fioscaireacht		56	11	4	71
Haiceáil - Bogearraí éirice	1	54	11	1	67
Rochtain neamhúdaraíthe - Cuntas as Líne		32	9	1	42

Fógraí

Tugadh isteach foirm ghréasáin leasaithe maidir le sárú sa bhliain 2021 a rinneadh a fhorbairt i bhfianaise aiseolas a fuarthas ó rialaitheoirí sonraí a raibh sé de cheangal orthu a bheith rannpháirteach leis an bpróiseas foirme. I measc nithe eile, tugtar treoir d'úsáideoirí maidir le líon ceisteanna san fhoirm ar mhaithe lena fháil amach cibé a mbaineann an sárú le próiseáil trasteorann, mar go bhfuil sé soiléir don DPC go bhfuil beagán éiginnteachta ann maidir le cathain a chomhlíonann eagraíocht an critéar chun leas a bhaint as meicníocht ionad ilfhreastail (OSS). Ar mhaithe le soiléireacht, ní mór go mbeidh, chun le leas a bhaint as meicníocht ionad

ilfhreastail a ceanncheathrú Eorpach bunaithe ag eagraíocht ilnáisiúnta i gceann de bhallstáit an AE. Nuair a chomhlíontar an critéar seo, is féidir leis an eagraíocht ansin leas a bhaint as an OSS agus cinneadh a dhéanamh déileáil go díreach le húdarás maoirseachta na tíre ina bhfuil a ceanncheathrú lonnaithe. Tá feidhm leis seo fiú i gcásanna nuair a tharlú an sárú nó an gearán i mballstát difriúil. Ar an lámh eile, má tá oibríochtaí ag eagraíocht ilnáisiúnta i dhá bhallstát AE nó níos mó, ach nach bhfuil Ceanncheathrú Eorpach bunaithe, ní féidir leis an eagraíocht leas a bhaint as an OSS agus ní mór don eagraíocht déileáil go díreach leis an údarás maoirseachta aonair do gach aon tír ina bhfuil an eagraíocht ag feidhmiú.

Tá sé tugtha ar aird ag an DPC nach mbíonn tuiscint ag eagraíochtaí i gcónaí ar cathain agus conas a fheidhmíonn meicníocht an OSS, agus mar thoradh air sin, tugann eagraíochtaí fógra maidir le sárúithe sonraí pearsanta atá mícheart don DPC, nó mainnítear fógra maidir leis na sárúithe a thabhairt d'údarás eile. Ar mhaithe le maolú a dhéanamh air seo, cuireann líon ceisteanna i bhfoirm nua an DPC atá dírithe ar cibé a mbaineann an sárú le próiseáil trasteorann sonraí pearsanta a aithint agus, más é sin an cás, cibé arbh é an DPC an t-údarás maoirseachta cuí nach mór don eagraíocht an fógra maidir le sárú a thabhairt dó.

Ar athrú ar díol suntais é, tá an riachtanas go dtabharfaidh an rialaitheoir breac-chuntas céard iad na bearta teicniúla agus/nó eagraíochtúla a bhí i bhfeidhm nuair a tharla an sárú agus cén gníomh a glacadh tar éis den sárú tarlú ar mhaithe le maolú a dhéanamh in aghaidh aon riosca a fhíorú. Tá an fhaisnéis seo ríthábhachtach chun deis a thabhairt do DPC tabhairt faoi anailís ar an sárú ar an bpointe boise a d'fhéadfadh treoir a chur ar fáil maidir leis na chéad chéimeanna maolaithe eile atá le glacadh, má tá céim ar bith. Tá deis ann freisin don rialaitheoir chun aon doiciméid thacaíochta a uaslódáil ar mhian leis/léi a thabhairt ar aird an DPC maidir leis an sárú.

Cur chuige straitéiseach nua

Tá cur chuige teagmhálach glactha ag an DPC ó tugadh an GDPR isteach, i leith gach aon sárú aonair a dtugtar fógra ina leith a láimhseáil. Dhéanfaidh an DPC a mheasúnú riosca agus tionchair féin a stiúradh agus déanfaidh teagmháil leis an rialaitheoir maidir le gníomhartha maolaithe agus ábhair a bhaineann le fógra a thabhairt do na hábhair sonraí i gcásanna ard-riosca. Tiocfaidh an cleachtas seo chun críche ag deireadh na bliana 2021. Ó Eanáir na bliana 2022, ní dhéanfaidh an DPC, maidir leis na fógraí nach mór do rialaitheoirí a chur faoi bhráid mar dhualgas de réir an dlí, ach admháil a sholáthar go bhfuarthas an aighneacht agus ní bheidh aon mholtaí nó éileamh ar bhreis faisnéise a eisiúint ag an DPC i bhformhór na gcásanna. Ba chóir a thabhairt ar aird nach gciallóidh easpa teagmhála láithreach breise ag an DPC, go bhfuiltear sásta leis an fhógra as féin, nó leis an measúnú atá laistigh de. Leanfaidh an DPC le measúnú a dhéanamh ar na fógraí go léir ar bhonn aonair, agus, i roinnt cásanna, nuair a fhaigheann an

DPC gearáin nó sa chás go meastar go n-éilíonn na saincheisteanna fiosrúchán breise nó fiosrúchán reachtúil foirmiúil, leanfaidh an DPC ar aghaidh ar an mbealach sin. Ní bheidh treoir á thairiscint ag DPC do rialaitheoir níos mó nuair a eascraíonn sárú, mar aitheantas ar an treoir leathan agus ar an gcúnamh atá a sholáthar ann cheana féin ag an DPC do rialaitheoirí chun a dhul i dtaithí ar a gcuid freagrachtaí i ndáil le fógraí maidir le sárú sna trí bliana atá caite. Ina leaba sin, díreofar ar thosaíocht a thabhairt do chásanna forfheidhmithe.

Sárúithe Ríomhphróibháideachais

Fuair an DPC **38** fógra bailí ar an iomlán maidir le sárú sonraí faoi na Rialacháin Ríomhphróibháideachais (I.R. Uimh. 336 de 2011), arbh ionann é agus díreach **faoi 1%** de na cásanna bailí iomlána a tuairiscíodh don bhliain.

Tá an DPC ag súil go dtiocfaidh ardú ar líon fógraí maidir le sárúithe faoin réimeas seo mar gheall ar athruithe ar an reachtaíocht Ríomhphróibháideachais. Tá athsholáthar le déanamh ar fhorhmór an chreata dhlíthiúil maidir le teileachumarsáid Éireann atá ann cheana féin ar glacadh leis sa bhliain 2021 agus a rinne forlíonadh ar na hAchtanna um Rialáil Cumarsáide 2002 go 2017 bunúsacha, nuair a fheidhmeofar an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach nua (an Cód) in Éirinn. Rinneadh athrú suntasach maidir le Treoir (AE) 2018/1972 (an "Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach" athmhúnlaith) leasú ar líon sainmhínithe, lena n-áirítear, an sainmhíniú maidir le "seirbhís chumarsáide leictreonach", a chiallaíonn go bhfuil seirbhísí áirithe ar nós seirbhísí "atá iomarcach" ag teacht laistigh den sainmhíniú sin – áireofar ansin, seirbhísí ar nós seirbhísí teachtaireachta. Mar thoradh air sin, ní mór do sholáthairí raon leathan seirbhísí a raibh orthu sárúithe i ndáil le sonraí pearsanta a thuairisciú don DPC faoi Airteagal 33 den GDPR, fógra a thabhairt don DPC maidir le sárúithe den sórt sin faoin réimeas Ríomhphróibháideachais – m.sh. IR 336 de 2011.

An Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí - Sárúithe

Fuair an DPC **51** fógra maidir le sárú freisin i ndáil leis an LED, (Treoir (AE) 2016/680), a aistríodh go dlí na hÉireann, trí chodanna áirithe don Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Cás-Staidéar

Cás-Staidéar 20

Repeated similar breaches

I gcaitheamh tréimhse 12 mhí, fuair an DPC fógraí maidir le sraith sáruihte comhchosúla ó rialaitheoir sonraí a raibh baint aige/aici le ceisteanna airgeadais. Dhíol an rialaitheoir seirbhísí trí líonra náisiúnta miondíola a bhí faoi úinéireacht agus á fheidmiú ag tríú páirtí, a ghníomhaigh mar phróiseálaí ina thaobh. Tharla na sáruihte nuair a rinne custaiméirí reatha an rialaitheora ceannacháin ag ionaid díola an phróiseálaí, ach d'úsáid siad seoladh difriúil le hais an seoladh a chláraigh siad roimhe sin leis an rialaitheoir. Níor comhordaíodh go hiomlán athruithe a rinneadh le gairid ar chórais bhunachar sonraí an rialaitheora leis na hathruithe i leith díolacháin, arbh é an toradh a bhí air sin gur seoladh doiciméid maidir le díolacháin chuig seanseoltaí custaiméirí seachas a seoltaí nua. D'ordaigh an rialaitheoir don phróiseálaí gan glacadh le hiarratais cheannacháin go dtí go gclárófaí athruithe ar na seoltaí, ach níor lean cuid de bhaill foirne ag an gcuntar na nósanna imeachta cearta go seasta.

Nuair a nótaíl an DPC an patrún a bhain leis na sáruihte, d'aontaigh an rialaitheoir go raibh fadhb córasach ann ar theastaigh cúram ina leith óna ardbhainistíocht. Fad a bhí réiteach teicniúil á leagan amach agus á thástáil, ghlac an rialaitheoir agus an próiseálaí bearta eatramhacha lena

n-áirítear athoiliúint a chur ar bhaill foirne, maoirseacht a mhéadú, agus fógra a thagadh aníos ar na scáileáin arna n-úsáid ag na baill foirne próiseála nuair a bhí díolacháin á gcur i gcrích, inar meabhraíodh dóibh a dhearbhu go raibh seoladh cláraithe reatha a chustaiméara i gceart. Chuir an rialaitheoir na hathruithe i bhfeidhm ina chórais IT d'fhonn cosc a chur le doiciméid díolacháin bheith á seoladh chuig seoltaí custaiméara míchearta, agus tháinig deireadh leis na sáruihte athfhillteacha.

Léirítear sa chás seo an bealach ina ndéanann an DPC monatóireacht ar sháruihte a dtugtar fógra ina leith faoi Airteagal 33 den GDPR chun fadhbanna córasacha a aithint, bíodh na fadhbanna sin i rialaitheoirí aonair, cineálacha tionscail nó earnálacha geilleagracha. Léirítear freisin an chaoi go bhféadann athruithe a bhfuil sé i gceist leo córais faisnéise a fheabhsú fothorthaí gan choinne bheith leo a dhéanann dochar d'ábhair sonraí agus don rialaitheoir. Ar deireadh, léirítear sa chás nach mór do rialaitheoirí monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na gcomhaontuithe próiseála lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag próiseálaithe ar nósanna imeachta maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus go gcloíonn siad leo.

Cás-Staidéar 21

Nochtadh neamhúdaraithe mar thoradh ar fhíschomhdháil

Bhain institiúid oideachais úsáid as feidhmchlár físchomhdhála chun cur ar chumas na mac léinn cuir i láthair a thabhairt do léachtóirí nuair a bhí cosc á chur le cruinnithe i bpearsa mar gheall ar shrianta na paidéime. Ionas go mbeifí in ann na cuir i láthair a roinnt le scrúdaitheoirí seachtracha, atá ina riachtanas, rinneadh iad a thaifeadadh. Bhí na rannpháirtithe ar fad ar an eolas faoin socrú seo, cé nach raibh sé beartaithe go mbeadh teacht ag mic léinn ar na taifeadtaí a rinneadh ar a gcuir i láthair.

Thug dhá ghrúpa mac léinn cuir i láthair do léachtóirí le linn seisiúin ar leith. I ndiaidh gach aon seisiúin, phléigh na léachtóirí obair na mac léinn ina measc féin. Taifeadadh na pléití seo freisin, ach bhí sé beartaithe iad a scriosadh amach sula roinnfí iad le scrúdaitheoirí seachtracha. Creideadh go mícheart nach raibh teacht ar thaifeadtaí sábháilte ach ag léachtóirí amháin. Is é fírinne an scéil go raibh teacht ag na rannpháirtithe ar fad ar iarradh orthu, na mic léinn a thug cuir i láthair ina measc, ar na taifeadtaí a rinneadh ar a seisiúin agus seoladh nasc go huathoibríoch chucu ar ríomhphost don chomhad ábhartha ar fhreastalaí na hinstitiúide. Dá bharr sin, bhí teacht ag mic léinn ar an bplé a rinne na léachtóirí maidir le hobair na mac léinn eile, ina raibh ráitis phearsanta maidir le roinnt de na mic léinn.

Rinne roinnt mac léinn iad seo a rochtain. Sna laethanta ina dhiaidh sin, cuireadh sleachta thart ar fheidhmchláir teachtaireachta agus ar na meáin shóisialta

Thuairiscigh an eagraíocht an sárú don DPC, a dhearbhaigh gur scriosadh na taifeadtaí a raibh teacht ag na mic léinn orthu, agus a shoiléirigh na céimeanna a ghlacadh an eagraíocht chun na sleachta a bhaint de na meáin shóisialta ar ar postáladh iad. Chuir an DPC críoch lena mheasúnú maidir leis an sárú le moltaí cuimsitheacha maidir le trealamh IT a úsáid, físchomhdháil san áireamh, agus maidir le bearta lena gcinnteofaí go dtuigfeadh baill foirne agus mic léinn na beartais ábhartha maidir le cosaint sonraí agus go gcloidís leo.

Léirítear sa chás seo na rioscaí a d'fheadfadh bheith i gceist le húsáid a bhaint as físchomhdháil agus teicneolaíochtaí comhchosúla. Ba chóir do rialaitheoirí sonraí a chinntiú go mbeadh cur amach ag na daoine a reáchtálann na feidhmchláir seo ar an mbealach a n-oibríonn siad agus a chinntiú go bhfuil siad á reáchtáil i gcomhréir leis an dlí maidir le cosaint sonraí. Ba chóir do rialaitheoirí sonraí a chinntiú go mbeadh beartais agus nósanna imeachta maidir le cosaint sonraí ina léiriú iomlán ar na cleachtas agus teicneolaíochta a úsáideann siad nuair atá sonraí pearsanta á bpróiseáil.

Cás-Staidéar 22

Nochtadh mar gheall ar ríomhphost a cuireadh ar míthreoir

Fuarthas fógra ó chomhlacht reachtúil a bhfuil feidhmeanna aige gearáin maidir le hiompar gairmiúil, oiliúint nó inniúlacht saineolaí a imscrúdú. Tharla an sárú ar shonraí nuair a rinneadh litir a bhain le gearán in aghaidh speisialtóir a cheangal le ríomhphost agus é a sheoladh chuig seoladh mícheart. Bhí sonraí pearsanta maidir le roinnt daoine aonair, lena n-áirítear sonraí maidir le sláinte, sa cheangaltán, agus bhí sé criptithe. Mar sin féin, eisíodh an pasfhocal don litir chriptithe i ríomhphost ar leith chuig an seoladh mícheart céanna.

Mar gheall ar an gcineál sonraí pearsanta agus an comhthéacs ar fad a bhí i gceist, tugadh le fios go raibh ardriosca i gceist d'ábhair sonraí. Ar an mbonn sin, dhearbhaigh an DPC gur cuireadh gach duine a bhí buailte ar an eolas faoin sárú, na rioscaí agus na bearta a bhí á ndéanamh ina leith, de réir mar a éilítear in Airteagal 34 den GDPR.

Mheabhraigh an DPC don eagraíocht faoina hoibleagáid leanúnach maidir le sonraí pearsanta a nochtadh trí thimpiste a dhaingniú, agus faoin tábhacht a bhaineann le slándáil a chinntiú agus sonraí pearsanta á seoladh trí ríomhphost. Rinne an comhlacht reachtúil athbhreithniú ar a phróisis, beartais agus nósanna imeachta ar fad maidir le cosaint sonraí.

Tá ríomhphost a sheoltar chuig an seoladh mícheart ar cheann de na cúiseanna is coitianta i leith sárú a thuairiscítear don DPC. Tá criptiú ina huirlis luachmhar chun cuidiú le cosaint a thabhairt ar nochtuithe trí timpiste. Mar sin féin, moltar meán ar leith a úsáid – ar nós glaoch gutháin nó teachtaireacht SMS – chun an pasfhocal a sheoladh ar aghaidh, mar is féidir na tairbhí a chur ar neamhní mar gheall ar bhotún amháin i seoladh ríomhphost.

Cás-Staidéar 23

Ábhair bheith á gcur de láimh go míchuí ag institiúid oideachais

Chuir ollscoil atá dírithe ar an eolaíocht shláinte an DPC ar an eolas maidir le sárú a tharla de bharr ábhair ina raibh sonraí pearsanta bheith curtha de láimh go míchuí. Mar gheall ar shrianta na paindéime, bhí fostaí ag obair sa bhaile ar thionscadal earcaíochta. Bhí an fostaí ag obair ar chóipeanna clóbhuailte de líon iarratais ar phoist agus na CVanna a bhí a gabháil leo. D'ordaigh an eagraíocht d'fhostaithe a bhí ag obair sa bhaile priontáil a íoslaghú agus doiciméid a scriosadh sula gcuirfí de láimh iad. Mar sin féin, chuir an fostaí na doiciméid earcaíochta in araid athchúrsála baile gan iad a scriosadh roimh ré. Mar gheall ar ghaoithe arda, scaipeadh ábhair na haraide, na doiciméid earcaíochta san áireamh.

Agus deireadh á chur lena iniúchadh maidir leis an sárú, rinne an DPC líon moltaí. Ní ar chleachtais oibre na bhfostaithe amháin a díriodh na moltaí seo, ach ar an ngné ba thábhachtaí, arbh é sin bearta teicniúla agus eagraíochtúla an rialaitheora.

Cé go bhfuil sé tábhachtach go dtuigfeadh baill foirne dea-chleachtais maidir le cosaint sonraí agus go gcuirfeadh siad i bhfeidhm iad, is ar an rialaitheoir atá an fhreagracht a chinntiú go ndéanann siad amhlaidh agus go bhfuil bealach acu – lena n-áirítear gairis ar nós stiallairí, nuair is cuí – d'fhonn an caighdeán cosanta riachtanach a chomhlíonadh.

Tá an cás seo ina léiriú freisin go bhféadfaí, trí oibriú sa bhaile, timpeallacht oibre nó nósanna daoine a athrú ar bhealaí ina bhféadfadh rioscaí bheith i gceist do shonraí pearsanta. Ní i gcónaí a bhíonn saoráidí oifige, ar nós stialladh faoi rún, priontáil shlán nó seomraí príobháideacha le haghaidh pléití fiú – ar fáil nó indéanta sa bhaile. Dé réir mar a thiocfaidh méadú ar an líon daoine atá ag obair ó chian, beidh ar rialaitheoirí a n-acmhainní, beartais agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus a chur in oiriúint lena chinntiú go bhfuil siad leordhóthanach do rioscaí a bhaineann leis an timpeallacht ina dtagann siad chun cinn.

Cás-Staidéar 24

Seoltaí Ríomhphoist a nochtadh via ríomhphost grúpa

Fuair an DPC fógra maidir le sárú ó charthanas a thugann tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumais intleachta. Tharla an sárú nuair a úsáideadh an réimse CC seachas an réimse BCC chun nuachtlitir a sheoladh chuig faighteoirí trí ríomhphost. Ba é an toradh a bhí air sin gur nochtadh seoltaí ríomhphoist na bhfaighteoirí ar fad dóibh sin a léigh an ríomhphost. Is coitianta an cineál seo de shárú ar shonraí pearsanta ar minic é bheith ina thoradh ar earráid dhaonna shimplí agus a mbíonn rioscaí ísle ag baint leis de ghnáth. Cé gur dócha nár rioscaí suntasacha na rioscaí a bhain leis an gcás seo, léiríodh trí tuilleadh fiosrúcháin agus anailís a dhéanamh ar aighneachtaí chuig an DPC roimhe seo nach raibh mórán feasachta i measc bhaill foirne agus oibrithe deonacha an charthanais maidir le saincheisteanna agus freagrachtaí i ndáil le cosaint sonraí.

I ndiaidh don eagraíocht bheith i dteagmháil leis an DPC, tugadh isteach oiliúint do bhaill foirne agus oibrithe deonacha maidir le cosaint sonraí, agus tugadh aghaidh ar ról bainistíochta nua a chruthú ar a mbeadh freagracht i ndáil le cosaint sonraí a chomhlíonadh ar fud na heagraíochta.

Bíonn carthanais i mbun sonraí pearsanta daoine leochaileacha a phróiseáil go minic, agus is minic gur sonraí catagóire speisialta atá i gceist ar nós faisnéis maidir le sláinte. Ceart bunúsach is ea cosaint sonraí san Aontas Eorpach agus teastaíonn cúram, pleanáil agus bearta eagraíochtúla cúramacha chun cearta daoine leochaileacha a chosaint. Ní mór acmhainní cuí maidir le bainistíocht agus comhlíonadh bheith ag teacht le dianobair agus dea-thoil na mball foirne agus oibrithe deonacha lena chinntiú go gcosnaítear cearta sonraí pearsanta.

Cás-Staidéar 25

Ionsaí Innealtóireachta Sóisialta

Thuairiscigh gnólacht dlí meánmhéide go raibh sé ina íospartach in ionsaí innealtóireachta sóisialta. D'oscail ball den fhoireann ríomhphost ó thríú páirtí mailseach ar trí sin a suiteáladh bogearraí mailseacha faoi rún ar an ríomhaire. Mar gheall ar na bogearraí mailseacha, bhíothas in ann monatóireacht a dhéanamh ar chumarsáid ríomhphoist agus cuireadh ar chumas an drochghníomhaire suim airgid a bhaint de chliant le calaois. Thuairiscigh an gnólacht an sárú don DPC.

Trína theagmháil ón DPC leis an ngnólacht, fuair an DPC amach gur bhain an gnólacht úsáid as seirbhís ríomhphoist néil a úsáidtear go forleathan agus a ndearna conraitheoir bainistíocht uirthi. Níor cuireadh socruithe slándála bunúsacha, ar nós pasfhocail láidre agus fíordheimhniú ilfhachtóra, i bhfeidhm. I ndiaidh don ghnólacht an teagmhas a thabhairt faoi deara, coimisiúnaíodh imscrúdú iomlán ar an toirt chun bunchúis agus méid an

tsáraithe a fháil amach. Bunaithe ar thorthaí an imscrúdaithe, ghníomhaigh an gnólacht go pras agus cuireadh bearta slándála teicniúla breise i bhfeidhm mar aon le hoiliúint bhreise do bhaill foirne maidir le cibearshláidail agus cosaint sonraí. D'iarr an DPC go gcuirfí nuashonruithe ar fáil maidir le bearta slándála eagraíochtúla agus teicniúla cuí a chur i bhfeidhm chun cosc a chur le sárú den chineál céanna an athuair.

Léirítear i dtéarmaí follasacha sa chás seo nach féidir le heagraíocht talamh slán a dhéanamh de go bhfuil bearta leordhóthanacha i bhfeidhm díreach mar gheall go n-úsáidtear soláthraí seirbhíse aitheanta dá feidhmeanna ar nós ríomhphost, nó mar gheall go bhfostaítear tríú páirtí chun feidhmchláir a bhainistiú. Ní mór do rialaitheoirí agus próiseálaithe fós féin a chinntiú go bhfuil bearta slándála acu atá oiriúnach d'aon riosca a d'fheadfadh bheith ag gabháil leis na sonraí pearsanta a bhfuil siad freagrach astu.

8

Fiosrúcháin

Fiosrúcháin Reachtúla ag an CCS

Faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018, féadfaidh an CCS dhá chineál éagsúla fiosrúcháin reachtúla a dhéanamh faoi Alt 110 chun a fháil amach ar tharla sárú ar an GDPR nó ar Acht 2018:

- ▶ **fiosrúchán bunaithe ar ghearán; nó**
- ▶ **fiosrúchán faoi “dheon féin” an CCS.**

Is é cuspóir aon fhiosrúcháin:

- ▶ na fíricí a bhunú mar a bhaineann siad leis na hábhair atá faoi imscrúdú;
- ▶ na fíricí mar a fuarthas a chur i bhfeidhm ar fhorálacha an GDPR agus/nó Acht 2018 de réir mar is infheidhme chun anailís a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil sárú ar an GDPR agus/nó Acht 2018 sainaitheanta;
- ▶ cinneadh foirmiúil a dhéanamh ón CCS maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil sárú ann; agus
- ▶ i gcás ina n-aithnítear sárú, cinneadh foirmiúil a dhéanamh maidir le cibé acu an bhfeidhmeofar nó nach bhfeidhmeofar cumhacht cheartaitheach, agus más ea, cén chumhacht cheartaitheach⁷.

An 31 Nollaig 2021, bhí 81 fiosrúchán reachtúil idir lámha ag an CCS, lena n-áirítear 30 fiosrúchán trasteorann.

⁷ Áirítear ar chumhachtaí ceartaitheacha féineál riaracháin a ghearradh (nach bhfuil infheidhme maidir le sárúithe ar an LED), rabhadh a eisiúint, iomardú, toirmeasc sealadach nó cinntitheach ar phróiseáil nó fionraí aistrithe idirnáisiúnta sonraí nó treoir chun an phróiseáil a chomhlíonadh, i measc nithe eile.

Fiosrúcháin Baile (Intíre) sa bhliain 2021

Cásanna inar cuireadh smachtbhanna nó beart ceartaitheach suntasach i bhfeidhm 2021

Biúró Creidmheasa na hÉireann (Márta 2021):

Bhain an cinneadh seo le sárú ar shonraí pearsanta a tharla nuair a chuir Biúró Creidmheasa na hÉireann athrú cóid i bhfeidhm i ndáil lena bhunachar sonraí ina raibh earráid theicniúil a chiallaigh go raibh tabhairt suas chun dáta bhunachar sonraí an ICB míchruinn agus gur dúnadh 15,120 cuntas mar thoradh air. Thángthas ar an gcinneadh gur sháraigh an ICB Airteagal 25(1) den GDPR mar gheall nár cuireadh bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm a bhí leagtha amach chun prionsabal an chruinnis a fheidhmiú ar bhealach éifeachtach agus nár comhtháthaíodh an chosaint a bhí riachtanach sa phróiseáil ar mhaithe le ceanglais an GDPR a chomhlíonadh agus cearta na n-ábhar sonraí a chosaint. Chinn an cinneadh freisin gur sháraigh an ICB Airteagal 5(2) agus Airteagal 24(1) den GDPR mar nár léiríodh comhlíontacht lena chuid oibleagáidí, de bhun Airteagal 25(1) den GDPR, ó thaobh tabhairt faoi thástáil chúí maidir leis na hathruithe a bhí beartaithe a dhéanamh ar a bhunachar sonraí. Forchuireadh fineáil riaracháin de €90,000 ar an ICB maidir leis na sáruithe, faoin gcinneadh, agus eisíodh iomardú don ICB i ndáil leis na sáruithe.

MOVE Ireland (Lúnasa 2021): I mí Lúnasa 2021, d'eisigh an DPC cinneadh chuig MOVE Ireland (MOVE) maidir le sárú sonraí pearsanta a chuir MOVE in iúl don DPC, agus a raibh baint aige le cailliúint ocht gcinn déag de Chártaí SD ar a bhféadfadh taifeadadh a bheith orthu de ghrúpsheisiún faoi chlár MOVE, inar phlé rannpháirtithe iompraíocht agus dearcadh maidir le foréigean teaghlai le héascaitheoir. Chinn an cinneadh gur sháraigh MOVE Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) den GDPR nuair nár cuireadh bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm ar mhaithe le leibhéal slándála cuí a chinntiú i leith an riosca a chuir próiseáil trí ghrúpsheisiún a thaifeadadh ar Chártaí SD ina raibh sonraí pearsanta rannpháirtithe agus áisitheoirí agus forchuireadh fineáil dar luach €1,500 maidir leis na sáruithe.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (Nollaig 2021):

D'eisigh an DPC cinneadh chuig Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh inar breithníodh raon leathan saincheisteanna a bhaineann le teicneolaíochtaí faireachais a mbaineann an Chomhairle úsáid astú. Thángthas ar 40 saincheist sa chinneadh, lena n-áirítear, go raibh córais áirithe CCTV á bhí á bhfeidhmiú ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh neamhdhleathach agus gur sháraigh an Chomhairle Airteagal 15 den GDPR trí iarratais daoine ar shonraí a dhiúltú maidir le ceamaraí CCTV a bhí á n-úsáid do chríocha bainistíochta tráchta. Forchuireadh cosc sealadach sa chinneadh ar an gComhairle ó thaobh sonraí pearsanta a phróiseáil maidir le ceamaraí CCTV áirithe. Tugadh ordú sa chinneadh freisin don Chomhairle a cuid próiseála a chur ar bhonn comhlíontachta trí ghníomh sonrach a ghlacadh agus d'eisigh iomardú don Chomhairle mar gheall ar na sáruithe, agus forchuireadh fineáil dar luach €110,000 maidir leis na sáruithe.

An Chomhairle Mhúinteoireachta (Nollaig 2021):

D'eisigh an DPC cinneadh don Chomhairle Mhúinteoireachta (an Chomhairle) maidir le sárú sonraí pearsanta a chuir an Chomhairle in iúl don DPC an 9 Márta 2020. Tharla an sárú nuair a rochtain beirt chomhaltaí foirne de chuid na Comhairle ríomhphost fioscaireachta, a cheadaigh riail maidir le ríomhphost a chruthú chun ríomhphoist mhailseacha a chur ar aghaidh ón gcuntas ríomhphoist mar thoradh air sin. Chinn an cinneadh gur sháraigh an Chomhairle Airteagal 5(1) agus ar Airteagal 32(1) den GDPR mar gheall nár próiseáladh sonraí pearsanta ar bhealach a chinntigh slándáil chúí sonraí pearsanta agus úsáid á mbaint as bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí. Chinn an cinneadh freisin gur sháraigh an Chomhairle Airteagal 33(1) den GDPR mar gheall nár chuir sí an sárú maidir leis na sonraí pearsanta in iúl don DPC nuair ba cheart dó bheith ar an eolas fúthu. Gearradh fineáil riaracháin ar an gComhairle de €60,000 faoin gcinneadh, eisíodh iomardú don Chomhairle agus ordaíodh don Chomhairle a cuid oibríochtaí próiseála a chur ar bhonn comhlíontachta le hAirteagail 5(1) agus 32(1) den GPDR trí bhearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí a chur i bhfeidhm chun leibhéal slándála cuí i leith riosca a chinntiú.

Cásanna atá imithe ar aghaidh chuig dréacht-chinneadh 2021

An Roinn Sláinte: Chuir an DPC tús leis an bhFiosrúchán seo a d'eascair ó chlár Prime Time ar RTÉ i mí an Mhárta 2021 maidir le próiseáil a rinne an Roinn Sláinte ar shonraí pearsanta leanaí a bhfuil uathachas orthu agus a raibh baint acu le caingne dlí in aghaidh an Stáit. D'eisigh an DPC a Dhréacht-Chinneadh an 9 Nollaig 2021.

An Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta: Scrúdaítear san Fhiosrúchán seo comhlíontacht an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta le hoibleagáidí GDPR maidir le sárú i ndáil le sonraí pearsanta a cuireadh in iúl agus a tharla trí chailliúint feiste stórála USB. Baineann an Fiosrúchán seo leis an bhFiosrúchán thíos maidir le BEO Solutions. D'eisigh an DPC a Dhréacht-Chinneadh an 30 Samhain 2021.

BEO Solutions: Scrúdaítear san Fhiosrúchán seo comhlíontacht BEO Solutions le hoibleagáidí GDPR maidir le sárú i ndáil le sonraí pearsanta a cuireadh in iúl agus a tharla trí chailliúint feiste stórála USB. D'eisigh an DPC a Dhréacht-Chinneadh an 30 Samhain 2021.

Banc na hÉireann: Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán seo mar fhreagra ar an líon mór sárúithe sonraí a cuireadh in iúl don DPC le linn na tréimhse ó 25 Bealtaine 2018 maidir leis an fhaisnéis a chur Banc na hÉireann ar fáil don Chlár Creidmheasa Lárnach. D'eisigh an DPC a Dhréacht-Chinneadh an 12 Eanáir 2022.

Comhar Creidmheasa Bhaile Shláine: Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán seo mar fhreagra ar shárú a cuireadh in iúl don DPC i ndáil le nochtadh neamhúdaraithe. D'eisigh an DPC a Dhréacht-Chinneadh an 22 Nollaig 2021.

Cásanna inar seoladh amach tuarascáil maidir leis an bhfiosrúchán deiridh/ráiteas maidir le saincheisteanna 2021

Comhairle Chontae Chill Dara: Breithnítear raon leathan saincheisteanna san fhiosrúchán seo a bhaineann le teicneolaíochtaí faireachais a bhí á n-úsáid ag an gComhairle.

Banc na hÉireann 365: Scrúdaítear san Fhiosrúchán seo nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an mbealach inar chuir Banc na hÉireann soláthar ar fáil do chustaiméirí áirithe BaincÉireachta 365 i ndáil le heachtraí féideartha a bhain leis an mbanc nuair a rinneadh cumrú go mícheart ar phróifíl 365 do chustaiméirí nua ar bhealach ina bhféadfadh an custaiméir sonraí pearsanta agus cuntas reatha custaiméara difriúil a rochtain trí thimpiste.

Allianz: Chuir an DPC tús leis an Fhiosrúchán seo tar éis d'Allianz 49 sárú i ndáil le sonraí pearsanta a thuairisciú idir 25 Meitheamh 2020 agus 31 Nollaig 2020. Scrúdaítear san Fhiosrúchán seo oiriúnacht bearta teicniúla agus eagraíochtúla Allianz maidir le slándáil agus cruinneas na próiseála a dhéantar ar a chuid sonraí pearsanta a chinntiú.

Centric Health: Chuir an DPC tús leis an Fhiosrúchán seo tar éis ionsaí bogearraí éirice a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar shonraí othair atá ar chóras coinní othair Centric Health.

Virtue Eldercare: Chuir an DPC tús leis an Fhiosrúchán seo tar éis sárú i ndáil le sonraí pearsanta trína raibh duine anaithnid in ann cuntas ríomhphoist a rochtain agus rialacha maidir le ríomhphoist a sheoladh ar aghaidh chuig cuntas seachtrach a shocrú suas.

Fiosrúcháin Trasteorann sa bhliain 2021

Fiosrúcháin Inar Eisíodh an Cinneadh Deiridh sa Bhliain 2021

WhatsApp Ireland Limited (WhatsApp): Trédhearcacht d'úsáideoirí agus neamhúsáideoirí

Bhain an Fiosrúchán le comhlíontacht WhatsApp ó thaobh a chuid oibleagáidí trédhearcachta i ndáil le húsáideoirí agus neamhúsáideoirí. Ina chinneadh deiridh den 20 Lúnasa 2021, ghearr an DPC fineáil de €225 milliún ar WhatsApp. Chomh maith leis sin, chuir an DPC iomardú ar WhatsApp freisin le hordú go gcuirfidh sé a phróiseáil i gcomhlíonadh trí raon bearta sonraithe feabhais a dhéanamh. Tá an cinneadh deiridh sin faoi réir ag dlíthíocht anois agus is féidir an fhaisnéis mhionsonraithe is deireanaí maidir leis na himeachtaí sin a fháil in Aguisín XX atá ar chúl na tuarascála seo.

Fiosrúcháin inar cuireadh tús le nós imeachta comhchinnteoireachta faoi Airteagal 60 den GDPR agus a bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh leis i gcónaí sa bhliain 2021

Facebook Ireland Limited (Facebook) (ar a dtugtar Meta Platforms Ireland Limited anois): 12 sárú ar shonraí

Baineann an Fiosrúchán seo leis an scrúdú atá á dhéanamh ar an méid is atá Facebook ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí faoi Airteagail 5(1)(f), 5(2), 24 agus 32 den GDPR i gcomhthéacs na sraithe de 12 sárú ar sonraí pearsanta a chuir Facebook in iúl don DPC ar dhátaí idir 7 Meitheamh 2018 agus 4 Nollaig 2018. Scaip an DPC a dhréacht-chinneadh maidir leis na ábhair ar údarais mhaoirseachta AE eile a raibh imní orthu, an 18 Lúnasa 2021, chun críche an phróisis comhchinnteoireachta a bhfuil breac-chuntas

tugtha ina leith in Airteagal 60 den GDPR. Mar fhreagra, d'ardaigh na húdarais mhaoirseachta sa Pholainn agus i Hamburg agóidí. Amhail deireadh na bliana 2021, bhí an DPC i dteagmháil leis na húdarais mhaoirseachta seo chun iarracht dhéanamh comhthoil a bhaint amach maidir le saincheisteanna atá ag eascairt i gcomhthéacs a gcuid agóidí.

Facebook Ireland Limited (Facebook) (ar a dtugtar Meta Platforms Ireland Limited anois): próiseáil sonraí leanaí trí sheirbhís Instagram atá á fheidhmiú ag Facebook

Baineann an Fiosrúchán seo le próiseáil atá Facebook a dhéanamh ar sonraí pearsanta ábhartha leanaí i gcomhthéacs seirbhís líonraithe shóisialta Instagram, a bhaineann go háirithe le feidhmiú “cuntais gnó” ag leanaí agus réamshocraithe áirithe a cuireadh i bhfeidhm maidir le cuntais leanaí. Seoladh dréacht-chinneadh maidir leis an Fhiosrúchán seo chuig údarais mhaoirseachta eile a raibh imní orthu, an 3 Nollaig 2021 chun críche an phróisis comhchinnteoireachta a dtugtar breac-chuntas ina leith in Airteagal 60 den GDPR. Amhail deireadh na bliana 2021 bhí an DPC ag feitheamh ar aon ráitis nó ar aon agóidí ó údarais mhaoirseachta eile (nach mór a ardú laistigh d'aon (1) mhí amháin) maidir leis an dréacht-chinneadh.

Facebook Ireland Limited (Facebook) (ar a dtugtar Meta Platforms Ireland Limited anois): gearán a fuarthas ó NOYB a bhaineann le seirbhís Facebook

Baineann an Fiosrúchán seo atá bunaithe ar ghearán leis an mbunús dlí a bhfuil Facebook ag brath air chun sonraí pearsanta úsáideoirí a ardáin a phróiseáil agus saincheisteanna áirithe a bhaineann le faisnéis trédhearcachta a sholáthraíonn Facebook dá chuid úsáideoirí. Seoladh dréacht-chinneadh maidir leis an Fhiosrúchán seo chuig údarais mhaoirseachta eile a raibh údar imní acu an 6 Deireadh Fómhair 2021 chun críche an phróisis comhchinnteoireachta a dtugtar breac-chuntas ina leith in Airteagal 60 den GDPR. Amhail deireadh na bliana 2021, bhí próiseas Airteagal 60 ar siúl ag leibhéal EDPB, agus bhí líon agóidí faighte ó údarais mhaoirseachta eile.

Fiosrúchán lenar tugadh cuireadh do na páirtithe ábhartha aighneachtaí a chuir faoi bhráid i ndáil le réamhdhréacht-chinneadh le linn na bliana 2021

Facebook Ireland Limited (Facebook) (ar a dtugtar Meta Platforms Ireland Limited anois): gearán a fuarthas ó NOYB a bhaineann le seirbhís Instagram atá a fheidhmiú ag Facebook

Baineann an Fiosrúchán seo atá bunaithe ar ghearán leis an mbunús dlí a bhfuil Facebook ag brath air chun sonraí pearsanta úsáideoirí a ardáin Instagram a phróiseáil agus saincheisteanna áirithe a bhaineann le faisnéis trédhearcachta a sholáthraítear d'úsáideoirí Instagram. Chuir imscrúdaitheoir an DPC an tuarascáil deiridh maidir leis an bhfiosrúchán ar fáil do na páirtithe an 18 Eanáir 2021. Ina dhiaidh sin, eiseoidh cinnteoir an DPC réamhdhréacht-chinneadh do na páirtithe ar mhaithe lena gcuid aighneachtaí ar an ábhar sin an 23 Nollaig 2021.

WhatsApp Ireland Limited (WhatsApp): gearán a fuarthas ó NOYB

Baineann an Fiosrúchán seo atá bunaithe ar ghearán leis an mbunús dlí a bhfuil WhatsApp ag brath air chun sonraí pearsanta úsáideoirí a ardáin a phróiseáil agus saincheisteanna áirithe a bhaineann le faisnéis trédhearcachta a sholáthraíonn WhatsApp dá chuid úsáideoirí. Chuir imscrúdaitheoir an DPC an tuarascáil deiridh maidir leis an bhfiosrúchán ar fáil do na páirtithe an 18 Eanáir 2021. Ina dhiaidh sin, eiseoidh cinnteoir an DPC réamhdhréacht-chinneadh do na páirtithe ar mhaithe lena gcuid aighneachtaí ar an ábhar sin an 23 Nollaig 2021.

Facebook Ireland Limited (Facebook) (ar a dtugtar Meta Platforms Ireland Limited anois): Fiosrúchán féintoilthe agus Fiosrúchán gearán-bhunaithe (gearánach: Max Schrems) a bhaineann le dlíthiúlacht aistrithe sonraí Facebook chuig na Stáit Aontaithe

Baineann na fiosrúcháin seo le scrúdú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht aistrithe sonraí ón AE go dtí na Stáit Aontaithe, ar thug Facebook faoi. Baineann an Fiosrúchán féintoilthe le

haistrithe sonraí den sórt sin go ginearálta mar go mbaineann siad le sonraí pearsanta úsáideoirí Facebook agus baineann an Fiosrúchán gearán-bhunaithe le gearán a rinne Max Schrems i gcoinne Facebook. Eisíodh réamhdhréacht-chinneadh do Facebook i mí Lúnasa 2020 trí thús a chur le Fiosrúchán féintoilthe. Cuireadh bac ar imeachtaí (ar fionraí) an Fhiosrúcháin sin i mí Meán Fómhair 2020 i gcomhthéacs imeachtaí d'athbhreithniú breithiúnacha ar leithligh ag Facebook agus ag Max Schrems araon i gcoinne an DPC. Tar éis gníomhartha an dá athbhreithniú breithiúnach a thabhairt chun críche, thosaigh an Fiosrúchán féintoilthe arís i mí na Bealtaine 2021 agus cuireadh tús freisin le fiosrúchán gearán-bhunaithe ar leithligh a bhain le gearán Max Schrems. Tá na Fiosrúcháin seo ag leanúint ar aghaidh i gcomhar le chéile agus tá aighneachtaí cuimsitheachta faighte maidir leis an dá Fhiosrúchán le linn na bliana 2021.

(Féach freisin 'Breithiúnais a tugadh sa bhliain 2021' sa chaibidil ar Dhlíthiocht le hachóimre a fháil maidir leis an dá shraith imeachtaí agus a gcuid torthaí; féach freisin an achoimre mionsonraithe de bhreithiúnas na hArd-Chúirte a tugadh i mí na Bealtaine 2021 sa chaingean athbhreithniú breithiúnach a thóg Facebook i gcoinne an DPC in Aguisín XX ar chúl na tuarascála seo).

Google Ireland Limited (Google): Fiosrúchán maidir le sonraí suímh

Fuair an DPC líon gearáin ó Eagraíochtaí Tomhaltóirí éagsúla ar fud an AE, inar ardaíodh údar imní maidir le próiseáil sonraí suímh ag Google. Bhain na saincheisteanna a ardaíodh laistigh de na húdair imní seo le dlíthiúlacht na próiseála a bhí á dhéanamh ag Google ar shonraí suímh agus trédhearcacht na próiseála sin. Dá réir sin, chuir an DPC tús le Fiosrúchán Reachtóil féintoilthe, maidir le Google Ireland Limited, de bhun Alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus de réir na meicníochta comhoibríoch a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith in Airteagal 60 den GDPR. Bhí sé i gceist leis an Fhiosrúchán a fháil amach cibé a raibh bunús dlí bailí maidir le próiseáil a dhéanamh ar shonraí suímh a chuid úsáideoirí ag Google agus cibé a raibh a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh ag Google i ndáil le trédhearcacht. Cuireadh réamhdhréacht-chinneadh an DPC ar fáil do Google an 17 Nollaig 2021 ar mhaithe lena chuid aighneachtaí.

Fiosrúchán lenar tugadh cuireadh do pháirtí/páirtithe ábhartha aighneachtaí a chuir faoi bhráid i ndáil le ráiteas maidir le saincheisteanna nó tuarascáil maidir le fiosrúchán le linn na bliana 2021

Google Ireland Limited (Google): córas maidir le tairiscint fíor-ama (adtech)

Baineann an Fiosrúchán seo le próiseáil a rinne Google i gcomhthéacs feidhmiú a chóras teicneolaíochta fógraíochta maidir le tairiscint fíor-ama "Ceannaitheoirí Ceadaithe" dílsithe. Scrúdaítear san Fhiosrúchán comhlíontacht Google lena chuid oibleagáid mar rialaitheoir, lena n-áirítear, maidir leis an mbunús dlí a raibh Google ag brath air don phróiseáil a rinneadh, a bhailiúchán agus na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil aige chomh maith le trédharcacht na faisnéise a sholáthraítear do na hábhair sonraí. Soláthraíodh Ráiteas maidir le Saincheisteanna do Google ina leagtar amach ábhair fhíorasacha agus saincheisteanna ábhartha lena gcinneadh maidir lena chuid aighneachtaí an 24 Nollaig 2021.

Facebook Ireland Limited (Facebook) (ar a dtugtar Meta Platforms Ireland Limited anois): camchóipeáil sonraí

I mí Aibreáin 2021, léiríodh i dtuarascálacha ilmheáin go raibh tacar sonraí a bhí curtha i dtoll a chéile de shonraí pearsanta úsáideoirí Facebook curtha ar fáil ar líne a bhain le thart ar 533 milliún úsáideoir de chuid Facebook ar fud an domhain. Mar thoradh air sin, cuireadh tús le Fiosrúchán i mí Aibreáin 2021 agus táthar ag leanúint ar aghaidh leis an Fhiosrúchán sin i láthair na huaire. Soláthraíodh Ráiteas maidir le Saincheisteanna do Facebook an 10 Nollaig 2021 le haghaidh aighneachtaí.

Quantcast Ireland Limited (Quantcast): seirbhís adtech

Baineann an Fiosrúchán seo le próiseáil sonraí pearsanta atá á dhéanamh ag Quantcast i gcomhthéacs seirbhísí a chuireann Quantcast ar fáil do chliaint fógraíochta chun seachadadh fógraíochta spriocdhírthe a chumasú. Táthar ag déanamh scrúdú san Fhiosrúchán seo ar an mbunús dlí a bhfuil Quantcast ag brath air dá chuid próiseála ar shonraí pearsanta chun críoche

gníomhaíochtaí próifíle agus fógraíochta spriocdhírthe, cibé an bhfuil coinneáil na sonraí pearsanta atá i seilbh Quantcast ag comhlíonadh oibleagáidí íoslghdaithe sonraí agus teorainneacha stórála agus cibé an bhfuil a chuid oibleagáidí trédharcachta á gcomhlíonadh aige maidir leis na hábhair sonraí. Eisíodh Ráiteas maidir le Saincheisteanna ina leagtar amach ábhair fhíorasacha agus saincheisteanna ábhartha lena gcinneadh maidir lena chuid aighneachtaí an 13 Nollaig 2021.

LinkedIn Ireland Unlimited Company (LinkedIn): gearán a rinne La Quadrature du Net

Baineann an Fiosrúchán seo le gearán a rinne La Quadrature du Net maidir le dlíthiúlacht próiseála sonraí pearsanta úsáideoirí sheirbhíse LinkedIn a rinne LinkedIn ar mhaithe le fógraíocht spriocdhírthe agus/nó anailís iompraíochta. Soláthraíodh Ráiteas maidir le Saincheisteanna do LinkedIn ina leagtar amach ábhair fhíorasacha agus saincheisteanna ábhartha lena gcinneadh an 14 Iúil 2021 agus fuarthas aighneachtaí maidir leis an doiciméad sin ina dhiaidh sin. Amhail deireadh na bliana 2021, bhí ullmhúchán do réamhdhréacht-ráiteas ar siúl.

Facebook Ireland Limited (Facebook) (ar a dtugtar Meta Platforms Ireland Limited anois): gearán a rinne La Quadrature du Net

Baineann an Fiosrúchán seo le gearán a rinne La Quadrature du Net maidir le dlíthiúlacht próiseála sonraí pearsanta úsáideoirí sheirbhíse Facebook ar mhaithe le fógraíocht spriocdhírthe agus/nó anailís iompraíochta. Cuireadh dréacht-thuarascáil fiosrúcháin ar fáil do Facebook an 6 Nollaig 2021 agus fuarthas aighneachtaí maidir leis an doiciméad sin ina dhiaidh sin. Amhail deireadh na bliana 2021, bhí ullmhúchán chun an tuarascáil Fiosrúcháin a thabhairt chun críche ar siúl.

Facebook Ireland Limited (Facebook) (ar a dtugtar Meta Platforms Ireland Limited anois): saincheisteanna maidir le fógra maidir le sonraí pearsanta a shárú

Baineann an Fiosrúchán seo le comhlíontacht Facebook le hoibleagáidí fógra a thabhairt maidir le sonraí pearsanta a shárú a eascraíonn faoi Airteagal 33 den GDPR maidir le fógra a thabhairt don DPC maidir le sárú sonraí a tharla i Meán Fómhair 2018 agus a raibh tionchar aige ar dhearbháin úsáideoirí Facebook. Cuireadh dréacht-thuarascáil fiosrúcháin ar fáil do Facebook an 6 Bealtaine 2021 agus fuarthas aighneachtaí maidir leis an doiciméad sin ina dhiaidh sin. Amhail deireadh na bliana 2021, bhí ullmhúchán chun an tuarascáil Fiosrúcháin a thabhairt chun críche ar siúl.

Facebook Ireland Limited (Facebook) (ar a dtugtar Meta Platforms Ireland Limited anois): pasfhocail atá stóráilte i ngnáth-théacs

Baineann an Fiosrúchán seo le cibé ar chomhlíon Facebook a chuid oibleagáidí faoin GDPR, go háirithe, maidir le slándáil na próiseála, ó thaobh eachtra slándála a tharla i dtús na bliana 2019 nuair a stóráladh pasfhocail úsáideoirí i ngnáth-théacs trí thimpiste ar chórais inmheánacha Facebook. Cuireadh dréacht-thuarascáil fiosrúcháin ar fáil do Facebook an 24 Meitheamh 2021 agus fuarthas aighneachtaí maidir leis an doiciméad sin ina dhiaidh sin. Amhail deireadh na bliana 2021, bhí ullmhúchán chun an tuarascáil Fiosrúcháin a thabhairt chun críche ar siúl.

Apple Distribution International (Apple): gearán a rinne La Quadrature du Net

Baineann an Fiosrúchán seo le gearán a rinne La Quadrature du Net maidir le dlíthiúlacht próiseála sonraí pearsanta úsáideoirí sheirbhíse Apple ar mhaithe le fógraíocht spriocdhírithé maidir le “Aitheantóir Fógraíochta” uathúil Apple. Cuireadh dréacht-thuarascáil fiosrúcháin ar fáil d’Apple maidir lena chuid aighneachtaí an 6 Lúnasa 2021 agus fuarthas aighneachtaí maidir leis an doiciméad sin ina dhiaidh sin. Ag leanúint as sin, tugadh tuarascáil an Fhiosrúcháin deiridh chun críche agus cuireadh an tuarascáil ar fáil d’Apple agus do chinnteoir an DPC an 7 Nollaig 2021. Amhail deireadh na bliana 2021, bhí an Fiosrúchán imithe chun cinn go dtí an chéim chinnteoireachta.

Twitter International Limited (Twitter): 5 shárú

Baineann an Fiosrúchán seo le scrúdú ar an méid a bhfuil a chuid oibleagáidí faoi GDPR á gcomhlíonadh ag Twitter i ndáil le líon sárúithe ar shonraí pearsanta ar thug Twitter fógra don DPC maidir leo idir míonna Lúnasa agus Deireadh Fómhair 2018. Táthar i mbun scrúdaithe san Fhiosrúchán ar chomhlíontacht Twitter le hAirteagail 5, 2 4, 25, 32, agus 33 i gcomhthéacs tarluithe na sárúithe sin. Tugadh Tuarascáil an Fhiosrúcháin seo chun críche agus cuireadh an tuarascáil ar aghaidh chuig cinnteoir an DPC i mí na Samhna 2021. Amhail deireadh na bliana 2021, bhí an Fiosrúchán imithe chun cinn go dtí an chéim chinnteoireachta.

Yahoo (Oath EMEA Ltd/Verizon Media EMEA Ltd roimhe seo) (Yahoo): Trédhearcacht

Baineann an Fiosrúchán seo le scrúdú a dhéanamh ar chomhlíontacht Yahoo leis na ceanglais chun faisnéis trédhearcach a sholáthar do na hábhair

sonraí faoi fhorálacha Airteagail 12-14 den GDPR. Bhí scrúdú leathan i gceist leis an Fhiosrúchán seo i ndáil leis an fhaisnéis a chuirtear ar fáil d’úsáideoirí ar airíonna ar líne Yahoo, agus anailís ar gach nochtadh príobháideach, chun a fháil amach cibé a ndearnadh sárú ar na ceanglais trédhearcachta tábhachtacha seo. Cuireadh Ráiteas maidir le Saincheisteanna ar fáil do Yahoo inar leagadh amach na hábhair agus na saincheisteanna fíorasacha ábhartha lena gcinneadh dá gcuid aighneachtaí i mí Meán Fómhair 2021 agus fuarthas aighneachtaí maidir leis an doiciméad sin ina dhiaidh sin. Amhail deireadh na bliana 2021, bhí ullmhú réamhdhréacht-chinneadh ar siúl.

MTCH Technology Services Limited (MTCH): Ardán Tinder

Cuir an DPC tús le Fiosrúchán féintoilthe maidir le MTCH, tar éis líon gearáin den chineál céanna a fháil ó dhaoine aonair in Éirinn agus ar fud an AE. Bhain na saincheisteanna a aithníodh sna gearáin leis an bpróiseáil a bhí MTCH a dhéanamh ar shonraí pearsanta úsáideoirí ó thaobh ardán Tinder, faisnéis trédhearcach maidir leis an bpróiseáil sin agus comhlíontacht na cuideachta lena chuid oibleagáidí a eascraíonn ó chearta na n-ábhar sonraí a fheidhmiú. Táthar ag déanamh scrúdú san Fhiosrúchán seo ar cibé an bhfuil bunús dlí ag MTCH do phróiseáil leanúnach sonraí pearsanta a chuid úsáideoirí agus cibé an bhfuil a chuid oibleagáidí mar rialaitheoir sonraí á gcomhlíonadh ag MTCH ó thaobh faisnéis trédhearcach agus freagairt d’éilimh chearta na n-ábhar sonraí. Cuireadh Ráiteas maidir le Saincheisteanna ar fáil do MTCH dá chuid aighneachtaí i mí Deireadh Fómhair 2021 agus fuarthas aighneachtaí maidir leis an doiciméad sin ina dhiaidh sin. Amhail deireadh na bliana 2021, bhí ullmhú réamhdhréacht-chinneadh ar siúl.

Facebook Ireland Limited (Facebook) (ar a dtugtar Meta Platforms Ireland Limited anois): Sárúithe ar Shonraí Pearsanta a bhfuil tionchar acu ar Úsáideoirí Dearbháin Facebook

Baineann an Fiosrúchán seo le scrúdú a dhéanamh ar cibé ar chomhlíon Facebook a chuid oibleagáidí maidir leis an GDPR ó thaobh bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm agus cosaint sonraí trí dhearadh agus réamhshocrú chun sonraí pearsanta a chuid úsáideoirí a choinneáil slán agus a chosaint ó thaobh sárú sonraí a tharla i Meán Fómhair 2018 agus a raibh tionchar ag an sárú sin ar úsáideoirí dearbháin Facebook. Eisíodh tuarascáil Fiosrúcháin don rialaitheoir i mí na Samhna 2021 le haghaidh aighneachtaí.

Fiosrúcháin ar cuireadh tús leo / atá ag an gcéim imscrúdaithe le linn na bliana 2021

Tiktok Technology Limited (Tiktok): bearta maidir le húsáideoirí faoi 18 bliana d'aois

Baineann an Fiosrúchán seo le comhlíontacht TikTok le cosaint sonraí an GDPR trí cheanglais deartha agus réamhshocraithe mar a bhaineann siad le sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs socrúcháin ardáin d'úsáideoirí faoi 18 bliana d'aois agus le bearta fíoraithe aoise do dhaoine faoi 13 bliana d'aois. Táthar i mbun scrúdaithe freisin ar cibé a raibh TikTok ag comhlíonadh oibleagáidí trédhearcachta an GDPR i gcomhthéacs próiseáil sonraí pearsanta úsáideoirí faoi 18 bliana d'aois. Cuireadh tús leis an Fhiosrúchán an 14 Meán Fómhair 2021 agus amhail deireadh na bliana 2021 bhíothas ag leanúint ar aghaidh leis an gcéim imscrúdaithe den Fhiosrúchán.

Tiktok Technology Limited (Tiktok): aistrithe sonraí ón AE don tSín

Baineann an Fiosrúchán seo le haistriú sonraí pearsanta úsáideoirí a ardáin ón AE chun na Síne ag Tiktok agus cibé an bhfuil ceanglais faoi Chuid V den GDPR i ndáil le haistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta chuig tríú tíortha á gcomhlíonadh ag Tiktok. Táthar i mbun scrúdaithe san Fhiosrúchán freisin cibé an bhfuil Tiktok ag comhlíonadh le hoibleagáidí trédhearcachta d'úsáideoirí sa mhéid is a bhaineann sé le haistrithe sonraí. Cuireadh tús leis an Fhiosrúchán an 14 Meán Fómhair 2021 agus amhail deireadh na bliana 2021 bhíothas ag leanúint ar aghaidh leis an gcéim imscrúdaithe den Fhiosrúchán.

Dréacht-Chinntí Fiosrúcháin a bhfuil iarmhairtí acu ar na húdaráis Mhaoirseachta Eorpacha go léir Authorities

Ar mhaithe le leas a bhaint as meicníocht ionad ilfhreastail (OSS), ní mór go mbunóidh eagraíocht ilnáisiúnta a cheanncheathrú i gceann de bhallstáit an AE. Sa chás ina gcomhlíontar an critéir seo, beidh ar chumas na heagraíochta leas a bhaint as an OSS agus cinneadh a dhéanamh déileáil go díreach le húdarás maoirseachta na tíre ina bhfuil a ceanncheathrú lonnaithe (a chiallaíonn go bhfuil an t-údarás maoirseachta mar Phríomhúdarás Maoirseachta – nó LSA- don eagraíocht sin). Tá feidhm leis seo fiú i gcásanna ina dtarlaíonn an sárú nó an gearán i mballstát difriúil. Ar an lámh eile, má tá oibríochtaí ag eagraíocht ilnáisiúnta i dhá bhallstát nó níos mó de chuid an AE, ach nach bhfuil Ceanncheathrú Eorpach bunaithe ag an eagraíocht, ní féidir leis an eagraíocht sin leas a bhaint as an OSS agus ní mór dóibh déileáil go díreach leis na húdaráis mhaoirseachta aonair do gach aon tír ina bhfuil an eagraíocht ag feidhmiú.

Sa chás go bhfuil an OSS ag feidhmiú, na mór dréachtchinneadh Fiosrúchán an Phríomhúdaráis Mhaoirseachta a chomhroinnt leis na húdaráis Mhaoirseacht (CSAnna) eile go léir, san áit a bhfuil an Fiosrúchán ag feidhmiú, trí phróiseas Airteagal 60. I 2021, comhroinneadh 11 Dréachtchinneadh Fiosrúchán le gach aon údarás de 31 Údarás Maoirseachta AE sa chás gur mheas an LSA dréachtaithe gur chomhlíon an tÚdarás Maoirseachta lena mBaineann an critéar. Níor ardaigh an DPC agóidí maidir le haon cheann de na 7 Dréachtchinneadh Fiosrúcháin. Léirítear briseadh síos ar na dréachtchinntí sa ghraf thíos.

Airteagal 60 Dréacht-Chinntí scaipthe ag DPAanna an AE in 2021 nuair a breithníodh gach DPA mar CSAanna



<p>Éire Seoladh 6 Dhréachtchinneadh chuig gach CSA</p>	<p><i>Instagram; Facebook; Facebook (NOYB); Facebook (12 Breaches) WhatsApp**</i></p>
<p>Poblacht na Seice Seoladh 2 Dhréachtchinneadh chuig gach CSA</p>	<p><i>Avast Software; Skoda Motors</i></p>
<p>An Pholainn Seoladh 1 Dhréachtchinneadh chuig gach CSA</p>	<p><i>Rialtóir sonraí 1*</i></p>
<p>An Ísiltír Seoladh 3 Dhréachtchinneadh chuig gach CSA</p>	<p><i>Rialtóir sonraí 1*; Rialtóir sonraí 2*; Rialtóir sonraí 3*</i></p>
<p>Lucsamburg Seoladh 1 Dhréachtchinneadh chuig gach CSA</p>	<p><i>Amazon</i></p>

* Féadfaidh na dlíthe Náisiúnta sna ballstáit seo cosc a chur ar ainmniú na rialtóirí sonraí lena mbaineann.

** Roinn an CCS an cinneadh WhatsApp a tugadh chun críche in 2021.

Dréachtchinneadh Fiosrúcháin DPC na hÉireann amhail Airteagal 60

I 2021, chuir an DPC 4 **dhréachtchinneadh ar mhórscála** ar aghaidh – a bhaineann le heagraíochtaí ilnáisiúnta le hoibríochtaí i ngach ballstát de chuid an AE – sa chás gur chomhlíon gach aon cheann de na 31 Údarás Maoirseachta Eorpach an tairseach a chuimsíonn Údarás Maoirseachta lena mBaineann.

Mar chuid de phróiseas Airteagal 60, tugtar an deis do CSAanna agóidí réasúnacha agus ábhartha a thaisceadh in aghaidh an dréachtchinnte. Ní mór don LSA géilleadh d'agóid ansin nó diúltú agóid a ionchorprú ar an mbunús go bhfuil an agóid do-oibrithe de réir an dlí nó contrátha le hagóid atá taiscthe ag CSA eile. Sa chás nach mbíonn ar chumas an LSA agóid a ionchorprú mar gheall ar na cúiseanna seo – agus nach bhfuil an CSA claonta a n-agóid a tharraingt siar – ní mór an dréachtchinneadh a chur ar aghaidh chuig Airteagal 65 (Réiteach Díospóide).

As na sé cinn de dhréachtchinnntí Fiosrúcháin ar mhór-scála a sheol an DPC ar aghaidh amhail deireadh na bliana 2021, tá péire acu curtha tríd chuig Airteagal 65 Réiteach Díospóide agus tá agóidí lóisteáilte in aghaidh an choda eile. Sa chás nach mbíonn ar chumas an DPC agóid a ionchorprú – agus nach ngéilleann an CSA ábhartha a n-agóid a tharraingt siar – ní mór an chuid eile de na dréachtchinnntí a sheoladh ar aghaidh chuig Airteagal 65. Léirítear sa tábla thíos an áit inar lóisteáladh agóidí i ngach cás:

Cinntí an CCS mar LSA								
	Twitter	WhatsApp	Instagram	Facebook	Facebook (NOYB)	Facebook (12 Sárú)	Ryanair	Groupon
An Ostair	✗	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓
An Bheilg	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Bhulgáir	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Chróit	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Chipir	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Poblacht na Seice	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
EDPS	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Eastóin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Fhionlainn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Fhrainc	✓	✓	✗	✓	✗	✓	✓	✓
An Ghearmáin*	✗	✗	✗	✓	✗	✓	✓	✓
An Ghréig	✗	✗	✗	✓	✗	✗	✗	✗
An Ungáir	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Éire	✗	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Iodáil	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Laitvia	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Liotuáin	✗	✗	✗	✗	✗	✓	✓	✓
Lucsamburg	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Málta	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Ísiltír	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Pholainn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Phortaingéil	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Rómáin	✗	✗	✗	✓	✗	✓	✓	✓
An tSlóvaic	✓	✓	✗	✗	✗	✓	✓	✓
An tSlóivéin	✓	✗	✓	✗	✗	✗	✗	✗
An Spáinn	✓	✗	✓	✗	✗	✓	✗	✓
An tSualainn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Íoslainn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Lichtinstéin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Iorua	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Sweden	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓

*Sa chás seo d'ainmnigh an Ghearmáin an DPA Feidearálach agus gach DPA Lander

✗ Rinneadh Agóid ✓ Aontaithe

9

Smachtbhannaí agus Beartha Ceartaitheacha Suntasacha

Cinntí faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018

Cinneann an DPC, de bhun fiosrúcháin reachtúla, cé acu a tharla nó nár tharla sárúithe ar shonraí pearsanta. Áirítear leis na fiosrúcháin reachtúla seo fiosrúcháin dá dtoil féin agus fiosrúcháin de bhun gearáin. I gcás ina n-aimsítear sárúithe, déanann an cinnteoir cinneadh freisin faoi cibé ar chóir cumhacht cheartaitheach a fheidhmiú, agus dá mba chóir, an chumhacht cheartaitheach/na cumhachtaí ceartaitheacha atá le feidhmiú.

I gcás ina ndéanann an DPC cinneadh fíneáil riaracháin a ghearradh, agus i gcás nach ndéantar achomharc in aghaidh an chinnidh sin, ní mór don DPC iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair chuig an gCúirt Chuarda chun dearbhú a fháil maidir leis an gcinneadh fíneáil riaracháin a ghearradh de bhun Alt 143(1) DEN Acht um Chosaint Sonraí 2018. Foráiltear le hAlt 143(2) go ndearbhóidh an Chúirt Chuarda an cinneadh mura bhfeictear cúis mhaith gan sin a dhéanamh. Déantar gach fíneáil DPC a chur ar ais chuig an Stáchtiste ar iad a fháil i gcomhréir le hAlt 141(7) den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Chuir an DPC smachtbhannaí i leith fíneálacha agus bearta ceartaitheacha i bhfeidhm sna cásanna seo a leanas sa bhliain 2021

Eagraíochtaí	Eisíodh an Cinneadh
Biúró Creidmheasa na hÉireann DAC	23-Mar-21
WhatsApp Ireland Ltd	28-Jul-21
MOVE Ireland	20-Aug-21
An Chomhairle Mhúinteoireachta	02-Dec-21
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	09-Dec-21

Smachtbhannaí a chuir an DPC i bhfeidhm sa bhliain 2021

Biúró Creidmheasa na hÉireann – Márta 2021

I mí an Mhárta 2021, d'eisigh an DPC cinneadh i leith Biúró Creidmheasa na hÉireann (ICB) maidir le sárú ar shonraí pearsanta a chuir Biúró Creidmheasa na hÉireann in iúl don DPC. Tá an ICB ina gníomhaireacht tagartha creidmheasa a choinníonn bunachar sonraí maidir le feidhmíocht comhaontaithe creidmheasa idir institiúidí airgeadais agus iasachtaithe. Tharla an sárú ar shonraí pearsanta nuair a chuir an ICB athrú cóid i bhfeidhm ina bhunachar sonraí ina raibh earráid theicniúil. Dá bharr sin, idir an 28 Meitheamh 2018 agus an 30 Lúnasa 2018, ba go míchruinn a nuashonraigh bunachar sonraí an ICB na taifid a bhain le 15,120 cuntas dúnta. Ina dhiaidh sin, nocht an ICB 1,062 taifead cuntais mhíchruinn d'institiúidí airgeadais nó ábhair sonraí sular cuireadh an fhadhb i gceart. Luadh sna taifid chuntais mhíchruinne ar fad a nochtadh d'institiúidí airgeadais gur dúnadh na cuntais ag tráth níos déanaí ná an tráth ar dúnadh iad i ndáiríre, ach níor mhíshonraigh ceann ar bith go raibh iarmhéid gan íoc ar an gcuntas ábhartha.

Fuair an DPC amach ina chinneadh gur sháraigh an ICB Airteagal 25(1) den GDPR toisc nár cuireadh bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm d'fhonn an prionsabal maidir le cruinneas a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach agus na cosaintí riachtanacha a thabhairt isteach sa phróiseáil chun riachtanais an GDPR a chomhlíonadh agus cearta ábhair sonraí a chosaint. Chomh maith leis sin, fuair an DPC amach gur sháraigh an ICB Airteagal 5(2) agus 24(1) den GDPR toisc nár léiríodh comhlíonadh maidir leis an oibleagáid atá air, de bhun Airteagal 25(1) den GDPR, tabhairt faoi thástáil chuí maidir le hathruithe a moladh i leith a bhunachar sonraí.

Ina chinneadh, chuir an DPC fíneáil riaracháin i bhfeidhm ar an ICB arbh ionann an tsuim agus €90,000 i ndáil le sárúithe agus tugadh iomardú don ICB freisin maidir leis na sárúithe.

WhatsApp – Lúnasa 2021

I mí Lúnasa 2021, ghearr an DPC fíneáil €225 milliún ar WhatsApp, mar thoradh ar fhiosrúchán a rinneadh maidir le soláthar faisnéise WhatsApp agus trédhearcacht na faisnéise sin, do dhaoine a úsáideann seirbhís WhatsApp agus daoine nach n-úsáideann seirbhís WhatsApp araon.

Chomh maith le fíneáil riaracháin a ghearradh, chuir an DPC iomardú i bhfeidhm mar aon le hordú a thabhairt do WhatsApp a phróiseáil a chur i gcomhréir trí réimse bearta leasúcháin a dhéanamh.

Is féidir teacht ar nuashonrúchán níos leitheadaí maidir le cinneadh an DPC i ndáil le WhatsApp i mí Mheán Fómhair 2021 sna hAguisíní ar chúl na tuarascála seo.

MOVE Ireland – Lúnasa 2021

I mí Lúnasa 2021, d'eisigh an DPC cinneadh i leith MOVE Ireland (MOVE) maidir le sárú ar shonraí pearsanta a chuir MOVE in iúl don DPC. Tá MOVE ina charthanas cláraithe, a oibríonn sa réimse maidir le foréigean baile, agus a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le sábháilteacht agus folláine ban agus a leanáí atá ag déileáil, nó a bhí ag déileáil, le foréigean/drochíde i ndlúthchaidreamh. Cuireann MOVE é sin i gcrích trí éascaíocht a dhéanamh ar rannpháirtithe fireanna i ngrúpsheisiúin sheachtainiúla ina spreagann éascaitheoir iad freagracht a ghlacadh as a bhforéigean agus a meon agus a n-iompraíocht a athrú. Bhain an sárú ar shonraí pearsanta atá i gceist le hocht gCárta SD déag a cailleadh a bhféadfadh taifid bheith iontu de ghrúpsheisiúin de chuid chlár MOVE. Cé go rabhthas ag díriú ar na seisiúin bheith á gcur ar fáil ag éascaitheoirí agus na grúpsheisiúin á dtairfeadh, agus cé nach bhféadfadh MOVE é a dheimhniú go deifnídeach, d'fhéadfadh sé go bhfacthas nó gur chualathas roinnt de na rannpháirtithe sna taifid; chomh maith leis sin, d'fhéadfadh nochtadh maidir le hiompraíochtaí, mothúcháin agus dearcthaí i leith páirtithe nó iarpháirtithe, nó i leith baill teaghlaigh eile agus cairde, a d'fhéadfadh bheith ainmnithe ag na rannpháirtithe, bheith sna Cártaí SD. Chuir MOVE in iúl don DPC go bhféadfadh an sárú seo ar shonraí pearsanta bheith ag baint le idir 80 agus 120 fear agus le héascaitheoir amháin ar a laghad in aghaidh gach seisiúin a taifeadh.

Ina chinneadh, d'aithin an DPC gur sháraigh MOVE Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) den GDPR toisc nár cuireadh bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí

i bhfeidhm chun leibhéal slándála a chinntiú atá oiriúnach don riosca a bhain lena phróiseáil trí ghrúpsheisiúin a thaifeadh ar Chártaí SD ina raibh sonraí pearsanta rannpháirtithe agus éascitheoirí. Chuir an DPC fineáil riaracháin a bhfeidhm ar MOVE arbh ionann é agus €1,500 i ndáil leis na sárúithe.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh - Nollaig 2021

I mí na Nollag 2021, d'eisigh an DPC cinneadh maidir le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (an Chomhairle) i gceann amháin de líon fiosrúcháin dá dtoil féin ar thug sé faoi maidir le húdaráis áitiúla. Sna fiosrúcháin seo, cuirtear réimse leathan saincheisteanna san áireamh a bhaineann le teicneolaíochtaí faireachais a úsáideann údaráis Stáit. Is trí iniúchadh faoi Alt 136 den Acht um Chosaint Sonraí a rinneadh an fiosrúchán sa chás seo ar dtús.

Ina chinneadh, d'aithin an DPC go raibh roinnt córais CCTV a bhí á bhfeidhmiú ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh neamhdhleathach. Chun an cinneadh seo a bhaint amach, rinne an DPC mionanailís ar na bunúis dlí a chuir an Chomhairle chun cinn maidir le próiseáil sonraí pearsanta a bhain le ceamaraí CCTV a úsáid chun críocha trácht a bhainistiú. D'aithin an DPC nár chomhlíon na bunúis dlí na riachtanais maidir le soiléireacht, cruinneas agus intuarthacht agus go raibh córais CCTV eile chun críche cionta a dhíspreagadh, a chosc, a bhrath agus a ionchúiseamh neamhdhleathach in éagmais údaráithe ó Choimisinéir na nGardaí faoi Alt 38 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

Ina chinneadh, rinne an DPC cinntí áirithe maidir le breis agus 40 saincheist, lena áiríodh cinntí maidir le sárú ar an GDPR i ndáil leis an úsáid a bhain an Chomhairle as teicneolaíocht uathaitheanta uimhirphlátaí agus dróin ina áiteanna poiblí, a úsáideadh chun críocha coireanna a ionchúiseamh agus chun críocha eile. Chomh maith leis sin, d'aithin an DPC gur sháraigh an Chomhairle Airteagal 15 den GDPR trí dhiúltú d'iarraí ar rochtain ó ábhair sonraí i ndáil le ceamaraí CCTV a úsáideadh chun críocha trácht a bhainistiú, nár chomhlíon sí a hoibleagáidí trédhearcachta faoi Airteagal 13 mar gheall nár cuireadh comharthaíocht in airde maidir lena hoibríochtaí próiseála CCTV, agus gur sháraigh sí Airteagal 12 den GDPR toisc gur theip uirthi a Beartas CCTV a dhéanamh níos inrochtana agus níos trédhearcaí.

Ina chinneadh, chuir an DPC cosc sealadach ar phróiseáil sonraí pearsanta na Comhairle i ndáil le ceamaraí CCTV áirithe agus thug sé ordú don Chomhairle a próiseáil a chur i gcomhréir trí ghníomhartha sonraíthe a dhéanamh. Chomh maith leis sin, thug an DPC iomardú don Chomhairle i ndáil leis na sárúithe, agus cuireadh fineáil riaracháin i bhfeidhm arbh ionann an tsuim agus €110,000.

An Chomhairle Mhúinteoireachta - Nollaig 2021

I mí na Nollag 2021, d'eisigh an DPC cinneadh i ndáil leis an gComhairle Mhúinteoireachta (an Chomhairle) maidir le sárú ar sonraí pearsanta a chuir an Chomhairle in iúl don DPC an 9 Márta 2020. Tharla an sárú ar sonraí pearsanta atá i gceist nuair a rochtain beirt bhaill foirne den Chomhairle ríomhphost fioscaireachta, ar trí sin a rabhtas in ann riail seolta ar aghaidh uathoibríoch a chruthú óna gcuntais ríomhphoist chuig cuntas ríomhphoist mailíseach. Mar thoradh air sin, idir an 17 Feabhra 2020 agus an 6 Márta 2020 nuair a thángthas ar an riail seolta ar aghaidh uathoibríoch, seoladh 323 ríomhphost ar aghaidh chuig seoladh ríomhphoist seachtrach neamhúdaráithe. Bhí sonraí pearsanta 9,735 ábhar sonraí sna ríomhphoist agus sonraí pearsanta íogair ábhair sonraí amháin.

Ina chinneadh, d'aithin an DPC gur sháraigh an Chomhairle Airteagal 5(1) agus Airteagal 32(1) den GDPR idir an 25 Bealtaine 2018, nuair a tháinig an GDPR i bhfeidhm, agus na dátaí a bhain leis na sárúithe ar sonraí pearsanta, toisc nár próiseáladh sonraí pearsanta ar bhealach inar cinntíodh slándáil chuí na sonraí pearsanta a bhí i gceist trí bhearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí a úsáid. Chomh maith leis sin, d'aithin an DPC gur sháraigh an Chomhairle Airteagal 33(1) den GDPR toisc nár cuireadh an DPC ar an eolas faoin sárú ar sonraí pearsanta nuair ba cheart di bheith ar an eolas faoi.

Ina chinneadh, chuir an DPC fineáil riaracháin i bhfeidhm ar an gComhairle arbh ionann an tsuim agus €60,000, tugadh iomardú don Chomhairle agus tugadh ordú don Chomhairle a hoibríochtaí próiseála a chur i gcomhréir le hAirteagail 5(1) (f) agus 32(1) den GDPR trí bhearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí a chur i bhfeidhm d'fhonn leibhéal slándála atá oiriúnach don riosca a chinntiú.

Fíneálacha riaracháin a dhearbhú agus a bhailiú faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018

Cinneann an DPC, de bhun fiosrúcháin reachtúla a cuireadh i gcrích faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018, cé acu ar tharla nó nár tharla sárúithe sa GDPR agus/nó san Acht um Chosaint Sonraí 2018. Áirítear leis na fiosrúcháin reachtúla seo fiosrúcháin dá dtoil féin agus fiosrúcháin maidir le gearáin. I gcás ina n-aimsítear sárúithe, déanann an cinnteoir cinneadh freisin maidir le cé acu ar chóir nó nár chóir cumhacht cheartaitheach a fheidhmiú, agus, dá mba chóir é sin a dhéanamh, an chumhacht/na cumhachtaí ceartaitheacha sonracha atá le feidhmiú.

I gcás ina gcinneann an DPC fíneáil riaracháin a chur i bhfeidhm, agus mura ndéantar aon achomharc in aghaidh an chinnidh sin, ní mór don DPC iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair chuig an gCúirt Chuarda le haghaidh dearbhú maidir lena chinneadh fíneáil riaracháin a chur i bhfeidhm, de bhun Alt 143(1) den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Déantar foráil in Alt 143(2) go ndearbhóidh an Chúirt Chuarda cinneadh an

DPC mura mbeidh cúis mhaith aici gan déanamh amhlaidh. I gcúinsí inar dhearbhaigh an Chúirt Chuarda cinneadh an DPC, eisíonn an DPC fógra foirmiúil chuig an rialaitheoir nó an próiseálaí atá i gceist ina n-éilítear íocaíocht de bhun Alt 141(5) den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Ansin bíonn 28 lá ag an rialaitheoir nó an próiseálaí chun an íocaíocht a dhéanamh. Ní mór gach fíneáil ón DPC a chur ar ais chuig an Státchiste ar iad a fháil agus i gcomhréir le hAlt 141(7) den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Dá bhrí sin, ar airgead a fháil i leith fíneáil, cuireann an DPC an tsuim iomlán ar ais chuig an Státchiste agus cuireann sé an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an eolas.

Sa bhliain 2021, éisteadh roimh an gCúirt Chuarda iarratais a rinne an DPC chun 7 bhfíneáil riaracháin a dhearbhú a cuireadh i bhfeidhm ar eagraíochtaí de bhun chinntí an DPC. I nach aon chás, rinne an Chúirt ordú inar dearbhaíodh an cinneadh an fhíneáil a chur i bhfeidhm. Bhailigh an DPC gach aon cheann de na fíneálacha sin agus chuir sé ar ais chuig an Státchiste iad. Ba é €800,000 an figiúr iomlán seo don bhliain. Tá na mionsonraí maidir leis na hiarratais ar dhearbhú leagtha amach thíos.

An dáta a rinneadh iarratas chuig an gCúirt chun an fhíneáil a dhearbhú	Rialaitheoir	Dáta chinneadh an DPC ar ar cuireadh an fhíneáil i bhfeidhm	Suim na fíneála
An 23 Aibreán 2021	An Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlaigh Tusla	An 12 Lúnasa 2020	€50,000
An 23 Aibreán 2021	An Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlaigh Tusla	An 12 Lúnasa 2020	€35,000
An 26 Aibreán 2021	An Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlaigh Tusla	An 21 Bealtaine 2020	€40,000
An 26 Aibreán 2021	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	An 18 Lúnasa 2020	€65,000
An 18 Deireadh Fómhair 2021	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	An 17 Nollaig 2020	€70,000
An 18 Deireadh Fómhair 2021	An Chuideachta Idirnáisiúnta Twitter	An 9 Nollaig 2020	€450,000
An 5 Samhain 2021	Biúró Creidmheasa na hÉireann DAC	An 23 Márta 2021	€90,000

Dlíthíocht ag eascairt ó imscrúdú an DPC maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil i ndáil leis an gCárta Seirbhísí Poiblí

I mí na Nollag 2021, réitíodh imeachtaí dlí ar chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí (sa lá atá inniu ann) (an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coirce Sóisialaí roimhe seo, dá dtagraítear anseo mar DEASP) tús leo i mí na Nollag ina ndearna an DEASP achomharc i gcoinne fógra forfheidhmiúcháin a d'eisigh an DPC maidir le próiseáil sonraí pearsanta an DEASP i ndáil le Cártaí Seirbhísí Poiblí (PSCanna) a eisiúint. Tugtar eolas thíos faoi chúlra na dlíthíochta, lena n-áirítear torthaí an DPC a bhaineann lena imscrúdú maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil i ndáil leis an PSC, mar aon le mionsonraí maidir le réiteach na dlíthíochta.

Tuarascáil an DPC

Ar an 15 Lúnasa 2019, chuir an DPC a tuarascáil ar fáil i ndáil leis an gcéad chuid dá imscrúdú maidir le próiseáil sonraí pearsanta a chuir an DEASP i gcrích i ndáil leis an PSC, lena n-áireofaí próiseas clárúcháin (chun aitheantas a fhíordheimhniú) an DEASP "SAFE 2". D'fhoilsigh an DEASP tuarascáil an DPC ar an láithreán gréasáin⁸ an 17 Meán Fómhair 2019, mar aon lena fhreagra féin.⁹

Sa chéad chuid seo d'imscrúdú an DPC, díriodh ar líon sonrach agus teoranta saincheistanna ar leith. Go háirithe, scrúdaíodh an **bunús dlí** ar a bpróiseálann an DEASP sonraí pearsanta i ndáil leis an PSC, agus cibé ar chomhlíon an fhaisnéis a chuirtear ar fáil d'ábhair sonraí maidir le próiseáil a sonraí pearsanta sa chomhthéacs sin riachtanais dlí infheidhme ó thaobh **trédhearcachta** de. (Tá imscrúdú an DPC maidir le gnéithe áirithe eile de phróiseáil an DEASP i ndáil leis an PSC ag leanúint go fóill, de réir mar a mhionsonraítear thíos).

An creat dlí d'imscrúdú an DPC

Toisc go raibh an scéim PSC (agus imscrúdú an DPC) ann roimh theacht in éifeacht an GDPR (cuireadh tús leis an imscrúdú i mí Dheireadh Fómhair 2017), fuarthas torthaí an DPC trí thagairt d'oibleagáidí ar leith a forchuireadh ar rialaitheoirí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 seachas faoin GDPR. (Tugtar sainordú ar leith dó seo in Alt 8 den Acht um Chosaint Sonraí 2018). Maidir le hiomláine, ba chóir a thabhairt ar aird gur áiríodh le tuarascáil an DPC roinnt ábhair (neamhcheangailteach) ina dtugtar aghaidh ar fhorálacha infheidhme den GDPR.

Torthaí

Fuarthas **ocht** dtoradh san iomlán i tuarascáil an DPC. Bhain **trí cinn** díobh sin leis an tsaincheist maidir le **bunús dlí**; bhain an **cúig cinn** eile le saincheistanna maidir le trédhearcacht.

Bhí **seacht gcinn** de na **hocht** dtoradh i gcodarsnacht leis na seasaimh a chuir an DEASP chun cinn, a mhéid a fuair an DPC amach go bhfuil, nó go raibh, neamhchomhlíonadh i gceist maidir le forálacha infheidhme den dlí um chosaint sonraí.

I dtéarmaí achoimre, fuair an DPC amach:

- ▶ Go bhfuil **bunús dlí** faoin dlí is infheidhme maidir le cosaint sonraí maidir leis an DEASP ag próiseáil sonraí pearsanta áirithe i ndáil le PSCanna a eisiúint chun críocha aitheantas duine a dheimhniú atá ag éileamh íocaíocht i ndáil le sochar, á fáil nó á chur féin i láthair ina leith.
- ▶ **Nach** bhfuil **bunús dlí** leis an DEASP bheith ag próiseáil sonraí pearsanta i ndáil le PSCanna a eisiúint chun críocha idirbhearta idir daoine aonair agus comhlachtaí poiblí sonraithe eile (i.e. comhlachtaí seachas an DEASP féin) faoi na dlíthe is infheidhme maidir le cosaint sonraí; go háirithe, nuair a sháraíonn próiseáil dá leithéid Alt 2A de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.

8 Atá ar fáil ag <http://m.welfare.ie/en/pressoffice/Pages/pr170919.aspx>

9 Faoi reachtaíocht is infheidhme, níorbh fhéidir leis an DPC an tuarascáil féin a fhoilsiú. D'eisigh an DPC ráiteas ag an am ar a láithreán gréasáin féin inar leagadh amach raon an imscrúdaithe agus inar tugadh achoimre ar thorthaí na tuarascála. Mar sin féin, de réir mar a chuirtear síos tuilleadh ina leith thíos, i ndiaidh an dlíthíochta a thóg an DEASP i mí na Nollag 2021 a réiteach, d'fhoilsigh an DPC a tuarascáil ar a láithreán gréasáin in éineacht le mionsonraí na dtéarmaí faoinar réitíodh an dlíthíocht a thóg an DEASP in aghaidh an DPC.

- ▶ Go sáraíonn an DEASP bheith ag coinneáil bundoiciméid agus faisnéis atá curtha ar fáil ag daoine atá ag cur isteach ar PSC ar bhunús iomlán agus éiginnte Alt 2(1)(c)(iv) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 mar gheall go bhfuil sonraí dá leithéid á gcoinneáil ar feadh tréimhsí níos faide ná mar is gá chun na críocha ar bailíodh iad.
- ▶ Ó thaobh **trédhearcachta** de, nach gcomhlíonann an scéim Alt 2D de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, sa chaoi is nach raibh an fhaisnéis a chuir an DEASP ar fáil don phobal maidir lena sonraí pearsanta a phróiseáil i ndáil le PSCanna a eisiúint leordhóthanach.

(De réir ráiteas an DPC an 16 Lúnasa 2019 (dá dtagraítear thuas), chinn an DPC freisin nach gcaithfí le PSCanna a d'eisigh an DEASP cheana féin mar PSCanna neamhbhailí agus mar an gcéanna, bhí daoine a bhfuil teacht acu ar shochair - saorthaisteal san áireamh – trí úsáid a bhaint as a bPSC, in ann é sin a dhéanamh i gcónaí.)

Riachtanais maidir le haghaidh a thabhairt ar shárúithe a aithnítear sa tuarascáil

Nuair a bhí an tuarascáil á chur ar fáil, chuir an DPC in iúl don DEASP go gcuirfí gníomh forfheidhmiúcháin siar chun deis a chur ar fáil don DEASP na bearta a bheadh ag teastáil uaidh a aithint d'fhonn an scéim PSC a chur i gcomhréir le reachtaíocht maidir le cosaint sonraí agus chun na sárúithe a aithníodh sa tuarascáil a leigheas. D'éiligh an DPC ar an DEASP a phlean feidhmithe a chur isteach laistigh de thréimhse 6 seachtaine, agus a chinntiú go mbeadh na bearta atá riachtanach chun an scéim a chur i gcomhréir i bhfeidhm tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2019. Ar leithligh, áfach, d'éiligh an DPC ar an DEASP dhá chéim ar leith a thógáil laistigh de thréimhse 21 lá:

- (1) Deireadh a chur le gach próiseáil sonraí pearsanta a chuirtear i gcrích i ndáil le PSCanna a eisiúint, i gcás ina n-eisítear PSC chun críche amháin idirbheart idir ball den phobal agus comhlacht poiblí sonraithe (i.e. comhlacht poiblí seachas an DEASP féin).
- (2) A chur in iúl do gach comhlacht poiblí a dteastaíonn táirgeadh PSC uathu mar réamhchoinníoll chun idirbheart a dhéanamh le (nó seirbhís phoiblí a chur ar fáil do) ball den phobal, nach mbeadh an DEASP in ann PSCanna a eisiúint do dhaoine dá leithéid amach anseo.

Freagra an DEASP ar thorthaí an DPC

Scríobh an DEASP chuig an DPC an 3 Meán Fómhair 2019, á lua, i ndiaidh breithniú cúramach a dhéanamh ar inneachar na tuarascála, mar aon le comhairle a fuarthas ó oifig an Ard-Aighne, go raibh an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí sásta, contrártha le seasamh an DPC, go raibh bunús dlí láidir le sonraí pearsanta a phróiseáil i ndáil leis an PSC. Chomh maith leis sin, luadh seasamh an Aire sa litir gur chomhlíon an fhaisnéis a cuireadh ar fáil d'úsáideoirí scéim PSC na riachtanais reachtúla is infheidhme maidir le trédhearcacht. I gcomhthéacs an chúlra sin, luadh sa litir gur mheas an tAire go mbeadh sé míchuí agus go bhféadfadh sé bheith neamhdhleathach na bearta a theastaigh ón DPC a dhéanamh. Dá réir sin, tugadh le fios sa litir gur chinn an tAire go leanfadh an DEASP de scéim PSC agus an próiseas cláraithe SAFE 2 a réachtáil, gan athrú.

In ainneoin gur diúltaíodh don tuarascáil, agus gur diúltaíodh bearta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun an scéim a chur i gcomhréir, moladh sa litir an 3 Meán Fómhair 2019 gur chóir don DEASP agus don DPC cruinniú a thionól mar sin féin chun iniúchadh a dhéanamh cé acu a bhféadfaí nó nach bhféadfaí bearta a chomhaontú d'fhonn an riachtanas maidir le himeachtaí forfheidhmiúcháin a sheachaint. D'eisigh an tAire ráiteas (in éineacht leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) ar an dáta céanna, i dtéarmaí a bhí ina léiriú ar inneachar na litreach an 3 Meán Fómhair 2019.

Thug an DPC freagra ar an DEASP i litir dar dáta an 5 Meán Fómhair 2019, inar tugadh míniú ar na cúiseanna a mheas an DPC, i bhfianaise gur diúltaíodh do thorthaí na tuarascála, agus i bhfianaise gur luaigh an tAire a dhiongbháilteacht leanúint den scéim PSC a réachtáil, gan athrú, nach bhféadfaí aon bhunús bheith ann i leith rannpháirtíocht idir na páirtithe sa dóigh – nó chun na críche – a moladh. Luadh ag deireadh na litreach, toisc gur dhiúltaigh an DEASP glacadh le torthaí na tuarascála, agus i gcás ina raibh sé soiléir nach ndéanfadh an DEASP aon phlean feidhmithe a chur le chéile nó a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na pointí neamhchomhlíonta a aithníodh sna torthaí sin, nach raibh feidhm a thuilleadh leis an mbunús ar trí sin a chuir an DPC gníomh forfheidhmiúcháin siar. Dá réir sin, tugadh le fios sa litir go leanfadh an DPC ar aghaidh chuig forfheidhmiú.

I ndiaidh malartú comhfhreagrais bhreise idir na páirtithe san idirthréimhse, d'fhoilsigh an DEASP a fhreagra ar thuarascáil an DPC ar a láithreán gréasáin an 17 Meán Fómhair 2019 in éineacht le ráiteas ón Aire. Mar aon le cur in iúl arís nár ghlac an tAire agus an DEASP leis na torthaí a bhí i dtuarascáil an DPC, athdhearbhaíodh sa fhreagra agus sa ráiteas tuairimí sonrathite an Aire agus an DEASP, á chur in iúl go raibh bunús dlí láidir ag an PSC agus go leanfadh an DEASP de PSCanna a eisiúint lena n-úsáid ag roinnt comhlachtaí poiblí ar fud na hearnála poiblí. Chomh maith leis sin, i bhfreagra an DEASP ar an tuarascáil, cáineadh roinnt gnéithe den tuarascáil, den phróiseas imscrúdaithe a lean an DPC, mar aon leis an bpróiseas ar éiligh an DPC ar an DEASP oibriú leis chun bearta a aithint d'fhonn sárúithe sa dlí maidir le cosaint sonraí a aithníodh sa tuarascáil a leigheas. Chomh maith leis sin, d'athdhearbhaigh an DEASP, i dtéarmaí a bhí an-soiléir, a sheasamh maidir le leanúint den PSC agus den phróiseas clárúcháin SAFE a reáchtáil sa dóigh chéanna a raibh sé á dhéanamh go dtí an pointe sin.

Gníomh forfheidhmiúcháin a rinne an DPC agus an t-achomharc a rinne an DEASP

Ar deireadh thiar, ar an 6 Nollaig 2019, eisíodh fógra forfheidhmiúcháin faoi Alt 10 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. San fhógra sin, a seoladh chuig an Aire (ag gníomhú tríd an DEASP), ordaíodh réimse céimeanna a ghlacadh d'fhonn na sárúithe a aithníodh i dtuarascáil an DPC a leigheas. Rinne an tAire achomharc in aghaidh an fhógra fhorfheidhmiúcháin chuig an gCúirt Chuarda i ndeireadh mhí na Nollag 2019.

Na himeachtaí achomhairc a réiteach

Bhí éisteacht na n-imeachtaí achomhairc a rinne an DEASP i aghaidh fhógra forfheidhmiúcháin an DPC le tarlú roimh Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath i dtús mhí na Nollag 2021. Mar sin féin, baineadh amach réiteach i ndáil leis an dlíthíocht idir an DPC agus an DEASP arbh é an toradh a bhí air sin nár chuaigh an éisteacht ar aghaidh agus caitheadh amach na himeachtaí an 10 Nollaig 2021.

Foilsíodh na mionsonraí maidir le réiteach na dlíthíochta a baineadh amach idir an DPC agus an DEASP ar láithreán ghréasáin an DPC agus an DEASP araon¹⁰. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an DPC an tuarascáil ar a láithreán gréasáin féin, i ndiaidh comhaontú a fháil ón DEASP.

Mar chuid de réiteach na dlíthíochta:

- ▶ rinneadh comhaontú go ndéanfaí tuilleadh athbhreithnithe ar Ráiteas Príobháideachais nuashonraithe an DEASP (ar nuashonraigh an DEASP é roimhe seo chun féachaint le haghaidh a thabhairt ar thorthaí an DPC ina thuarascáil maidir leis an easnamh faisnéise a cuireadh ar fáil don phobal maidir lena sonraí pearsanta a phróiseáil i ndáil le PSCanna a eisiúint). Áireofar leis na hathbhreithnithe atá le déanamh ar na Ráiteas Príobháideachais faisnéis chun aghaidh a thabhairt ar: na cúinsí ina roinneann comhlachtaí earnála poiblí eile sonraí pearsanta leis an DEASP agus ina n-úsáidtear iad chun aitheantas seirbhíse poiblí duine a nuashonrú (de réir mar a shainmhínítear faoin Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005); agus sonraí pearsanta bheith á gcoinneáil ag an DEASP i ndáil le PSCanna a eisiúint;
- ▶ d'admhaigh an DEASP, in éagmais reachtaíochta ina ndéantar foráil ar leith dó seo, nach féidir le comhlachtaí earnála poiblí eile iallach a chur ar dhuine aonair ar bith PSC a fháil mar réamhchoinníoll maidir le rochtain ar sheirbhísí poiblí a chur ar fáil. Chun na críche sin, d'admhaigh an DEASP nach mór rogha amháin eile a chur ar fáil ar a laghad i gcás ar bith ina n-éilítear ar dhuine a aitheantas a dhearbhu sula mbeadh teacht aige/aici ar sheirbhísí poiblí eile;
- ▶ déanfar oiriúnuithe suntasacha i ndáil le cur chuige an DEASP maidir le sonraí pearsanta a chuireann daoine aonair isteach a choinneáil i ndáil le hiarratais ar PSCanna, agus é comhaontaithe ag an DEASP, i ndiaidh réimse athruithe atá le déanamh maidir lena cleachtas coinneála sonraí a chur i gcrích, nach gcoinneofar sonraí pearsanta a chuireann iarratasóir isteach i ndáil le PSC ar feadh tréimhse níos faide ná 6 mhí, ach amháin a mhéid a choinnítear faisnéis dá leithéid mar chuid d'aitheantas seirbhíse poiblí duine (de réir mar a shainmhínítear faoin Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005); agus

¹⁰ Tá tuarascáil an DPC agus fógra ina leagtar amach téarmaí réiteach na dlíthíochta ar fáil ar láithreán gréasáin an DPC ag: <https://www.dataprotection.ie/en/news-media/latest-news/dpc-welcomes-resolution-proceedings-relating-public-services-card>

- ▶ Tá an DEASP chun dul i dteagmháil leis an DPC maidir le córais nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trína dtabharfar éifeacht do théarmaí áirithe den réiteach – is é sin, córais maidir le sonraí pearsanta iarratasóirí ar PSCanna a choinneáil – lena n-áirítear tionscadal chun sonraí pearsanta áirithe a bailíodh cheana féin i ndáil le haitheantas a dheimhniú agus PSCanna a eisiúint atá á gcoinneáil ag an DEASP faoi láthair a scriosadh agus a leasú.

Leanúint den imscrúdú maidir le gnéithe eile den phróiseáil a dhéanann an DEASP maidir leis an PSC

Tá an DPC ag leanúint dá imscrúdú leanúnach (agus ar leith) maidir leis an úsáid a bhaineann an DEASP as teimpléid aghaidhe bithmhéadracha chun a bogearraí meaitseála aghaidhe a chur i bhfeidhm a úsáidtear chun críocha an phróisis chlárúcháin SAFE2 nuair a dhéanann duine iarratas ar PSC.



Achoimre ar Chinneadh an DPC maidir le Fiosrúchán Trédhearcachta WhatsApp

Ar an 20 Lúnasa 2021, ghlac an DPC a chinneadh maidir le Fiosrúchán Trédhearcachta WhatsApp. B'ionann an cinneadh agus deireadh fiosrúcháin ar cuireadh tús leis an 10 Nollaig 2018, arbh é an cuspóir a bhí leis scrúdú a dhéanamh ar a mhéid ar chomhlíon WhatsApp Ireland Limited ("WhatsApp") a oibleagáidí trédhearcachta d'úsáideoirí agus do dhaoine nach úsáideoirí iad dá sheirbhís teachtaireachtaí agus glaonna idirlíon-bhunaithe do thomhaltóirí.

Cúlra

I ndiaidh theacht i bhfeidhm an GDPR an 25 Bealtaine 2018, fuair an DPC líon gearáin ó ábhair sonraí aonair maidir le gníomhaíochtaí próiseála sonraí de chuid WhatsApp. Fuarthas na gearáin seo ó dhaoine a úsáideann agus nach n-úsáideann seirbhís WhatsApp. Chomh maith leis sin, fuair an DPC iarraidh ar chúnamh frithpháirteach, de bhun Airteagal 61 den GDPR, ó Der Bundesbeauftragte für Datenschutz und Informationsfreiheit (Údarás Cónaidhme um Chosaint Sonraí na Gearmáine). San iarraidh sin, tráchtadh ar oibleagáidí trédhearcachta a chuirtear ar rialaitheoirí sonraí tríd an GDPR sa chomhthéacs maidir le comhroinnt sonraí pearsanta a d'fhéadfadh tarlú idir WhatsApp agus réimse cuideachtaí Meta (Facebook roimhe seo).

I ndiaidh réamhscrúdú a dhéanamh ar na gearáin, thug an DPC faoi deara, in ainneoin go raibh difríochtaí idir na gearáin, go raibh ábhair imní maidir le trédhearcacht ina théama coitianta iontu ar fad. I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn, chinn an DPC tús a chur le fiosrúchán dá thoil féin de bhun Alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 ("**Acht 2018**") chun críche measúnú a dhéanamh ar an méid a chomhlíonann WhatsApp a oibleagáidí trédhearcachta de bhun Airteagail 12, 13 agus 14 den GDPR.

Tá sé tábhachtach a lua, in ainneoin gur mar gheall ar an téama coitianta a bhain leis na gearáin éagsúla ar fad agus gur mar gheall ar an iarraidh ar chúnamh frithpháirteach thuasluaite a spreagadh an cinneadh tús a chur le fiosrúchán dá thoil féin, níor bhain an fiosrúchán le haon ghearán ar leith ná le haon ghearán aonair. Láimhseáil an DPC aon ghearán nó ábhar imní aonair dá leithéid trí bhithin próisis ar leith faoin Acht 2018, de réir mar a d'fheadfadh sé bheith riachtanach, agus leanfaidh sé de iad a láimhseáil ar an mbonn sin.

Airteagal 60 agus an Próiseas Comhchinnteoireachta

Ós rud é go gcuireann WhatsApp seirbhís ar fáil do dhaoine aonair ar fud na hEorpa, is faoin sainmhíniú "próiseáil trasteorann" a leagtar amach in Airteagal 4(23) GDPR, a gabhadh an phróiseáil atá faoi chaibidil. Sna himthosca, samhlaítear in Airteagal 60 GDPR próiseas comhchinnteoireachta ina n-ullmhaíonn an príomhúdarás maoirseachta dréachtchinneadh d'fhonn cur ar chumas údaráis mhaoirseachta bainteacha eile, a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an ábhar céanna agus, trí sin, ionchur a thabhairt sa phróiseas comhchinnteoireachta. Tá an t-aon eagraíocht ag WhatsApp san Eoraip lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus, ar an mbonn sin, bhí an DPC inniúil chun gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta chun críche an phróisis chomhchinnteoireachta. Mar gheall ar fháil fhairsing bheith ar sheirbhís WhatsApp san Eoraip, ghlac na húdaráis mhaoirseachta eile ar fad maidir le cosaint sonraí páirt mar údaráis mhaoirseachta bainteacha chun críche an phróisis chomhchinnteoireachta.

An Fiosrúchán

Le linn fhiosrúchán an DPC, scrúdaíodh na saincheisteanna atá tagtha chun cinn faoi trí mhírcheann lárnacha, mar a leanas:

1. Trédhearcacht i gcomhthéacs daoine nach úsáideoirí iad: mar chuid den ghné seo den fhiosrúchán, scrúdaíodh an méid a phróiseálann WhatsApp sonraí pearsanta maidir le daoine nach n-úsáideann a sheirbhís agus cibé an dtagann riachtanas chun cinn cloí leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 14 agus 12(1) den GDPR mar gheall ar phróiseáil ar bith dá leithéid.
2. Trédhearcacht i gcomhthéacs úsáideoirí: mar chuid den ghné seo, scrúdaíodh an méid a chomhlíonann WhatsApp a oibleagáidí faoi Airteagail 13 agus 12(1) den GDPR, i gcomhthéacs na sonraí pearsanta a phróiseálann sé maidir le húsáideoirí na seirbhíse.
3. Trédhearcacht i gcomhthéacs aon sonraí pearsanta bheith á roinnt idir WhatsApp agus an grúpa cuideachtaí Meta (Facebook roimhe seo): scrúdaíodh an méid ar chomhlíon WhatsApp a oibleagáidí faoi Airteagail 13 agus 12(1) den GDPR, i gcomhthéacs aon sonraí pearsanta bheith á roinnt idir é féin agus an grúpa cuideachtaí Meta (Facebook roimhe seo).

I gcomhthéacs daoine nach úsáideoirí iad, ba é seasamh WhatsApp nár phróiseáil sé, mar rialaitheoir sonraí, sonraí pearsanta maidir le daoine nach úsáideoirí na seirbhíse iad. Mhaígh sé, d'ainneoin go bpróiseálann sé uimhreacha teileafóin daoine nach úsáideoirí iad, go ndearna sé é sin mar phróiseálaí, ag gníomhú thar ceann úsáideoirí a chuir an ghné uaslódála teagmhálaithe ar siúl. Tá an ghné uaslódála teagmhálaithe ina gné dheonach den tseirbhís a bhfuil tóir air, agus ar trí sin, i ndiaidh é a chur ar siúl, a chuirtear ar chumas WhatsApp na huimhreacha fóin póca a stóráiltear i leabhar seoltaí ghairias an úsáideora a uaslódáil chuig a fhreastalaithe chun críche teagmhálaithe an úsáideora a úsáideann an tseirbhís cheana féin a chinneadh. Trí sin, cuirtear ar chumas WhatsApp teagmhálaithe an úsáideora a chur ar an tseirbhís, ar trí sin is féidir leis an úsáideoir cumarsáid a dhéanamh go héasca le comhtheagmhálaithe úsáideora. I gcomhthéacs daoine nach úsáideoirí iad, cuireann WhatsApp an uimhir fóin póca faoi réir próiseas haiseála cripteagrafach ina ngintear haisluach, ar ina dhiaidh sin a scriostar an uimhir fóin póca. Coinníonn agus stóráilann WhatsApp an haisluach ar a fhreastalaithe, in éineacht le sonraí maidir leis an úsáideoir díorthach. Dar le WhatsApp, cuireann sé seo ar a chumas úsáideoirí nua a nascadh go héifeachtach lena dteagmhálaithe úsáideora reatha sa chás go gcinneann siad clárú don tseirbhís sa todhcháí.

D'fhonn cinneadh a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil próiseáil sonraí pearsanta daoine nach úsáideoirí iad i gceist leis an bpróiseáil a dhéantar mar thoradh ar an ngné uaslódála teagmhálaithe a chur ar siúl, rinne an DPC scrúdú ar nádúr uimhir fóin póca ar dtús. I ndiaidh an tsainmhíniú maidir le "sonraí pearsanta" a leagtar amach in Airteagal 4(1) agus i bhforálacha Réamhaithris 26 GDPR a chur san áireamh, chinn an DPC go bhfuil uimhir fóin póca, inti féin, ina sonraí pearsanta. Chinn an DPC é seo i bhfianaise an nádúr uathúil uimhir fóin póca, ina gcuirtear bealach féideartha ar fáil chuig duine aonair ar leith; is é sin le rá, cé nach gá go bhféadfaí ábhar sonraí aonair a aithint trí uimhir fóin, is féidir a rá go bhfuil sé/ sí *inaitheanta*. Ina theannta sin, chinn an DPC, nuair a phróiseáil WhatsApp uimhreacha fóin póca daoine nach úsáideoirí iad, go ndearna sé é sin mar rialaitheoir sonraí agus ní mar phróiseálaí sonraí ag gníomhú thar ceann úsáideoirí aonair. Bhí an cinneadh seo ina léiriú ar an réadúlacht fhíorasach gurbh é WhatsApp, seachas úsáideoir aonair, a bhí ina ann rialú a fheidhmiú agus cinntí a dhéanamh maidir le modhanna agus cuspóirí sonraí pearsanta

daoine nach úsáideoirí iad a phróiseáil. I ndiaidh measúnú iarmhartach a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuireann WhatsApp ar fáil do dhaoine nach úsáideoirí iad, tháinig an DPC ar an tuairim gur sháraigh WhatsApp Airteagail 14 agus 12(1).

Ina diaidh sin, rinne an DPC measúnú fairsing ar an bhfaisnéis a chuir WhatsApp ar fáil d'úsáideoirí. Aithníodh sa mheasúnú go raibh easnamh suntasach faisnéise ann, ó thaobh na faisnéise nach mór a chur ar fáil de bhun Airteagail 12(1) agus 13 GDPR. Áiríodh leis na saincheisteanna a d'aithin an DPC, ina thaobh seo, ábhair imní maidir leis an mbealach inar cuireadh roinnt faisnéise i láthair, a d'fhág, i dtuairim an DPC, go raibh sé deacair do na húsáideoirí a bhí i gceist an fhaisnéis a fháil a éilíodh ar WhatsApp a chur ar fáil.

An Cinneadh

In Airteagal 60 GDPR, samhlaítear próiseas ina ndéantar cinntí trí chomhaontú; cé go bhfuil an príomhúdarás maoirseachta freagrach as dréachtchinneadh a ullmhú, ní mór dó aird chuí a thabhairt ar cheann ar bith de na tuairimí a d'fhéadfadh na údaráis mhaoirseachta bainteacha eile a chur in iúl. Má dhéanann údarás maoirseachta bainteach cinneadh chun tuairim a chur in iúl trí agóid fhoirmiúil, éilítear ar an bpríomhúdarás maoirseachta an agóid sin a chur san áireamh (nó "a leanúint"), agus mura ndéantar é sin, ní mór dó an cheist a chur faoi bhráid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí ("an **EDPB**") lena chinneadh tríd an bpróiseas réitithe díospóide faoi Airteagal 65 GDPR.

Ar an mbonn sin, i ndiaidh a fhiosrúcháin a chur i gcrích, d'ullmhaigh an DPC dréachtchinneadh agus scaipeadh é i measc na húdaráis mhaoirseachta bainteacha an 24 Nollaig 2020. Moladh sa dréachtchinneadh sin cinntí maidir le sárú ar Airteagail 12, 13 agus 14. Moladh freisin go ndéanfaí cumhachtaí ceartaitheacha a fheidhmiú, mar a leanas:

1. Iomardú, d'fhonn an fíoras maidir le sárú a aithint go foirmiúil agus aitheantas a thabhairt dó;
2. Fíneáil riaracháin idir an tsuim €30 milliún agus €50 milliún; agus
3. Ordú chun próiseáil a chur i gcomhréir, ina n-éilítear ar WhatsApp réimse bearta ceartaitheacha sainithe a dhéanamh chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a aithníodh sa dréachtchinneadh.

Cé go raibh leibhéal suntasach comhaontuithe i measc na húdaráis mhaoirseachta bainteacha maidir le hanailís agus cinntí molta an DPC, d'ardaigh roinnt údaráis mhaoirseachta bainteacha suim iomlán de 8 n-agóid mar fhreagra ar chinneadh an DPC. Malartaíodh seacht ráiteas freisin. Bhain na dearcthaí maidir leis na ráitis agus na hagóidí le réimse ceisteanna, lena n-áirítear moltaí maidir le cinntí breise i leith sárú a bhféadfaí iad a chur leis an dréachtchinneadh mar aon le fíneáil riaracháin a moladh a chur i bhfeidhm mar fhreagra ar chinntí ar bith a cuireadh i gcrích i ndáil le sárú.

I ndiaidh na ceisteanna a ardaíodh a bhreithniú, rinne an DPC meabhrán a ullmhú agus a scaipeadh ar na húdaráis mhaoirseachta bainteacha an 1 Aibreán 2021, inar tugadh aghaidh ar na hábhair imní a ardaíodh agus inar leagadh amach na seasaimh chomhghéillte ar mhol sé a ghlacadh, d'fhonn iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú leis na húdaráis mhaoirseachta bainteacha. Ar deireadh thiar, níorbh fhéidir teacht ar chomhaontú, agus sna himthosca, dhearbhaigh an DPC go foirmiúil nach raibh sé in ann na hagóidí a leanúint, sa chaoi inar ardaíodh iad. Dá bharr sin, tharchuir an DPC an cheist chuig an EDPB an 3 Meitheamh 2021 lena chinneadh de bhun shásra um réiteach díospóidí Airteagal 65 GDPR.

Ghlac an EDPB a chinneadh Airteagal 65 an 28 Iúil 2021 agus thug sé fógra don DPC agus do na húdaráis mhaoirseachta bainteacha an 30 Iúil 2021. D'éiligh an EDPB ar an DPC roinnt de na hagóidí a ardaíodh a leanúint, lena n-áirítear iad sin inar moladh an dréachtchinneadh a leasú le go n-áireofaí cinneadh maidir le sárú ar Airteagal 5(1) (a) agus athmheasúnú a dhéanamh ar an bhfíneáil riaracháin bheith níos airde. Chomh maith leis sin, bhain an EDPB cinneadh amach i leith na seasaimh éagsúla a ghlac an DPC agus údaráis mhaoirseachta bainteacha i ndáil le hAirteagal 83(3) GDPR a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm, maidir le fíneálacha riaracháin a ríomh i gcásanna a bhaineann le sáruithe iomadúla a eascraíonn ó na hoibríochtaí próiseála céanna nó nasctha. Bhí tionchar an-mhór ag cinneadh na saincheiste áirithe seo ar an bhfíneáil a moladh roimhe sin

i ndruchtchinneadh an DPC in imthosca inar éilíodh ar an DPC, mar thoradh ar chinneadh an EDPB, gach aon sárú a cinneadh ar tharla nuair a bhí na fíneálacha riaracháin á ríomh a chur san áireamh (seachas na *sáruithe is tromchúisí* amháin a cinneadh ar tharla a chur san áireamh, mar a bhí molta ag an DPC roimhe sin).

Leasaigh an DPC a chinneadh mar is cuí chun cinneadh an EDPB a chur san áireamh agus ghlac an DPC an cinneadh deiridh an 20 Lúnasa 2021.

Imeachtaí ina dhiaidh sin

Ó shin i leith d'fheidhmigh WhatsApp a cheart achomhairc reachtúil in aghaidh chinneadh an DPC. Chomh maith leis sin, chuir WhatsApp tús le himeachtaí um athbhreithniú breithiúnach maidir leis na nósanna imeachta a lean an DPC mar aon le bunreachtúlacht gnéithe áirithe den Acht, a fhágann go bhfuil an DPC agus an Stát araon ina bhfreagróirí ar an ngníomh sin. Faoi láthair, tá an dá shraith imeachtaí ar feitheamh roimh Ard-Chúirt na hÉireann. Chomh maith leis sin, d'fhéach WhatsApp le cinneadh Airteagal 65 an EDPB a cheistiú trí bhíthin caingean neamhnithe roimh Chúirt Ghinearálta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tá cúrsaí ag céim an-luath agus is cosúil go mbeidh roinnt blianta eile i gceist sula dtabharfar na hagóidí dlíthiúla chun deiridh.

San idirlinn, leasaigh WhatsApp a fhaisnéis trédhearcachta d'úsáideoirí agus do dhaoine nach úsáideoirí iad d'fhonn téarmaí an ordaithe a rinne an DPC chun próiseáil a chur i gcomhréir a chomhlíonadh. Tríd an ordú, éilíodh ar WhatsApp beart ceartaitheach a ghlacadh, lena chinntiú go bhfaigheann úsáideoirí agus daoine nach úsáideoirí sheirbhís WhatsApp araon an fhaisnéis maidir le trédhearcacht a bhfuil siad i dteideal a fháil de bhun Airteagail 12 – 14 GDPR.

10

Dlí

Breithiúnais a Tugadh agus Orduithe Deiridh déanta in 2021

No.	Uimhir Thaidid	Teideal	Cineál gníomhaíochta agus ionad	Dáta an Bhreithiúnais/ Ordú	Toradh	Stádas Reatha an Cháis
1	2020/617 JR (2020/126 COM)	Facebook Ireland Limited v. An Coimisiún um Chosaint Sonraí [Fógra páirtí: Maximilian Schrems]	An Ard-Chúirt Imeachtaí Athbhreithnithe Breithiúnaigh	14 Bealtaine 2021 (Breithiúnas Scríofa Barniville J.)	<p>Baineann na himeachtaí seo leis na himeachtaí atá leagtha amach ag uimh. 2 thíos. Tar éis chinneadh an CJEU in Schrems II (C-311/18 An Coimisinéir Cosanta Sonraí v. Facebook Ireland Limited agus Maximilian Schrems) chuir an CCS tús le fiosrúchán dá toil féin de bhun Alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. (Is é an fiosrúchán sin scrúdú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na n-aistrithe sonraí ó Facebook Ireland Limited chuig a mháthairchuideachta atá lonnaithe sna SA, Facebook Inc. agus/ nó cén chumhacht cheartaitheach ar cheart don CCS a fheidhmiú de bhun Airteagal 58(2) den GDPR, i gcás go bhfaightear amach gur ghníomhaigh Facebook Ireland Limited go neamhdhleathach agus gur sháraigh sé Airteagal 46 den GDPR.)</p> <p>Chun tús a chur leis an bhfiosrúchán, d'eisigh an CCS Réamhdhréachtchinneadh ("PDD") chuig Facebook Ireland Limited an 28 Lúnasa 2020. Dúradh go raibh dhá chuspóir ag an PDD. Ba é an chéad cheann ná Facebook Ireland Limited a chur ar an eolas faoi thús an fhiosrúcháin. Ba é an dara ceann ná cúlra/bunús an fhiosrúcháin a leagan amach, réamhdhearcadh an CCS ar na saincheisteanna a ardaíodh a leagan amach agus cuireadh a thabhairt d'aighneachtaí ó Facebook Ireland Limited.</p> <p>I gcomhfhreagras le Facebook Ireland Limited, thug an CCS faoi deara nár thángthas ar aon chinneadh deiridh agus go bhféadfadh Facebook Ireland Limited aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an PDD laistigh de 21 lá.</p>	Proce Imeachtaí curtha i grách

Breithiúnais a Tugadh agus Orduithe Deiridh déanta in 2021

No.	Uimhir Thaifid	Teideal	Cineál gníomhaíochta agus ionad	Dáta an Bhreithiúnais/ Ordú	Toradh	Stádas Reatha an Cháis
					<p>D'ardaigh Facebook Ireland Limited cinneadh an CCS tús a chur leis an bhfiosrúchán ar an mbealach a rinne sé. Mar thoradh air sin, d'eisigh sé imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh i gcoinne an CCS, a chuaigh an tUasal Schrems isteach mar fhógra-pháirtí. D'áitigh Facebook Ireland Limited nach raibh an CCS i dteideal tús a chur leis an bhfiosrúchán trí bhíthin an PDD agus gur bhreithiúnas roimh am ón CCS i ndáiríre a bhí sa PDD. Dúirt Facebook Ireland Limited freisin nach raibh an CCS i dteideal na nósanna imeachta a ghlac sé a ghlacadh, ar chúiseanna éagsúla</p> <p>I ndeireadh na dála, dhiúltaigh an Breitheamh Uasal Barniville d'iarratas Facebook Ireland Limited ar athbhreithniú breithiúnach agus chinn sé gur theip ar Facebook Ireland Limited aon éagothroime sa nós imeachta a ghlac an CCS sa PDD a shainaithe. Chinn sé mar sin go raibh an CCS i dteideal an PDD a eisiúint.</p> <p>Maidir le costais, d'ordaigh an Chúirt do Facebook Ireland Limited 90% de chostais an CCS agus de chostais an Uasail Schrems a íoc, an dá cheann le breithniú a dhéanamh orthu mar gheall ar mhainneachtain comhaontaithe.</p> <p>[Féach cur síos mionsonraithe ar na himeachtaí seo sa chaibidil ar Bearta Ceartúcháin]</p>	

Breithiúnais a Tugadh agus Orduithe Deiridh déanta in 2021

No.	Uimhir Thaifid	Teideal	Cineál gníomhaíochta agus ionad	Dáta an Bhreithiúnais/ Ordú	Toradh	Stádas Reatha an Cháis
2	2020/707 JR (2020/146 COM)	Maximilian Schrems v. An Coimisiún um Chosaint Sonraí [Fógra Páirtí: Facebook Ireland Limited]	An Ard-Chúirt Imeachtaí Athbhreithnithe Breithiúnaigh	13 Eanáir 2021	<p>Baineann na himeachtaí seo freisin leis an PDD (dá dtagraítear in uimh. 1 thuas) a d'eisigh an CCS chuig Facebook Ireland Limited i gcomhthéacs fhiosrúchán de chuid an CCS féin atá ag scrúdú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na n-aistrithe sonraí ag Facebook Ireland Limited chuig a bunaithe i SAM. máthairchuideachta, Facebook Inc., trí SCCanna.</p> <p>D'eisigh an tUasal Schrems imeachtaí Athbhreithnithe Breithiúnacha inar ghlac sé leis an seasamh go raibh an CCS faoi cheangal aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le dlíthiúlacht aistrithe Facebook Ireland Limited trí bhíthin imscrúdaithe an CCS ar ghearán a rinne an tUasal Schrems leis an CCS roimhe sin amháin. . D'áitigh an tUasal Schrems freisin gurbh ionann an fiosrúchán ar a dheon féin agus iarracht an tUasal Schrems a eisiáimh ón nós imeachta ina ndéanfaí ábhar a ghearáin a mheas, de shárú ar cheart an Uasail Schrems chun nósanna imeachta córa.</p> <p>Socraíodh na himeachtaí ar théarmaí a comhaontaíodh idir na páirtithe, ar dá bhun a bhfuiltear ag leanúint leis an bhfiosrúchán féin-deonach agus na nósanna imeachta gearán-bhunaithe i gcomhar lena chéile. Níl cinneadh déanta fós ag an gCúirt ar shaincheisteanna a bhaineann le costais.</p>	Imeachtaí scortha
3	2021/67MCA	Comhairle Contae Fhine Gall v An Coimisiún um Chosaint Sonraí	Imeachtaí Ard-Chúirte	1 Samhain 2021 (Ordú Deiridh)	Ar thoiliú na bpáirtithe, rinne an Ard-Chúirt ordú chun na himeachtaí a scriosadh amach, gan aon ordú maidir le costais.	Imeachtaí scortha

Breithiúnais a Tugadh agus Orduithe Deiridh déanta in 2021

No.	Uimhir Thaifid	Teideal	Cineál gníomhaíochta agus ionad	Dáta an Bhreithiúnais/ Ordú	Toradh	Stádas Reatha an Cháis
4	2019/5964	Nowak v. An Coimisinéir Cosanta Sonraí agus an tSeirbhís Chúirteanna agus Pricewaterhousecoopers	Achomharc Reachtúil Cúirt Chuarda Bhaile Atha Cliath	23 Samhain 2021 (Breithiúnas ex tempore)	<p>Le Breithiúnas ex tempore a fógraíodh an 23 Samhain 2021, dhiúltaigh an Chúirt Chuarda achomharc a thionscain an tUasal Nowak faoi alt 26 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Bhí an tUasal Nowak tar éis Ordú a lorg inter alia lenar cuireadh cinneadh an CCS dar dáta 5 Meán Fómhair 2019 ar ceal i. maidir le gearán a rinne an tUasal Nowak i gcoinne na Seirbhíse Cúirteanna.</p> <p>Tar éis deireadh a chur le dlíthíocht na hArd-Chúirte idir an tUasal Nowak agus Pricewaterhousecoopers, nár éirigh leis an Uasal Nowak, rinne an tUasal Nowak gearán leis an CCS ag líomhain gur sháraigh an tSeirbhís Chúirteanna na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus í ag láimhseáil a shonraí pearsanta sa Chomhphobal. imeachtaí dlí idir Pricewaterhousecoopers agus an tUasal Nowak. Níor sheas an CCS le gearán an Uasail Nowak.</p> <p>Chinn an Chúirt Chuarda, san achomharc a ghlac an tUasal Nowak i gcoinne chinneadh an CCS, go raibh an tUasal Nowak ag iarraidh teacht timpeall ar chinneadh na hArd-Chúirte agus imeachtaí Pricewaterhousecoopers a athdhlíthíocht trí ghearán a dhéanamh leis an CCS.</p> <p>Chinn an Chúirt Chuarda go raibh a chinneadh eisiithe ag an CCS tar éis breithniú cuí a dhéanamh agus chinn sí freisin nach raibh aon bhunús le bunús a thabhairt le haon cheann d'fhorais achomhairc an Uasail Nowak i gcoinne an chinnidh sin.</p> <p>Le linn di an t-achomharc a dhíbhe, rinne an Chúirt Chuarda Ordú le haghaidh costas i bhfabhar an DPC, na Seirbhíse Cúirteanna agus Pricewaterhousecoopers. Chuir an Chúirt Chuarda bac 8 seachtaine ar an Ordú, áfach.</p>	Tá achomharc curtha isteach ag an Uasal Nowak le Príomhoifig na hArd-Chúirte.

Breithiúnais a Tugadh agus Orduithe Deiridh déanta in 2021

No.	Uimhir Thaifid	Teideal	Cineál gníomhaíochta agus ionad	Dáta an Bhreithiúnais/ Ordú	Toradh	Stádas Reatha an Cháis
5	2019/6940	Nowak v. An Coimisinéir Cosanta Sonraí agus Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann	Achomharc Reachtúil Cúirt Chuarda Bhaile Atha Cliath	23 Samhain 2021 (Breithiúnas ex tempore)	<p>Le Breithiúnas ex tempore a fógraíodh an 23 Samhain 2021, dhiúltaigh an Chúirt Chuarda achomharc a thionscain an tUasal Nowak faoi alt 26 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. D'iarr an tUasal Nowak inter alia Ordú a chuir ar ceal cinneadh an CCS dar dáta an 14 Deireadh Fómhair 2019 maidir le le gearán a rinne an tUasal Nowak leis an CCS i gcoinne Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA).</p> <p>Tar éis deireadh a chur le dlíthíocht na hArd-Chúirte idir an tUasal Nowak agus an IAASA nár éirigh leis an Uasal Nowak, rinne gearán an Uasail Nowak leis an CCS ag líomhain inter alia gur próiseáladh gearán a rinne sé leis an IAASA go neamhdhleathach agus ag lorg dearbhuithe éagsúla go raibh an modh ina ndearnadh IAASA. gur dhéileáil sé le gearán an Uasail Nowak go neamhdhleathach. Níor sheas an CCS le gearán an Uasail Nowak.</p> <p>Tar éis breithniú a dhéanamh ar aighneachtaí na bpáirtithe, chinn an Chúirt Chuarda go raibh an tUasal Nowak ag baint úsáide as na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 chun iarracht a dhéanamh athdhlíthíocht a dhéanamh ar ábhar ar dhéileáil an Ard-Chúirt leis cheana féin. Dá réir sin, dhiúltaigh an Chúirt Chuarda achomharc an Uasail Nowak.</p> <p>Agus í ag seasamh le cinneadh an CCS chinn an Chúirt Chuarda gur ghníomhaigh an CCS go hiomlán cothrom agus laistigh dá sainchúram agus í ag teacht ar a cinneadh. Rinne an Chúirt Ordú le haghaidh costas i bhfabhar an CCS agus an IAASA araon ach chuir sí bac ar an Ordú ar feadh 8 seachtaine.</p>	Chuir an tUasal Nowak achomharc isteach san Ard-Chúirt

Breithiúnais a Tugadh agus Orduithe Deiridh déanta in 2021

No.	Uimhir Thaifid	Teideal	Cineál gníomhaíochta agus ionad	Dáta an Bhreithiúnais/ Ordú	Toradh	Stádas Reatha an Cháis
6	2019/8026	Nowak v. An Coimisinéir Cosanta Sonraí agus an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe agus an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil	Achomharc Reachtúil Cúirt Chuarda Bhaile Atha Cliath	23 Samhain 2021 (Breithiúnas ex tempore)	<p>Le Breithiúnas ex tempore a fógraíodh an 23 Samhain 2021, dhiúltaigh an Chúirt Chuarda achomharc a thionscain an tUasal Nowak faoi alt 26 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Bhí an tUasal Nowak tar éis Ordú a lorg inter alia lenar cuireadh cinneadh an CCS dar dáta an 3 Nollaig 2019 ar ceal i maidir le gearán a rinne an tUasal Nowak leis an CCS i gcoinne an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB).</p> <p>Tar éis deireadh a chur le dlíthíocht Ard-Chúirte éagsúla idir an tUasal Nowak agus an BTC, nár éirigh leis an Uasal Nowak i ngach cás, rinne an tUasal Nowak gearán leis an CCS ag líomhain inter alia gur próiseáladh a ghearáin éagsúla leis an BTC go neamhdhleathach. Lorg sé dearbhuithe éagsúla freisin go raibh an bealach inar dhéileáil an BTC lena ghearáin mídhleathach. Níor sheas an CCS le gearán an Uasail Nowak.</p> <p>Agus achomharc an Uasail Nowak á dhiúltú, bhí an Chúirt Chuarda sásta go raibh an tUasal Nowak ag iarraidh saincheisteanna a athdhlíthíocht maidir le díospóidí tionóntachta a raibh cinneadh déanta cheana féin agus cinneadh ag na Cúirteanna orthu. Chinn an Chúirt gur thug an CCS aird chuí ar na saincheisteanna éagsúla a bhain leis an ngearán agus chinn sí nár nocht aon cheann de na saincheisteanna a d'aithin an tUasal Nowak aon fhoras bailí achomhairc.</p>	Chuir an tUasal Nowak achomharc isteach san Ard-Chúirt

Breithiúnais a Tugadh agus Orduithe Deiridh déanta in 2021

No.	Uimhir Thaifid	Teideal	Cineál gníomhaíochta agus ionad	Dáta an Bhreithiúnais/ Ordú	Toradh	Stádas Reatha an Cháis
7	2020/00712	Nowak v. An Coimisinéir Cosanta Sonraí agus Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Coimisinéir an Gharda Síochána, an Stiúrthóir Corparáideach Forfheidhmiú, an tArd-Aighne agus Éire.	Achomharc Reachtúil Cúirt Chuarda Bhaile Atha Cliath	23 Samhain 2021 (Breithiúnas ex tempore)	<p>Le Breithiúnas ex tempore a fógraíodh an 23 Samhain 2021, dhiúltaigh an Chúirt Chuarda achomharc a thionscain an tUasal Nowak faoi alt 26 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. D'iarr an tUasal Nowak inter alia Ordú chun cinneadh an CCS dar dáta an 3 Nollaig 2019 a chur ar ceal i. maidir le gearán a rinne an tUasal Nowak leis an CCS in aghaidh Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (ICAI).</p> <p>Tar éis deireadh a chur le dlíthíocht na hArd-Chúirte idir an tUasal Nowak agus an ICAI, nuair nár éirigh leis an Uasal Nowak, rinne an tUasal Nowak gearán leis an CCS ag líomhain inter alia nár thoiligh sé lena shonraí pearsanta a bheith próiseáilte ag an ICAI agus ag lorg dearbhuithe éagsúla lena n-áirítear. gur próiseáladh a shonraí pearsanta go neamhdhleathach agus go raibh an ICAI ag feidhmiú go neamhdhleathach go dtí 2012 agus mar sin nach bhféadfaí é a mheas mar rialaitheoir sonraí dlisteanach.</p> <p>Agus achomharc an Uasail Nowak á dhiúltú, thug an Chúirt Chuarda dá haire go raibh an tUasal Nowak ag iarraidh athdhlíthíocht a dhéanamh arís ar ábhar a tharla 8 mbliana roimhe sin agus go raibh sé ag iarraidh na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 a úsáid chun teacht timpeall ar na cinntí cúirte roimhe sin. Chinn an Chúirt nach raibh aon fhianaise ann chun tuillteanas achomharc an Uasail Nowak a chosaint. Dhearbhaigh an Chúirt freisin nach raibh aon easpa imscrúdaithe ag an CCS mar a líomhain an tUasal Nowak agus go raibh an Chúirt iomlán sásta le cinneadh an CCS sa chás seo.</p> <p>Dhíbh an Chúirt an t-achomharc agus dhámh costais ar an CCS agus ar an ICAI, ach chuir sí bac de 8 seachtaine ar an Ordú.</p>	Chuir an tUasal Nowak achomharc isteach san Ard-Chúirt
8	2019/8593	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí v. An Coimisiún um Chosaint Sonraí	Achomharc Reachtúil Cúirt Chuarda Bhaile Atha Cliath	10 Nollaig 2021	<p>Ar thoiliú, achomharc a thionscain an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (mar a tugadh air ag an am sin) i gcoinne Fógra Forfheidhmithe a d'eisigh an CCS an 6 Nollaig 2019, maidir le próiseáil agus coinneáil sonraí pearsanta a bhaineann leis na Seirbhísí Poiblí. Baineadh amach an cárta (PSC).</p> <p>[Féach cur síos mionsonraithe ar na himeachtaí seo sa chaibidil ar Bearta Ceartúcháin]</p>	

Imeachtaí scortha						
No.	Uimhir Thaifid	Teideal	Cineál gníomhaíochta agus ionad	Dáta an Bhreithiúnais/ Ordú	Toradh	Stádas Reatha an Cháis
9	2019/7318 P	Gerardine Scanlan v. Paul Gilligan and Ors	Imeachtaí iomlánacha	21 Nollaig 2021 (breithiúnas scríofa)	<p>Le breithiúnas i scríbhinn ón 21 Nollaig 2021, scrios an Ard-Chúirt na himeachtaí amach i gcoinne naonúr cosantóirí a bhí fágtha lena n-áirítear an CCS.</p> <p>Mar éisteacht an 13 agus 14 Bealtaine 2021, rinne na cosantóirí éagsúla iarracht na himeachtaí a scriosadh amach ar an mbonn gurbh ionann iad agus mí-úsáid próisis.</p> <p>D'aontaigh an Chúirt leis na cosantóirí éagsúla gur mí-úsáid próisis a bhí sna himeachtaí agus dá réir sin scriosadh na himeachtaí amach de bhun dhlínse dhúchais na cúirte.</p> <p>Ina theannta sin, dheonaigh an Chúirt Isaac Wunder ag cosc ar an ngearánaí aon imeachtaí breise a eisiúint i gcoinne an cheathrú go dtí an seachtú cosantóir ainmnithe gan cead na Cúirte a iarraidh ar dtús.</p> <p>Níor déileáladh go fóill le ceist na gcostas.</p>	Imeachtaí tugtha chun críche seachas eisiúint costas.

11



Maoirseacht

Maoirseacht

Trí rannpháirtíocht le heagraíochtaí sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, lucht déanta beartais agus reachtóirí, cuirtear ar chumas an DPC tuiscint a fháil ar na bealaí ina bhfuil rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí ag próiseáil sonraí pearsanta, agus cuirtear ar chumas ar an DPC ábhair inmí maidir le cosaint sonraí a aithint go réamhghníomhach agus ar leibhéal ard, agus, i gcás táirgí nó seirbhísí nua, cinnte a dhéanamh de go bhfuil eagraíochtaí ar an eolas maidir leis na hoibleagáidí comhlíonta atá orthu agus na fadhbanna a d'fhéadfadh bheith i gceist sula gcuirtear tús le sonraí pearsanta a phróiseáil.

Is é an aidhm atá leis an rannpháirtíocht mhaoirseachta treoir a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara agus ceangal a dhéanamh go réamhghníomhach mar rialálaí ag a bhfuil láithreach infheicthe, d'fhonn a chinntiú go gcloítear le cearta cosanta sonraí úsáideoirí seirbhíse. Sa chomhthéacs sin, tá sé mar aidhm ag an DPC cumarsáid oscailte agus rialta a dhéanamh le páirtithe leasmhara dá leithéid, lena n-áirítear eagraíochtaí, agus an chumarsáid sin a chur chun

cinn. Ar an gcaoi sin, tacaíonn an DPC le cearta daoine aonair trí sháruithe féideartha a mhaolú sula dtarlaíonn siad. Chomh maith leis sin, mar gheall ar an bhfeidhm Mhaoirseachta, déantar éascaíocht ar fhreagairt phras ón DPC, nuair is cuí, i leith ábhair inmí maidir le cosaint sonraí de réir mar a thagann siad chun cinn.

Tá an fheidhm Mhaoirseachta ina cuid thábhachtach den chreat rialála, ós rud é go mbíonn torthaí níos fearr i gceist d'ábhair sonraí agus nach mbíonn an oiread gá le gníomhaíocht ex-post atá dian ar acmhainní don DPC trí chinnte a dhéanamh de go gcuirtear an dea-chleachtas i bhfeidhm ag na céimeanna pleanála tionscadail. Mar sin féin, má dhealraíonn sé, le linn dul i ngleic leis an bhfeidhm Mhaoirseachta, gur gá don DPC gníomh forfheidhmithe a dhéanamh in aghaidh eagraíocht faoi leith, ní chuirtear cosc ar an DPC gníomh ábhartha a dhéanamh i gcúinsí dá leithéid.

Fuair an DPC **1,013 iarraidh ar chomhairliúchán** le linn na bliana 2021. Is mar seo a leanas an miondealú earnaála:

Earnáil	#	%
An Earnáil Phríobháideach	522	52
An Earnáil Phoiblí	255	25
An Earnáil Teicneolaíochta Ilnáisiúnta	105	10
An Earnáil Sláinte	91	9
An Earnáil Dheonach/ Charthanachta	25	2
An Earnáil Forfheidhmithe Dlí	15	2
Iomlán	1,013	

Comhairliúchán Reachtach

Chuir an DPC treoir agus tuairimí ar fáil maidir le **breis agus 40** beart reachtach a moladh sa bhliain 2021. Trí sin a dhéanamh, féachann an DPC le **cosaint sonraí trí dhearadh** a chur chun cinn agus tacú le cearta cosanta sonraí sa reachtaíocht i gcás ina bhféadfadh próiseáil sonraí pearsanta bheith i gceist.

Sa bhliain 2021, ba iad roinnt de na bearta reachtacha a ndeachaigh an DPC i mbun comhairliúcháin ina leith ná:

- ▶ An Bille um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú
- ▶ An Bille um Rianú Foirgníochta (Construction Industry Register Ireland) 2021
- ▶ An Bille um an nGeilleagar Ciorclach
- ▶ Rialacháin ón Aontas Eorpach (Idir-inoibritheacht córais dolaí bóthair leictreonacha)
- ▶ Bille an Gharda Síochána (Feidhmeanna agus Limistéir Oibríochta)
- ▶ Bille an Gharda Síochána (Cumhachtaí)
- ▶ Bille an Gharda Síochána (Taifeadh Digiteach)
- ▶ An tAcht (Leasú) 2021 agus reachtaíocht thánaisteach maidir le bearta sláinte poiblí COVID-19 a chur i bhfeidhm
- ▶ An Bille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha
- ▶ An Bille um Phleanáil Limistéir Mhuirí
- ▶ Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú)
- ▶ An Bille um Póilíneacht agus Sábháilteacht an Phobail
- ▶ An Bille um Nochtadh Cosanta (Leasú)
- ▶ An tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) 2012 Rialacháin (Úsáid Faisnéise)
- ▶ An Bille um Iascaigh Mhara (Leasú)
- ▶ An Bille um Chiontóirí Gnéis (Leasú)
- ▶ Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Faisnéis atá le soláthar ag an bhfostóir i gcás díbhe nó eirí as) 2021
- ▶ An Bille um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha)
- ▶ An Bille um Ionaid Choinneála a Iniúchadh

Chomh maith leis sin, ghlac an DPC páirt ag 7 seisiún éagsúla Comhchoiste Oireachtais maidir le roinnt Billí a bhfuil ghrinnscrúdúchán réamhreachtach á dhéanamh orthu ag na Coistí. Áiríodh le láithris os comhair Comhchoistí Oireachtais sa bhliain 2021:

- ▶ An Bille um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú
- ▶ An Bille um Athchóiriú Toghchán
- ▶ Bille an Gharda Síochána (Taifeadh Digiteach)
- ▶ Bille an Gharda Síochána (Cumhachtaí)
- ▶ An Bille um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán

I gcaitheamh na bliana 2021, lean an DPC dá rannpháirtíocht le DPOna, páirtithe leasmhara, ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus grúpaí abhcóideachta ar fud na n-earnálacha ar fad maidir le réimse leathan saincheistean, lena n-airítear:

An Earnáil sláinte

Bhí an bhliain 2021 ina bliain ghnóthach ag an DPC i gcónaí i bhfianaise na paindéime leanúnaí. Ó mhí Eanáir ar aghaidh, lean an DPC de mhaoirseacht a dhéanamh ar eagraíochtaí agus ranna cúraim sláinte lena chinntiú go dtuigeann rialaitheoirí sonraí na hiarmhairtí cosanta sonraí a bhaineann leis an bpróiseáil atá ag teastáil chun scaipeadh an víris COVID a íoslaghdú. Chomh maith leis sin, lean an DPC de threoir a chruthú agus a nuashonrú maidir le saincheisteanna cosanta sonraí a bhain le COVID lena n-áirítear Próiseáil Sonraí Vacsaínithe COVID-19 sa chomhthéacs maidir le Fostaíocht, Impleachtaí Cosanta Sonraí maidir leis an bPrótocal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte, agus treoir maidir le Deimhniú Vacsaíne a sheiceáil.

D'fhonn forbairt a dhéanamh ar an obair a cuireadh i gcrích an bhliain roimhe sin, lean an DPC i mbun dul i dteagmháil le Ranna Rialtais lena chinntiú go dtabharfaí aird chuí ar chosaint sonraí maidir le beartas agus reachtaíocht phoiblí a fhorbairt i gcomhthéacs na paindéime. Chuir an DPC tús le dul i dteagmháil leis an earnáil sláinte agus maoirseacht a dhéanamh uirthi maidir leis an mbunachar sonraí um Fhaisnéis Vacsaíne sula raibh oiread agus dáileog amháin sa tír go fóill agus bhí an DPC sásta leis an rannpháirtíocht luath sa tionscadal, ós rud é go léiríonn taithí an DPC roimhe seo na torthaí dearfacha a bhaineann le rannpháirtíocht an DPC le linn na gcéimeanna pleanála tionscadail. Rinneadh DPIA cuimsitheach maidir leis an tionscadal a athbhreithniú agus comhcheanglaíodh aiseolas ón DPC leis an tionscadal ar bhonn leanúnach, ar rud é atá ina léiriú ar an luach atá le DPIA maidir leis an gcineál próiseála mórsála seo do shaoránaigh mar ábhair sonraí agus mar rialaitheoirí sonraí araon.

Chomh maith leis sin, chuaigh an DPC i dteagmháil leis an Roinn Sláinte i ndáil le reachtaíocht chun bearta sláinte poiblí éagsúla COVID a chur i bhfeidhm, ar nós foirmeacha aimsithe paisinéirí maidir le taisteal idirnáisiúnta agus deimhnithe vacsaíne d'fhonn teacht a bheith ar sheirbhísí fáilteachais, lena chinntiú gur tugadh aird chuí ar na prionsabail maidir le cosaint sonraí i ngach cás.

Sa bhliain 2021 rinneadh na Leasuithe ar Rialacháin um Thaighde Sláinte a shíniú ina ndlí, bhí an píosa tábhachtach reachtaíochta seo ina iarracht chun torthaí othar a fheabhsú trí

shonraí sláinte a úsáid agus ag an am céanna, cinnte a dhéanamh de go gcosnaítear cearta ábhar sonraí maidir lena sonraí sláinte trí réimse bearta, lena n-áirítear na caighdeáin atá ag teastáil d'athbhreithnithe cairte iardhearcacha a shoiléiriú, réamhscagadh chun críche incháilitheacht/oiriúnacht a mheas lena gcur san áireamh i dtaighde sláinte, agus cumas toilithe ábhar sonraí.

Frithsciúradh Airgid

Tá athruithe suntasacha ar na bacáin ó Choimisiún an AE maidir le Rialachán nua chun cosc a chur le húsáid a bhaint as an gcóras airgeadais chun críche sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta (AML). Trí Fhoghrúpa um Cheisteanna Airgeadais an EDPB, phléamar na tograí seo le Coimisiún an AE. Ní mór do na hathruithe nua seo i leith riachtanais agus nósanna imeachta AML bheith i gcomhréir agus comhardaithe leis an GDPR. Chuige sin, beidh treoir shuntasach ag teastáil i leith na n-eintiteas/rialaitheoirí sonraí ar fad a mbeidh orthu cloí leis na rialacha AML nua agus leis an GDPR araon. Le linn na bliana 2021, d'ardaigh an DPC na saincheisteanna seo leis an Roinn Airgeadais, Banc Ceannais na hÉireann agus na Coimisinéirí Ioncaim, agus ghlac sé páirt i ngrúpaí oibre éagsúla ar nós Ghrúpa Oibre um Úinéireacht Thairbhiúil Chomhlachas Cláir Ghnó na hEorpa (EBRA) a d'eagraigh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, agus Tionscadal an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) maidir le Comhthiomsú Sonraí agus Cosaint Sonraí chun críocha AML. Leanfar den obair sa réimse seo sa bhliain 2022 maidir le cur chuige cothrom a chinntiú i leith AML a fheidhmiú i gcomhar le riachtanais an GDPR.

Méadrú cliste

Leanadh de dhul i dteagmháil leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU), Líonraí ESB agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide sa bhliain 2021 maidir leis an gClár Náisiúnta um Méadrú Cliste inar leagadh béim ar leith ar shonraí ó mhéadair chliste a choinneáil agus údar a thabhairt i leith na dtréimhsí a moladh. Téann an DPC i dteagmháil le NGOanna bainteacha áirithe i gcónaí maidir leis an bpointe seo. Chomh maith leis sin, chuir an DPC ionchur ar fáil maidir le Cód Rochtana Sonraí Cliste a fhorbairt ina saineofar na rialacha maidir le sonraí ó mhéadair chliste a rochtain, lena n-áirítear cosaintí agus nósanna imeachta atá riachtanach lena chinntiú go n-úsáidtear na sonraí ar bhealach ina gcomhlíontar cosaint sonraí.

Árachas

Le linn na bliana 2021, chuir an DPC tuairimí mionsonraithe ar fáil maidir le “Treoir maidir leis an Riachtanas um Chosaint Sonraí d’Arachóirí nuair atá Sonraí Pearsanta á Láimhseáil” a dhréachtaigh Insurance Ireland. Tá sé i gceist leis an treoir teacht in ionad Chód Cleachtais 2013 don tionscal atá as dáta, ar trí sin a gcuirfear doiciméad atá comhlíontach maidir le GDPR d’fhonn próiseáil sonraí pearsanta na hearnála árachais a threorú.



Cás-Staidéar 26

Stádas Vacsaínithe COVID – 19 agus Scoileanna

Le linn na bliana 2021, chuaigh roinnt múinteoirí i dteagmháil leis an DPC chun ábhair imní a léiriú maidir leis an Roinn Oideachais bheith i mbun sonraí vacsaínithe na mball foirne a phróiseáil, de réir mar a mheas siad.

I scoileanna ar fud na tíre, éilíodh ar bhail foirne ‘Foirmeacha Féindearbhaithe’ a chomhlánú, dá mba rud é gur tugadh comhairle dóibh srian a chur lena ngluaiseachtaí, agus dearbhú ón HSE/dearbhu leighis a chur ar fáil ina leith sin. Ba é ceann de na cúiseanna liostaithe a d’fhéadfadh duine roghnú chun an fáth nach bhféadfadh siad teacht chun na hoibre a mhíniú ná ‘Is dlúth-theagmhálaí mé de chás deimhnithe de COVID – 19.’ Ag an am a cuireadh an t-ábhar imní in iúl don DPC, ba é a tugadh le fios sa Chomhairle Sláinte Phoiblí nár ghá duit féin-aonrú a dhéanamh má bhí tú i do dhlúth-theagmhálaí dá mba rud é go raibh tú vacsaínithe go hiomlán agus nach raibh aon airíonna ort. Ba é an t-ábhar imní a cuireadh in iúl don DPC go raibh an Roinn Oideachais ag lorg stádas vacsaínithe trí bhealach ionadach.

De bhun na n-ábhar imní a léiríodh, chuaigh an DPC i dteagmháil leis an Roinn Oideachais maidir leis an bhFoirm Féindearbhaithe, na cúiseanna i leith sonraí pearsanta a bhailiú agus an bunús dlí ar a raibh an Roinn ag brath chun an phróiseáil a chur i gcrích.

Chuir an roinn in iúl dúinn go raibh an Foirm Féindearbhaithe riachtanach ionas go bhféadfaí tréimhse neamhláithreachta baill foirne mar aon le fad na gconarthaí a bhí le tairiscint do mhúinteoir ionaid a chinneadh. Chomh maith leis sin, luaigh an Roinn an bonn dleathach a bhí leis an bpróiseáil agus nach raibh aon rún i gceist, intuigthe nó ar bhealach ar bith eile, faisnéis a bhailiú maidir le stádas vacsaínithe na ball foirne scoile.

Bunaithe ar an bhfoclaíocht san fhoirm, mar aon leis an gcuspóir sonraithe a bhí léi, chinn an DPC nárbh ionann an riachtanas a bhí ar bhail foirne Foirm Féindearbhaithe a chomhlánú agus sonraí catagóire speisialta (sláinte) bheith á bpróiseáil ag an Roinn Oideachais. Bhí trí chúis ag an DPC maidir le teacht ar an gcinneadh sin:

- 1) níorbh ionann na sonraí pearsanta a bhí á dtaifeadadh ar an bhfoirm agus sonraí catagóire speisialta;
- 2) ní raibh na rialaitheoirí (scoileanna agus an Roinn Oideachais) i mbun sonraí catagóire speisialta a bhailiú ná a phróiseáil chun críche aitheanta.
- 3) ní raibh na rialaitheoirí i mbun na sonraí a bailíodh a phróiseáil tuilleadh ar bhealach inar léiríodh nó inar nochtadh tátail maidir le stádas sláinte duine aonair (ar nós sonraí a chomhcheangal le sonraí pearsanta eile).

Cás-Staidéar 27

TikTok agus comhoibriú le húdaráis cosanta sonraí AE eile

Le linn na bliana 2021, fuair an DPC iarrataí GDPR Airteagal 61 ar chúnamh frithpháirteach ó údaráis cosanta sonraí na hÍsiltíre agus na Fraince. I ngach aon cheann de na hiarrataí sin, iarradh ar an DPC tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar roinnt ábhair inmí maidir leis an bpróiseáil a dhéanann TikTok ar shonraí pearsanta a úsáideoirí, go háirithe úsáideoirí linbh.

Bhí na húdaráis bhainteacha ag déanamh imscrúdú ar TikTok sular lonnadh an chuideachta a príomhbhunaíocht (ceanncheathrú AE) in Éirinn i mí Iúil 2020, ar ina dhiaidh sin a ghlac an DPC an ról mar phríomhúdarás maoirseachta TikTok i mí na Nollag 2020 i ndiaidh d'údaráis mhaoirseachta eile san AE iad féin a shásamh go raibh TikTok lonnaithe go príomha in Éirinn.

Mar thoradh air sin, chinn údaráis na hÍsiltíre agus na Fraince nach raibh siad inniúil a thuilleadh imscrúdú a dhéanamh ar TikTok agus d'aistrigh siad a gcomhaid imscrúdaithe ar an mbonn sin, ag iarraidh ar an DPC tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh. Mar gheall ar na himscrúduithe seo, agus mar gheall gur aithin an DPC féin ábhair inmí bharrthábhachtacha trí rannpháirtíocht ghníomhach le TikTok sa bhliain 2021, chuir an DPC tús le dhá fhiosrúchán dá thoil féin de bhun Alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 maidir le TikTok bheith ag comhlíonadh riachtanais an GDPR.

Cas-Staidéar 28

Gné Faisnéise maidir le Lá Toghcháin Facebook

De réir mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil an DPC don bhliain 2020, chuir Facebook a ghné, Meabhrú Lá Toghcháin, ar fionraí i ndiaidh iarraidh a fháil ón DPC go gcuirfeadh Facebook sásra i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirfí faisnéis maidir leis an mbealach ina n-úsáidtear sonraí pearsanta ar fáil d'úsáideoirí ar bhealach atá éasca teacht uirthi sula ndéanann úsáideoir cinneadh idirghníomhú/páirt a ghlacadh sa ghné nó gan sin a dhéanamh. Ábhar imní ar leith don DPC ab ea easpa soiléireachta ó Facebook maidir le cibé a n-úsáidfí aon sonraí a gineadh trí úsáideoir bheith ag idirghníomhú leis an ngné le haghaidh fógraíocht spriocdhírthe agus fotha nuachta a phearsantú.

Sa bhliain 2021, thug Facebook achoimre don DPC maidir le roinnt athruithe a rinneadh ar an ngné, a athainmníodh mar Fhaisnéis maidir le Lá Toghcháin, d'fhonn moltaí an DPC a chur san áireamh. Áiríodh leis na hathruithe suíomh níos feiceálaí bheith ann don nasc 'Foghlaim Tuilleadh' chuig alt san Ionad Cúnaimh a bhaineann go sonrach leis an ngné; agus trédhearcacht níos fearr sa táirge ina soiléirítear nach n-úsáideann Facebook sonraí pearsanta a bhailítear trí idirghníomhaíochtaí le EDI chun críocha fógraíochta agus nach roinneann Facebook sonraí dá leithéid le tríú páirtithe.

Cas-Staidéar 29

Facebook View (Ray-Ban stories)

I gcaitheamh na bliana 2021, sheol Facebook, i bpáirt le Ray-Ban, spéaclaí cliste ar a dtugtar 'Ray-Ban stories'. Cuireann na spéaclaí ar chumas an duine atá á gcaitheamh grianghraif agus físeáin a thógáil den méid a fheiceann sé/sí, a chuirtear ar siúl trí ordú teagmhála nó gutha.

Ina dhiaidh sin, is féidir na híomhánna a sheoladh ar aghaidh trí aip Facebook Companion lena stóráil nó lena roinnt ar na meáin shóisialta. Cé go n-aithnítear gur féidir daoine aonair tríú páirtí a thaifeadh ar go leor gairis, lena n-áirítear fóin chliste, tríd is tríd, is amhlaidh an cás go mbíonn an ceamara nó fón le feiceáil mar ghaires ina bhfuil taifeadh á dhéanamh, ar trí sin, a dtugtar foláireamh do na daoine sin atá á ngabháil sna taifeadtaí. Feidhmíonn Ray-Ban stories trí úsáid a bhaint as solas táscaire, a chuirtear 'ar siúl' nuair atá grianghraf á ghlacadh nó taifeadh á dhéanamh. Chuaigh

an DPC i dteagmháil le Facebook, inar tarraingíodh aird ar shaincheisteanna maidir le infheictheacht agus fad tréimhse an tsolais seo, agus inar iarradh ar Facebook a dhearbhú go bhfuil an solas táscaire LED seo éifeachtach dá chuspóir agus é sin a léiriú. Mar fhreagra air sin, rinne Facebook athruithe sna bogearraí d'fhonn gile an LED sheachtraigh a láidriú. Chomh maith leis sin, d'fhreagair Facebook ar éileamh ón DPC agus ó Garante na hIodáile go reáchtálfadh Facebook feachtas faisnéise chun an pobal a chur ar an airdeall go bhféadfadh an táirge tomhaltais nua seo bheith ina chúis le taifeadh a dhéanamh ar a n-íomhánna ar bhealach nach bhfuil chomh follasach céanna. Leanfar de dhul i dteagmháil le Facebook sa bhliain 2022. Chomh maith leis sin, téann an DPC i gcomhairle le Garante na hIodáile i gcónaí i ndáil le haon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann Luxottica (monaróir na spéaclaí) a bhfuil an Garante inniúil chun maoirseacht a dhéanamh air.

Cas-Staidéar 30

Féinlagú Úsáideoirí Instagram

I mí na Bealtaine 2021, cuireadh an DPC ar an eolas faoi theagmhais inar cuireadh úsáideoirí Instagram ar míthreoir trína gcáilíochtaí Instagram a chur ar fáil d'áipeanna tríú páirtí a d'fhág go raibh a gcuntais lagaithe.

Cé nár cuireadh isteach ar aon úsáideoirí LEE sa chás áirithe seo, d'fhonn an dóchúlacht go gcuirfí úsáideoirí san LEE ar míthreoir agus teagmhais den chineál céanna bheith ag tarlú a laghdú, mhol an DPC gur chóir do Facebook cur le faisnéis dá úsáideoirí ina

mbeadh foláirimh shoiléire maidir leis na rioscaí a bhaineann leis na haipeanna sin. Ina dhiaidh sin, nuashonraigh an rialaitheoir na hait san Ionad Cúnaimh d'fhonn soiléireacht bhreise a chur ar fáil d'úsáideoirí maidir leis na hiarmhairtí a bhaineann le cead a thabhairt d'áipeanna dá leithéid teacht a bheith acu ar a gcuntais agus comhdhlúthaigh an rialaitheoir na hait ar fad san Ionad Cúnaimh ina leathanach tiomnaithe aonair san Ionad Cúnaimh.

Cas-Staidéar 31

Facebook Viewpoints

I gcaitheamh na bliana 2021, chuaigh an DPC i dteagmháil le Facebook maidir leis an mbeart Viewpoints a sheoladh san AE.

Luann Facebook go bhfuil Viewpoints ina ardán taighde margaidh nua ina gcúitítear úsáideoirí as páirt a ghlacadh i gcláir taighde, arb iad na torthaí as sin a úsáideann Facebook d'fhonn a dtáirgí a fhorbairt agus/nó a fheabhsú agus deiseanna nua sa mhargadh a mheas. Mar chuid den chomhoibriú leanúnach atá ar bun idir an DPC agus na hÚdaráis Mhaoirseachta AE/LEE eile, lena n-áirítear údaráis na Fraince, na hIodáile, Hamburg, na hIorua agus na hIlsiltíre, chuir an DPC roinnt ábhair imní in iúl do Facebook maidir leis an GDPR agus comhlíonadh ríomh-

Phríobháideachais an táirge Viewpoints. I mí na Nollag 2021, ar an mbonn sin, d'iarr an DPC ar Facebook athbhreithniú a dhéanamh ar an sceideal maidir leis an aip Viewpoint agus na cláir/suirbhéanna a bhaineann leis a leathadh amach tuilleadh san AE/LEE ionas go bhféadfadh an DPC agus údaráis cosanta sonraí eile tuilleadh measúnachta agus teagmhála a dhéanamh le Facebook maidir leis na hábhair imní a cuireadh in iúl. Mar fhreagra air sin, chomhaontaigh Facebook stad a chur le leathadh amach an chláir san AE/LEE.

12



Cearta Leanaí Mar Ábhair Sonraí

Obair for-rochtana poiblí

I ndiaidh dréacht-treoir leitheadach i ndáil le saincheisteanna maidir le cosaint sonraí leanaí a fhoilsiú i ndeireadh na bliana 2020 (dar teideal “Leanaí sa Tosach agus sa Lár: Bunphrionsabail la haghaidh Cur Chuige a Dhíríonn ar Leanaí maidir le Próiseáil Sonraí”, dá dtagraítear mar na “Bunphrionsabail” go gairid) agus i ndiaidh babhta deiridh de chomhairliúchán poiblí a sheoladh i mí na Nollag 2020 maidir leis an dréacht-treoir seo a reáchtáladh sa céad ráithe den bhliain 2021, chaith an DPC míonna tosaigh na bliana 2021 i mbun cruinnithe agus i mbun teagmhála le hionadaithe ón tionscal mar aon le páirtithe leasmhara barrthábhachtacha sna réimsí maidir le cearta leanaí agus sábháilteacht leanaí ar líne chun aiseolas tosaigh i ndáil le saincheisteanna éagsúla ar tugadh aghaidh orthu sa dréacht-treoir a phlé, chomh maith le gach aighneacht a fuarthas le linn an chomhairliúcháin poiblí a anailísiú agus a chomhtháthú.

Imeachtaí Óráidíochta

Chomh maith leis sin, d’fhonn an tionscal agus an pobal i gcoitinne a choinneáil ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí an DPC i réimse an bheartais leanaí, labhair baill foirne de chuid an DPC ag go leor imeachtaí seachtracha freisin le linn na bliana 2021, ar nós díospóireacht phainéil Chruinniú Mullaigh Óige TTC maidir le leas an linbh a aistriú ina dhearadh táirgí, seimineár gréasáin arna thionól ag an gcomhlacht dlíodóirí, Lewis Silken dar teideal “Sonraí Leanaí – Dearcadh Domhanda”, agus comhdháil arna tionól ag an gcuibhreannas euCONSENT dar teideal “Cearta Leanaí Ar Líne, Fíorú Aoise agus Comhthoiliú Tuismitheora: Cothromaíocht a Aimsiú”. Chomh maith leis sin, thaifead an DPC agallamh podchraolta do shraith maidir le Comhaid um Chomhlíonadh ó Chomhlachas Oifigeach um Chomhlíonadh na hÉireann, agus do shraith Tech Talk ó Newstalk, inar pléadh go mion Bunphrionsabail an DPC agus saincheisteanna agus dúshláin bharrthábhachtacha maidir le cosaint sonraí leanaí. Chomh maith leis sin, thaifead an DPC

sraith físeán faoi shaincheistanna maidir le cosaint sonraí leanaí do Mhol Digiteach Nua an ISPPC, inar clúdaíodh ábhair ar nós Sonraí do Leanaí a Chosaint ar Líne, Cosaint Sonraí agus Ardáin Mheán Sóisialta, Cearta Leanaí agus Aois an Toilithe Dhigitigh, mar aon le Fógraíocht agus Próifíliú Spriocdhírthe.

Rannpháirtíocht i gcoistí seachtracha

I ndiaidh don DPC cuireadh a fháil, d'éirigh sé ina bhall den Bhord Comhairliúcháin do thionscadal nua atá maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach ar a dtugtar euCONSENT, a bhfuil sé mar aidhm leis bonneagar uile-Eorpach a fhorbairt chun éascaíocht a dhéanamh ar shásraí fóraithe aoise agus comhthoilthe tuismitheora idir-inoibritheacha a fhorbairt. Chomh maith leis sin, lean an DPC dá rannpháirtíocht mar bhall den Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne, a d'fhoilsigh tuarascáil leitheadach i mbliana maidir lena Suirbhé Náisiúnta ar Leanaí, a dTuismitheoirí agus Aosaigh maidir le Sábháilteacht ar Líne.

Rannpháirtíocht i gcomhairliúcháin sheachtracha

I dtús na bliana 2021, rinne an DPC aighneacht chuig comhairliúcháin poiblí na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir leis an Dréachtchreat Curaclaim Bunscoile, inar labhair an DPC go láidir ar son clár le haghaidh saoránacht dhigiteach neamhspleách agus cuimsitheach a chruthú agus a chur san áireamh, inar chóir cuid lárnach de bheith dírithe ar oideachas sonrach a chur ar leanaí maidir le saincheistanna um chosaint sonraí. Chomh maith leis sin, chuir an DPC tráchtanna i scríbhinn faoi bhráid chomhairliúcháin páirtithe leasmhara na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) maidir lena dréachtmholadh i leith leanaí sa timpeallacht dhigiteach agus maidir lena dréacht-threoirlínte do sholáthraithe seirbhísí digiteacha. Níos gaire don bhaile, rinne an DPC aighneachtaí mionsonraithe, arna iarraidh go sonrach ag an gComhchoiste maidir leis na Meáin, Turasóireacht, na hEalaíona, Cultúr, Spórt agus an Ghaeltacht, maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán.

Ina dhiaidh sin, tháinig an DPC i láthair mar fhinné le linn ghrinnschrúdú réamhreachtaíochta an Choiste sin maidir leis an mBille i mí Bealtaine 2021 chun fianaise bhreise a chur ar fáil i ndáil lena aighneacht.

Rannpháirtíocht le comhlachtaí reachtúla

I gcaitheamh na bliana 2021, d'fhreastail an DPC ag cruinnithe le roinnt comhlachtaí reachtúla chun forbairtí a phlé sa réimse maidir le saincheistanna cosanta sonraí leanaí, lena n-áirítear Údarás Craolacháin na hÉireann (atá beartaithe a bheith ina Choimisiún nua ar na Meáin (a chuimseoidh Coimisinéir tiomnaithe i leith Sábháilteacht ar Líne) i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Bhille um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán), OfCom sa Ríocht Aontaithe agus an Coimisiún Cónaidhme um Thrádáil (FTC) i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Chomh maith leis sin, d'fhreastail an DPC ag cruinnithe lena mhacasamhlacha sa Fhrainc agus sa Ríocht Aontaithe, an CNIL agus an ICO, roinnt uaireanta le linn na bliana 2021 chun tuairimí a mhalartú agus na forbairtí is déanaí a phlé maidir le hobair an dá DPA araon i leith cearta cosanta sonraí leanaí.

Tuarascáil ar chomhairliúcháin poiblí maidir leis na “Bunphrionsabail” dréachta

I ndiaidh anailís agus breithniú cúramach a dhéanamh ar shaincheistanna a ardaíodh mar fhreagraí ar chomhairliúcháin an DPC maidir leis na Bunphrionsabail dréachta, d'fhoilsigh an DPC tuarascáil mhionsonraithe i mí na Samhna 2021 maidir leis na haighneachtaí a fuarthas. Sa tuarascáil, dírithe ar na téamaí agus codanna den dréacht-treoir a bhfuarthas an t-aiseolas agus an tráchtareacht ba mhó ina leith, is é sin, raon na mBunphrionsabal, agus an prionsabal “leas an linbh”, cearta leanaí a fheidhmiú, fíorú aoise agus próifíliú chun críocha fógraíochta spriocdhírthe, agus leagtar amach freagraí an DPC i ndáil leis an aiseolas sin.

Na “Bunphrionsabail” deiridh a fhoilsiú

I mí na Nollag 2021, d’fhoilsigh an DPC an leagan deiridh de na Bunphrionsabail. Bhí sé seo ina thoradh ar dhianobair an DPC sa réimse seo le breis agus trí bliana, agus arbh é a bhí i gceist leis an obair sin trí phróiseas comhairliúcháin phoiblí ar leith le páirtithe leasmhara, (lena n-áirítear comhairliúchán díreach le leanaí), rannpháirtíocht le saineolaithe sa réimse maidir le cearta leanaí, taighde leathan agus próisis dréachtaithe dhá chéim. Tá an leagan deiridh de na Bunphrionsabail tacaithe go mór le comhairliúcháin shuntasacha agus ionchur ó shaineolaithe agus tá sé ina chéim thábhachtach maidir leis na caighdeáin cosanta níos airde a bhaint amach i leith sonraí pearsanta leanaí a éilítear faoin GDPR. Tá an DPC diongbháilte faoi chlaochlú a spreagadh maidir leis an mbealach in láimhseáiltear sonraí pearsanta leanaí agus tá na Bunphrionsabail ina léiriú ar chéim chun cinn tábhachtach san athrú sin.

Tá feidhm agus éifeacht oibríochtúil láithreach ag na Bunphrionsabail, agus tá siad mar bhonn anois do chur chuige an DPC i leith maoirseacht, rialú agus forfheidhmiú sa réimse a bhaineann le sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil.

Treoir ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) maidir le Saincheisteanna i ndáil le Cosaint Sonraí Leanaí

I ndeireadh na bliana 2021, ghlac an DPC le príomhról maidir le treoir a ullmhú ag leibhéal an EDPB maidir le saincheisteanna cosanta sonraí leanaí in éineacht le foireann comhrapóirtéirí ón nGearmáin, ón Fhrainc, ón nGréig agus ón Danmhairg. Is cúis áthais é don DPC bheith páirteach i bpíosa oibre chomh tábhachtach sin ina bhféachtar leis an gcur chuige atá le glacadh sa réimse ríthábhachtach maidir le próiseáil sonraí leanaí a chomhoiriúnú ag leibhéal an AE.

13

Oifigigh Cosanta Sonraí

Lean an DPC dá obair maidir le comhlíonadh a bhaineann leis na hoibleagáidí atá ar rialaitheoirí sonraí i leith Oifigeach Cosanta Sonraí (DPO), a ainmniú agus chur in iúl. Go háirithe, d'éirigh leis an DPC an chéim is déanaí ina chlár forfheidhmithe DPO a chur i gcrích, atá dírithe ar chomhlíonadh Airteagal 37 den GDPR a fheabhsú.

Mar chuid den tionscadal, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2020, rinneadh measúnú ar chomhlíonadh comhlachtaí poiblí maidir lena n-oibleagáidí faoi Airteagal 37.7 den GDPR, ina dtugtar sainordú go bhfuil comhlachtaí poiblí i measc na gcatagóirí rialaitheora sonraí ar leith a n-éilítear orthu DPO a ainmniú agus sonraí an DPO a chur in iúl don Údarás Maoirseachta ábhartha.

Le linn na céime tosaigh seo, aithníodh breis agus 77 comhlacht poiblí neamhchomhlíontacha as líon iomlán de bheagnach 250. I ndiaidh don DPC idirghabháil a dhéanamh, chuir breis agus 70 comhlacht iad féin i gcomhréir, ar trí sin a ardaíodh ráta comhlíonta na hearnála ó 69% go dtí beagnach 100%.

Sa bhliain 2021, mhéadaigh an DPC an tionscadal d'fhonn an earnáil phríobháideach a chur san áireamh, agus aithníodh nach bhfuil aon riachtanais uathoibríoch ar eagraíochtaí nach bhfuil san earnáil phoiblí DPO a ainmniú. Is trí scála agus nádúr na ngníomhaíochtaí próiseála atá i gceist a ndéantar cinneadh maidir le DPO na a ainmniú in eagraíochtaí na hearnála príobháidí. Agus aird á tabhairt air sin, d'aithin an DPC roinnt earnálacha ar dócha go mbainfidh siad an tairseach amach chun DPO a ainmniú. Áirítear leis na hearnálacha seo Ospidéal Phríobháideacha & Seirbhísí Dochtúra taobh amuigh d'uaireanta gnó, Eintitis Baintéireachta agus Comhair Chreidmheasa. Is mar seo a leanas achoimre ar na torthaí:

Ospidéal Phríobháideacha & Seirbhísí Dochtúra taobh amuigh d'uaireanta gnó

- ▶ Aithníodh 24 Ospidéal Príobháideach agus seirbhísí dochtúra taobh amuigh d'uaireanta gnó le linn an athbhreithnithe ar chomhlíonadh.
- ▶ Astu sin, rinne 42% de na seirbhísí a aithníodh DPO a ainmniú agus an DPC a chur ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 37(7) GDPR.
- ▶ I ndiaidh idirghabháil an DPC, chuir 100% de na seirbhísí a aithníodh iad féin i gcomhréir leis na riachtanais.

Eintitis Baincéireachta

- ▶ Aithníodh 34 eintiteas baincéireachta le linn an athbhreithnithe ar chomhlíonadh.
- ▶ I ndiaidh iniúchadh tosaigh a chur i gcrích, aithníodh 74% de na heintitis a bheith comhlíontach.
- ▶ I ndiaidh dul i dteagmháil, tá 80% de na heintitis a aithníodh comhlíontach, thug trí eintiteas cúiseanna i leith gan DPO a ainmniú agus tá an chuid eile faoi réir teagmháil leanúnach leis an DPC.
- ▶ Déanfaidh an DPC athbhreithniú ar na cúiseanna a tugadh i leith gan DPO a ainmniú d'fhonn cur i bhfeidhm cheart Airteagal 37(1)(b) agus (c) a chinntiú.

Comhair Chreidmheasa

Mar gheall ar an líon comhair chreidmheasa atá sa tír, chuathas i dteagmháil leo astu féin agus ní in éineacht leis na heintitis baincéireachta eile.

- ▶ Aithníodh **242** comhar creidmheasa le linn an athbhreithnithe.
- ▶ I ndiaidh iniúchadh tosaigh a chur i gcrích, chomhlíon **29%** de chomhair chreidmheasa Airteagal 37(7) agus chomhlíon **3%** i bpáirt.
- ▶ I ndiaidh teagmháil chéadchéime a chur i gcrích, d'ardaigh an ráta comhlíonta go **64%**, agus **10%** á chomhlíonadh i bpáirt.
- ▶ **Chinn 13%** de na comhair chreidmheasa a aithníodh gan DPO a ainmniú.
- ▶ Tá teagmháil á dhéanamh ar bhonn leanúnach leis na comhair chreidmheasa agus déanfaidh an DPC athbhreithniú ar na cúiseanna a tugadh i leith gan DPO a ainmniú d'fhonn cur i bhfeidhm cheart Airteagal 37(1)(b) agus (c) a chinntiú.

Ar an iomlán, comhlíonann níos mó ná 170 eagraíocht bhreise Airteagal 37(7) go dtí seo mar thoradh ar idirghabháil an DPC, ar trí sin a bhfuil teacht níos éasca ag daoine aonair ar DPOanna atá ag iarraidh a gcearta maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú.

I gcásanna ina n-aithníonn an DPC neamhchomhlíonadh leanúnach, glacfar bearta forfheidhmithe eile de réir mar is cuí agus is gá, d'fhonn comhlíonadh riachtanais an GDPR a chinntiú.

Sular ndéanfar seiceálacha um chomhlíonadh a leathnú amach go hearnálacha eile, breithneoidh an DPC cibé an bhfuil treoir bhreise ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar aon ábhair imní.

An Líonra DPO

Tá an DPC dúthrachtach i gcónaí faoi tacaíocht a chur ar fáil do DPOanna agus a bhfoirne; ar gealltanas é a athdhearbhaíodh i measc na dtosaíochtaí i leith Straitéis Rialála nua-fhoilsithe 2022-2027 an DPC. Is aitheantas é seo ar an ról barrthábhachtach atá ag DPOanna lena chinntiú go mbeidh cultúr agus comhlíonadh eagraíochtúil marthanach ina thoradh ar na cláir GDPR. Mar chuid d'íarrachtaí an DPC cumhacht a thabhairt do DPOanna maidir lena ndualgais a chur i gcrích, bhunaigh an DPC Líonra DPO i ndeireadh na bliana 2019. Is é an cuspóir atá leis an Líonra teagmháil idir piaraí agus comhroinnt eolais idir DPOanna agus gairmithe cosanta sonraí a chothú.

Labhair baill foirne de chuid an DPC ag go leor imeachtaí fíorúla do DPOanna le linn na bliana, lena n-áirítear gníomhaíochtaí le Líonraí DPO earnála. Mar aitheantas ar an méadú ar an líon daoine atá ag gníomhú i gcáil chomhairleach maidir le cosaint sonraí d'eagraíochtaí nach mbaineann an tairseach amach chun DPO a ainmniú go foirmiúil, leathnaigh Líonra DPO an DPC a raon le go n-áireofaí DPOanna neamhainmnithe.

I ceathrú a haon 2022, cuirfidh an DPC tús le sraith seimineáir ghréasáin ar líne atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do SMEnna maidir lena n-íarrachtaí i ndáil le comhlíonadh. Is féidir leis na daoine sin ar mhian leo bheith páirteach clárú anois. Chun ceist a chur faoi Líonra DPO an DPC, nó chun suim a léiriú sna ceardlanna SME, seol ríomhphost chuig DPONetwork@dataprotection.ie.

14

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Comhlachtaí Maoirseachta Eorpacha um Chosaint Sonraí

Le linn na bliana 2021, lean an DPC de bheith páirteach sna cláir oibre de chuid na gcomhlachtaí maoirseachta Eorpacha maidir le córais IT mhórsála an AE, ar nós Schengen, Europol, Eurodac, Eurojust, an Córas um Fhaisnéis Custaim (CIS) agus Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI).

Éire a nascadh le Córas Faisnéise Schengen (SIS II) an 15 Márta 2021

Tá Córas Faisnéise Schengen (SIS) ar an gcóras roinnte faisnéise is forleithne úsáide agus is mó san Eoraip maidir le bainistiú slándála agus teorann. Trí SIS, cuirtear rochtain ar fáil do Bhaill agus d'Fhoireann an Gharda a úsáideann PULSE ar shonraí fíor-ama maidir le foláirimh ar leith; mar shampla, daoine a bhfuiltear sa tóir orthu i leith gníomhartha coiriúla, daoine atá ar iarraidh agus nithe a goideadh nó a bhfuil tóir orthu mar fhianaise i leith cuspóir breithiúnach.

I mí an Mheithimh 2021, chuir foireann saineolaithe faoi stiúir an Choimisiúin Eorpaigh measúnú ar an láthair i gcrích maidir le cur i bhfeidhm Chóras Faisnéise Schengen in Éirinn. Roimh an measúnú seo, éilíodh ar an DPC Ceistneoir mionsonraithe a chomhlánú inar díródh ar mhaoirseacht an DPC ar SIS II agus rannpháirtíocht leis An Garda Síochána (AGS). De bharr go bhfuil Éire nasctha le SIS II, d'imigh an DPC óna ról seanbhunaithe mar 'breathnóir' le bheith ina bhall lán-rannpháirtíochta de chomhlacht maoirseachta um chosaint sonraí na gCóras Faisnéise Schengen (SIS II). Mar chuid dá dhualgais mhaoirseachta, chuaigh an DPC i dteagmháil le AGS le linn na bliana 2021 maidir le ceisteanna a bhain le SIS II lena n-áirítear faisnéis & cearta rochtana ábhar sonraí, foláirimh Airteagal 36 agus oiliúint SIS II.

Aistrithe Idirnáisiúnta – Rialacha ceangailteacha corparáideacha

Príomhchúram don Choimisiún um Chosaint Sonraí sa réimse maidir le haistrithe idirnáisiúnta is ea iarratais ó chuideachtaí ilnáisiúnta ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha a mheas agus a cheadú.

Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha

Tugadh Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha (BCR) isteach mar fhreagra ar riachtanas eagraíochtaí cur chuige domhanda bheith acu i ndáil le cosaint sonraí i gcás ina raibh go leor eagraíochtaí comhdhéanta de roinnt fochuideachtaí atá lonnaithe ar fud na cruinne agus ag aistriú sonraí ar scála mór. Mar gheall ar BCR a chur san áireamh sa GDPR, daingnítear iad a thuilleadh lena n-úsáid mar chosaint oiriúnach chun aistrithe chuig Tríú Tíortha a dhlísteánu. Le linn na bliana 2021, lean an DPC de ghníomhú, nó chuir sé tús le gníomhú mar **phríomh-athbhreithneoir i ndáil le 33 iarratas BCR** ó 19 cuideachta éagsúla. Chomh maith leis sin, chuidigh an DPC le Gníomhaireachtaí Cosanta Sonraí Eorpacha eile (DPAnna) trí ghníomhú mar chomh-athbhreithneoir nó trí ghníomhú ar fhoirne dréachtaithe maidir le Tuairimí Airteagal 64 i ndáil le 13 BCR le linn na tréimhse sin.

Chomh maith leis sin, i ndiaidh an BCR a cheadú, bíonn ról maoirseachta ag an DPC i gcónaí agus faigheann sé nuashonruithe bliantúla maidir leis na BCRanna ar fad. Sa bhliain 2021 **bhí an DPC i gceannas ar 23 BCR** ó 16 cuideachta éagsúla atá ceadaithe cheana féin.

D'éisigh an EDPB tuairimí Airteagal 64 maidir le 18 iarratas BCR sa bhliain 2021 agus sheiceáil an DPC na hiarratais BCR sin agus chuir sé aiseolas ar fáil ina leith.

Saincheisteanna Eile maidir le hAistriú Idirnáisiúnta

Sa bhliain 2021, d'fhreastail baill foirne de chuid an DPC ar 11 chruinniú d'fhoghrúpa saineolaithe um Aistrithe Idirnáisiúnta an EDPB. Tionóltar an foghrúpa seo den EDPB chun doiciméadacht a athbhreithniú, a mholadh agus a ullmhú maidir le ceisteanna a bhaineann le hAistrithe Idirnáisiúnta.

Chomh maith leis sin, d'fhreastail baill foirne ón DPC ar 15 cruinniú eile le comhghleacaithe ITES le haghaidh cruinnithe tiomnaithe maidir le ceisteanna ar nós doiciméadacht BCR a nuashonrú, nósanna imeachta BCR agus Leordhóthanacht RA.

I gcaitheamh na bliana 2021, d'éisigh an EDPB Tuairimí, Treoirlínte agus Moltaí maidir le go leor saincheisteanna a bhain le hAistrithe. Áiríodh leo sin Treoirlínte maidir leis an Idirghníomhú idir Caibidil V agus Airteagal 3 GDPR agus Cóid Iompair a Úsáid mar uirlisí i leith Aistrithe; Moltaí i leith bearta ina ndéantar forlíonadh ar uirlisí aistrithe; Tuairimí maidir le cinntí an Choimisiúin Eorpaigh i leith Leordhóthanacht na RA agus na Cóiré Theas agus maidir le Clásail Chonarhacha Chaighdeánacha Nua Choimisiún an Aontais Eorpaigh. Bhí baill foirne de chuid an DPC rannpháirteach ag gach céim d'fhoilseacháin éagsúla seo den EDPB, trí pháirt a ghlacadh ar fhoirne dréachtaithe, tráchtanna agus aiseolas a chur ar fáil ag na cruinnithe iomadúla a tionóladh chun iad a phlé agus trí chur go gníomhach leis na cainteanna deiridh ag leibhéal lomlánach.

Comhoibriú AE

In ainneoin cosc bheith curtha le cruinnithe i bpearsa de chuid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí (EDPB) sa bhliain 2021 mar gheall ar shrianta taistil leanúnacha, lean an DPC de fhreastal ar na cruinniú iomlánacha míosúla ar fad agus de pháirt ghníomhach a ghlacadh iontu, mar aon le **breis agus 200 cruinniú d'fhoghrúpa saineolaithe**. I mí na Samhna 2021, d'éirigh leis an EDPB an chéad chruinniú iomlánach i bpearsa a thionól ó thús na paindéime. Trí sin, cuireadh deis luachmhar ar fáil don DPC dul i dteagmháil go díreach le comhghleacaithe in údarás cosanta sonraí an AE agus cruinnithe déthaobhacha agus comhoibrithe féideartha amach anseo a phleanáil.

Comhoibriú le húdaráis mhaoriseachta EDPB eile 2021

Lean an DPC d'acmhainní suntasacha a infheistiú i bhfeidhmiú laethúil an OSS ag leibhéal éagsúla maidir lena ról a chur i gcrích mar Phríomhúdarás Maoirseachta, lena n-airítear cúnaimh a lorg ó údaráis eile maidir le réimse leathan ceisteanna mar aon le hiad a choinneáil ar an eolas faoi shaincheisteanna agus forbairtí ábhartha

Úsáidtear iarrataí Deonacha ar Chúnamh Frithpháirteach chun sonraí maidir le gearáin OSS a chur in iúl agus bearta leantacha a dhéanamh i leith cumarsáid agus gníomhartha i ndáil le gearáin, mar aon le SA nua a chur ar an eolas faoi nuashonraithe maidir le cásanna agus fiosrúcháin mhaoirseachta agus comhroinnt doiciméad.

- ▶ Fógraí Deonacha ar Chúnamh Frithpháirteach Airteagal 61 a seoladh chun na hÉireann – 576
- ▶ Fógraí Deonacha ar Chúnamh Frithpháirteach Airteagal 61 a seoladh ó Éirinn – 828

Úsáidtear iarrataí Foirmiúla ar Chúnamh Frithpháirteach chun faisnéis a iarraidh go foirmiúil ó SA eile nó chun iarraidh ar SA gníomhartha áirithe a dhéanamh.

- ▶ Iarrataí ar Chúnamh Frithpháirteach Airteagal 61 a seoladh chun na hÉireann – 26
- ▶ Iarrataí ar Chúnamh Frithpháirteach Airteagal 61 a seoladh ó Éirinn – 94

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta 18-21 Deireadh Fómhair An Comhthionól Domhanda um Príobháideachas

I mí Dheireadh Fómhair na bliana 2021, ghlac an DPC páirt sa Chomhthionól Domhanda um Príobháideachas (GPA); an chomhdháil bhliantúil ar a bhfreastalaíonn breis agus 130 údarás idirnáisiúnta maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas. Reáchtáladh imeacht na bliana 2021 ar líne go hiomlán agus ba é údarás maoirseachta Mheicsiceo a rinne óstáil air. Tá Meicsiceo anois tagtha in ionad na Ríochta Aontaithe mar Chathaoirleach ar an GPA.

Tionscadal ARC Project

Leanann an DPC de chur leis na táirgí insoláthartha atá leagtha amach ag an AE mar chuid dá ról laistigh d’Fheachtas Múscaillte Feasachta ARC atá dírithe ar SMEnna, i gcomhar le Gníomhaireacht Cosanta Sonraí na Cróite AZOP, agus Ollscoil Vrije na Bruiséile. Rinneadh ábhair oideachasúla a dhréachtú agus a uaslódáil ar láithreán gréasáin ARC, **cuireadh suirbhé i gcrích ina ndeachthas i dteagmháil le 300 SME**, agus cuireadh obair ullmhúcháin i gcrích do roinnt ceardlanna agus do chomhdháil. Ar an drochuair, mar gheall ar mhéadú bheith ag teacht ar shrianta i dtreo dheireadh na bliana, níor mhór an Chomhdháil agus na Ceardlanna a chur siar go dtí an bhliain 2022.

15

Cumarsáid

Teagmháil leis na Meáin

Le linn na bliana 2021, d'fhoilsigh an DPC 14 preasráiteas ar fad, a bhí ina gcúis le clúdach suntasach ar na meáin ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhain fógraí ar leith le fiosrúchán a sheoladh maidir le próiseáil sonraí pearsanta na Roinnte Sláinte, éachtaí chlár forfheidhmithe an DPO – le 170 eagraíocht bhreise á gcur i gcomhréir, agus dearbhú maidir le fíneáil €450,000 gearrtha ar Twitter.

Teagmháil Dhíreach

In ainneoin na srianta leanúnacha atá i bhfeidhm, bhí teagmháil dhíreach le páirtithe leasmhara ina hardtosáocht i gcónaí le linn na bliana 2021. Lean an DPC i mbun teagmhála le réimse éagsúil páirtithe leasmhara Éireannacha agus idirnáisiúnta araon. Ghlac an Coimisinéir agus baill foirne páirt i mbreis agus 90 imeacht sa bhliain 2021. Imeachtaí fíorúla ab ea formhór na n-imeachtaí seo, ach bhí cuid acu ina n-imeachtaí i bpearsa, a tionóladh i gcomhréir leis an treoir sláinte oifigiúil a bhí i bhfeidhm ag an tréimhse ábhartha.

Treoir agus Ábhar Oideachais

Mar chuid de shainchúram oideachais leanúnach an DPC, rinneadh treoir fhadréimseach maidir le réimse leathan ábhair do dhaoine agus eagraíochtaí a dhréachtú agus a dháileadh ar feadh na bliana. Cruthaíodh beagnach 10 mír treoracha sa bhliain 2021, inar clúdaíodh réimse leathan saincheistanna idir shonraí pearsanta a bhailiú roimh bhreathnú ar réadmhaoin agus seiceálacha maidir le deimhnithe vacsaíne. Díol suntais ar leith ab ea na Bunphrionsabail le haghaidh Cur Chuige a Dhíríonn ar Leanáí maidir le Próiseáil Sonraí, a tugadh chun críche agus a foilsíodh i mí na Nollag, agus ar chuir páirtithe leasmhara ar fud na gcainéal ar fad fáilte chroíúil roimhe.

Na Meáin Shóisialta

Bhí ról tábhachtach i gcónaí ag ardáin mheán sóisialta an DPC i gcumarsáid an DPC sa bhliain 2021. Bhí méadú ar láithreachtaí an DPC sna meáin shóisialta ar Twitter, Instagram agus LinkedIn, ina ghné lárnach chun tacú lena ghníomhaíochtaí maidir le feasacht a ardú agus cumarsáid a dhéanamh. **Le linn na bliana 2021, tá méadú níos mó ná 6,000 duine, go breis agus 35,000 duine**, tagtha ar líon na leantóirí ar fad ar fud na dt trí ardán. Bhí scaipeadh orgánach níos mó ná **2.1 milliún** i gceist, agus teagmháil mhaith á déanamh ar bhonn uilechoiteann. Is féidir breathnú ar Bheartas an DPC maidir leis na Meáin Shóisialta ar ár láithreán gréasáin.

Láithreán Gréasáin an DPC

Tá láithreán gréasáin an DPC (www.dataprotection.ie) ina acmhainn thábhachtach i gcónaí ag daoine aonair agus ag eagraíochtaí le linn na bliana 2021. Trí fhoirmeacha gréasáin an DPC, cuirtear bealach áisiúil ar fáil d'úsáideoirí an láithreáin ghréasáin maidir le gearáin, fógraí maidir le sárú, agus ceisteanna ginearálta a chur isteach chuig an DPC. Chomh maith leis sin, rinneadh preasráitis, ráitis agus treoir maidir le saincheisteanna tráthúla a bhain lenár bpáirtithe leasmhara a fhoilsiú go minic le linn na bliana 2021.

16

Corparáideach

An DPC – Maoiniú agus Foireann

Bliain ar bhliain, tá méadú tagtha ar mhaoiniú ón rialtas don DPC ó €1.7 milliún sa bhliain 2013 go dtí **€19.1 milliún sa bhliain 2021** (a chuimsíonn leithdháileadh pá €12.76 milliún agus leithdháileadh neamhphá €6.36 milliún). B'ionann an maoiniú don bhliain 2021 agus méadú €2.2M ar leithdháileadh na bliana 2020.

Lean an DPC d'Fheidhmeanna Corparáideacha a aistriú ón Roinn Dlí agus Cirt a chur chun cinn sa bhliain 2021. I mí na Samhna 2021, síníodh Ordú ón Aire, ina n-ainmnítear an Coimisinéir um Chosaint Sonraí bheith ar an Údarás Iomchuí, faoi Alt 20(2) den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Tá fostaithe an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, a bhí fostaithe roimhe seo ag an Roinn Dlí agus Cirt, ina bhfostaithe de chuid an DPC anois.

Bhunaigh an DPC feidhm straitéiseach nua i leith Acmhainní Daonna, Daoine & Foghlaim, chun tacú le luachanna, fíis agus misean an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, de réir mar atá leagtha amach inár Straitéis Rialála nua, 2022 – 2027.

Is é an cuspóir atá leis an bhfeidhm nua Daoine & Foghlaim tacú leis an eagraíocht ar fad a spriocanna a bhaint amach trína hacmhainn is luachmhaire, ár ndaoine. Sa bhliain 2021, príomhchúram den fheidhm nua i gcónaí ab ea dianchlár earcaíochta, d'fhonn an líon fostaithe a mhéadú ó 145 sa bhliain 2020 go dtí 190 faoi dheireadh na bliana. Leanfaimid d'earcaíocht a chur chun cinn le linn na bliana 2022, agus líon fostaithe 260 mar sprioc againn, trí mheascán d'earcaíocht oscailte agus trínár ndaoine féin a ardú agus a fhorbairt. Déanfaimid ár struchtúr ardbhainistíochta a neartú agus a mhéadú trí dhá phost bharrthábhachtacha a cheapadh ag leibhéal an Stiúrthóra.

Cuireadh tús le hobair a dhéanamh ar straitéis Foghlama & Forbartha sa bhliain 2021, trí lionsa Claochlaithe Scileanna. Trí fhóram nua um Rannpháirtíocht Fostaithe an DPC, mar aon le Creat Caidrimh Tionscail a thabhairt isteach, cuirtear sásra ar fáil do ghuth fostaithe trína gcuirfean le hiontaoibh, nuálaíocht, táirgiúlacht agus feabhas eagraíochtúil.

Rialachas Corparáideach

Tá Creat Rialachais Chorporáidigh i bhfeidhm sa DPC ina leagtar amach an bealach ina rialaítear an DPC agus ina dtugtar cur síos ar na struchtúir, beartais agus próisis atá i bhfeidhm d'fhonn go mbeadh an DPC in ann a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.

Timpeallacht Rialaithe Inmheánach

Foilseofar Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais an Oifigigh Chuntasaíochta don bhliain 2021 ar láithreán gréasáin an DPC in éineacht lena Ráiteas Airgeadais ag tráth níos deireanaí sa bhliain.

Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an DPC

I gcomhréir leis an gCaighdeán Rialachais Chorporáidigh don Státseirbhís (2015), agus ag féachaint don Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), bhunaigh an DPC Coiste Iniúchóireachta agus Riosca dá chuid féin, mar Choiste de chuid an DPC, i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2020.

Is iad comhaltaí an Choiste:

- ▶ Conan McKenna (cathaoirleach);
- ▶ Karen Kehily;
- ▶ Bride Rosney;
- ▶ Michael Horgan; agus
- ▶ Graham Doyle.

Tionóladh ocht gcruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2021.

Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí

Is soláthraí seirbhíse seachtrach a chuireann an Fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí ar fáil sa DPC agus a chuireann tuarascálacha rialta ar fáil do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an DPC maidir hiniúchtaí inmheánacha a cuireadh i gcrích le linn na bliana.

Bainistíocht Riosca

I mBeartas Bainistíochta Riosca an DPC, leagtar amach a chur chuige i ndáil le bainistíocht riosca agus na ról agus freagrachtaí atá ar an SMC, mar aon le bainisteoirí agus baill foirne. Chomh maith leis sin, leagtar amach na príomhghnéithe maidir leis an bpróiseas bainistíochta riosca sa bheartas, agus an chaoi ina ndéanann an DPC rioscaí i leith na heagraíochta a chinneadh agus a thaifeadadh. Cuireann an DPC na nósanna imeachta a leagtar amach ina bheartas bainistíochta riosca i bhfeidhm agus coinníonn sé clár rioscaí i gcomhréir le treoirlínte DPÉR. Áirítear leis sin measúnú cuí a dhéanamh ar na príomhrioscaí don DPC, arb é atá i gceist leis sin cur síos a dhéanamh ar an rioscaí agus ar na bearta nó straitéisí a bhaineann leis d'fhonn na rioscaí sin a rialú agus a mhaolú go héifeachtach. Is iad comhaltaí an Choiste Ardbhainistíochta agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann athbhreithniú ar an gclár rioscaí ar bhonn rialta.

Le linn na bliana 2021, lean an DPC dá chuspóirí leanúnacha gnó a chomhlíonadh in ainneoin na paidéime COVID 19 bheith ann i gcónaí agus na dúshláin a bhí i gceist dá bharr sin trí leanúint ar aghaidh le bearta a achtaíodh tríd an bplean leanúnachais gnó sa bhliain 2020 ag tús na géarchéime; cumas na heagraíochta a mhéadú chun tabhairt faoi chianobair agus sábháilteacht na foirne a chinntiú. Rinne an ardbhainistíocht monatóireacht ar an riosca seo ar feadh na bliana 2021.


Bhí forbairt chumas na heagraíochta chun feidhmeanna méadaithe na heagraíochta a chomhlíonadh faoin GDPR agus faoin reachtaíocht náisiúnta ina phríomhthosaíocht i gcónaí ag an DPC sa bhliain 2021 agus rinneadh athbhreithniú go rialta ar na dúshláin a bhain leis an gcuspoir sin a bhaint amach mar chuid den bhainistíocht riosca.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tháinig an cúigiú Scéim Teanga de chuid an DPC faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i bhfeidhm le héifeacht ón 21 Nollaig 2020 agus d'fhan an Scéim in éifeacht ar feadh tréimhse trí bliana.

Leanann an DPC de sheirbhísí Gaeilge a chur ar fáil agus a fheabhsú trí fheabhsuithe dá sheirbhísí, de réir na Scéime Teanga ar a dtugtar aird.

FOI san iomlán



Saoráil Faisnéise (FOI)

Sa bhliain 2021, fuair an DPC 56 iarraidh FOI san iomlán.

Deonaíodh seacht gcinn, deonaíodh dhá cheann i bPáirt agus measadh 28 gcinn bheith as raon. Tá gníomhaíocht rialála an DPC díolmhaithe ó iarrataí FOI d'fhonn rúndacht ár ngníomhaíochtaí maoirseachta, imscrúdaithe agus forfheidhmithe a chaomhnú. Ina ainneoin sin, tá an DPC dúthrachtach faoi fhaisnéis thrédhearcach a chur ar fáil don phobal maidir le riarachán a oifige agus úsáid a bhaint as acmhainní poiblí. Deonaíodh 7 gcinn, Deonaíodh 2 chinn i bPáirt, Diúltaíodh (OOS) 28 Aistarraingíodh/Láimhseáladh lasmuigh de FOI 8 Beo 11 Iarrataí ar an Iomlán 56.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001

Bunaíodh an DPC faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus feidhmíonn sé i gcomhréir le forálacha an Achta sin. Tá bearta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonann baill foirne an DPC, a bhfuil poist ainmnithe acu, forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001.

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

Tá sé mar aidhm leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015, mar aon leis an gcód iompair, rialacháin agus treoirlínte a ghabhann leis, cinnte a dhéanamh de go gcuirtear gníomhaíochtaí brústocaireachta i gcrích i gcomhréir le hionchais phoiblí i ndáil le trédhearcacht. Tá an Coimisinéir Cosanta Sonraí ina Oifigeach Poiblí Ainmnithe (DPO) faoin Acht seo, de réir mar a luaitear ar láithreán gréasáin an DPC. Ní mór do na brústocairí tuairisciú a dhéanamh ar idirghníomhaíochtaí idir comhlachtaí brústocaireachta agus DPOanna. Bhunaigh an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (SIPO) clár ar líne i leith brústocaireacht ag www.lobbying.ie chun éascaíocht a dhéanamh ar an riachtanas seo.

Teagmháil le comhaltaí an Oireachtais

I gcomhréir le Ciorclán 25 de 2016 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, cuireann an DOC bosca poist tiomnaithe ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna ó chomhaltaí den Oireachtas agus aiseolas a fháil.

Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 – Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Féachann an DPC le hoibleagáidí faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 a chomhlíonadh agus chuir sé bearta i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirfí cearta an duine agus comhionannas san áireamh le linn beartais, nósanna imeachta agus rannpháirtíocht a fhorbairt le páirtithe leasmhara d'fhonn a shainchúram a chomhlíonadh maidir leis an gceart bunúsacha ar chosaint sonraí a chosaint.

Éacht barrthábhachtach a rinneadh sa bhliain 2021 ab ea Straitéis Rialála an DPC 2022 – 2027 a fhoilsiú, ina leagtar amach an bealach ina leanfaidh an DPC de chearta um chosaint sonraí daoine aonair a chosaint agus ina dtugtar aird ar leith ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

Bunaíodh an Fóram um Rannpháirtíocht Fostaithe do bhaill foirne an DPC i ndiaidh baill foirne a aistriú chuig an DPC mar fhostóir sa bhliain 2021. Tá an Fóram comhdhéanta de bhaill foirne ó aonaid agus ghráid éagsúla agus cruthaíodh é agus aird á tabhairt ar chothromaíocht inscne.

Sa bhliain 2021, bhí an deis ag baill foirne sa DPC leas a bhaint as oiliúint, lena n-áirítear oiliúint maidir le cosaint sonraí. Bhí folláine na foirne ina phríomhchúram i gcónaí agus tá bearta i bhfeidhm chun feasacht a mhéadú ar na tacaíochtaí atá i bhfeidhm don fhoireann.

Rinne an DPC roinnt bealaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara ar bhealach inrochtana. Tá an t-ábhar atá ar láithreán gréasáin an DPC mar aon le faisnéis foilsithe eile leagtha amach agus aird á tabhairt ar phrionsabail na Bhéarla shoiléir, agus tá acmhainní fuaime foilsithe ag an DPC freisin. Chomh maith leis sin tá an Dualgas neadaithe sa Chreat Rialachais Chorparáidigh agus sa Chairt Custaiméirí agus Plean Gníomhaíochta, a foilsíodh sa bhliain 2021

Le linn na bliana 2021, lean an DPC d'athbhreithniú a dhéanamh ar a sheachadadh seirbhíse lena chinntiú go raibh fáil ag custaiméirí

uirthi i gcónaí nuair a bhí baill foirne an DPC i mbun an tseirbhís a fheidhmiú ó chian. D'fhonn tacú le custaiméirí a bhféadfadh cúnamh bheith ag teastáil uathu agus iad ag baint úsáid as na seirbhísí a chuireann an DPC ar fáil, is féidir dul i dteagmháil leis an Oifigeach Rochtana trí na cainéil a liostaítear ar an láithreán gréasáin.

Cairt Custaiméirí

Sa bhliain 2021, foilsíodh an Chairt Custaiméirí athbhreithnithe agus an Plean Gnímh Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus an Beartas um Bainistiú Iompair agus Theagmhálacha Míreasúnta a ghabhann léi don tréimhse 2021 – 2023 ar láithreán gréasáin an DPC.

Tá bosca poist tiomnaithe do thráchtanna maidir le seirbhís poiblí ar fáil do chustaiméirí chun dul i dteagmháil leis an DPC. Déantar trácht ar bith agus na tráchtanna ar fad a chur san áireamh mar chuid d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar sheirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil do chustaiméirí.

Aguisíní

Aguisín 1:

Tuarascáil maidir le Nochtuithe Cosanta a fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí sa bhliain 2021

Tá an beartas a chuireann an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) i bhfeidhm faoi théarmaí an Achta um Nochtadh Cosanta 2014 leagtha amach chun gach oibrí a spreagadh agus a éascú fíor-ábhair imní inmheánacha a chur in iúl maidir le héagóir a d'fhéadfadh a bheith i gceist san áit oibre, ionas gur féidir na hábhair imní seo a fhiosrú de réir phrionsabail an cheartais aiceanta agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach atá oiriúnach do chúinsí an cháis.

In Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, éilítear ar chomhlachtaí poiblí tuarascáil maidir leis an mbliain roimhe sin a ullmhú agus a fhoilsiú faoin 30 Meitheamh gach bliain, i bhfoirm anáithnidithe.

De bhun an riachtanais seo, tugann an DPC dearbhú i leith na bliana 2021:

- ▶ Nach bhfuarthas aon nochtuithe cosanta inmheánacha (ó bhaill foirne an DPC).
- ▶ Go bhfuarthas 16 nochtadh cosanta ionchasacha (a leagtar amach sa tábla thíos) ó dhaoine aonair lasmuigh den DPC i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le cosaint sonraí laistigh d'eintitis eile. Cuireadh na saincheisteanna seo in iúl don DPC ina ról mar 'duine forordaithe' dá bhforáiltear faoi Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta (liostaithe in IR 364/2020). Glacadh le ceithre cinn de na nochtuithe bheith mar nochtuithe cosanta bailí.

Uimhir Thagartha	Cineál	An Dáta a Fuarthas	Stádas	Toradh
01/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 01 Feabhra 2021	Oscailte	Glactha agus curtha ar aghaidh i gcomhair imscrúdú féideartha. Leanúnach ag deireadh na bliana.
02/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 05 Feabhra 2021	Dúnta	Glactha. Chuaigh an DPC i dteagmháil leis an Rialaitheoir Sonraí maidir leis na saincheistanna a cuireadh in iúl.
03/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 10 Feabhra 2021	Dúnta	Níor cuireadh sonraí leordhóthanacha ar fáil, ní dhearna an gearánach aon ghníomh eile nuair a iarradh air.
04/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 30 Márta 2021	Dúnta	Níor glacadh leis mar nochtadh cosanta bailí.
05/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 01 Meitheamh 2021	Dúnta	Níor glacadh leis mar nochtadh cosanta bailí, curtha ar aghaidh mar ghearán féideartha.
06/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 12 Meitheamh 2021	Dúnta	Sonraí easnamhacha agus déanta go hanaithnid.
07/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 24 Meitheamh 2021	Dúnta	Ní nochtadh cosanta atá i gceist i ndiaidh é a fhiosrú. Rinneadh gearán caighdeánach.
08/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 14 Iúil 2021	Dúnta	Níor cuireadh aon faisnéis ar fáil. Ní dhearna an gearánach aon ghníomh eile nuair a iarradh air.
09/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 31 Lúnasa 2021	Dúnta	Ní dhearnadh aon líomhaintí. Ní dhearna an gearánach aon ní eile nuair a iarradh air.
10/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 07 Meán Fómhair 2021	Dúnta	Sonraí easnamhacha. Níor chuir an gearánach faisnéis ar fáil nuair a iarradh air.
11/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 09 Meán Fómhair 2021	Dúnta	Ní dhearnadh aon líomhaintí. Ní dhearna an gearánach aon ní eile nuair a iarradh air.
12/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 08 Deireadh Fómhair 2021	Dúnta	Ceist nach mbaineann le cosaint sonraí, tharraing an gearánach siar.
13/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 22 Deireadh Fómhair 2021	Dúnta	Ní dhearnadh aon líomhaintí. Ní dhearna an gearánach nochtadh nuair a chuathas i dteagmháil leis.
14/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 15 Samhain 2021	Dúnta	Glactha agus curtha ar aghaidh i gcomhair imscrúdú féideartha. Leanúnach ag deireadh na bliana.
15/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 15 Nollaig 2021	Dúnta	Níor glacadh leis mar nochtadh cosanta bailí, curtha ar aghaidh mar ghearán féideartha.
16/2021	Alt 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	An 17 Nollaig 2021	Oscailte	Glactha agus curtha ar aghaidh i gcomhair imscrúdú féideartha. Leanúnach ag deireadh na bliana.

Aguisín 2:

Tuarascáil um Úsáid Fuinnimh sa Choimisiún um Chosaint Sonraí

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh

Ginearálta

Le linn na mblianta 2020 agus 2021, chuir an DPC cianobair i bhfeidhm dá bhaill foirne. Mar sin féin, bhí na hoifigí ar fad ar oscailt le linn na tréimhse sin chun éascaíocht a dhéanamh ar bhaill foirne le go mbeadh teacht acu ar shaoráidí priontála, le go mbeidís in ann doiciméid fhoirmiúla a shíniú nó sócrú a dhéanamh maidir le post cláraithe a eisiúint.

Chomh maith leis sin, bhí baill foirne ar an láthair chun cothabháil rialta a dhéanamh ar threalamh a chinntiú, trealamh nua a chur ar fáil do bhaill foirne nua, post isteach a phróiseáil, prótacail a bhain le Covid a chur i bhfeidhm agus seachadtaí a ghlacadh.

Tá laghdú tagtha ar thomhaltas fuinnimh sna foirgnimh ar fad, agus laghdú 59% á thairfeadh in oifig Chearnóg Mhic Liam don bhliain 2020.

BAILE ÁTHA CLIATH

21 Cearnóg Mhic Liam

Tá ceannoifig an DPC lonnaithe ag 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2. Baineann tomhaltas fuinneamh na hoifige le leictreachas amháin, a úsáidtear i leith teas, soilsíú agus trealamh a úsáid.

Tá 21 Cearnóg Mhic Liam ina fhoirgneamh cosanta agus dá bhrí sin, tá sé díolmhaithe ón gcóras rátála fuinnimh.

Oifig satailíte

Tá spás oifige breise ag an DPC i mBaile Átha Cliath faoi láthair chun freastal ar mhéadú ar líon na mball foirne. Fuair an OPW an oifig seo agus ghlac an DPC áitíocht i mí Dheireadh Fómhair 2018. Coinneofar an oifig seo go dtí go mbeidh ceannoifig bhuan nua ullamh chun éascaíocht a dhéanamh ar bhaill foirne agus oibríochtaí an DPC atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Tá méid 828 méadar cearnach san Oifig.

Baineann tomhaltas fuinnimh an fhoirgnimh le leictreachas amháin, a úsáidtear i leith teas, soilsíú agus trealamh a úsáid.

C2 is ea an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh.

Cúil an tSúdaire

Tá achar 444 méadar cearnach in oifig an DPC i gCúil an tSúdaire agus tá sí lonnaithe san urlár uachtarach i bhfoirgneamh dhá stóir a tógadh sa bhliain 2006.

Baineann tomhaltas fuinneamh na hoifige le leictreachas i leith soilsíú agus trealamh a úsáid agus le gás nádúrtha i leith teas.

C1 is ea an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh.

Gníomhartha a rinneadh

Glacann an DPC páirt i gcóras ar líne an SEAI chun críche a úsáid fuinnimh a thuairisciú i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtacht Fuinnimh na Críochúsáide agus Seirbhísí Fuinnimh 2009 (I.R. Uimh 542 de 2009).

Is mar seo a leanas úsáid fuinnimh na hoifige don bhliain 2020 (na figiúirí is déanaí a dhearbhaigh an SEAI):

	Leictreachas	Gás Nádúrtha
Baile Átha Cliath		
Cearnóg Mhic Liam	38,959KwH	
Oifig Satailíte	62,545KwH	
Cúil an tSúdaire	24,000KwH	39,566

Forléargas ar bheartas/ráiteas Comhshaoil na heagraíochta

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí dúthrachtach faoi oibriú i gcomhréir le beartais chomhshaoil agus inbhuanaitheachta Rialtas na hÉireann.

Achoimre maidir le tionscnaimh i leith inbhuanaitheacht chomhshaoil

- ▶ Cuireadh deireadh le plaistigh aonúsáide a cheannach ó mhí Eanáir 2019 i leith
- ▶ Soilsíú LED á chur in ionad soilsíú fluaraiseach ar bhonn leanúnach in oifig Chúil an tSúdaire de réir mar a chliseann aonaid nó de réir mar a theastaíonn bolgáin ionaid



- ▶ Soilsiú braiteora á úsáid in oifig amháin (oifig Satailíte)
- ▶ Athbhreithniú ar an gcóras teasa faoi bhealach in oifig amháin (Cearnóg Mhic Liam)
- ▶ Comórtas Tairisceana nua curtha i gcrích maidir le seirbhísí bailiúcháin araide lena n-áireofar seirbhís araide múirín do Chúil an tSúdaire & Cearnóg Mhic Liam. Cuireadh é seo ar fionraí don bhliain 2021 toisc nach raibh a ndóthain baill foirne sna hoifigí le go mbeadh sé seo praiticiúil.

Dramhaíl a Ghintear a Laghdú

- ▶ Úsáideann an DPC réamhshocrú ar phrintéirí chun doiciméid a phriontáil ar dhá thaobh na bileoige.
- ▶ Chomh maith leis sin, thug an DPC scáileáin dhéacha isteach d'fhonn an riachtanas a laghdú maidir le doiciméid a phriontáil chun athbhreithniú / comparáid a dhéanamh in aghaidh doiciméid eile le linn oibriú ar chásanna.
- ▶ Cuireann an DPC araidí le haghaidh Dramhaíl Ghinearálta agus Athchúrsáil ar fáil ag stáisiúin ar fud na n-oifigí.

Athchúrsáil a Uasmhéadú

Is é beartas an DPC an páipéar dramhaíola ar fad a stialladh go sábháilte. Cuirtear consóil ar fáil ag suíomhanna éagsúla ar fud na n-oifigí. Déantar páipéar stiallta a athchúrsáil.

Soláthar Inbhuanaithe

- ▶ Comhlíonann soláthair agus próisis an DPC Soláthar Inbhuanaithe go hiomlán.
- ▶ Sonraítear i gconarthaí lónadóireachta plaistigh aonúsáide a fhágáil ar lár.



Aguisín 3:

Barniville Judgment: Facebook Ireland Limited v. Data Protection Commission and Maximilian Schrems

Facebook Ireland Limited v. An Coimisiún um Chosaint Sonraí agus Maximilian Schrems (Fógrapháirtí) [RECORD NO: 617/2020 JR]

Achoimre ar Bhreithiúnas Ard-Chúirte an Uasail Justice Barniville a tugadh an 14 Bealtaine 2021

1. Cúlra

Ar an 16 Iúil 2020, thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (“**CJEU**”) a cinneadh maidir le himeachtaí dar teideal *An Coimisinéir Cosanta Sonraí v. Facebook Ireland Limited agus Maximilian Schrems*, Cás Uimh. C-311/18. Ina breithiúnas, chinn an CJEU, i gcás ina n-aistrítear sonraí pearsanta ón AE chuig tríú tír, nach mór leibhéal cosanta atá coibhéiseach leis an leibhéal cosanta a chuirtear ar fáil san AE a chur ar fáil sa tríú tír. Chinn an CJEU nach bhfuil cosaint dá leithéid ar fáil i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ar an mbonn sin, chealaigh sí córas aistrithe Sciath Príobháideachais AE-SAM.

Cé gur thug an Chúirt faoi deara go *bhféadfadh* na Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha (“**SCCanna**”) bonn a sholáthar chun sonraí a aistriú go dleathach chuig tríú tír nach gcuireann leibhéal cosanta ar fáil í féin atá coibhéiseach leis an leibhéal cosanta a chuirtear ar fáil san AE, thug an Chúirt faoi deara go bhfuil measúnú cás ar chás ag teastáil i ndáil le gach aistriú dá leithéid chun cinneadh a dhéanamh, de réir na fíorais ar leith a bhaineann leis an aistriú atá faoi ghrinnscrúdú, cibé an gcuireann na SCCanna cosaint leordhóthanach ar fáil (as a stuaim féin) do na sonraí pearsanta atá á n-aistriú chuig an tríú tír, **nó** an amhlaidh nach mór cosaintí a ghlacadh mar fhorlíonadh ar na SCCanna, **nó**, de réir mar a d’fhéadfadh bheith amhlaidh i gcásanna áirithe, nach gcuireann na SCCanna leibhéal cosanta leordhóthanach ar fáil, fiú má dhéantar iad a fhorlíonadh le cosaintí breise.

2. Fíorais

I ndiaidh don CJEU breithiúnas a thabhairt, scríobh an DPC chuig Facebook Ireland Limited (“Facebook Ireland”) an 28 Lúnasa 2020 chun é a chur ar an eolas gur cuireadh tús le fiosrúchán “dá thoil féin” (“an Fiosrúchán um Aistrithe”) de bhun Alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (“Acht 2018”). Luadh i litir an DPC go scrúdófaí, ina fhiosrúchán, (agus go ndéanfaí cinneadh i leith dlíthiúlacht) aistrithe sonraí a rinne Facebook Ireland chuig a mháthairchuideachta atá lonnaithe i SAM Facebook Inc. via SCCanna. Baineann na haistrithe sonraí atá i gceist le sonraí pearsanta daoine aonair atá lonnaithe san Aontas Eorpach/ sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Chomh maith leis sin, luadh sa litir go ndéanadh an DPC cinneadh cibé ar chóir don DPC cumhacht cheartaitheach a chur i bhfeidhm (agus dá mba chóir, cén chumhacht cheartaitheach) de bhun Airteagal 58(2) den GDPR sa chás go gcinneadh an DPC go raibh Facebook Ireland ag gníomhú go neamhdhleathach agus ag sárú Airteagal 46(1) den GDPR. (Éilítear san airteagal seo nach mór go mbeadh cosaintí cuí, agus cearta in-fhorfheidhmithe agus leigheasanna dlí ann i leith ábhair sonraí, i gcás ina bhfuil sonraí á n-aistriú chuig láthair lasmuigh den AE ar ina leith sin nach bhfuil aon chinneadh leordhóthanachta déanta ag an gCoimisiún Eorpach).

Chomh maith leis sin, cuireadh Dréachtchinneadh Tosaigh (“**PDD**”), faoi iamh le litir an DPC, arbh é an cuspóir a bhí leis saincheisteanna ábhar an Fhiosrúcháin um Aistrithe a aithint agus réamhdhreachthaí an DPC a leagan amach i ndáil leis na saincheisteanna sin. Dá réir sin, bhí an doiciméad mar réamhdhréacht de dhréachtchinneadh a dhéanadh an DPC, i ndiaidh aighneachtaí dá leithéid a d’fhéadfaí a fháil ó Facebook Ireland a chur san áireamh, é a chur faoi bhráid an nós imeachta chomhchinnteoireachta

dá bhforáiltear in Airteagal 60 den GDPR i dtráth cuí. I ndiaidh a lua nach ndéanfaidh an DPC aon ghníomh de bhun an PDD féin, iarradh ar Facebook Ireland freagra i scríbhinn a chur isteach laistigh de thréimhse 21 lá maidir leis na saincheisteanna a scrúdaíodh sa PDD.

Dhiúltaigh Facebook Ireland do chinneadh an DPC an PDD a chur i gcúrsaíocht ag tús an Fhiosrúcháin um Aistrithe. D'eisigh sé imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh in aghaidh an DPC agus fuair sé bac (stop) ar an bhfiosrúchán go dtí cibé tráth a ndéanfaí a imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh a éisteacht agus a chinneadh. Mar pháirtí leasmhar, d'iarr an tUasal Schrems bheith ina fhógrapháirtí i ndáil leis na himeachtaí, agus ceapadh é ina fhógrapháirtí ina dhiaidh sin.

Maidir lena imeachtaí, bhraith Facebook ar na forais dúshláin seo a leanas (i measc forais eile):

- (1) Cé gur luaigh an DPC nach ndéanfaí aon ghníomh de bhun an PDD, mhaígh sé go raibh nósanna imeachta an DPC faoi réir athbhreithniú breithiúnach mar sin féin;
- (2) Mhaígh se go raibh sé d'oibleagáid ar an DPC imscrúdú a dhéanamh roimh an PDD a eisiúint;
- (3) Mhaígh sé gur sháraigh an DPC a ionchais dhlísteanacha maidir leis an mbealach ina gcuirfí an Fiosrúchán um Aistrithe i gcrích. Bhain dhá ghné leis an aighneacht seo:-
 - (a) Ar an gcéad dul síos, d'áitigh Facebook Ireland go raibh ionchas dlisteanach aige go ndéanfaí na nósanna imeachta a leagtar amach i dTuarascáil Bhliantúil 2018 an DPC i ndáil le fiosrúcháin chur chun cinn, a chur i bhfeidhm san Fhiosrúchán um Aistrithe. Agus é á chur in iúl aige go raibh difríocht shuntasach idir an nós imeachta a ghlac an DPC agus a nósanna imeachta foilsithe, mhaígh Facebook Ireland go raibh an DPC ag gníomhú go neamhdhleathach.
 - (b) Ar an dara dul síos, d'áitigh Facebook Ireland gur chóir an Fiosrúchán um Aistrithe a chur i gcrích ar bhealach atá cosúil le fiosrúcháin eile a chuir an DPC i gcrích. D'áitigh Facebook Ireland gurbh é seo an t-aon fhiosrúchán amháin ina ndearna an DPC PDD a eisiúint ag an tús. Chomh maith leis sin, luaigh Facebook Ireland nár thug an DPC cúiseanna i leith imeacht óna chleachtais roimhe seo.
- (4) Mhaígh Facebook Ireland gur sáraíodh a cheart i leith nósanna imeachta cothroma, e.g. toisc nár tugadh dó ach 21 lá chun aighneachtaí a dhéanamh mar fhreagra ar an PDD.
- (5) Mhaígh Facebook Ireland, toisc gur eisigh an DPC an PDD ag an tús, gur tháinig an DPC ar bhreithiúnas réamhaibí maidir leis na saincheisteanna a bhí le cinneadh san Fhiosrúchán um Aistrithe.
- (6) Maíodh gur theip ar an DPC gnéithe ábhartha a chur san áireamh. Go háirithe, níor fhan an DPC le foilsiú threoracha/moltaí an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí (“EDPB”) chun cuidiú le rialaitheoirí agus próiseálaithe maidir le húsáid a bhaint as “bearta forlíontacha”, mar a thugtar orthu, d'fhonn cosaint leordhóthanach d'ábhair sonraí a chinntiú nuair atá sonraí á n-aistriú chuig tríú tíortha.
- (7) Mhaígh Facebook Ireland gur sháraigh an DPC ceart Facebook Ireland ar chóir chomhionann agus neamh-idirdhealú.
- (8) Maíodh gur sháraigh an DPC an oibleagáid atá air gníomhú go comhréireach trí Facebook Ireland a chur faoi réir fiosrúcháin chomhuaineacha. Is é sin le rá, mhaígh Facebook Ireland go raibh sé díréireach Facebook Ireland a chur faoi réir dhá fhiosrúchán chomhuaineacha a bhain leis an ábhar céanna den chuid is mó, is iad sin, an Fiosrúchán um Aistrithe agus an breithniú (ar leith) a rinne sé maidir le gearán an Uasail Schrems.
- (9) Mhaígh Facebook Ireland gur sháraigh an DPC a dhualgas maidir le hionracas mar gheall ar an mbealach inar chosain sé na himeachtaí. Is é sin le rá, chreid Facebook Ireland gur sháraigh an DPC a dhualgas toisc nár fhreagair sé ceisteanna a chuir Facebook sa chomhfhreagras idir na páirtithe.

Is mar seo a leanas a chuir an DPC i gcoinne chás Facebook Ireland ar gach foras:

- (1) D'áitigh an DPC nach raibh an cinneadh PDD a eisiúint faoi réir athbhreithniú breithiúnach.
- (2) Chomh maith leis sin, dhiúltaigh an DPC do dhearbhu Facebook Ireland nár chuir an DPC aon imscrúdú i gcrích sular eisíodh an PDD.

- (3) D'agóid an DPC in aghaidh líomhain Facebook Ireland go raibh ionchas dlisteanach ag Facebook maidir leis an mbealach ina gcuirfí fiosrúcháin i gcrích. Le linn déanamh amhlaidh, dhiúltaigh an DPC d'áitiú Facebook Ireland go raibh Tuarascáil Bhliantúil 2018 nó ábhar ar bith a foilsíodh ar láithreán gréasáin an DPC ina chúis le hionchas dlisteanach ar bith bheith ag Facebook Ireland i ndáil leis sin. Chomh maith leis sin, d'áitigh an DPC gur chuir sé imscrúdú i gcrích sular cuireadh tús leis an bhfiosrúchán agus go leanfadh sé dá imscrúdú a chur i gcrích dá dtabharfaí cead leanúint ar aghaidh leis an bhfiosrúchán. Chomh maith leis sin, thagair an DPC do na téarmaí soiléire sa chuid ábhartha de Thuarascáil Bhliantúil 2018 (leathanaigh 28-29) inar luadh an méid a leanas maidir leis an tuarascáil, "Níl an cur síos cinntitheach ach oiread maidir leis na bearta beachta a dhéanfar i ngach fiosrúchán" agus go mbeadh na céimeanna sin ag brath "ar chineál, imthosca, raon feidhme agus ábhar an fhiosrúcháin". Chomh maith leis sin, thug an DPC chun suntais gur luadh go soiléir go raibh an "seicheamhú sealadach" i leith fiosrúcháin (de réir mar a cuireadh síos air i dTuarascáil Bhliantúil 2018) "faoi réir athruithe".
- (4) Chuir an DPC i gcoinne líomhaintí Facebook Ireland i leith sáruithe ar nósanna imeachta cothroma agus luaigh sé nár lorg Facebook Ireland aon síneadh ama chun freagra a thabhairt ar an PDD, agus nár diúltaigh an DPC d'aon síneadh ama. D'áitigh an DPC, trí leanúint ar aghaidh ar an mbealach inar lean sé ar aghaidh, gur fhéach sé le héifeacht iomlán agus thráthúil a thabhairt do bhreithiúnas an CJEU an 16 Iúil 2020. Chomh maith leis sin, dhiúltaigh an DPC do na cúiseamh maidir le breithiúnas réamhaibí agus d'áitigh sé nár soláthraíodh na dearcthaí atá leagtha amach sa PDD ach go sonrach mar réamhdhearcthaí amháin agus go raibh siad faoi réir aon aighneachtaí eile a dhéanadh Facebook Ireland. Thug an DPC chun suntais gur iarradh ar Facebook Ireland aon fhaisnéis bhreise a mheas sé bheith riachtanach mar fhreagra ar réamhdhearcthaí an DPC a chur isteach de réir mar a bhí leagtha amach sa PDD.
- (5) D'áitigh an DPC go raibh se i dteideal, go bhfuil sé i dteideal agus go raibh sé d'oibleagáid air leanúint ar aghaidh ar an mbealach sin, in ainneoin easpa treoirlínte ná moltaí ón EDPB.
- (6) D'agóid an DPC in aghaidh na líomhaintí maidir le cóir neamh-chomhionann agus idirdhealú.
- (7) Chomh maith leis sin, d'éasaontaigh an DPC le líomhaintí ó Facebook Ireland maidir le sárú ar chomhréireacht, mar gheall ar an bhfiosrúchán bheith ar bun agus mar gheall ar ghearán leanúnach an Uasail Schrems. Dá bhrí sin, níor ghlac sé go raibh aon díreireacht i gceist trí bheith faoi réir próisis chomhuaineacha. Luaigh an DPC go raibh sé i gceist leis an GDPR agus leis an Acht 2018 go mbeadh an dá chineál fiosrúcháin ar fáil don DPC.
- (8) Chomh maith leis sin, dhiúltaigh an DPC d'aon sárú ar an dualgas maidir le hionracas agus na himeachtaí á gcosaint aige.

Mar fhógrapháirtí do na himeachtaí, is mar seo a leanas a ghníomhaigh an tUasal Schrems:-

- (1) Thacaigh sé leis an PDD a chur ar neamhní, agus é á mhaíomh aige gur sháraigh sé a hionchas dlisteanach go gcinneadh an DPC a ghearán i ndiaidh bhreithiúnas an CJEU an 16 Iúil 2020.
- (2) Thacaigh sé freisin le haighneacht Facebook Ireland i ndáil le díreireacht an DPC maidir le fiosrúcháin chomhuaineacha a dhéanamh.
- (3) Chuir sé i gcoinne na líomhna gur imigh an DPC óna nósanna imeachta foilsithe mar gheall ar an PDD a eisiúint agus mar gheall ar tús a chur leis an bhfiosrúchán dá thoil féin. D'áitigh an tUasal Schrems, i gcás ar bith, nach raibh Tuarascáil Bhliantúil 2018 ina chúis le hionchas dlisteanach ar bith go ndéanfaí na nósanna imeachta áirithe a leagadh amach a leanúint i ngach cás agus luaigh sé gur sonraíodh na nósanna imeachta dár tagraíodh a bheith "léiritheach".
- (4) D'éasaontaigh sé le haighneacht Facebook Ireland go raibh sé d'oibleagáid ar an DPC fanacht go dtí go bhfoilseofaí treoirlínte an EDPB sula leanfaí ar aghaidh lena fhiosrúchán. Luaigh an tUasal Schrems an oibleagáid a bhí ar an DPC faoin GDPR agus faoi bhreithiúnas an CJEU an 16 Iúil 2020 gníomhú go dlúsúil. Ar an mbonn sin, d'agóid an tUasal Schrems in aghaidh aighneacht Facebook Ireland freisin nár tugadh a dhóthain ama dó aighneachtaí a dhéanamh mar fhreagra ar an PDD.

Ba chóir a thabhairt faoi deara gur bhain na himeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh le cearta agus oibleagáidí nós imeachta an DPC, Facebook Ireland agus an tUasal Schrems i gcomhthéacs Fhiosrúchán um Aistrithe an DPC. Mar sin, níor bhain na himeachtaí le tuilleánais na réamhdhearcthaí a chuir an DPC in iúl ina PDD.

3. Breithiúnas na hArd-Chúirte (An Breitheamh Onórach Barniville)

In a bhreithiúnas, chuir an Breitheamh Onórach Barniville na pointí seo a leanas san áireamh:-

- (1) Cibé an raibh cinneadh an DPC an PDD a eisiúint agus na nósanna imeachta a roghnaigh an DPC glacadh leo i ndáil leis an bhfiosrúchán faoi réir athbhreithniú breithiúnach.
- (2) Cibé ar theip ar an DPC imscrúdú/fiosrúchán a chur i gcrích sular baineadh amach a chinneadh de shárú ar Acht 2018, an GDPR agus breithiúnas an CJEU an 16 Iúil 2020.
- (3) Cibé an raibh an PDD agus an nós imeachta a ghlac an DPC ag imeacht ó nósanna imeachta foilsithe an DPC agus de shárú ar ionchais dhlísteana Facebook Ireland.
- (4) Cibé ar sháraigh an DPC ceart Facebook Ireland ar nósanna imeachta cothroma san fhiosrúchán trí thréimhse trí seachtaine (21 lá) a thabhairt do Facebook Ireland chun a aighneachtaí a chur faoi bhráid an DPC.
- (5) Cibé ar sháraigh an DPC ceart Facebook Ireland ar nósanna imeachta cothroma trí theacht ar bhreithiúnas réamhaibí maidir leis an bhfiosrúchán.
- (6) Cibé ar sháraigh an DPC ceart Facebook Ireland ar nósanna imeachta cothroma trí nós imeachta a ghlacadh ina raibh an Coimisinéir Cosanta Sonraí páirteach san imscrúdú agus ina raibh sé ar an aon chinnteoir amháin freisin.
- (7) Cibé an raibh an moladh maidir le cinneadh amháin a dhéanamh chun sárú agus bearta ceartaitheacha a chlúdach ultra vires i leith Alt 111 den Acht 2018.
- (8) Cibé an raibh dualgas ar an DPC fanacht ar mholtaí/treoir ón EPDB sula leanfaí ar aghaidh lena fhiosrúchán dá thoil féin agus/nó cibé ar theip ar an DPC uainiú mholtaí/treoir an EDPB a chur san áireamh mar thoisic ábhartha maidir lena chinneadh leanúint ar aghaidh leis an bhfiosrúchán.
- (9) Cibé, trí chinneadh a dhéanamh tús a chur le fiosrúchán i ndáil le Facebook Ireland agus gan é sin a dhéanamh i ndáil le pearsana nó comhlachtaí eile a bhfuil baint acu le haistrihe AE-SAM, go ndearna an DPC idirdhealú neamhdhleathach in aghaidh Facebook Ireland agus/nó gur sháraigh sé a cheart ar chomhionannas faoi dlí na hÉireann agus an AE.
- (10) Cibé ar ghníomhaigh an DPC go díreireach trí thús a chur leis an bhfiosrúchán dá thoil féin maidir le Facebook Ireland nuair a bhíodhas ag leanúint go fóill le gearán an Uasail Schrems a bhreithniú.
- (11) Cibé ar theip ar an DPC cúiseanna sásúla a leagan amach i leith cinntí éagsúla a rinne sé i ndáil leis an bhfiosrúchán dá thoil féin maidir le Facebook Ireland, lena n-áirítear a chinneadh maidir leis an nós imeachta a ghlacadh a roghnaigh sé glacadh in ainneoin a nósanna imeachta foilsithe maidir le fiosrúcháin.
- (12) Cibé ar sháraigh an DPC a dhualgas maidir le hionracas agus, má sháraigh, na hiarmhairtí a bhaineann le sárú dá leithéid.
- (13) Cibé an raibh na himeachtaí ó Facebook Ireland ina “mí-úsáid próise” de réir mar a d’áitigh an DPC ar dtús. (Ba chóir a thabhairt faoi deara gur aistarraing an DPC a líomhaintí maidir le mí-úsáid próise le linn na héisteachta.)

Chinn an Breitheamh Onórach Barniville go bhfuil cinneadh an DPC an PDD a eisiúint agus na nósanna imeachta ar ghlac sé a ghlacadh faoi réir athbhreithniú breithiúnach ar an bhforas go raibh iarmhairtí dlíthiúla i gceist do Facebook Ireland mar gheall gur chuir an DPC tús leis an bhfiosrúchán.

Le linn aighneacht Facebook Ireland a bhreithniú maidir le cibé an raibh sé d’oibleagáid ar an DPC imscrúdú a chur i gcrích roimh an PDD a eisiúint, thagair an Breitheamh Onórach Barniville d’fhorálacha Acht 2018 agus luaigh sé go bhfuil lánrogha leathan ag an DPC maidir lena nósanna imeachta féin a rialú. Ag tabhairt dá aire gur úsáideadh an PDD chun tús a chur leis an bhfiosrúchán agus chun fógra a thabhairt do Facebook Ireland maidir le réamhdhearthaí an DPC i leith dlíthiúlacht aistrithe sonraí chuig an mháthairchuideachta lonnaithe i SAM, bhí an Breitheamh Onórach Barniville sásta nár tháinig an DPC ar aon chinneadh deiridh maidir leis na saincheisteacha laistigh den PDD.

Maidir leis an gceist faoi cibé ar sáraíodh ionchais dlisteanacha Facebook mar gheall ar an nós imeachta a chuir an DPC i bhfeidhm, rinne an Breitheamh Onórach Barniville athbhreithniú ar na codanna ábhartha de Thuarascáil Bhliantúil 2018 an DPC (leathanaigh 28 - 29), in éineacht le faisnéis a foilsíodh ar láithreán gréasáin an DPC. Dhearbhaigh an Breitheamh Onórach Barniville nach raibh an fhaisnéis seo ina cúis le hionchas dlisteanach ar bith ó thaobh Facebook Ireland, de réir mar a maíodh. Go háirithe, thug an Breitheamh Onórach Barniville chun suntais go raibh lánrogha leathan ag an DPC faoin Acht 2018 maidir lena nósanna imeachta féin a rialú. Chomh maith leis sin, thagair an Breitheamh Onórach Barniville don fhocláocht i dTuarascáil Bhliantúil 2018 an DPC agus luaigh sé go raibh “cáilíochtaí” soiléire ann sa chaoi is go bhféadfadh an DPC na nósanna imeachta ar cuireadh síos orthu a athrú.

Maidir leis an tréimhse 21 lá a tugadh do Facebook Ireland chun aighneachtaí a dhéanamh chuig an DPC, d'fhéach an Breitheamh Onórach Barniville do na himeachtaí a bhí ina gcúis le breithiúnas an CJEU an 16 Iúil 2020 agus luaigh sé, sa chomhthéacs áirithe sin, nach raibh sé sásta go raibh an tréimhse ama 21 lá uireasach, de réir mar a d'áitigh Facebook Ireland ina leith.

Agus breithniú á dhéanamh ar aighneacht Facebook Ireland gurbh ionann an PPD agus breithiúnas réamhaibí bheith á dhéanamh ar an DPC, dhearbhaigh an Breitheamh Onórach Barniville gur soiléir gur réamhchinneadh, agus ní cinneadh deiridh, a bhí sa PDD. Mheas an Breitheamh Onórach nach raibh aon ghné neamhcheadmhach i gceist maidir le dualgas a

leagan ar Facebook Ireland dearcthaí an DPC a athrú bunaithe ar an PDD agus gur ghníomhaigh an DPC ar bhealach cóir maidir leis an nós imeachta ar tugadh faoi a ghlacadh.

Dhiúltaigh an Breitheamh Onórach Barniville d'aighneacht Facebook gur chaith an DPC leis go míchothrom agus go ndearnadh idirdhealú air. Cé gur mhaígh Facebook Ireland nár chuir an DPC eagraíochtaí eile faoi réir na n-imscrúduithe céanna, bhí an Breitheamh Onórach Barniville sásta go raibh an bhéim ar leith a leag an DPC ar Facebook Ireland soiléir, i bhfianaise an ghearáin tosaigh a rinne an tUasal Schrems in aghaidh Facebook Ireland. Chomh maith leis sin, luaigh an Breitheamh Onórach Barniville gur chuir an PDD réasúnaíocht shoiléir ar fáil maidir leis an údar ar chuir an DPC tús le fiosrúchán in aghaidh Facebook Ireland. Ar an mbonn sin, bhí an Breitheamh Onórach Barniville sásta nach raibh sé d'oibleagáid ar an DPC cúiseanna a chur ar fáil mar gheall nár thug sé faoi fhiosrúcháin den chineál céanna in aghaidh eintitis cosúil le Facebook Ireland.

Chomh maith leis sin, dhearbhaigh an Breitheamh Onórach Barniville nach raibh aon sárú maidir le hionracas in imeachtaí an DPC.

4. Conclúid

Ar deireadh thiar, dhiúltaigh an Breitheamh Onórach Barniville d'iarraitas Facebook Ireland ar athbhreithniú breithiúnach agus dhearbhaigh sé gur theip ar Facebook Ireland éagothroime de chineál ar bith a aithint sa phróiseas a ghlac an DPC maidir leis an PDD a eisiúint. Dá réir sin, caitheadh amach cás Facebook Ireland.

Tugadh ordú do Facebook Ireland 90% de chostais dlí an DPC, agus costais an Fhógrapháirtí, a íoc.

Aguisín 4:

Iniúchtaí ar Pháirtithe Polaitíochta

In 2021, bheartaigh an DPC iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí áirithe maidir le próiseáil sonraí déanta ag an sé pháirtí polaitíochta is fiche cláraithe sa Stát. Rinneadh na hiniúchtaí faoi Airteagal 58.1(b) den GDPR, a thugann cumhacht do gach údarás maoirseachta um chosaint sonraí imscrúduithe a dhéanamh i bhfoirm iniúchtaí cosanta sonraí. Tháinig an cinneadh chun na hiniúchtaí a dhéanamh tar éis tuairiscí sna meáin faoin líomhaint gur stóráil páirtí amháin, Sinn Féin, faisnéis phearsanta na milliún vótálaithe ar bhunachar sonraí inmheánach páirtí, agus tar éis tuilleadh alt sna meáin a líomhnaíodh gur lig baill roinnt páirtithe polaitíochta orthu féin gur taighdeoirí margaidh a bhí iontu agus iad i mbun pobalbhreith pholaitiúil. Rinneadh na saincheistean seo a leanas a scrúdú in iniúchtaí an DPC ar pháirtithe polaitíochta: ainmniú oifigigh cosanta sonraí; úsáid Chlár na dToghthóirí agus Chláir Mharcáilte Toghthóirí; Bunachair shonraí de bhallaíocht /shaorálaithe an pháirtí; Bunachair sonraí de na toghthóirí/vótálaithe; Measúnachtaí Tionchair Cosanta Sonraí; agus Taighde Margaidh/Pobalbhreitheanna.

Ar an 10 Nollaig 2021, eisíodh na tuarascálacha deiridh chuig an sé pháirtí polaitíochta is fiche. Ag baint leas as ábhar na sé thuarascáil iniúchta is fiche sin, d'fhoilsigh an DPC tuarascáil iomlán dar "Iniúchadh Cosanta Sonraí ar Pháirtithe Polaitíochta in Éirinn" ar an 20 Nollaig, 2021 inar leagadh béim ar phríomhthorthaí a iniúchtaí cosanta sonraí agus inar tugadh breac-chuntas ar na príomh-mholtaí a rinne an DPC do na páirtithe polaitíochta atá i gceist.

Tá achoimre ghearr ar fáil thíos de na príomhphointí atá sa tuarascáil iomlán.

Ainmniú Oifigigh Cosanta Sonraí

Tá de cheanglas ar rialaitheoirí sonraí oifigeach cosanta sonraí a ainmniú a mbaineann a bpríomhghníomhaíochtaí le catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil ar scála mór, amhail sonraí a nochtann tuairimí polaitiúla.

Le linn na n-iniúchtaí, bhreithnigh an DPC a oiread agus a phróiseálann, ar scála mór, páirtithe polaitíochta sonraí pearsanta a nochtann tuairimí polaitiúla. Ós rud é nach leagtar amach figiúr sa reachtaíocht cosanta sonraí chun an téarma 'ar scála mór' a mheas maidir le próiseáil sonraí dá leithéid, rinne an DPC cinneadh treoir a thabhairt maidir leis an bpointe ag ar cheart an figiúr sin a shocrú, ag baint leas as an eolas a fuarthas ó pháirtithe polaitíochta le linn na n-iniúchtaí.

Tá sé socraithe ag an DPC gur ionann an tairseach chúí nár mhór a shásamh le go bhféadfaí páirtí polaitíochta a mheas chun sonraí pearsanta a nochtann tuairimí polaitiúla a phróiseáil ar scála mór agus 30,000 taifead de chuid ábhar sonraí.

Ag eascairt as an treoir sin agus bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir páirtithe polaitíochta ar fáil don DPC, fágann sin go n-éilítear ar dhá pháirtí polaitíochta, is iad sin Fianna Fáil agus Sinn Féin, oifigigh cosanta sonraí a ainmniú. Tá sin déanta ag an dá pháirtí.

Ní éilítear ar na páirtithe polaitíochta eile oifigigh cosanta sonraí a ainmniú fad a fhanann leibhéal na próiseála sonraí a nochtann tuairimí polaitiúla faoi bhun na tairsí ach is féidir leo oifigeach cosanta sonraí a ainmniú ar bhonn deonach más mian leo.

Ballraíocht Páirtí/Bunachair Sonraí Saoráilí

Fuarthas sna hiniúchtaí go dtarlaíonn an leibhéal is mó próiseála a dhéanann páirtithe polaitíochta i ndáil le sonraí pearsanta baill agus saorálaithe páirtí ó tharla go gcoinníonn agus go bpróiseálann páirtithe taifid bhallaíochta nó saorálaithe. Dá réir, bhain an chuid is mó (thart ar 60%) de na moltaí a rinneadh sna tuarascálacha iniúchta le próiseáil na dtaifead sin.

Clár na dToghthóirí agus an Clár Mharcáilte Toghthóirí

Cé nach raibh sé coitianta ar fud gach páirtí, tarraingíodh roinnt aird sna hiniúchtaí ar shonraí ó Chlár na dToghthóirí agus ó Clár Mharcáilte Toghthóirí a úsáid maidir leis an ngá atá ann ceanglais trédhearcachta a chomhlíonadh trí pholasaithe príobháideachais a nuashonrú chun an ghníomhaíocht próiseála sonraí seo a ghlacadh san áireamh chomh maith leis na riachtanais atá ann tréimhsí coinneála sonraí a shocrú chun ceanglas an phrionsabail maidir le teorannú stórála a chomhlíonadh.

Abú: Bunachar Sonraí Shinn Féin

Pléitear bunachar sonraí Shinn Féin, Abú, agus sin amháin i gCaibidil a Ceathair den tuarascáil, ós rud é gurb é Sinn Féin an t-aon pháirtí polaitíochta a choinníonn bunachar sonraí ina gcuimsítear sonraí na dtoghthóirí/vótálaithe ó gach páirtí ar fud an Stáit sin. Breithníodh go mion san iniúchadh ar Shinn Féin an bunús dlí a bhaineann leis an mbunachar sonraí Abú agus fuarthas nach raibh gá moltaí a dhéanamh ina leith sin. Bhain ceann de na príomhábhair imní maidir le cosaint sonraí a tháinig chun cinn, áfach, le trédhearcacht agus rinneadh moladh go háirithe maidir le haird a tharraingt ar gur ann don bhunachar sonraí Abú trí bhíthin litríocht stocaireachta agus toghchánaíochta. Fuair an iniúchadh chomh maith go raibh ábhair imní áirithe maidir le cosaint sonraí a tháinig chun cinn sna meáin níos luaithe sa bhliain réitithe ag an bpáirtí roimh thosach an iniúchta, lena n-áirítear oifigeach cosanta sonraí a ainmniú, measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh maidir leis an mbunachar sonraí Abú agus fógra príobháideachais maidir leis an mbunachar sonraí Abú a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.

Taighde Margaidh/ Pobalbhreitheanna

Fuarthas nach raibh ann ach seacht bpáirtí polaitíochta a thug faoi thaighde margaidh nó pobalbhreitheanna trína mbaill, tacadóirí nó gníomhaithe féin a úsáid. Bhí an DPC sásta ó thorthaí na n-iniúchtaí sin nár phróiseáil sé cinn de na páirtithe polaitíochta atá i gceist aon sonraí pearsanta le linn na ngníomhaíochtaí sin, agus ar an mbonn sin, níor tháinig aon imní cosanta sonraí chun cinn lena mbreithniú a thuilleadh ag an DPC.

I gcás an seachtú páirtí, Aontú, rinne an DPC moladh amháin i ndiaidh don pháirtí tabhairt faoi shuirbhé ar bhealach follasach lena bhain sonraí pearsanta na rannpháirtithe a phróiseáil.

Meáin Sóisialta

Ní bhfuarthas aon fhianaise le linn na n-iniúchtaí a thug le fios go raibh Sinn Féin ag baint úsáid as a láithreachta ar na meáin sóisialta, nó a ghníomhaíochtaí ar ardáin mean sóisialta, chun sonraí pearsanta a fháil nó a phróiseáil in aon tslí eile chun cur leis an mbunachar sonraí Abú nó a bhunachar sonraí ballraíochta páirtí.

Conclúid


Rinne an DPC os cionn ochtó moladh do pháirtithe polaitíochta agus leagtar síos teorainneacha ama ar leith i gcuid de na moltaí sin maidir lena gcur chun feidhme. Leanann an DPC lena mhaoirseacht ar na páirtithe polaitíochta atá i gceist le cinntiú go gcuirfead na moltaí i bhfeidhm go hiomlán in am.

Aguisín 5:

Ráitis Airgeadais don Bhliain ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 agus Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha an DPC

Tá Cuntas Airgeadais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí don bhliain ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 agus a Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha don tréimhse chéanna á n-ullmhú ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus ceanglófar den tuarascáil seo iad i ndiaidh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh maidir le 2021.

**Coimisinéir
Helen Dixon**



Data Protection Commission,
21 Fitzwilliam Square,
Dublin 2.

www.dataprotection.ie
Email: info@dataprotection.ie



**An Coimisiún um
Chosaint Sonraí**
Data Protection
Commission